



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

BUISEÁD GLACTHA 2025

CLÁR NA NÁBHAR

TUARASCÁIL AN PHRÍOMH-FHEIDHMEANNAIGH	2
TUARASCÁLACHA RANNÁIN LENA nÁIRÍTEAR TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR DHUL CHUN CINN PHLEAN	
CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, 2025 – 2029	15
TITHÍOCHT	16
FORBAIRT TUAITHE AGUS POBAIL, IMEASCADH AGUS AN COMHSHAOL	57
SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, ACMHAINNÍ DAONNA, LEABHARLANNA NA CATHRACH & AN CHONTAE	103
BONNEAGAR FISICIÚIL, SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA, AN tATHRÚ AERÁIDE	142
PLEANÁIL AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCH	179
AIRGEADAS, MÓTARCHÁIN, TFC AGUS CLAOCHLÚ DIGITEACH	197
CLÁR CAIPITIL 3 BLIANA 2025 – 2027	203

TUARASCÁIL AN PHRÍOMH-FHEIDHMEANNAIGH

CHUIG GACH BALL DEN CHOMHAIRLE

DRÉACHTBHUISÉAD DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

Chuig an gCathaoirleach agus gach Ball den Chomhairle

Réamhrá:

Leis seo cuirim an Leabhar Dréachtbhuiséid le haghaidh 2025 faoi bhur mbráid, mar aon le tuarascáil ó na Stiúrthóirí Seirbhíse faoi seach maidir le gníomhaíochtaí ina réimsí feidhme atá curtha isteach mar thuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn ar an bPlean Corparáideach, 2019-2024.

De réir cheanglais reachtúla Alt 102 agus Alt 103 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú), breithníodh saincheistanna a bhaineann le hullmhú an Dréachtbhuiséid ag ár gceardlanna buiséid a tionóladh an 11 agus an 18 Samhain agus bhreithnigh an Grúpa Beartais Chorporáidigh iad an 18 Samhain 2024.

Bhreithnigh an Chomhairle an fachtóir coigeartaithe áitiúil le haghaidh na Cánach Maoine Áitiúla agus rinne sí a cinneadh maidir leis ag a cruinniú a tionóladh an 23 Meán Fómhair 2024 inar cinneadh ráta bunúsach na Cánach Maoine Áitiúla a mhéadú 15 faoin gcéad do na cúig bliana ó 2025 go dtí 2029 san áireamh i leith réadmhaoine cónaithe ábhartha atá suite i gContae na Gaillimhe.

Deimhníodh sa Chiorclán Airgeadais 11/2024 dar dáta an 15 Iúil 2024 na tréimhsí forordaithe le haghaidh chruinniú buiséid 2025 agus cúrsaí a bhaineann leis an mbuiséad. Is é an tréimhse fhorordaithe le haghaidh tionól an chruinnithe buiséid ná an 1 Samhain go dtí an 6 Nollaig 2024 agus bhí cruinnithe an dréachtphlean Buiséid do na Ceantair Bhardasacha le bheith ar siúl idir an 14 Deireadh Fómhair agus an 15 Samhain 2024. Reáchtáil CCG a chúig chruinniú Ceantair Bhardasaigh sa tseachtain dar tosach an 11 Deireadh Fómhair 2024 agus tá cruinniú bliantúil Buiséid Chomhairle Chontae na Gaillimhe (CCG) socraithe don 29 Samhain 2024, agus iad araon i gcomhréir le Ciorclán 11/2024.

Féadfaidh an Chomhairle, le rún, an Dréachtbhuiséad a leasú ach tá oibleagáid uirthi an Dréachtbhuiséad a ghlacadh le leasú nó gan leasú agus an ráta bliantúil luachála (RBL) a bheidh le tobhach a chinneadh i gcomhréir leis an mbuiséad a ghlacfar amhlaidh. Ní mór don Chomhairle an próiseas reachtúil a chur i gcrích laistigh de thréimhse 14 lá. Fágann sé sin gur féidir an cruinniú reachtúil atá sceidealaithe don 29 Samhain 2024 a chur ar atráth, más gá, ach ní mór an próiseas a bheith críochnaithe faoin 13 Nollaig 2024.

An Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ):

Faoi tsamhail nua chun an Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) a mhaoiniú, comhlíonfaidh an Státchiste an maoiniú comhionannaithe ar fad chun a chinntiú go bhfaighidh gach údarás áitiúil, ar a laghad, méid atá coibhéiseach leis an mbonnlíne atá acu. Ós rud é go bhfuil na fálaí réamh-mheasta Cánach Maoine Áitiúla le haghaidh 2025 níos lú ná bonnlíne na Comhairle, gheobhaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe méid comhionannaithe mar atá leagtha amach thíos.

Mar thoradh ar an méadú 15% ar an ráta ar an CMÁ a coinníodh go háitiúil, tháinig méadú €2,370,963 ar an CMÁ iomlán, agus, i ndáiríre, is ionann Cáin Mhaoine Áitiúil iomlán na Comhairle in 2025 agus €22,680,034 mar atá leagtha amach i dTábla I thíos.

Tábla I		
Comhairle Chontae na Gaillimhe - Leithdháileadh CMÁ		
	2025 €	2024 €
Bonnlíne	20,309,071	20,309,071
CMÁ coinnithe go háitiúil	15,806,419	15,299,282
Easnamh ón gciste comhionannaithe	4,502,652	5,009,789
Maoiniú CMÁ lena n-áirítear comhionannú	20,309,071	20,309,071
Méadú 15% ar an CMÁ a coinníodh go háitiúil	2,370,963	-
Iomlán an Mhaoinithe CMÁ	22,680,034	20,309,071

Go ginearálta, is éard is deontais chomhionannaithe ann ná íocaíochtaí a dhéantar le húdaráis áitiúla a bhfuil boinn chánach níos lú acu (agus/nó riachtanais caiteachais níos airde acu) mar gheall ar ghníomhaíocht eacnamaíoch níos lú, a eascraíonn de ghnáth as próifíl shocheacnamaíoch agus cúinsí limistéar an údaráis áitiúil. Ós rud é gurb í Comhairle Chontae na Gaillimhe an dara limistéar údaráis áitiúil is mó sa tír ó thaobh an sciar den cheantar atá faoi tuath de, agus cónaí ar níos mó ná 75 faoin gcéad den daonra i gceantair thuaithe, ba cheart, i bprionsabal, go mbeadh aistrithe suntasacha á bhfáil aici chun críocha comhionannaithe. Maidir leis sin, scríobh mé chuig an Roinn ag lorg maoiniú breise.

Tá an Cháin Mhaoine Áitiúil ar cheann den bheagán foinsí inar féidir leis an gComhairle ioncam suntasach breise a bhailiú tríd an ráta áitiúil a athrú. Cuireadh an méadú a moladh i mo thuarascáil ar an gCáin Mhaoine Áitiúil dar dáta an 23 Meán Fómhair 2024 chun feidhme, rud a d'fhág go raibh méadú €2.3m ann chun tacú le seirbhísí atá ann cheana féin agus leas a bhaint as deiseanna maoinithe deontais bhreise.

Tacaíochtaí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht

Sna blianta roimhe seo, d'fháiltigh Comhairle Chontae na Gaillimhe roimh thacaíocht bhreise ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Sa bhliain reatha, áfach, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis leithdháileadh sealadach €12,688,403 a fháil maidir leis na costais bhreise a thiocfaidh chun cinn in 2025 mar gheall ar na Comhaontuithe Náisiúnta Pá arb ionann iad agus €12,688,403. Chun críocha faisnéise, leagaim amach miondealú na dtacaíochtaí sin ó 2023 go 2025 thíos.

Tábla II			
Tacaíochtaí maoinithe ón Roinn			
	2023 €	2024 €	2025 €
Párolla	8,161,780	8,897,619	12,688,403
Ardú ar phárolla	-	1,763,631	-
Fuinneamh agus boilsciú	1,752,047	-	-
Deontas Speisialta Aonuaire	2,755,433	-	-
Iomlán	12,669,260	10,661,250	12,688,403

Príomhchoigeartuithe Buiséid

Léirítear sna táblaí buiséid gurb ionann €188,376,941 agus an dréachtbhuiséad le haghaidh 2025 i gcomparáid le €173,000,121 mar a bhí ann in 2024. Tuigfidh comhaltaí go mbaineann formhór an buiséid in aon bhliain le **costais neamh-lánroghnach** amhail muirir iasachta, párolla, pinsin, árachas, éilimh reachtúla agus caiteachas de chineál contra a fhaigheann tacaíocht go hiomlán nó go páirteach ó ioncam deontais a fhaightear ar bhonn go sanntar an t-ioncam sin do sheirbhís phoiblí ar leith a sholáthraíonn an Chomhairle.

Tá an Grúpa Beartais Chorparáidigh agus an Chomhairle ina hiomláine tar éis staid reatha airgeadais na Comhairle a phlé go mion agus is ceist thábhachtach é fós an maoiniú atá ar fáil don Chomhairle chun seirbhísí breise a mhaoiniú atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach nua, 2024 go 2029. Mar a thug mé le fios i mí Mheán Fómhair, tá gá le maoiniú breise i mbeagnach gach réimse de ghníomhaíocht na Comhairle, lena n-áirítear méadú ar ár leibhéil foirne, cothabháil tithíochta agus eastát, cothabháil bóithre, leabharlanna, glanadh sráideanna, bearradh ciumhaise, áiseanna snámha, turasóireacht agus cur chun cinn na forbartha eacnamaíche.

I mBuiséad 2025 méadóidh caiteachas na réimsí cláir go léir agus cé go bhfuil dúshlán airgeadais shuntasacha roimh an gComhairle arís in 2025, tá sé i gceist agam leanúint leis an bhfeachtas

earcaíochta foirne atá de dhíth go géar mar chuid dár mbeart Pleanála Straitéisí um Thithíocht Fórsa Saothair. Mar thoradh ar obair bhreise a dhéanfaidh baill foirne breise, beidh costas párolla níos airde ann agus cuirtear san áireamh i nDréachtbhuiséad 2025 é sin. Ní mór don Chomhairle foráil a dhéanamh freisin do phinsin agus d'aisc nua anuas ar na méaduithe ar phinsin atá ann cheana féin. Beidh a fhios ag comhaltaí go bhfuil an boilsciú ag thart ar 2.5% agus go mbeidh tionchar aige sin freisin ar chostas na n-earraí, na seirbhísí agus na gconarthaí uile a sholáthraímid agus a ndéanaimid.

Mar gheall ar an ioncam breise, is leathnú atá i mbuiséad foriomlán 2025 ar bhuiséad 2024, rud a chuirfidh ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe líon na bhfostaithe agus na seirbhísí a mhéadú in 2025. Tá foráil i nDréachtbhuiséad 2025 maidir le caiteachas €194m. Leagtar amach i dTábla III thíos conas a mhaoineofar an caiteachas buiséadaithe atá beartaithe.

Tábla III Foinsí Ioncaim		
Foinsí Ioncaim	Dréachtbuiséad 2024 €'000	Dréachtbuiséad 2025 €'000
Deontais agus Fóirdheontais	79,203	90,308
Rátaí	36,936	41,734
Leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla	20,309	22,680
Cíosanna agus lasachtaí (lena n- áirítear an Scéim Cóiríochta Cíos)	11,307	11,824
Forchúiteamh Uisce Éireann	6,990	6,334
Táillí Páirceála agus fíneálacha	742	970
Ranníocaíochtaí an Údaráis Áitiúil	8,626	8,662
Ioncam ilghnéitheach eile	8,887	11,039
Iomlán	173,000	193,551

Clár Oibre 2025

Tithíocht

Cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar Phríomheagraíocht Rialtais i gContae na Gaillimhe, clár uailmhianach oibreacha agus seirbhísí poiblí i bhfeidhm sa bhliain 2025 chun leasa ár saoránach agus gheilleagar an Chontae.

Ó bunaíodh Fóram Freagartha Pobail don Ghéarchéim san Úcráin i mí Aibreáin 2022, tá an Stiúrthóireacht Tithíochta ag leanúint ar aghaidh glaonna a fhreagairt ón Roinn Leanaí,

Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) chun cúnamh a thabhairt maidir le cóiríocht éigeandála a aimsiú agus a sholáthar. Táimid ag leanúint orainn ag obair leis an Rialtas maidir leis an bhfreagairt don ghéarchéim san Úcráin, le riar an chlár www.offerahome.ie. Mar Údarás Tithíochta an Chontae, leanfaidh an Chomhairle seo uirthi ag déanamh gach rud is féidir chun tacú le freagairt dhaonnúil na Tíre ar chás na ndéanaithe.

Ina theannta sin, tá ról lárnach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir le tionscnaimh tithíochta éagsúla a chur chun feidhme faoi Phlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le tithíocht agus easpa dídine. Leagadh amach spriocanna sa Phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Tithíochta chun 1,717 aonad tithíochta sóisialta a sheachadadh idir 2022 agus 2026. Tá ár gclár oibre seachadta tithíochta ag dul ar aghaidh agus le Cuid V, tá incháilitheacht cheantair an Chontae le haghaidh Cíos Costais agus rannpháirtíocht réamhghníomhach leis an Roinn (Tithe Inacmhainne/Folmha/Léasú agus SLRC/SCC) agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) ar an mbóthar ceart. Tá an buiséad atá ar fáil do chothabháil tithíochta agus do bhainistiú eastáit níos lú ná an méid atá ag teastáil, ach tá méadú €814k i mBuiséad 2025 curtha san áireamh chun an t-am a thógtar chun réadmhaoine a athliger ar cíos a laghdú agus chun aonaid fholmha a chur i mbun seirbhíse arís. Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe deireadh a chur le heaspa dídine (clár nua tithíochta a bhfuil tacaíocht leis) agus in 2025, trínár bhfeidhmeanna reachtúla faoi seach, leanfaimid orainn ag díriú ar sholáthar tithíochta sóisialta, inacmhainne agus measctha. Leanfar ar aghaidh leis an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a chur chun cinn ar fud an Chontae. In 2025, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh chun ár ngníomhartha maidir leis an bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil a sheachadadh.

Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre

Ós rud é nach bhfaighidh an Chomhairle fógra faoina deontais le haghaidh bóithre go dtí tús 2025, bunaíodh an dréachtbhuiséad seo ar na leithdháiltí deontais le haghaidh 2024. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an leithdháileadh in 2025. Mura dtiocfaidh, beidh drochthionchar ag an mboilsciú ar tháirgeacht na n-oibreacha. Rinne an Chomhairle oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar níos mó ná 400km den ghréasán bóithre le maoiniú ó dheontais éagsúla in 2024.

Ina theannta sin, tá foráil curtha san áireamh le haghaidh níos mó glantachán sráide. Tacóidh Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) leis an gComhairle in 2025 chun roinnt tionscadail chaipitil a bhfuil tábhacht ag baint leo a chur chun cinn.

Bhí an N6 - Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe, a fuair cead pleanála i mí na Nollag 2021, faoi réir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus tá sé curtha ar ais ó shin chuig an mBord Pleanála (ABP) chun tuilleadh breithnithe a dhéanamh air. I mí na Nollag 2023, d'iarr an bord tuilleadh faisnéise faoin iarratas Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe agus tá ullmhúchán an iarratais sin críochnaithe agus cuirfear an comhad faoi bhráid ABP an mhí seo. Is tosaíocht ollmhór é Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe fós maidir le forbairt inbhuanaithe an Chontae, na Cathrach agus Iarthar na hÉireann. In 2023 d'oscail an Taoiseach, an tUas. Leo Varadkar seachbhóthar Mhaigh Cuilinn go hoifigiúil agus tá sé oscailte anois le haghaidh tráchtá.

Sa bhliain 2024, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe lena hoibreacha Taistil Ghníomhaigh ar fud an Chontae, lena n-áirítear pleananna iompair áitiúla, staidéir iompair pobail, tionscadail dearaidh uirbigh, suiteáil cosán, lánaí rothaíochta, soilsiú poiblí, páirceáil rothair agus trasrianta coisithe.

Tosóidh an Glasbhealach 28km ó Ghaillimh go hUachtar Ard san Ardeaglais i gCathair na Gaillimhe agus críochnóidh sé ag bóthar an stáisiúin in Uachtar Ard. Cuireadh tús le Céim 3, Dearadh agus Meastóireacht Comhshaoil, i mí na Samhna 2023 agus tógfaidh sé thart ar dhá mhí dhéag í a chur i gcrích. I gCéim 4 in 2024, déanfar iarratas chuig an mBord Pleanála ar cheadú pleanála sula gcuirfear tairiscintí le haghaidh tógála isteach a luaithe is féidir tar éis cead a dheonú.

Tógfar stráice 23km idir an Clochán agus Sraith Salach in 2024, ar an nGlasbhealach ón gClochán go hUachtar Ard. Tá 14km den bhealach críochnaithe faoi láthair agus oscailte don phobal faoi láthair agus tá 6km eile á dtógáil. Tá cainteanna ar bun faoi láthair le húinéirí talún chun na tailte a theastaíonn chun an Glasbhealach tábhachtach seo a chur i gcrích a fháil. Is bonneagar tábhachtach é seo do Chontae na Gaillimhe agus nuair a bheidh sé críochnaithe beidh sé ina shócmhainn mhór taistil ghníomhaigh agus turasóireachta dár ngnólachtaí, dár saoránaigh agus do chuairoteoirí.

Faoin gClár Athshlánúcháin Droichead, leithdháileadh maoiniú ar 20 droichead, arbh ionann é agus €305,000 san iomlán in 2024, agus tá dearaí agus oibreacha ar siúl ina leith agus meastar go mbeidh siad críochnaithe faoi dheireadh 2024. I gcás 2025, tá aighneacht déanta againn chuig an Roinn le haghaidh formheasa ar fiú €760,000 san iomlán í le haghaidh 9 nDroichead.

Cé go bhfuil tábhacht ag baint le feidhm mhuirí na Comhairle, agus 689Km de chósta, 4 oileán a bhfuil daoine ina gcónaí iontu agus go leor céanna, cuanta agus fánáin idir bheag agus mhór sa Chontae, tá ganntanas mór acmhainní i gceist fós. Mar gheall air sin, chuir an Chomhairle leithdháileadh €250,000 ar fáil óna hacmhainní féin in 2024 ar an gclár leanúnach cothabhála muirí. In 2025, tá sé i gceist againn maoiniú breise a chur ar fáil d'oibreacha éigeandála sa limistéar muirí agus cur le saineolas pleanála muirí na Comhairle.

Tá gá le hinfheistíocht shuntasach chun áirde nua a fháil a thiocfadh in ionad ár bhflít iompair atá ag dul in aois. Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar chlós Innealra in 2024, agus tá tús curtha le hathsholáthar céimnithe feithiclí agus ceannófar 4 fheithicil bhreise in 2025.

In 2025, leanfar ar aghaidh le hoibreacha atá ar bun chun na meaisíní nua grianchumhachtaithe íoc agus taispeáin a shuiteáil ar fud an Chontae. Cuirfidh an obair sin leis an obair atá déanta cheana féin le dhá bhliain anuas ar athsholáthar na seanmhéadar páirceála íoc agus taispeáin, agus tá breis agus 100 aonad athsholáthair suiteáilte sa Ghort, Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, sa Chlochán agus sa Chloigeann. Mar thoradh ar chéim dheireanach in 2025, cuirfear meaisíní nua grianchumhachtaithe in áit meaisíní íoc agus taispeáin eile.

Chun na spriocanna reachtúla Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh atá leagtha síos ag an Rialtas a chomhlíonadh, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta do na soilse poiblí neamhéifeachtúla go léir dá cuid a aiseifeistiú le haonaid LED atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh

de. In 2025, leanfaidh CCG leis an obair sin ar luas lasrach ionas go dtabharfaidh ár n-eagraíocht dea-shampla maidir le húsáid breosla carbóin a laghdú.

Shínigh Co. na Gaillimhe agus Uisce Éireann máistir-chomhaontú comhoibrithe, le héifeacht ón 20 Meán Fómhair 2023, lena n-aistrítear ár bhfeidhmeanna seirbhísí uisce chuig UÉ. Déanfar bainistíocht agus aistriú na foirne a bheidh ag bogadh chuig UÉ a bhainistiú ar bhealach stuama agus comhordaithe le linn 2025 agus 2026.

Forbairt agus Pleanáil Eacnamaíoch

Bhí béim láidir á leagan ar phríomhchuspóirí straitéiseacha Phlean Forbartha an Chontae, 2022 – 2028 a chur i bhfeidhm ó cheann ceann na bliana 2024 i réimsí amhail forbairt eacnamaíoch, iompar agus gluaiseacht earraí agus daoine, an t-athrú aeráide, fuinneamh agus acmhainní in-athnuaite agus turasóireacht. In ainneoin dul chun cinn sin, tá easpa acmhainní fós ag feidhm phleanála na Comhairle, agus tá sé fós dúshlánach coinneáil suas le ceanglais reachtúla reatha agus nua, i.e. dlínse nua phleanála spásúla muirí, an tAcht nua um Pleanáil agus Forbairt, 2024 agus córais TFC a phleanáil. Ag an am céanna, ní mór don Chomhairle cothromaíocht a bhaint amach idir a cur chuige atá fabhrach don fhorbairt i leith cinnteoireachta agus cosaint ár dtimpeallachta nádúrtha luachmhaire.

Tá an córas ríomhphleanála ag feidhmiú anois i gcás níos mó ná 90% d'iarraitais phleanála, aighneachtaí agus iarraitais faoi Chuid VIII agus aighneachtaí poiblí.

Agus Contae na Gaillimhe á chur chun cinn ó thaobh forbairt eacnamaíoch de, leanfaimid orainn ag obair go dlúth le GFT, le Fiontraíocht Éireann agus le páirtithe leasmhara eile chun infheistíocht isteach a mhealladh chun forbairt eacnamaíoch a spreagadh agus chun poist a chruthú ar fud Chontae na Gaillimhe. Tá fáil ar bhonneagar agus rochtain den scoth mar chuid de Chonair Eacnamaíoch Straitéiseach na Gaillimhe, a shainaithnítear i bPlean Forbartha an Chontae. Glacfaimid páirt ghníomhach chun braislí fiontair móra, luachmhara a mhealladh chuig an mbunachar talún atá curtha le chéile ag GFT, agus ag na Comhairlí Contae agus Cathrach sa cheantar seo. Chuige sin, beidh gá le comh-mháistirphleanáil le páirtithe leasmhara (lena n-áirítear GFT, FÉ, Ionród Éireann, UÉ, EirGrid, Leathanbhanda Náisiúnta). Faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (CAFU) leanfaimid orainn ag obair le hIarnród Éireann agus le comhpháirtithe eile le linn 2025 chun an lúb thrasnaithe ag an nGarrán a chur chun cinn agus chun carrchlós breise agus creatphlean uirbeach a dhearadh do cheantar an Gharráin. In 2024 rinneadh feabhsuithe suntasacha nua ag stáisiún Órán Mór a thiocfaidh i bhfeidhm idir tús agus lár 2025.

Tá iarláithreán Aerfort na Gaillimhe san áireamh i bPlean Forbartha an Chontae agus é mar aidhm againn Campas Nuálaithe, Gnó agus Teicneolaíochta ar scála Idirnáisiúnta a dhéanamh de a mheallfaidh agus a gheobhaidh infheistíocht fhadtéarmach i nGaillimh agus i Réigiún Chonnacht agus a bheidh mar bhonn agus mar thaca le forbairt eacnamaíoch Limistéar Cathrach na Gaillimhe. I gcomhpháirtíocht leis an GFT, cuirfidh an Chomhairle pleananna chun cinn in 2025 chun an láithreán a fhorbairt agus cuirfidh sí tús le hullmhú máistirphlean láithreáin i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Cathrach agus leis an GFT.

Tá suim mhór leanúnach in Earnáil an Bhia i nGaillimh. Sa bhliain 2024, tar éis tacaíocht shuntasach ón gComhairle seo, osclaíodh Campas BIA, Baile Átha an Rí go hoifigiúil agus i gcomhpháirtíocht le BIA beidh an Chomhairle rannpháirteach i roinnt iarratais nua ar mhaoiniú AE. Le linn 2025, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair le hearnáil Ealaíon agus Scannánaíochta na Gaillimhe chun tionscnaimh san earnáil chruthaitheach a chur chun cinn ar fud an Chontae.

In 2025, tabharfaidh an Chomhairle tús áite d'athghiniúint uirbeach agus tuaithe agus rachaimid i ngleic le fadhb na réadmhaoine folmha agus an dearóilithe sna príomhbhailte agus sna sráidbhailte sa Chontae. Go dtí seo, d'éirigh le Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú €3m a fháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi ghla 3 den CAFU (an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí) chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na réadmhaoine folmha agus ar an dearóiliú i mbailte an Chontae. In 2025 beidh orainn buiséad a chur ar fáil do ghnéithe cómhaoinithe breise de thionscadail rathúla de chuid an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT) agus CAFU, toisc gur mian liom an t-aonad oibre sin a leathnú.

Chomh maith leis sin, leanfaimid orainn ag iarraidh maoiniú a fháil le haghaidh tionscadal in 2025 faoi Athghiniúint Tuaithe, an Scéim um Bonneagar Áineasa Faoi Aer (SBÁA), Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte, Feabhsú Sráideanna, Clár, an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (SFÁ) agus scéimeanna eile de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn agus beidh cúnamh suntasach ó fhoireann na Comhairle agus/nó cómhaoiniú ag teastáil uathu. Tá sé mar aidhm ag Beartas na Roinne, Lár Bailte agus Sráidbhailte Ar dTús, tacú le hathghiniúint agus le forbairt bailte agus sráidbhailte, agus cur ar chumas an phobail a bheith ag cur fúthu agus a bheith ag obair i dtimpeallacht bhríomhar. Ainmníodh an Gort mar bhaile píolótach le haghaidh an phlean Lár Bailte Ar dTús do Chontae na Gaillimhe. Bunaíodh Foireann fhoirmiúil don Bhaile chun cabhrú leis an bplean Lár Bailte Ar dTús (LBT) a sheachadadh. I measc na n-ionadaithe ar an bhfoireann tá ionadaithe ó ghrúpaí pobail áitiúla, daoine a bhfuil cónaí orthu sa bhaile agus úinéirí gnólachtaí. Beidh an-rath ar chur chuige gníomhachtaí pobail LBT maidir le feabhsú lár na cathrach i nGaillimh agus ba mhaith liom an tionscnamh sin a chur i bhfeidhm ar an oiread bailte is féidir inár gContae.

Aithnítear i bPlean Forbartha an Chontae na féidearthachtaí a bhaineann leis an turasóireacht mar phríomhspreagadh maidir le borradh socheacnamaíoch inbhuanaithe ar fud shuíomhanna uirbeacha, tuaithe, oileáin agus cósta an Chontae. Tá Gaillimh ar cheann de na contaetha is rathúla ó thaobh tairbhe eacnamaíoch de maidir le caiteachas turasóireachta. Ullmhaíodh an chéad Straitéis Turasóireachta sa Chontae ina bhfuil creat comhoibríoch chun tionscnaimh turasóireachta a fhorbairt sna blianta amach romhainn. Tacóidh sé sin le scaipeadh cothrom na mbuntáistí Turasóireachta ar fud an Chontae. Tá an Straitéis i gcomhréir le Straitéis Forbartha Turasóireachta Fáilte Ireland agus sainaithnítear príomhthionscadail straitéiseacha inti chun táirge turasóireachta Chontae na Gaillimhe a fheabhsú. Tá acmhainní breise curtha ar fáil sa bhuiséad chun an turasóireacht a chur chun cinn agus ba mhaith liom go gcuirfí na tionscnaimh turasóireachta sin atá sa phlean i gcrích ar an talamh.

Mar fhreagra ar ár n-oibleagáidí faoi “Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh, 2030”, tá Aonad nua um Gníomhú ar son na hAeráide bunaithe agam chun dul i ngleic leis an

Athrú Aeráide. Earcaíodh Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide. Cuireadh struchtúr nua rialachais i bhfeidhm lena n-áirítear Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide, Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Foireann Fuinnimh chorparáideach. Is é misean Chomhairle Chontae na Gaillimhe, mar atá leagtha amach i 'Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh, 2030', ná athrú claochlaitheach agus gníomhú intomhaiste ar son na haeráide a sheachadadh ar fud an Chontae laistigh dár n-eagraíocht féin ar dtús, le dea-cheannaireacht agus dea-shampla a léiriú, agus le gníomhaíocht a spreagadh ar leibhéal áitiúil. Agus Plean Gníomhaíochta na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide, 2024-2029 ullmhaithe agus glactha againn anois, tá sé in am ceannaireacht a léiriú dár saoránaigh agus maoiniú a lorg chun a chuspóirí a chur chun feidhme ar fud Chontae na Gaillimhe. Leagtar amach sa phlean sin an chaoi a gcuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe raon beart maolaithe, oiriúnaithe agus bearta eile maidir le gníomhú ar son na haeráide chun cinn, chun cabhrú leis na hoibleagáidí aeráide náisiúnta agus Cuspóir Aeráide náisiúnta foriomlán an Rialtais a bhaint amach. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe gníomhú ar son na haeráide don Chontae, agus tá sé mar aidhm aici an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a shaothrú agus a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh 2050. Riarfaimid Ciste €635,000 um Ghníomhú ar son na hAeráide atá dírithe ar thionscadail nua gníomhaíochta pobail.

I measc na dtionscadal atá ar siúl nó atá beartaithe tá iarfheistiú fuinnimh soilsithe poiblí, iarfheistiú tithíochta sóisialta, 70 tionscnamh taistil ghníomhaigh, straitéis luchtaithe a fhorbairt le haghaidh feithiclí leictreacha agus raon tionscnamh bithéagsúlachta. Beidh tionchar mór ag na tionscadail/gníomhartha seo ar chúrsaí aeráide.

Tuigfidh comhaltaí go rímhaith an luach a bhaineann leis na seirbhísí leabharlainne ar fud an Chontae agus an ról atá ag acu chun cur le saol ár bpobal. Tá an caiteachas ar sheirbhísí leabharlainne i nGaillimh i bhfad faoi bhun an leibhéil a theastódh chun freastal ar mhuintir agus ar phobail Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Is í an Chomhairle seo an príomhúdarás áitiúil i seirbhísí leabharlainne don Chontae agus don Chathair araon. Cé go bhféadfadh sé tamall a thógáil chun an t-easnamh sin a réiteach, tá foráil sa dréachtbhuiséad maidir le maoiniú breise leabhar leabharlainne agus ullmhú iarratas nua maoinithe do leabharlanna nua ar fud an Chontae agus na Cathrach.

Tá tránna agus limistéir snámha a bhfuil Brat Gorm acu ríthábhachtach don taitneamh a bhaineann muintir na Gaillimhe agus cuairteoirí araon as an timpeallacht nádúrtha atá againn, agus don gheilleagar turasóireachta sa Chontae. Mar chuid den Chlár Sábháilteachta Uisce, 2024, earcaíodh painéal de 54 garda trá oile chun seirbhísí a sholáthar ag 10 suíomh sa Chontae, lena n-áirítear sé thrá a bhfuil brat gorm acu agus sé shuíomh sa Chathair mar chuid de chomhaontú seirbhíse comhroinnte le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. I ndiaidh an mheasúnaithe riosca, tá gá práinneach le huasghrádú a dhéanamh ar na baoithe tarrthála agus ar na bearta sábháilteachta agus tá forálacha breise curtha san áireamh sa dréachtbhuiséad le haghaidh

gardaí tarrthála agus bearta sábháilteachta. Is tosaíocht é limistéir pháirceála nua a shainaitheint chun rochtain shábháilte agus ordúil a éascú ar ár dtránna.

Acmhainní Corparáideacha / Daonna

Ceadaíodh 339 iarratas ar Obair Chumaisc in 2024. Déantar athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas maidir le hobair chumaisc de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus déantar iarratais ar obair chumaisc a athnuachan go bliantúil.

Tá an chibearshlándáil agus cosaint ár sonraí agus ár bhfaisnéise fós ina príomhthosaíocht don aonad TFC, agus don eagraíocht ar fad. Tá gá le slándáil TFC a mhéadú chun faireachán agus cosaint a dhéanamh ar ár gcórais go léir ó bhagairtí a bhféadfaí a dhéanamh orthu. Beidh maoiniú breise ag teastáil uaim sa réimse sin chun an athléimneacht/cúltaca riachtanach a sholáthar dár sonraí agus dár seirbhísí ar líne.

Is léiriú intinne agus tacaíochta d'fhorbairt dhigiteach an Chontae í Straitéis Dhigiteach Chontae na Gaillimhe, i dtréimhse ina bhfuil nascacht á méadú agus úsáid níos airde á baint as seirbhísí digiteacha, teicneolaíochtaí digiteacha agus bonneagar digiteach. Chun tacú le Nascacht don phobal, leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag méadú a pointí rochtana Wi-Fi poiblí saor in aisce faoin scéim Wifi4eu. Chomh maith leis sin, tá tús curtha ag an TFC le hobair ar athsholáthar iomlán Suímh Gréasáin a bheidh deartha le haghaidh seachadadh seirbhísí poiblí agus rannpháirtíochta, ag baint úsáid as teicneolaíocht foinse oscailte chun réitigh thógtha a roinnt le húdaráis áitiúla eile. Leanfaidh an Chomhairle lena hobair ar straitéis Dhigiteach agus TFC in 2025, obair a bheidh á treorú i dtaca le téamaí agus cumasóirí ag an Straitéis Dhigiteach agus TFC Rialtais Áitiúil, 2030 d'Éirinn a foilsíodh. Ba mhaith liom leanúint leis an obair den scoth ar Ríomhphleanáil, iPlan agus iHouse freisin chun feidhmiúlacht gach seirbhíse a leathnú chun leasa ár gcustaiméirí, ár bhfoirne agus ár gcomhaltaí tofa.

Soláthar foirne:

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag feidhmiú le foireann níos lú agus le níos lú acmhainní airgeadais ná Údaráis Áitiúla inchomparáide eile a fheidhmíonn le líon níos airde acmhainní foirne agus a fhreastalaíonn ar dhaonraí níos lú. Is ionann 851 coibhéis lánaimseartha agus an líon ball foirne reatha i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Trí líon ár mball foirne a mhéadú i gcomhréir le Plean Straitéiseach Fórsa Saothair na Comhairle, beidh an Chomhairle in ann rochtain a fháil ar mhaoiniú agus ar thionscnaimh, agus iad sin a ghíaráil agus a úsáid. Ní hamháin go rachadh sé sin chun tairbhe shaoránaigh agus páirtithe leasmhara Chontae na Gaillimhe, ach chuirfeadh sé deiseanna ar fáil freisin chun éifeachtúlachtaí agus modhanna oibre nua a ghíaráil ar mhaithe leis an gComhairle féin. I ndáil leis sin, cuireadh Plean Straitéiseach Fórsa Saothair i bhfeidhm in 2023, chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfar soláthar foirne reatha agus amach anseo a ailíniú le gníomhartha sa Phlean Corparáideach, 2024-2029. Beidh cur chun feidhme na moltaí sa Phlean Straitéiseach Fórsa Saothair faoi réir fhorálacha buiséadacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar fud na Stiúrthóireachtaí uile. Bhí earcaíocht agus athshannadh foirne dírithe ar na réimsí tosaíochta a bhaineann le Tithíocht, Forfheidhmiú Comhshaoil, an tAthrú Aeráide, Bainistíocht agus Seachadadh Tionscadail Forbartha & Pleanála Eacnamaíche agus Ceantair Bhardasacha agus

díreofar freisin ar phoist bhreise a ceadaíodh don tSeirbhís Dóiteáin ar Áirithíocht in 2025 a chur chun feidhme.

Rátaí Tráchtála:

Is iad an dá phríomhfhoinsé as ar féidir le húdarás áitiúil ioncam a shaothrú ná an ráta CMÁ agus an ráta luachála bliantúil do rátaí tráchtála a athrú.

Beidh a fhios ag na comhaltaí gur chuir an Oifig Luachála trí Thailte Éireann clár athluachála náisiúnta i gcrích agus, i gcás Chontae na Gaillimhe, gur eisigh sí deimhnithe luachála deiridh inar tháinig na luachálacha nua i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

I bhfianaise mhéid an dúshláin airgeadais atá roimh an gComhairle, ó 2025 ar aghaidh, iarrfaidh mé ar an gComhairle nua an RBL a mhéadú chun an t-easnamh €10.8m ar an gcuntas ioncaim a líonadh, rud a thabharfaidh glanioncam breise €3m. Mar chuid den chinneadh sin, táim ag moladh go gcuirfidh comhaltaí scéim lacáiste i bhfeidhm do na híocóirí rátaí sin a bhfuil bille ráta tráchtála faoi bhun €10,000 acu, agus go maoineofar í sin tríd an méadú ar an ráta luachála bliantúil. Laghdóidh an lacáiste sin an méadú RBL atá beartaithe go suntasach ar fhormhór ár n-íocóirí rátaí go meán €3.66 in aghaidh na seachtaine.

Tábla IV Caiteachas de réir Grúpa Cláir		
Rannóg Seirbhíse	2024 Buiséad €'000	Dréachtbhuiséad Measta 2025 €'000
Tithíocht agus Foirgníocht	26,104	32,191
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	58,185	62,275
Seirbhísí Uisce	17,267	16,256
Bainistíocht Forbartha	16,418	20,993
Seirbhísí Comhshaoil	25,206	28,408
Áineas agus Taitneamhacht	10,983	13,381
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	2,883	2,853
Seirbhísí Ilghnéitheacha	15,954	16,924
Iomlán	173,000	193,551

Conclúid agus Moladh

Bhí na tacaíochtaí airgeadais ón Roinn Tithíochta, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil bunriachtanach agus buiséad inoibrithe á dhreachtú le haghaidh 2025. Cé nach bhfuil a dóthain maoinithe ag an gComhairle fós i gcomparáid le húdaráis áitiúla inchomparáide eile, is ardú suntasach é caiteachas buiséid agus soláthar seirbhíse 2025 ar 2024. Beidh an caiteachas €193m sin a chaithfear ar rialachas agus ar sholáthar seirbhísí poiblí rithabhachtach do gheilleagar áitiúil Chontae na Gaillimhe. Anuas air sin, leanfaidh mé orm ag dul i mbun idirbheartaíochta agus comhfhreagrais le hoifigigh na Roinne chun maoiniú breise a lorg.

Agus Dréachtbhuiséad 2025 á ullmhú, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí uile as ucht a dtacaíocht le linn 2024. Gabhaim buíochas go háirithe leis an gCathaoirleach, an Comhairleoir Liam Carroll agus leis an gComhairleoir Albert Dolan as ucht a gcúnaimh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh agus leis na comhaltaí tofa go léir as a bpáirt dhearfach agus réamhghníomhach a ghlac siad le linn do bhuiséad 2025 a bheith á ullmhú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an gCeann Airgeadais, Katie O'Connor, le gach Stiúrthóir Seirbhíse agus le foireann uile na Stiúrthóireachta Airgeadais as a gcuid oibre chun dréachtbhuiséad 2025 a chur le chéile agus a ullmhú. Táim faoi chomaoin ag foireann uile na Comhairle as a ndúthracht leanúnach agus a gcuid oibre crua agus iad ag tacú liom chun Comhairle Chontae na Gaillimhe a threorú.

Tá mé muiníneach go gcuirfimid clár oibre luachmhar, ar ardchaighdeán chun feidhme do shaoránaigh Chontae na Gaillimhe le haghaidh 2025 agus amach romhainn, le tacaíocht na gComhaltaí agus na foirne.

Dá réir sin, molaim go nglacfar Dréachtbhuiséad 2025 mar atá curtha i láthair.

Mise le meas,

An tUasal Liam Conneally,

Príomh-Fheidhmeannach,

Comhairle Chontae na Gaillimhe.

22 Samhain 2024.

TUARASCÁLACHA RANNÁIN LENA nÁIRÍTEAR TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR DHUL CHUN CINN PHLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, 2025 – 2029

Tá Plean Corparáideach nua Chomhairle Chontae na Gaillimhe, 2025-2029 á dhréachtú faoi láthair. Ó cuireadh an Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2024, tá an leagan deiridh le cur faoi bhráid na Comhairle Iomlánaí i mí na Samhna 2024 lena bhreithniú agus lena oiriúnú. I bPlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, 2025-2029, mar a ghlac Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe, cuirfear creat ar fáil a chuireann ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe treoir agus forbairt straitéiseach Chontae na Gaillimhe a threorú don tréimhse 2025 -2029.

Tacaíonn na spriocanna straitéiseacha agus na straitéisí tacaíochta a aithníodh sa Phlean le Comhairle Chontae na Gaillimhe a cuid feidhmeanna a chur i gcrích, tús áite a thabhairt dá gníomhartha, agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Comhairle.

Sna Tuarascálacha Rannáin seo a leanas tugtar léiriú ar an dul chun cinn a baineadh amach le linn 2024 i ndáil leis na spriocanna straitéiseacha agus na straitéisí tacaíochta atá liostaithe i bPlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, 2020-2024. Ina theannta sin, leagtar na príomhthograí atá le cur chun cinn in 2025 amach sna Tuarascálacha Rannáin, chun comhlíonadh spriocanna straitéiseacha nua na Comhairle a chur chun cinn tuilleadh.

SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA (PLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, 2025-2029)



TITHÍOCHT

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA - AG SEACHADADH TITHE - AG TÓGÁIL POBAIL

Leanfaidh Roinn Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh lena cuid oibre chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- Chun cabhrú le daoine agus le teaghlaigh a riachtanais tithíochta a shásamh i bpobal ina bhfuil daoine ar gach aois, a dtagann ó gach cineál teaghlaigh, gach cúlra eitneach agus gach aicme shocheacnamaíoch.
- Tacaíochtaí idirghníomhaireachta a sholáthar go luath agus roghanna tithíocht sheasmhach agus thacaithe a chur ar fáil do dhaoine gan dídean agus do theaghlaigh chun an spleáchas ar chóiríocht éigeandála a laghdú.
- Dlús a chur le soláthar tithíochta sóisialta dea-bhainistithe agus a bheidh á chothabháil go maith a sheachadadh i bpobail inbhuanaithe chun go bhféadfaidh daoine maireachtáil ann, agus an iarracht is mó agus is féidir a dhéanamh chun timpeallacht thógtha atá neamhdhíobhálach don aeráid a uasmhéadú ag an am céanna.
- A chinntiú go mbaintear an leas is mó agus is féidir as an stoc tithíochta atá ann cheana chun feabhas a chur ar chaighdeán an stoic tithíochta agus chun cur le hathnuachan na timpeallachta tógtha.

TITHÍOCHT DO CHÁCH – PLEAN NUA TITHÍOCHTA D’ÉIRINN

Is é Tithíocht do Chách plean an rialtais chun an soláthar tithíochta a mhéadú go dtí meán 33,000 in aghaidh na bliana sna deich mbliana atá romhainn. Foráiltear sa phlean don mheascán is fearr de thithíocht shóisialta, tithíocht inacmhainne agus tithíocht phríobháideach, le díol agus le ligean ar cíós. Tá an plean bunaithe ar cheithre chonair, a chuirfidh bonn faoi chóras tithíochta níos inbhuanaithe:

- tacú le húinéireacht tí agus le hinacmhainneacht a mhéadú.
- deireadh a chur leis an easpa dídine, soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú, agus tacú le cuimsiú sóisialta.
- soláthar tithíochta nua a mhéadú.
- aghaidh a thabhairt ar fhadhb na dtithe folmha agus úsáid éifeachtúil a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana.

Faoi Thithíocht do Chách mar a sheol an Rialtas an 2 Meán Fómhair 2021, tá sprioc leagtha síos do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ina bhfuil 1,717 aonad tithíochta sóisialta nua san iomlán idir 2022 agus 2026.

Leanfar na conairí seo a leanas chun **tithíocht shóisialta a thógáil**:

- Scéim tógáil dhíreach na nÚdarás Áitiúil (Tógáil ÚÁ), an Scéim Ceannaigh agus Athnuachana.
- Forbairtí tithíochta lándéanta ó fhorbróirí príobháideacha.
- Ceanglais Chuid V maidir le tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne.
- Seachadadh trí Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT)

Tá na spriocanna tógála tithíochta sóisialta leagtha amach thíos maidir le tithíocht shóisialta i gContae na Gaillimhe do na cúig bliana amach romhainn. Is ionann an sprioc agus an t-íosleibhéal seachadta a bhfuiltear ag súil leis.

Thug an tAire le fios gur chóir d'údaráis áitiúla 60% den seachadadh a sholáthar, agus go soláthródh CCTanna an chuid eile, cé gurbh ar na húdaráis áitiúla a bheadh an fhreagracht deiridh chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Bliain	# Sprioc Tógála Tithíochta Sóisialta	Seachadadh Ionchais na Comhairle (60%)	Seachadadh Ionchais CCT (40%)
2022	230	1,030	687
2023	351		
2024	358		
2025	385		
2026	393		
Total	1,717	1,717	

AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM SHEACHADADH TITHÍOCHTA, 2022 - 2026

Ceadaíodh an Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta (PGST) ar an 1 Iúil 2022 agus foilsíodh ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe é. San PGST déantar foráil do sheachadadh inbhuanaithe tithíochta faoi stiúir an phlean sna suíomhanna cearta. Leagtar amach ann an bealach ar aghaidh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ionas gur féidir léi spriocanna tithíochta sóisialta agus inacmhainne a bhaint amach idir 2022 agus 2026, agus sainaithnítear ann an áit agus an chaoi a mbainfear na spriocanna sin amach. Beidh soláthar maith na n-aonad tógála ag CCTanna ina phríomhcheanglas le haghaidh an phlean sin. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an seachadadh molta faoi réir spriocanna Náisiúnta a sheachadadh agus maoiniú a bheith ar fáil chun tithe sóisialta agus inacmhainne a sheachadadh faoi Thithíocht do Chách agus tá gach forbairt faoi réir na ngnáthphróiseas ceadaithe agus pleanála le haghaidh gach forbartha.

TÓGÁIL DHÍREACH AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Le linn 2024, lean an tAonad Tithíochta de bheith ag cur raon tionscadal tithíochta tógála díri chun cinn trí phróiseas ceadaithe na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le haghaidh dearaidh, pleanála, tairisceana agus tógála. Cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe thart ar 167 aonad tithíochta sóisialta ar fáil in 2024.

Cuireadh na tionscadail tógála díri seo a leanas chun cinn trí chéimeanna éagsúla go dtí seo in 2024:

Suíomh	# Aonaid Tithíochta Sóisialta	Costáil	Céim RTRÁO
Tithe Aonair Tuaithe	1	€395,127	Tógáil ar siúl faoi láthair
Páirc na Cille, Tuaim	31	€7,927,527	Críochnaithe
Béal Átha Mó	8	€2,296,097	Tógáil ar siúl faoi láthair
Iomlán	40	€10,618,751	

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

Tá tograí maidir le 25 aonad á n-ullmhú, nó leis an Roinn lena bhfaomhadh faoi láthair, agus tá sé beartaithe iad a sheachadadh in 2025 agus réamh-mheastar go mbeidh caiteachas caipitil €15,916,849 ar sholáthar na n-aonad sin. Tá tionscal na tógála fós i staid dhúshlánach ar an leibhéal náisiúnta agus conraitheoirí ag fulaingt ó bhoilsciú praghsanna, ganntanas ginearálta saothair, agus dúshlán maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú. Tá an tAonad Tithíochta, in éineacht leis an Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta agus an Roinn, tar éis a bheith ag obair go dian chun na saincheisteanna sin a bhainistiú ar leibhéal áitiúil.

Suíomh	# Aonaid Tithíochta Sóisialta	Céim RTRÁO
Naomh Iósaf, Béal Átha na Sluaighe	8	Tógáil ar siúl faoi láthair
Hillcrest, Baile Locha Riach	3	Soláthar ar siúl faoi láthair

Caisleán Raithin, Ard Raithin	10	Soláthar ar siúl faoi láthair
An Pháirc Mhór, Tuaim	4	Soláthar ar siúl faoi láthair
Iomlán	25	

TITHÍOCHT LÁNDÉANTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Is cuid thábhachtach den seachadadh tithíochta fós í tithíocht lándéanta faoin gclár Tithíocht do Chách. Baineann go leor buntáistí leis an tsamhail seachadta sin sa chás go mbíonn dúshláin ann maidir le talamh a fháil atá oiriúnach le haghaidh forbartha. Tá an scéim oscailte don Chomhairle agus d'earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta araon.

Foilsíodh fógra ar léirithe spéise maidir le forbairtí lándéanta (tithíocht shóisialta agus inacmhainne) i mí Feabhra 2024 agus eiseofar an dara feachtas i Ráithe 4. I mí an Mhárta 2024, fuarthas 11 léiriú spéise agus tá cead pleanála ag 9 gcinn díobh agus i gcás 2 cheann acu tá cead pleanála ar feitheamh.

I gcás thionscadail dhíreacha Lándéanta Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2024, is ionann €21,709,575 agus an caiteachas buiséadaithe foriomlán a bhaineann le 63 aonad tithíochta sóisialta atá beartaithe mar atá mionsonraithe thíos.

Suíomh	# Aonaid Tithíochta Sóisialta	Costas	Céim
Bun na Coille, Maigh Cuilinn	1	€399,020	Críochnaithe
An Gort Fada, Béal Átha na Sluaighe	13	€4,435,300	Críochnaithe
An Choill Fada, Béal Átha na Sluaighe	16	€5,574,882	Críochnaithe
Carrigweir, Tuaim	7	€2,275,000	Críochnaithe
Vicars Choral, Tuaim	22	€7,764,472	Tógáil ar siúl faoi láthair
Cathair Ruaín, Béal Átha an Rí	2	€793,336	Críochnaithe
An Cuarbhóthar, Tuaim	2	€467,566	Críochnaithe
Iomlán	63	€21,709,576	

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

Táthar ag súil go mbeidh forbairtí Lándéanta mar chuid mhór dár Soláthar Tithíochta Sóisialta in 2025. Tá roinnt moltaí á mbreithniú faoi láthair a bhfuiltear ag súil leo go gcuirfidh siad feabhas ar sheachadadh aonad roimh dheireadh an chláir Tithíocht do Chách.

Beidh maoiniú iomlán na dtionscadal tógála tithíochta lándéanta le forchúiteamh ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

OIBLEAGÁIDÍ FORBRÓIRÍ FAOI CHUID V

De réir Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2001 agus leasuithe, leanann an Roinn Tithíochta le haonaid a fháil mar chuid d'oibleagáidí Forbróirí faoin Acht sin. Is fiú a thabhairt faoi deara gur leasaíodh reachtaíocht Chuid V i mí Lúnasa 2021 maidir le talamh a ceannaíodh an 1 Lúnasa 2021 nó dá éis. Beidh ceanglas 20% faoi Chuid V ag aon chead pleanála nua le haghaidh forbraíocht tithíochta ar an talamh sin. Beidh ceanglas 10% i bhfeidhm faoi Chuid V sa chás go bhfuil cead pleanála faighte le haghaidh na talún cheana féin nó gur ceannaíodh é idir an 1 Meán Fómhair 2015 agus an 31 Iúil 2021, má dheonaítear cead pleanála roimh an 31 Iúil 2026. In 2024, gheobhaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe 22 aonad faoi oibleagáidí Chuid V agus cuirfear 5 aonad eile ar aghaidh a bheidh á seachadadh trí CCTanna (27 san iomlán) agus 102 aonad breise (ÚÁ 88 & CCT 14) beartaithe le haghaidh 2025 agus 2026.

Méadóidh líon na n-aonad tithíochta a gheobhaidh an Chomhairle faoin sruth seachadta seo sna blianta amach romhainn mar gheall ar leasuithe a rinneadh le déanaí ar an reachtaíocht, a fhorálann go bhfaighidh an t-údarás áitiúil suas le 20% d'fhorbraíocht, agus go mbeidh leath de na hionaid seo ar a laghad d'iarraitasóirí ar thithíocht shóisialta.

Cuid V – 2024

Suíomh	# Aonaid Tithíochta Sóisialta	Costas	Céim
An Gort Fada	4	€1,143,733	Críochnaithe
Bun an Choill, Maigh Cuilinn	7	€2,223,806	Beagnach críochnaithe
Vicars Choral, Tuaim	5	€1,460,646	Tógáil ar siúl faoi láthair
Lorrogate, Baile Átha an Rí	2	€610,000	Ag céim an tíolactha
Tobar Odhráin, Órán Mór	4	€1,250,571	Críochnaithe
Iomlán	22	€6,688,756	

Suíomh	# Aonaid Tithíochta Sóisialta	Costas	Céim
An Doirín, Maigh Cuilinn	5		Tógáil ar siúl faoi láthair
Iomlán	5		

Cuid V – 2025 agus 2026

Suíomh	# Aonaid Tithíochta Sóisialta	Céim
An Fhraochóg, Baile Locha Riach	6	Tógáil ar siúl faoi láthair
An Muine Dubh (Céim 1), Órán Mór	7	Tógáil ar siúl faoi láthair
An Muine Dubh (Céim 2), Órán Mór	7	Tógáil ar siúl faoi láthair
An Muine Dubh (Céim 3), Órán Mór	7	Tógáil ar siúl faoi láthair
Bóthar Mhaigh Cuilinn, Bearna	12	Tógáil ar siúl faoi láthair
An Choill Fada, Béal Átha na Sluaighe	4	Tógáil ar siúl faoi láthair
Bog Road, Órán Mór	1	Tús curtha le tógáil in R1 2025
An Maolán, Bearna	5	Tógáil ar siúl faoi láthair
Cathair Uaitéir, Baile Locha Riach	8	Tógáil ar siúl faoi láthair
Bóthar an Stáisiúin, Órán Mór	2	Tógáil ar siúl faoi láthair
Bóthar an Chuain, Béal Átha na Sluaighe	1	Tógáil ar siúl faoi láthair
Bóthar na Mias, Cinn Mhara	5	Tógáil ar siúl faoi láthair

Cluain Na Cathrach, Béal Átha an Rí	4	Tógáil ar siúl faoi láthair
Troscaigh Thoir, Bearna	4	Tógáil ar siúl faoi láthair
Bóthair an Ghoirt, Cinn Mhara	6	Tógáil ar siúl faoi láthair
Páirc Chill Chuimín, Uachtar Ard	2	Le cinneadh
Bóthar Chathair na Mart, Cathair na Mart	3	Tógáil ar siúl faoi láthair
Aird Bhéarra, an Clochán	3	Le cinneadh
Vicars Choral, Tuaim	1	Tógáil ar siúl faoi láthair
Iomlán	88	
Cuid V (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe)		
Clochans, Tuaim	2	
Cois Móna, Baile Locha Riach	1	
Droim na Gaoithe, Baile Chláir	11	Tógáil ar siúl faoi láthair
Iomlán	14	

D'fhoilsigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Daragh O'Brien TD an Bille um Pleanáil agus Forbairt, 2023 an 21 Samhain 2023 agus d'fhoilsigh an Dáil an 9 Deireadh Fómhair 2024 é. Cuirfear Cuid 7 den Bhille nua in ionad Chuid V den Acht um Pleanáil, 2000. Déantar foráil ann do straitéisí tithíochta a bheith ullmhaithe ag údaráis phleanála chun a chinntiú go ndéantar criosú leordhóthanach ar thalamh le haghaidh tithíochta agus go gcuirtear dóthain tithíochta sóisialta, inacmhainne agus ar chíos costais ar fáil ina gceantair.

COMHLACHTAÍ CEADAITHE TITHÍOCHTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh ag plé leis an earnáil Dheonach chun cabhrú leo leis an gcúram chun 40% den soláthar tógála nua a sheachadadh faoi Thithíocht do Chách. Táthar ag súil leis an leas is fearr is féidir a bhaint as líon na n-aonad a bheidh á gcur ar fáil trí na scéimeanna maoinithe SCC (an Scéim Cúnaimh Caipitil) agus SLRC (an tSaoráid Leasaithe Réamhíocaíochta Caipitil).

Tá roinnt tionscadal i gcomhar le CCTanna socraithe le haghaidh 2024 chun 44 aonad tithíochta breise a sholáthar le SLRC, SCC & Cuid V chun tacú leis an gComhairle freastal ar an riachtanas tithíochta sa Chontae. Táthar ag súil go gcuirfear 44 aonad ar fáil in 2024. Cuireann an fóram CCT struchtúr ar fáil don chomhpháirtíocht idir an Chomhairle agus an earnáil maidir le haonaid tithíochta sóisialta a sholáthar. Tá an maoiniú in earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta éagsúil, sa chaoi is go n-úsáidtear cistí poiblí agus airgeadas príobháideach araon chun na tionscadail sin a sheachadadh, ag brath ar an modh seachadta.

AN SCÉIM CÚNAIMH CAIPITIL (SCC)

Soláthraíonn an Roinn maoiniú don Scéim Cúnaimh Caipitil tríd an Údarás Áitiúil chun tithíocht a sholáthar. Tá scéim amháin atá maoinithe ag SCC le críochnú in 2024 (An Doirín, Maigh Cuilinn).

TIONSCADAIL SCC EILE AG DUL CHUN CINN/AR SIÚL:

Suíomh	# Aonaid Tithíochta Sóisialta	Céim
An Doireann, Baile Uí Chuirc (Tuath)	9	R4 2024
Tuath, An Creagán	5	Críochnú Réamh-mheasta R2 2025
Cumann Tithíochta Peter Triest, Bun na dTobar, Béal Átha na Sluaighe	4	Ag dul chun cinn
Tithíocht Charraig Dhubh, Bóthar na Sionainne, Port Omna	5	Ag dul chun cinn
TET – Iostáin Ros an Mhíl	6	Ag dul chun cinn
Tithíocht Sophia – Tuaim (SCC Lándéanta)	9	
Iomlán	38	

SAORÁID LEASAITHE RÉAMHÍOCAÍOCHTA CAIPITIL (SLRC) AGUS MORGÁISTE GO CÍOS (MCC)

Soláthraíonn an tSaoráid Leasaithe Réamhíocaíochta Caipitil (SLRC) agus an Scéim Morgáiste go Cíos tithíocht shóisialta trí chaiteachas reatha lasmuigh den chlár comhardaithe.

Ceann de na gealltanais faoi Thithíocht do Chách (4.10) ná “Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus feidhmiú SLRC chun measúnú a dhéanamh an gá aon mhionchoigeartú a dhéanamh ar an tsaoráid chun tacú leis an earnáil CCT tithíochta shóisialta a sholáthar do réimse níos leithne de cheantair na nÚdarás Áitiúil”. Is é an cúlra atá leis sin ná go raibh sé an-deacair inmharthanacht a bhaint amach faoin tseansamhail maoinithe P&A-SLRC mar gheall ar chíosanna sách íseal i gceantair iarthar agus iarthuaisceart na tíre, Contae na Gaillimhe san áireamh. Ina theannta sin, mar gheall ar mhéaduithe ar rátaí úis agus boilsciú tógála araon, bhí sé deacair inmharthanacht a bhaint amach le haghaidh tionscadail CCT. Seo a leanas príomh-mholtaí an athbhreithnithe:

- Go ríomhfar an méid tosaigh Íocaíochta agus Infhaighteachta (P&A) chun Cóimheas Cumhdaigh maidir le Fónamh d’Fhiachas (CCFF) a bhaint amach a chuirfidh acmhainn leordhóthanach iasachta ar fáil do na CCTanna le híosleibhéal maoinithe SLRC 25% (ba chéatadán den chíos margaidh áitiúil a bhí ann roimhe seo).
- Go mbunófaí grúpa oibre Rannach inmheánach chun an fhadhb maidir le giaráil laistigh den earnáil CCT a iniúchadh agus réitigh a mholadh.
- Go ndéanfar iniúchadh ar roghanna maidir le haisíocaíocht luath na hiasachta SLRC, faoi réir comhaontú leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe.
- Go mbeidh nasc follasach idir iarratais ar thacaíocht airgeadais faoi P&A-SLRC agus PGST Údaráis Áitiúil.

Táthar ag súil go n-éascóidh na bearta sin an Earnáil CCT chun tithíocht dheonach bhreise a sholáthar i bpríomhbhailte na Gaillimhe in 2025.

TIONSCADAIL A BHFUIL MAOINIÚ SLRC Á BHFÁIL ACU atá le cur i gcrích in 2024:

Suíomh	# Aonaid Tithíochta Sóisialta	Céim
An Seanmhuilinn, Baile an Mhuilinn	7	Nach mór críochnaithe
Barr an Chnoic, Baile Locha Riach	13	Nach mór críochnaithe
Sliabh Carran, an Gort	9	Críochnaithe
Iomlán	29	

Seachadadh na haonaid seo a leanas faoin scéim Morgáiste go Cíos in 2024. Faoin scéim sin, is féidir le húinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu seilbh an tí a ghéilleadh agus an teach céanna a fháil ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta.

Scéim	# Aonaid Tithíochta Sóisialta	Céim
Scéim Morgáiste chun Cíos (MCC) Baile Ar Feadh an tSaoil (BFS)	2 Baile ar Feadh an tSaoil	1 Déanta
Scéim Morgáiste chun Cíos (MCC) Baile Ar Feadh an tSaoil (BFS)	2	Idir lámha
Scéim Morgáiste go Cíos (MCC) Irish Homes	1	Idir lámha
Morgáiste go Cíos – Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT)	5	1 Déanta

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Tá sé beartaithe go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag plé go réamhghníomhach leis na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT) chun teacht ar aonaid bhreise chun tithíocht a sholáthar faoin tsamhail mhaoinithe seo.
- Scrúdóidh an tAonad Tithíochta an acmhainn atá ag CCTanna chun aonaid tithíochta bhreise a sholáthar ar thailte atá i seilbh na Comhairle.

SOLÁTHAR TITHÍOCHTA INACMHAINNE

Chuir an Roinn Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an eolas faoi na spriocanna tithíochta inacmhainne dá cuid don Chontae an 30 Márta 2022. Is é an sprioc iomlán ná 226 teach le haghaidh na tréimhse 2022-2026, agus táthar ag súil go ndéanfar seachadtaí suntasacha faoin Scéim Réamhcheannaigh go háirithe.

Seachadadh Inacmhainne Beartaithe	2022	2023	2024	2025	2026	Iomlán
Ceannach Inacmhainne Tógála ÚÁ	0	0	40	40	30	110
Cuid V	n/a	n/a	10	10	10	30
Ceannach Inacmhainne Lándéanta ÚÁ	15	42	9	5	15	86
Iomlán	15	42	59	55	55	226

Is iad seo a leanas na príomhbhealaí trína gcuirfear tithíocht inacmhainne ar fáil:

- Tógáil Tithíochta Inacmhainne de chuid an Údaráis Áitiúil.
- Cuid V aonaid tithíochta inacmhainne.
- Réamhcheannach Tithíochta Inacmhainne de chuid na Comhairle (aonaid Lándéanta a cheannófar ó fhorbróirí).
- Cíos de réir Costais.
- Scéim an Chéad Tí (a éascaíonn d'iarratasóirí tithe a cheannach i bhforbairt príobháideacha).
- Scéim Iasachtaí Tithíochta (ar a dtugtaí 'Iasachtaí Tithíochta Atógáil Éireann' roimhe seo)

Tá na chéad tithe inacmhainne le forbairt i gContae na Gaillimhe ó 2013 beagnach críochnaithe i mBaile Chláir agus cuireadh ar fáil iad le díol. Tá 61 aonad tithíochta inacmhainne á soláthar i bhforbairt Gharraí na Gaoithe arb í an chéad scéim thithíochta lándéanta a bhfuil tithíocht inacmhainne inti i gContae na Gaillimhe faoin mbeartas de chuid an Rialtais, Tithíocht do Chách.

Tá 17 aonad, lena n-áirítear 2 a bhfuil dhá sheomra leapa iontu, 9 a bhfuil trí sheomra leapa iontu agus 6 a bhfuil ceithre sheomra leapa iontu, á soláthar a bheidh le críochnú le gairid sa chéad céim den fhorbairt. Déanfar obair ar 16 teach bhreise sa dara céim den fhorbairt a sheachadadh i lár 2025 agus forbrófar 28 aonad eile sa tríú céim níos déanaí an bhliain seo chugainn. Sa scéim tithíochta atá lonnaithe ar Bhóthar Radharc an Locha, tá naíolann agus tá sí suite gar d'áiseanna áitiúla i mBaile Chláir.

Glacadh le hiarratais ar Chéim 1 trí thairseach iarratais ar líne idir an 14 Deireadh Fómhair agus an 11 Samhain, 2024. Bhí 138 iarratas ar na 17 teach a bhí ar fáil i gCéim 1.

Seo a leanas an Phíblíne Tithíochta Inacmhainne:

Stádas	Ainm na Scéime	Líon na gCeannach Inacmhainne	Líon na gCíosanna Costais	Seachadadh Dlite
Ceadaithe	Garraí na Gaoithe, Baile Chláir (Céim 1)	17	0	R1 2025
Ceadaithe	Garraí na Gaoithe, Baile Chláir (Céim 2)	16	0	R3 2025
Ceadaithe	Garraí na Gaoithe, Baile Chláir (Céim 3)	28	0	R4 2025
Tionscadal á fhorbairt	Droim na Gaoithe, Baile Chláir	36	30	R3/4 2026
Tionscadal á fhorbairt	An Ráithín, Baile Átha an Rí	28	0	R4 2026
Tionscadal á fhorbairt	Páirc na hAbhainn, Baile Átha an Rí	16	0	R4 2026
Iomláin	141		30	

I mí Mheán Fómhair 2024, chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe fáilte roimh an bpobal páirt a ghlacadh i suirbhé ar líne mar chuid dá hiarrachtaí chun an leibhéal spéise i dtithe inacmhainne i gContae na Gaillimhe, chomh maith leis na suíomhanna is fearr le haghaidh na dtithe sin, a fháil amach. Áiríodh leis an bhfaisnéis a bhí á lorg líon na ndaoine/na dteaghlach a bhfuil spéis acu i dtithíocht inacmhainne, méid an teaghlaigh, an cineál tithíochta/cóiríochta atá ag teastáil, praghsanna tithe a d'fhéadfadh daoine a íoc, agus suíomhanna is fearr le daoine. Cuirfidh an suirbhé bonn eolais faoin obair leanúnach chun tithíocht inacmhainne a fhorbairt ar fud an Chontae, i gcomhréir leis an 'bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta do Chách, 2022-2026'.

An 24 Deireadh Fómhair 2024, bhuail Oifigigh Shinsearacha ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe le Forbróirí Réadmhaoine agus le Príomhpháirtithe Leasmhara chun deiseanna a fhiosrú chun tionscadail nua tithíochta inacmhainne a sheachadadh ar fud na Gaillimhe. Leagadh béim sa chruinniú faisnéise sin ar thábhacht na tithíochta inacmhainne agus an gá atá ag fás le cur chuige atá bunaithe ar réitigh a aimsiú i leith na géarchéime tithíochta.

Spreagadh na Forbróirí a bhí i láthair Léirithe Spéise a chur isteach maidir le Tithíocht Inacmhainne a sholáthar ar scéimeanna tithíochta amach anseo agus cuireadh ar an eolas iad faoi na creataí rialála agus na sásraí maoinithe is déanaí a thacaíonn le tionscnaimh tithíochta inacmhainne.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

Beidh an clár Caipitil Údaráis Áitiúil fós ina phríomhfhócas in 2025 agus tabharfar tosaíocht do na gnéithe seo a leanas:

- tionscadail tógála díri na n-údarás áitiúil a chur chun cinn trí chéimeanna dearaidh, pleanála, tairisceana agus tógála de réir an Phlean Gníomhaíochta ceadaithe um Sheachadadh Tithíochta.
- Láithreáin bhreise a shainaithint le forbairt, i gcomhréir leis na riachtanais tithíochta i gceantair éagsúla, chun na féidearthachtaí maidir le clár tógála díri a fheabhsú.
- Dul i mbun oibre le tógálaithe d'fhonn seachadadh aonad faoi Chuid V a chur chun cinn agus an líon sin a mhéadú de réir na gceanglas nua faoi Chuid V.

ÉADÁLACHA TITHÍOCHTA

Trí phríomhshásraí atá ar fáil chun Tithíocht a fháil trí Éadail Dhíreach, Oibleagáid Forbróirí faoi Chuid V agus próisis Lándéanta.

Éadail Dhíreach le haghaidh 2024:

Suíomh	# Aonaid Tithíochta Sóisialta	Céim
Droim na Cille, Baile Locha Riach (TIS)	1	Ceannach críochnaithe
Riverdale, Órán Mór (TIS)	1	Ceannach críochnaithe
Sruthán na Teorann, an Cheathrú Rua (TIS)	1	Ceannach críochnaithe
Rosewood, an Gort	1	Tíolacadh idir lámha
Country Meadows, Tuaim (TIS)	1	Ceannach beagnach críochnaithe
The Grove, Órán Mór (TIS)	1	Ceannach beagnach críochnaithe
Cois na hAbhann, Tuaim (TIS)	1	Ceannach beagnach críochnaithe
Lakeview, Gleann na Madadh (TIS)	1	Tíolacadh idir lámha
Rivergrove, Órán Mór (TIS)	1	Tíolacadh idir lámha
Cúirt Cois Abhainn, Tuaim (TIS)	1	Tíolacadh idir lámha
Coillte Pháirc na bhFianna, Áth Cinn (TIS)	1	Tíolacadh idir lámha
Country Meadows, Tuaim	2	Ceannach críochnaithe
Cois na hAbhann, Tuaim (TIS)	1	Ceannach críochnaithe
Na Bánóga, Baile Locha Riach (TIS)	1	Ceannach críochnaithe
Cois Chláir, Baile Chláir (TIS)	1	Ceannach críochnaithe
Country Meadows (Éadail SCC ag CCT)	1	Ceannach beagnach críochnaithe
Cúl na Cille, Béal Átha Ghártha (TIS)	1	Ceannach críochnaithe
Country Meadows, Tuaim (TIS)	1	Ceannach críochnaithe
Iomlán	19 (18 ÚÁ, 1 CCT)	Deireadh na bliana 2024

Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe athbhreithniú leanúnach ar infhaighteacht tithe chun freastal ar an riachtanas tithíochta laistigh dá limistéar feidhme. Déantar aonaid phríobháideacha a mheas bunaithe ar an riachtanas tithíochta sa cheantar, comhlíonadh na gcritéar, tuarascálacha innealtóireachta agus measúnú dlíthiúil.

Tá 10 n-aonad san iomlán ceannaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar chostas €3,000,000 agus tá 9 n-aonad eile ag na céimeanna deiridh den éadail ar chostas measta €2,700,000. Mar gheall go mbíonn éadálacha den chineál sin ag brath ar chásanna riachtanais áirithe, beidh líon na n-aonad athlámhe a gheofar ar an mbonn sin íseal go ceann i bhfad. Díobh sin, ceannófar 15 réadmhaoin faoin Scéim Tionónta in Situ (TIS). Tá ceann de na ceannacháin trí éadail SCC á dhéanamh ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta. Is féidir na costais a aisghabháil go hiomlán ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

PLEAN STRAITÉISEACH FORBARTHA AGUS BAINISTÍOCHTA DO THAILTE TITHÍOCHTA

Tá bainistíocht ghníomhach an bhainc talún tithíochta mar chuid de raon gníomhartha atá á ndéanamh faoi Thithíocht do Chách atá deartha chun aschur tithíochta a luathú agus a mhéadú.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Leanadh de bheith ag cur láithreáin chun cinn go dtí an chéim forbartha a luaithe ab fhéidir.
- Leanadh de bheith ag cur leis an mbunachar talún atá ar fáil don Chomhairle le haghaidh tithíocht phoiblí.
- Cuireadh an Plean faofa Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta maidir le clár tógála Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus CCTanna le haghaidh tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne chun cinn don tréimhse 2022-2026.

Tá an soláthar talún le criosú R1 fós ina thoisc shrianta maidir le riachtanais tithíochta a chomhlíonadh. Bíonn na suíomhanna inar féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe Tithíocht Shóisialta agus Tithíocht Inacmhainne a sholáthar ag brath ar an bhfáil ar bhonneagar bunriachtanach agus ar an liosta ceantar ina bhfuil éileamh ar thithíocht. Sa bhliain 2024, bhain Comhairle Chontae na Gaillimhe leas as Ciste Éadála Talún na Gníomhaireachta Tithíochta chun tailte a cheannach. I gcás costais talún a íocann Comhairle Chontae na Gaillimhe go díreach, is féidir na costais sin a aisghabháil go hiomlán ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, nuair a fhorbraítear na tailte sin le haghaidh tithíochta.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

Leanfaidh an tAonad Tithíochta ar aghaidh leis na gníomhartha seo a leanas:

- Scéimeanna tithíochta sóisialta inbhuanaithe ar ardchaighdeán a chur chun cinn, faoi réir cead pleanála, ar chodanna oiriúnacha éagsúla den bhunachar talún atá fágtha, i gceantair ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht shóisialta. Na scéimeanna sin a chur chun cinn i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a chur chun pobail inbhuanaithe a sholáthar amach anseo.
- Forbairt láithreán faoin gCiste Tithíochta Inacmhainne a chur chun cinn faoi réir fhaomhadh na Roinne agus faoi réir ailínithe lena treoirlínte. Tuilleadh láithreán a aimsiú agus tograí le haghaidh tithíocht inacmhainne a chur chun cinn.
- An leas is fearr is féidir a bhaint as an mbunachar talún chun tacú le riachtanais tithíochta, lena n-áirítear tithíocht inacmhainne, agus roghanna cíosa costais, faoi réir scéimeanna agus sruthanna maoinithe cuí a thabharfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht isteach.
- Deiseanna nua a lorg chun tailte straitéiseacha a fháil a bheidh oiriúnach do thithíocht shóisialta ar ardchaighdeán agus/nó tithíocht inacmhainne a sholáthar, in áiteanna a bhfuil éileamh mór ar thithíocht shóisialta iontu, chun na spriocanna tithíochta faoin gclár Tithíocht do Chách a bhaint amach. Beidh sé sin ag teacht leis an bPlean faofa Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta.
- Cuirfear tograí isteach maidir le talamh a fháil trí Chiste Éadála Talún na Gníomhaireachta Tithíochta de réir mar is iomchuí nó, mar mhalairt air sin, i gcás tailte R2, déanfar maoiniú orthu trí iasachtaí is féidir a aisghabháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ar sheachadadh tithíochta ar na tailte.

AN TIONSCNAMH UM LÉASÚ FADTÉARMACH

Tugadh Léasú Fadtéarmach isteach chun seachadadh Tithíochta Sóisialta a éascú faoi Cholún 2 d'Atógáil na hÉireann agus tá sé ag leanúint fós ar scála laghdaithe faoi Thithíocht do Chách. Is é an tÚdarás Áitiúil nó CCT atá ina thiarna talún agus níl caidreamh díreach ag úinéir na réadmhaoine leis an tionónta. Déantar an cíosa a íoctar leis an tiarna talún a lascainiú go míosúil faoi 15-20% de Luacháil Cíosa an Mhargaidh Oscailte.

Maireann téarma an Léasa idir 10 agus 25 bliain agus le linn na tréimhse sin is é an tÚdarás Áitiúil a bheidh mar thionóntaí sa réadmhaoin. Beidh cíosa ráthaithe ag an úinéir (léasóir) fiú nuair a bhíonn an foirgneamh folamh.

Ní bheidh aon fhreagrachtaí cothabhála ó lá go lá ar an úinéir (léasóir) faoi shocruithe léasa fhadtéarmaigh.

Níor críochnaíodh aon tionscadail léasaithe fhadtéarmaigh in 2024, ach tá sprioc ag Comhairle Chontae na Gaillimhe go ndéanfar socruithe léasaithe fhadtéarmaigh maidir le 16 aonad roimh dheireadh 2025.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

Léasú faoin gClár Rialtais, Tithíocht do Chách.

Tá sprioc ag Comhairle Chontae na Gaillimhe go ndéanfar socruithe léasaithe fhadtéarmaigh maidir le 16 aonad roimh dheireadh 2025. Tá sé beartaithe ag an Rialtas deireadh a chur de réir a chéile le húsáid na samhlacha léasaithe reatha faoi dheireadh 2025. Chuir an Rialtas in iúl in 2022 go raibh sé i gceist aige deireadh a chur de réir a chéile le húsáid na samhlacha léasaithe reatha faoi 2025 trí dheireadh a chur leis na socruithe léasaithe reatha le haghaidh seachadadh fadtéarmach agus léasú feabhsaithe d'iontrálaithe nua i bhfabhar samhlacha seachadta nua a chinnteoidh úinéireacht fadtéarmach tithe tithíochta sóisialta. Feidhmeoidh RTRÁO ar bhonn solúbtha, sa chaoi is go mbeidh Údaráis Áitiúla in ann comhaontuithe gearrthéarmacha infhaighteachta cíosa (amhail an Scéim Cóiríochta Cíosa) a úsáid chun freastal ar dhaoine ar an liosta feithimh ar an mbealach is oiriúnaí is féidir.

TITHE FOLMHA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM THITHE FOLMHA:

Ghlac Comhaltaí Tofa den Chomhairle Chontae na Gaillimhe an Plean Gníomhaíochta um Thithe Folmha an 22 Aibreán 2024. Tá sé mar aidhm ag plean 5 bliana Chomhairle Chontae na Gaillimhe dul i ngleic le rátaí tithe folmha agus soláthar tithíochta nua a mhéadú. Cuimsítear seacht bpríomhchuspóir leis an bPlean Gníomhaíochta um Thithe Folmha, 2024-2029 lena n-áirítear réadmhaoine faoi úinéireacht phríobháideach atá folamh nó a bhfuil tearcúsáid á baint astu a chur in úsáid arís agus seilbh a fháil ar láithreáin thréigthe agus athfhorbraíochta chun iad a athchóiriú mar aonaid chónaithe ar mhaithe leis an éileamh tithíochta sóisialta i bpríomhbhailte an Chontae a chomhlíonadh.

DEONTAIS ATHCHÓIRITHE DO RÉADMHAOIN FHOAMH (CISTE CROÍ CÓNAITHE (BAILTE):

Is é ról an Oifigigh um Thithe Folmha ná gníomhaíochtaí a stiúradh agus a chomhordú ar leibhéal áitiúil, chun cuspóir na Straitéise Náisiúnta maidir le Tithe Folmha a Athúsáid a bhaint amach, lena n-áirítear bailiú agus anailís sonraí. Ba é an príomhfhócas in 2024 ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Scéim Croí Cónaithe agus suirbhé a chríochnú maidir le réadmhaoine folmha ar fud Chontae na Gaillimhe.

Is éard atá sa Chiste Croí Cónaithe (Bailte) ná ciste chun tacú le daoine cónaí i mbailte agus i sráidbhailte in Éirinn trí dheontas a chur ar fáil chun athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoine folmha. Tá an ciste dírithe ar úinéireacht tí, nó ar réadmhaoin a athchóiriú chun ligean ar cíós, agus tá sé mar aidhm aige dul i ngleic le fadhb na dtithe folmha agus le dearóiliú i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe ar fud na tíre. Tá deontas €50,000 ar fáil do réadmhaoin a tógadh roimh 2008 atá tar éis a bheith folamh ar feadh 2 bhliain ar a laghad agus a bheidh á

húsáid mar phríomháit chónaithe Úinéara/Áititheora nó mar chóiríocht ar cíós. Tá deontas breisithe €20,000 ar fáil freisin do réadmhaoine a dheimhnítear mar thithe tréigthe (i.e. tithe nach bhfuil slán ó thaobh struchtúir de, agus atá contúirteach).

Tá sé ceadaithe faoin scéim sin freisin tithe nua a thógáil i gceantair uirbeacha inar féidir leis an Údarás Áitiúil láithreáin a sholáthar a mbeidh seirbhísí ag gabháil leo. Níl aon láithreáin sheirbhísithe ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi láthair, ach coinneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe athbhreithniú air sin.

Ón 1 Iúil 2023, tá an scéim anois ar fáil d'iaratasóirí atá ag iarraidh athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoín ar Inis Bó Finne, Árainn (Inis Mór), Inis Oírr agus Inis Meáin. Is féidir le daoine ar mhian leo tithe folmha a athchóiriú ar na hoileáin sin iaratas a dhéanamh ar thacaíocht bhreise suas le huasmhéid 20% níos mó ná an gnáth-uasmhéid €50,000. (Suas le €60,000 chun athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoín fholamh, agus suas le €84,000 sa chás go ndeimhnítear go bhfuil an réadmhaoín tréigthe).

Amhail deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024, tá 465 iaratas faighte ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ó thús na scéime agus tá 293 iaratas ceadaithe, 100 iaratas tarraingthe siar agus 49 iaratas eile fós á bpróiseáil. As na 49 iaratas atá á bpróiseáil fós, iarradh ar 39 iaratasóir tuilleadh faisnéise a sholáthar agus táthar ag fanacht le 10 n-iaratas a iniúchadh. Diúltaíodh 23 iaratas mar gheall ar neamh-incháilitheacht.

NUASHONRÚ AR AN SUIRBHÉ MAIDIR LE TITHE FOLMHA:

Faoi Chonair 4 de chuid Tithíocht do Chách, atá á reáchtáil ag an Rialtas, ceanglaíodh ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe Suirbhé Sonraí ar Thithe Folmha de réir Logeolaire an Phoist a dhéanamh chun stádas folamh i réadmhaoine príobháideacha a dheimhniú, d'fhonn comhairle a chur ar na hÚinéirí faoi na roghanna chun foirgnimh atá ann cheana a athúsáid chun ráta foriomlán na dtithe folmha a laghdú. D'fhorbair an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht aip ina raibh na réadmhaoine curtha roimh ré a raibh suirbhéireacht le déanamh orthu chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla réadmhaoine a shainaithint a fhéadfaidh a bheith in-aisghabhála le húsáid. Cuireadh tús leis an gcuid tosaigh den Suirbhé Sonraí ar Thithe Folmha de chuid Logeolaire an Phoist, lenar tugadh cuairt ar na réadmhaoine a sainaithníodh ar an aip, chun a fháil amach an raibh an réadmhaoín folamh, i mí Mheán Fómhair 2023 agus críochnaíodh go luath é i mí Feabhra 2024. Shainaithin an Roinn (RTRÁO) 43 lonnaíocht a raibh suirbhé le déanamh orthu laistigh de shuíomhanna uirbeacha Chontae na Gaillimhe agus imlíne 1km ó lárphointe. Roghnaíodh 7 mbaile mhóra, 11 lonnaíocht mhóra agus 25 mionlonnaíocht. Sa Suirbhé Sonraí ar Thithe Folmha de chuid Logeolaire an Phoist a rinne Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar 1,708 réadmhaoín, measadh 817 réadmhaoín a bheith folamh agus/nó tréigthe, agus measadh 773 díobh sin a bheith folamh agus 44 réadmhaoín a bheith folamh agus tréigthe.

CLÁR GNÍOMHACHTAITHE AN ORDAITHE CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH (OCÉ)

Seoladh an Clár Gníomhachtaithe OCÉ i mí Aibreáin 2023. Faoin gClár sin, tá ar údaráis áitiúla cur chuige réamhghníomhach, pleanáilte agus córasach a ghlacadh anois maidir le réadmhaoine folmha agus réadmhaoine tréigthe a shainaithint agus a ghníomhachtú. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin cumhachtaí reachtacha a úsáid chun réadmhaoine a fháil go héigeantach chun iad a thabhairt ar ais in úsáid.

Socróidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht spriocanna do Chomhairle Chontae na Gaillimhe gach bliain chun áitribh fholmha a ghníomhachtú. Tá sprioc socraithe do Chontae na Gaillimhe maidir le 175 réadmhaoín fholmha agus thréigthe a thabhairt isteach sa chlár gníomhachtaithe in 2024. Socraíodh sprioc maidir le 3 éadail éigeantacha. Baineann sé sin leis an gcás nuair nach bhfuil an réadmhaoín á húsáid arís mar thoradh ar an rannpháirtíocht leis na húinéirí. Úsáidfídh Comhairle Chontae na Gaillimhe a cumhachtaí reachtacha chun na réadmhaoine sin a ghníomhachtú.

Tá dhá phíosa reachtaíochta ann faoinar féidir OCÉ a fhorghníomhú, an tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990 agus Acht na dTithe, 1966. Mura meastar go bhfuil an láithreán tréigthe, is féidir é a fháil go héigeantach faoi Acht na dTithe, 1966, nó má mheastar é a bheith tréigthe, is féidir an láithreán a cheannach faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990. Nuair a bheidh an réadmhaoín faighte, is é an aidhm oibreacha athchóirithe a dhéanamh chun go mbeifear in ann í a chur ar an margadh oscailte arís le haghaidh áitíochta nó í a fháil le haghaidh tithíochta sóisialta.

Seo a leanas an Clár Gníomhachtaithe OCÉ:

- | | |
|--------|--|
| Céim 1 | A chinntiú go bhfuil an réadmhaoín folamh/tréigthe. |
| Céim 2 | Úinéir na Réadmhaoine a Shainaithint. |
| Céim 3 | Tús a chur leis an bpróiseas chun dul i dteagmháil leis an úinéir réadmhaoine – mar shampla, má dhéanann an t-úinéir iarratas ar dheontas Croí Conaithe agus má thugann siad an réadmhaoín ar ais in úsáid go príobháideach, ansin fágfaidh an réadmhaoín an Clár OCÉ agus déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe an toradh a thaifeadadh. |
| Céim 4 | Sa chás nach féidir an t-úinéir a shainaithint nó nach mian leo an réadmhaoín a chur in úsáid arís. Ansin is féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe tús a chur leis an gClár gníomhachtaithe OCÉ. |
| Céim 5 | Déantar measúnú ar an réadmhaoín le haghaidh éadail éigeantach. |

Tá 40 foirgneamh tréigthe i gContae na Gaillimhe sainaitheanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le cur san áireamh sa chéad chéim de chlár náisiúnta chun dul i ngleic le líon na réadmhaoine foilmhe agus tearcúsáid réadmhaoine cónaithe chun cabhrú le cur leis an soláthar tithíochta. Tá na réadmhaoine sin lonnaithe i dTuaim (9), i mBaile Locha Riach (7), i mBéal Átha

na Sluaighe (7), i gConamara (9) agus in Órán Mór/Baile Átha an Rí (8), tá siad spriocdhírithe mar chuid den Chlár Gníomhachtaíthe OCE trína gceanglaítear ar údaráis áitiúla cur chuige réamhghníomhach, pleanáilte agus córasach a ghlacadh maidir le réadmhaoine folmha agus tréigthe a shainaithint agus a ghníomhachtú, mar atá leagtha amach thuas.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí maidir le réadmhaoine fholamh a chur in úsáid arís le haghaidh Tithíocht Shóisialta.
- Réadmhaoine folmha atá uaslódáilte chuig www.vacanthomes.ie a fhiosrú chun a fháil amach an mbeadh aon cheann acu oiriúnach do chur in úsáid arís.
- Gníomhartha a sainaithníodh sa Straitéis Athúsáide a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil agus bearta a thabhairt chun cinn chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go mbainfear úsáid arís as réadmhaoine faoi úinéireacht phríobháideach atá folamh nó nach mbíonn á n-úsáid go hiomlán.
- Leanúint ar aghaidh le fógraíocht a dhéanamh ar gach scéim ábhartha sna meáin áitiúla agus ar na meáin shóisialta.
- Sonraí atá cruinn agus cothrom le dáta a chinntiú maidir le líon na dtithe folmha i gContae na Gaillimhe, go háirithe i gceantair uirbeacha ina bhfuil an t-éileamh ar thithíocht níos práinní ná i gceantair eile.
- Leanúint ar aghaidh agus an t-uasmhéid tithe folmha agus is féidir a athchóiriú faoin scéim Croí Cónaithe.
- An fhaisnéis a fuarthas ón suirbhé a úsáid chun tús a chur le teagmháil a dhéanamh le húinéirí eile chun iarracht a dhéanamh réadmhaoine breise a úsáid arís.
- Tograí maidir leis an gcéad 40 réadmhaoine a shainaithnítear le haghaidh an Chláir Gníomhachtaíthe OCE a chur chun cinn lena n-áirítear, más gá, Comhairle Chontae na Gaillimhe chun na réadmhaoine a fháil trí mhodhanna reachtacha lena n-áirítear trí OCE.

SCÉIM DEISIÚCHÁIN AGUS LÉASAITHE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Forbraíodh an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe faoi Ghníomh 5.7 d'Atógáil na hÉireann chun cabhrú le húinéirí réadmhaoine príobháideacha agus le CCTanna úsáid a bhaint as stoc tithíochta atá ann cheana féin agus atá folamh, chun tithíocht shóisialta a sholáthar ar fud an Chontae. Is éard atá i gceist leis an scéim sin ná iasacht €80,000 saor ó ús (CBL san áireamh) agus nach mór an réadmhaoine a léasú le húdarás Áitiúil nó le CCT. Ní mór na réadmhaoine a bheith folamh ar feadh bliana ar a laghad. Is féidir le húinéir na réadmhaoine iasacht suas le €80,000 a fháil le haghaidh gach tí aonair atá críochnaithe, e.g. tá iasacht uasta €320,000 ar fáil le haghaidh réadmhaoine a ndéantar ceithre theach di. Ní mór na hiasachtaí sin a aisíoc thar théarma an léasa agus féadfaidh an tréimhse sin a bheith idir 5 agus 25 bliana.

Tugtar faoi deara go raibh tionchar ag an Scéim Croí Cónaithe leathnaithe ar Dheisiú agus Léasú mar gur scéim deontais í an Scéim Croí Cónaithe, ar choinníoll nach ndíolfar an réadmhaoín ar feadh deich mbliana, ach go bhfuil an Scéim Deisiúcháin agus Leasaithe ina hiasacht a gcaithfear í a aisíoc. Teagmháil leanúnach a dhéanamh le húinéirí réadmhaoine, le gníomhairí eastáit agus le haturnaetha chun léirithe spéise sa scéim a mhealladh.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfar ar aghaidh leis an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe a fhógairt ar bhonn rialta sna meáin áitiúla agus ar na meáin shóisialta.
- Rachaidh úinéirí réadmhaoine a dhéanann fiosrúcháin i dteagmháil leis an Scéim agus tabharfar an fhaisnéis riachtanach ar fad dóibh chomh tapa agus is féidir.

DEONTAIS TITHÍOCHTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Caitheadh €3,038,929 san iomlán ar Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta in 2024, suas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024:

- 283 Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta ar luach iomlán €1,619,325
- 144 Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta ar luach iomlán €662,919 agus
- 82 Deontas um Chúnamh Tithíochta ar luach iomlán €756,685

Tá an caiteachas sin ar Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta cosúil leis an gcaiteachas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023.

Chuir an Roinn €2,431,143 san iomlán ar fáil do na deontais sin faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023. Ceadaiódh cómhaoiniú ar luach €607,786 ó acmhainní na Comhairle féin i mbuiséad loncaim 2024 agus meastar go mbeidh €750,000 san iomlán ag teastáil go dtí deireadh mhí na Nollag 2024.

Táthar ag súil go dtarraingeofar leithdháileadh iomlán mhaoiniú na Roinne anuas faoi dheireadh na bliana.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag riar Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontais Áiseanna Soghluaisteachta agus Deontais Chúnamh Tithíochta ag baint leasa as maoiniú deontais ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a mhéid a cheadaíonn an cómhaoiniú a sholáthraíonn an Chomhairle.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta, rinneadh fógra faoi athruithe ar an scéim i mbuiséad 2024. Méadófar teorainneacha deontais faoi 30% agus tairseacha ioncaim faoi 25% agus déanfar coigeartuithe ar an tástáil acmhainne. Laghdófar ranníocaíocht an Údaráis Áitiúil i leith deontas a eiseofar go 15%, agus cuirfidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an t-iarmhéid 85% leo.

Braitheann leithdháileadh na ndeontas ar an ranníocaíocht chomhfhreagrach 15% a bheith ar fáil i mbuiséad Chomhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh 2025 agus an chuid eile de 85% á cur ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar líon agus ar luach na n-iarratas ar dheontais in 2025. Dá bhrí sin, tá méadú ar na cistí comhfhreagracha atá beartaithe le haghaidh Deontais Cúnaimh Tithíochta i mbuiséad 2025, i.e. €1,007,500 i gcomparáid le €750,000 in 2025.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhféadfar Fáltais Chaipitil Inmheánacha a úsáid chun leithdháileadh a dhéanamh ar ranníocaíocht na nÚdarás Áitiúil i leith Deontais Oiriúnaithe Tithíochta ó 2024 ar aghaidh, de réir mholadh na Roinne.

IASACHTAÍ CEANNAIGH TÍ (IASACHTAÍ CEANNAIGH PRÍOBHÁIDEACHA AGUS TIONÓNTAÍ)

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe cúnamh airgeadais ar fáil chun a chur ar chumas ceannaitheoirí céaduaire teach a cheannach tríd an scéim ceannaigh ag tionóntaí nó ar an margadh príobháideach trí Scéim Iasachta Tí na nÚdarás Áitiúil agus trí iasachtaí atá ann cheana féin tríd an Scéim um Atógáil na hÉireann.

Seo a leanas stádas na niasachtaí Tithíochta ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024:

Iasachtaí Tí Údaráis Áitiúil

- Faomhadh 27 Iasacht Tí Údaráis Áitiúil i bprionsabal in 2024, ar luach €4,479,168. Tá 5 de na hiasachtaí sin imithe in éag, tarraingíodh anuas 6 in 2024 ar luach €603,900 agus tá 16 ar luach €2,771,788 nár íocadh fós.
- Faomhadh 33 Iasacht Tí Údaráis Áitiúil i bprionsabal in 2023 ar luach €5,845,145. As na 8 sin, tá siad imithe in éag, tarraingíodh anuas 6.76 in 2024 ar luach €1,085,453 agus tá iasacht féintógála amháin ann ar luach €40,000 nár íocadh fós.

Iasachtaí Tithíochta Atógáil Éireann

- Tá 0.19 d'iasacht féintógála faoi Atógáil na hÉireann, a ceadaiodh in 2019 agus ar luach €10,000, gan íoc fós. Tá gach iasacht eile de chuid Atógáil na hÉireann tar éis a bheith tarraingthe anuas, nó tá siad tar éis dul in éag. Nuair a tharraingeofar an iasacht féintógála sin anuas, bainfidh an tuairisciú ar fad le hiasachtaí Tí an Údaráis Áitiúil amháin.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh le measúnú agus próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas ar iasacht tithíochta go tráthúil de réir théarmaí agus choinníollacha scéim Iasacht Tí an Údaráis Áitiúil.
- Táthar ag súil go mbeidh méadú ar líon na bhfiosruithe agus na n-iarratas ar iasachtaí tithíochta mar gheall ar an spéis shuntasach atá sa Chlár Tithíochta Inacmhainne agus sa Scéim Tithe Cónaithe Folmha.

CAIGHDEÁIN MAIDIR LE TITHE AR CÍOS

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Tháinig Rialacháin na dTithe (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) - Ionstraim Reachtúil 137 de 2019 i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019 a tháinig in ionad Ionstraim Reachtúil 17 de 2017.

Tá an Chigireacht freagrach as gach Iniúchadh Reachtúla ar Theaghaisí Cónaithe ar Cíos laistigh de limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

- Is é Sprioc Iniúchta Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2024 ná 1,460 Iniúchadh Céaduaire.
- Amhail deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024, b'ionann líon na nIniúchtaí Céaduaire ar Chaighdeáin Chónaithe a rinneadh agus 1,108 agus bhí an chuid eile le críochnú roimh dheireadh na bliana.
- Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024, b'ionann 1,203 agus líon iomlán na nIniúchtaí ar Chaighdeáin Chónaithe a rinneadh.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Táthar ag súil go mbeidh thart ar 1,500 iniúchadh céaduaire mar sprioc iniúchta do Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2025, deimhneofar é sin i Ráithe 1 2025.
- Tabharfar tús áite d'iniúchtaí in áitribh atá á ligean ar cíos agus a bhfuil an t-áititheoir tar éis gearán a dhéanamh maidir leis an áit a bheith i ndroch-chaoi agus maidir lenár sprioc le haghaidh Iniúchtaí Céaduaire.

AN TAONAD IARRATAS MAIDIR LE RIACHTANAS TITHÍOCHTA SÓISIALTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Tá 2,853 iarratasóir cáilithe ar thaifead na dteaghlach cáilithe faoi láthair. Is féidir deaiseanna idirghníomhacha Soláthair agus Éilimh Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe a fheiceáil ag an suíomh gréasáin seo a leanas www.galway.ie/en/services/housing/supplydemand
- Rinneadh measúnú ar 1,342 iarratasóir san Achoimre ar Mheasúnú Tithíochta Sóisialta agus in iarratais nua in 2024. Ceadaíodh 882 díobh sin agus baineadh 460 iarratasóir den Liosta Feithimh Tithíochta mar nár fhreagair siad, nach raibh siad incháilithe nó nach raibh siad ag iarraidh a bheith ar an Liosta Feithimh Tithíochta a thuilleadh.
- D'iarr Comhairle Chontae na Gaillimhe ar 863 Seiceáil Gharda maidir le 1,405 iarratasóir agus daoine dá dteaghlach.
- Cuireadh Feabhsúcháin Próisis Gnó (FPGanna) i bhfeidhm san aonad lenar baineadh úsáid as uathobriú, tuairisciú agus foirmeacha inmheánacha ar líne chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse.



Click to interact and filter the charts.
Use CTRL+Click for multi select.



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Month	Applicants	Total Household Members
January	70	114
February	57	83
March	79	118
April	130	171
May	140	188
June	81	101
July	44	61
August	102	141
September	83	113
October	66	96
November	4	5
Total	856	1190



Checks Sent 2024

Checks Received 2024

Month	Applicants	Total Household Members	Monthly Avg Days
January	68	106	19
February	50	114	16
March	59	89	17
April	65	111	23
May	195	309	18
June	108	162	14
July	42	65	23
August	33	57	32
September	137	218	21
October	96	162	16
November	10	18	15
Total	863	1405	19

Garda Checks

Checks Outstanding 20



TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh leis an dul chun cinn maidir le soláthar tacaíochtaí tithíochta sóisialta do dhaoine ar thaifead na dteaghlach cáilithe.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun iarratasóirí a ainmniú le haghaidh tithíocht dheonach.
- Cuirfidh an Chomhairle Léasú Bunaithe ar Rogha (CBL) i bhfeidhm chun rannpháirtíocht iarratasóirí tithíochta a éascú.
- Tacú le forbairt foirme iarratais ar Thithíocht Shóisialta Ar Líne agus Achoimre ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialta ar líne.
- Tuilleadh forbartha ar an gcóras CRM chun seirbhísí tithíochta eile a éascú.

AONAD UM ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA (ÍCT)

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis tacaíocht a thabhairt do 2,672 tionóntacht ÍCT ó cuireadh tús leis an scéim i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta	
Líon iomlán na dTionóntachtaí ÍCT a socraíodh	2,672
Líon iomlán na dTionóntachtaí Gníomhacha ÍCT	1,390
Líon na dTionóntachtaí ÍCT a socraíodh in 2024	196

- Is saincheist shuntasach fós é an easpa soláthair réadmhaíne atá ar fáil d'iaratasóirí ÍCT.
- Bhí an t-ardú ar chíosanna ar fud chontae na Gaillimhe ina thoisc ollmhór d'iaratasóirí chomh maith, mar nach féidir leis an údarás áitiúil uasráta cíosa a íoc ach ag brath ar an líon daoine sa teaghlach.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint ar aghaidh le faighteoirí forlíonadh cíosa fadtéarmacha a aistriú ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí an scéim ÍCT, faoi réir theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.
- Gach iarratas tithíochta nua don scéim ÍCT a phróiseáil.
- Leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas iniúchta do gach réadmhaoin faoin Scéim ÍCT.

AN SCÉIM CÓIRÍOCHTA CÍOSA AGUS LÉASÚ

Tugadh leithdháileadh maoinithe d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun réadmhaoin chónaithe phríobháideach a léasú nó a ligean ar cíos d'iaratasóirí ar an liosta tithíochta. Tá an Scéim Cóiríochta Cíosa dírithe go príomha ar dhaoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu ar feadh tréimhse níos faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011, meastar go bhfuil a riachtanais tithíochta comhlíonta ag aon iarratasóirí tithíochta atá i gcóiríocht de chuid na Scéime Cóiríochta Cíosa.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Tá cóiríocht á cur ar fáil do 342 teaghlach faoi láthair tríd an Scéim Cóiríochta Cíos agus an Scéim léasaithe ghearrthearmaigh (tá an Scéim Cóiríochta Cíos Dheonach san áireamh leis an bhfigiúr sin).

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag riar na Scéime Cóiríochta Cíos chomh maith lena bheith ag obair chun roghanna soláthair faoi “Tithíocht do Chách” a chur chun cinn

AONAD UM DHAOINE GAN DÍDEAN

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Leithdháileadh tionóntachtaí faoi Thithíocht ar dTús a bhfuil tacaíocht acu ar 22 duine aonair.

Táthar ag súil go gcuirfear tithíocht ar fáil do dhuine amháin eile faoin gclár faoi dheireadh 2024.

- Is saoráid atá sa Fhreagairt ar Aimsir Fhuar a chuirtear ar fáil go bliantúil do dhaoine a chodlaíonn amuigh nach bhfuil incháilithe do sheirbhísí do dhaoine gan dídean, nó a dhéanann rogha chun codladh taobh amuigh ach amháin le linn na haimsire níos crua. Tá an tseirbhís ar fáil ó thús mhí na Samhna go deireadh mhí an Mhárta gach bliain. Shainnaithin Comhairle Chontae na Gaillimhe ceithre dhuine dhéag atá ag codladh taobh amuigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a bhféadfadh gá a bheith acu leis na leapacha sin. Tá an tsaoráid um Fhreagairt ar Aimsir Fhuar lonnaithe i gCathair na Gaillimhe agus tá sí á bainistiú ag COPE Gaillimh thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Mar gheall ar an nganntanas cóiríochta oiriúnaí atá ar fáil, tá cóiríocht shealadach eile á cur chun cinn agus á lorg ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus leas á bhaint as stoc tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe féin agus as an earnáil phríobháideach.
- Tar éis don Chomhairle tithíocht chomhroinnte a bhfuil tacaíocht aici agus atá pobalbhunaithe a thabhairt isteach go rathúil in 2022, leithdháil sí sé réadmhaoín ar Phobal Shíomóin na Gaillimhe ar chomhaontú ceadúnais. Cuireann Pobal Shíomóin na Gaillimhe tithíocht thacaithe ar fáil do suas le 14 iarratasóir tithíochta a bhfuil riachtanais chasta acu sna réadmhaoine sin. Tá sé beartaithe líon na dtithe a leithdháilfear faoin gclár seo a mhéadú go 12, agus tacaíochtaí á gcur ar fáil ag Pobal Shíomóin na Gaillimhe do suas le 24 iarratasóir tithíochta.
- Bhunaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Clár Tithíochta don Aos Óg sa Chontae in 2023. Tá 5 réadmhaoín faoi úinéireacht na Comhairle leithdháilte ar Phobal Shíomóin na Gaillimhe chun tithíocht chomhroinnte agus tacaíochtaí a sholáthar do suas le 10 nduine óga leochaileacha idir 18 agus 25 bliain d’aois faoin gclár sin. Tá an clár á bhainistiú ag Pobal Shíomóin na Gaillimhe, agus cuireann eagraíochtaí eile tacaíocht ar fáil de réir mar is gá.

- Tá clár pólótach náisiúnta tugtha isteach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun tithíocht thacaithe a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil riachtanais chasta acu a bhí ina gcónaí i gcóiríocht éigeandála roimhe seo. Tá ceithre theaghlach, beirt acu sa Chontae, ag fáil na dtacaíochtaí sin atá á soláthar ag COPE Gaillimh. Déanfar athbhreithniú ar an gclár pólótach sin nuair a bheidh sé críochnaithe in 2025.
- Tá maoiniú faoi Alt 10 curtha ar fáil ag an Roinn Tithíochta, rud a d'fhág go rabhthas in ann na cláir sin a chur chun feidhme agus triúr ball foirne a fhostú sa Rannóg um Dhaoine Gan Dídean.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cur lena hacmhainní soláthair foirne maidir le heaspa dídine mar fhreagra ar chastacht na riachtanas de chuid na gcliant a bhíonn ag plé leis na cláir thithíochta éagsúla. Tá maoiniú breise faoi Alt 10, a leithdháiltear go bliantúil, curtha ar fáil in 2024 le haghaidh acmhainn soláthair foirne breise maidir le hOifigeach um Chothú Tionóntachtaí agus comhordaitheoir um Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean a earcófar in 2025. Braithfidh aon mhéadú ar an acmhainn soláthair foirne ar mhaoiniú Alt 10 a bheith ar fáil ón Roinn agus ar acmhainní comhfhreagracha airgeadais ón Údarás Áitiúil.
- Táthar ag súil go leanfaidh an tAimsitheoir Áite ÍCT, na hOifigigh um Chothú Tionóntachtaí agus an tOibrí For-rochtana do Dhaoine gan Dídean de bheith ag imirt tionchar dearfach ar dtús trí chabhrú le cosc a chur ar an easpa dídine trí idirghabháil luath agus trí laghdú a dhéanamh ar an méid ama a chaitheann daoine i seirbhísí do Dhaoine gan Dídean.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh chun comhoibriú leis an gComhairle Cathrach a chur chun cinn agus le gach seirbhís do Dhaoine gan Dídean, lena n-áirítear an Fhreagairt ar Aimsir Fhuar, le go mbeidh cur chuige comhordaithe idirghníomhaireachta i bhfeidhm i leith easpa dídine.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag obair i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla uile i Réigiún an Iarthair, le Pobal Shíomóin, le COPE agus le FSS chun a chinntiú go leanfar leis an tSamhail um Thithíocht ar dtús i gContae na Gaillimhe, agus ceithre thionóntacht bhreise le cur i bhfeidhm in 2025.
- Líon na dtithe tacaithe pobalbhunaithe a leathnú go dtí dhá réadmhaoin déag laistigh den Chontae, chun diantacaíochtaí a sholáthar do dhaoine a bhfuil deacrachtaí níos casta acu.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do na háitritheoirí a bhfuil tithíocht leithdháilte orthu faoin gClár Tithíochta don Aos Óg, chun tionóntachtaí a sholáthar do 10 nduine óga leochaileacha, rud a chuirfidh cosc orthu a bheith gan dídean ag aois óg.
- Leanúint de bheith ag soláthar an Chláir faoi Threoir Tithíochta um Thithíocht Thacaithe do Theaghlaigh de réir Chlár Tithíochta na Roinne agus ag tacú leis sin.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht leis an Earnáil Dheonach agus go háirithe le COPE, le Pobal Shíomóin na Gaillimhe, le hlontaobhas Peter Mc Verry, le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus le gníomhaireachtaí eile chun cóiríocht dorais féin a sholáthar do theaghlaigh agus d'iarratasóirí aonair ar thithíocht a dteastaíonn réiteach tithíochta saindeartha uathu chun freastal ar a gcuid riachtanas tithíochta.

- Cur chuige bunaithe ar Thithíocht a chur chun cinn le gach cineál tithíochta sóisialta lena n-áirítear cóiríocht aistrithe do theaghlaigh i gcomhar le Pobal Shíomóin na Gaillimhe, COPE Gaillimh agus Peter McVerry le tacaíochtaí atá curtha in oiriúint do riachtanais. Cuirfear tithíocht thacaithe ar fáil do 3 theaghlach bhreise i dTuaim, áit a bhfaighidh siad tacaíochtaí ó lontaobhas Peter McVerry.
- Leanúint ar aghaidh ag obair le comhlachtaí Reachtúla agus Deonacha trí mheán na Foirne Gníomhaíochta um Dhaoine gan Dídean chun Easpa Dídine a chosc (Tairseach, Tusla etc.) agus béim á cur ar chosaint agus ar chothú tionóntachta.
- Leanúint ar aghaidh le bainistiú cásanna agus béim á cur ar an aistriú go cóiríocht chuí.
- Leanúint ar aghaidh le cóiríocht fhadtéarmach a sholáthar leis na tacaíochtaí riachtanacha ar fad do theaghlaigh agus d'iarraitasóirí aonair gan dídean.
- Dhá réadmhaoín tithíochta ina gcuirfí tacaíocht mheánach ar fáil iontu a chur chun cinn tríd an gClár Caipitil.
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bhFreagairt ar Aimsir Fhuar a sholáthar, chomh maith le tithíocht mheántéarmach ina gcuirfí tacaíocht ar fáil a sholáthar.
- Tacú le soláthar saoráide um Fhoréigean Baile le hionchur agus tacaíocht ó go leor páirtithe leasmhara agus le maoiniú rialtais.

SEIRBHÍS AN AIMSITHEORA ÁITE ÍCT DO DHAOINE GAN DÍDEAN

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Tugadh isteach Seirbhís an Aimsitheora Áite ÍCT do Dhaoine gan Dídean i gComhairle Chontae na Gaillimhe i mí na Samhna 2018. Cuireadh an tSeirbhís i bhfeidhm in Údaráis Áitiúla chun cabhrú le teaghlaigh gan dídean cóiríocht a aimsiú sna háiteanna a bhfuil an margadh cíosa dúshlánach mar gheall ar an éileamh ard agus na leibhéil ísle soláthair.
- Treoraíodh 65 teaghlach gan dídean chuig an Aimsitheoir Áite ÍCT do Dhaoine gan Dídean le linn 2024.
- Teagmháil leanúnach le húinéirí réadmhaoine, agus le gníomhairí eastáit chun aonaid chóiríochta a aimsiú.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:


- Athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhchásanna easpa dídine agus ar an réadmhaoín atá ar fáil le ligean ar cíós i gContae na Gaillimhe.
- Teagmháil leanúnach a dhéanamh le húinéirí réadmhaoine agus le gníomhairí eastáit chun gach aonad cóiríochta atá ar fáil a aimsiú.

STRAITÉIS TITHÍOCHTA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Tá an Plean Straitéiseach Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021-2026 de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar bhonn agus mar thaca le cuid shuntasach de leithdháiltí do dhaoine faoi mhíchumas laistigh den tithíocht. Is é príomhaidhm na Straitéise sin ná comhionannas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a phríomhshruthú ar an raon iomlán de roghanna tithíochta atá ar fáil, a oireann do riachtanais an duine aonair agus na dteaghlach.

Athbhunaíodh an Grúpa Stiúrtha um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas i dteannta le Foirne Gníomhaíochta sonracha do riachtanais agus do pháirtithe leasmhara sonracha ina bhfuil ionadaithe ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó sheirbhísí Meabhairshláinte FSS.



TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint ar aghaidh ag obair laistigh den Roinn Tithíochta i gComhairle Chontae na Gaillimhe, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus soláthraithe seirbhísí Míchumais chun cóiríocht oiriúnach a sholáthar i dtionóntachtaí aonair nó i gcóiríocht chomhroinnte, ag brath ar riachtanais agus ar mholtaí cliniciúla. Tá an Glao don Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC) fós oscailte agus fáiltíonn an Chomhairle roimh iarratais ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.
- Tuilleadh naisc chumarsáide a fhorbairt go díreach le geallsealbhóirí agus le cliaint maidir lena sainriachtanais.
- Leanúint ar aghaidh leis an bPlean Straitéiseach Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2021-2026 a chur chun feidhme.

CLÁR CÓIRÍOCHTA DON LUCHT SIÚIL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Fostaíonn an Chomhairle Oifigeach Idirchaidrimh amháin don Lucht Siúil (OILS) a chuireann tacaíocht agus cúnamh ar fáil thar ceann na Comhairle do 85 teaghlach a bhfuil cónaí orthu i gCóiríocht a Bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil, lena n-áirítear 14 bhá láithreáin stad. Tá ról lárnach ag an OILS maidir le feabhsuithe ar Chóiríocht a Bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil a shainaithint, a phleanáil, a leathnú agus a chinntiú.

Tá athchóiriú agus leathnú na Cóiríochta atá Sonrach don Lucht Siúil á threorú ag an gCoiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil, a thagann le chéile gach ráithe agus atá comhdhéanta de Chomhaltaí den Údarás Áitiúil, Fostaithe de Ghrúpaí Ionadaíocha an Lucht Siúil, ionadaithe an Lucht Siúil ón bPobal agus Foireann ó Aonad Tithíochta an Údaráis Áitiúil.

- Críochnaíodh móroibreacha athchóirithe agus sínidh ar an dá theach i mBaile an Gharráin, Baile Átha an Rí. Tógadh síneadh chun freastal ar riachtanais chónaitheora i gceann de na réadmhaoine.
- Críochnaíodh athchóiriú agus síneadh réadmhaoine i gCluain Caoin, Baile Átha an Rí chun tithíocht oiriúnach a sholáthar do theaghlach ina bhfuil seachtar.
- Tá na hoibreacha críochnaithe den chuid is mó ar athchóiriú mór agus ar uasghráduithe ar 12 theach i nGrúpscéim Tithíochta a bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil i mBéal Átha Ghártha. Athlonnaíodh gach teaghlach chuig réadmhaoín fholamh fad is a bhí oibreacha ar siúl ina dteach féin.
- Cuireadh oiliúint maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán ar fáil ag láithreáin stad i dTuaim agus i gCeapaigh Oighre in 2024 - bhí ionadaí i láthair as 4 de na 10 dteaghlach ag an seisiún oiliúna ag Láithreán Stad Thuama agus d'fhreastail 2 de na 4 theaghlach ar an seisiún oiliúna ag Láithreán Stad Cheapaigh Oighre. Níl duine ar bith ó na teaghlaigh tar éis a chur in iúl go dtí seo, go mbeidís toilteanach gníomhú mar Mhaor Sábháilteachta ó Dhóiteán ar cheachtar de na láithreáin. Tá traenáil socraithe arís ar an 16 Samhain 2024 ag na láithreáin stad ar fad.
- Tá faireachán leanúnach agus athsholáthar trealaimh sábháilteachta ó dhóiteán ar siúl ag láithreáin stad i dTuaim agus i gCeapaigh Oighre agus ag 2 bhá i gCluain Órtha, Creachmhaoil.
- Rinneadh iarratas rathúil ar Mhaoiniú Cuntas Díomhaoín, rud a d'éascaigh péinteáil sheachtrach trí theach a bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil i lár Chill Íomair.
- Leithdháileadh leithdháileadh breise de mhaoiniú na gCuntas Díomhaoín chun físeán Sábháilteachta ó Dhóiteán a sheachadadh, agus béim ar leith ar láithreáin stad.
- Tháinig an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile 3 huairé go dtí seo in 2024 chun réitigh thithíochta don Lucht Siúil a phlé agus beidh an ceathrú cruinniú ar siúl i mí na Nollag 2024.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Críochnú athchóiriú na réadmhaoine atá fágtha ag an nGrúpscéim a bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil i mBéal Átha Ghártha.
- Athchóiriú mór ar réadmhaoin aonair atá saindeartha go Sonrach don Lucht Siúil i mBéal Átha Ghártha.
- Leanfar ar aghaidh le hoiliúint sábháilteachta ó dhóiteán a sholáthar ag gach láithreán stad.
- Síneadh, oiriúnú agus athchóiriú réadmhaoine ag Talamh an Rí, Baile Átha an Rí chun freastal ar theaghlach a bhfuil réadmhaoin ar an mbunurlár de dhíth orthu.
- Oibreacha athchóirithe agus uasghrádaithe fairsinge ar 2 réadmhaoin aonair atá Sonrach don Lucht Siúil i nGallach, Béal Átha na Sluaighe.
- Tá tograí le hullmhú agus le cur faoi bhráid an Aonaid um Chóiríocht don Lucht Siúil lena mbreithniú le haghaidh maoiniú oibreacha uasghrádaithe agus athchóirithe ag dhá Ghrúpscéim a bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil ag Gort Bhríde (7 dteach) agus Baile Dháith (6 theach).
- Cuirfear isteach tuilleadh iarratais le haghaidh athchóiriú cóiríochta atá saindeartha go Sonrach don Lucht Siúil de réir acmhainní foirne.
- Tá tús le cur le hatógáil réadmhaoine a leagadh tar éis damáiste dóiteáin, ag an nGrúpscéim Tithíochta a bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil ag Cluain Laighean, Béal Átha Ghártha, tar éis deonú ceada pleanála a tugadh le déanaí.
- Déanfar dul chun cinn le hathfhorbairt an Láithreáin Stad i dTuaim i gcomhar le rannpháirtíocht agus tacaíocht CENA.
- Cuirfidh an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil an Clár Cóiríochta 5 bliana don Lucht Siúil atá glactha le haghaidh na tréimhse 2025 – 2029 chun feidhme.
- Críochnófar Daonáireamh Bliantúil an Lucht Siúil.

SEIRBHÍS OIBRE SÓISIALTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Cásanna Oibre Sóisialta in 2024 (go dtí mí Dheireadh Fómhair, 2024)

Cásanna a tugadh ar aghaidh ó 2023	Cásanna a dúnadh le linn 2024	Atreoraithe Nua in 2024	Cásanna Gníomhacha Reatha
221	132	182	271

Príomhfheidhmeanna maidir le Cleachtas Oibre Sóisialta: Rannpháirtíocht, Measúnú, Tógáil Caidrimh, Pleanáil (seachadadh seirbhíse a threorú), Cur chun Feidhme, Meastóireacht, Dícheangal.

Ról an Oibrí Sóisialta maidir le Cúrsaí Tithíochta

- Tá forbairt tagtha ar an ról atá ag Oibrithe Sóisialta sna hÚdaráis Áitiúla i gcaitheamh na mblianta chun freastal ar riachtanais éagsúla na gcliant mar a thagann siad chun cinn. Bunaíodh an ról ar dtús in Údaráis Áitiúla sna 1960idí agus ó shin i leith tá sé leathnaithe ó ról sonrach don Lucht Siúil chun go n-áireofaí gach iarratasóir agus gach tionónta reatha, más gá, a shainaithnítear mar dhaoine leochaileacha amhail Daoine Faoi Mhíchumas (Fisiciúil, Céadfach, Intleachtúil) - DSTG & Foghrúpaí, Daoine Scothaosta, Daoine Fásta Leochaileacha (Cosaint), Obair Idirchaidrimh um Leas Leanaí, Easpa Dídine, Meabhairshláinte, LADTAI+ (Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach, Aiteach agus Idirghnéasach).
- Oibríú le daoine aonair agus grúpaí eile atá leochaileach nó imeallaithe.

Ina theannta sin, freagraíonn an fhoireann Obair Shóisialta d'atreoruithe maidir le:

- Measúnaithe Obair Shóisialta
- Idirghabháil i gcás Géarchéime
- Méala agus Bás
- Abhcóideacht
- Imní maidir le hacmhainn na gcliant (Tag: An tAcht um Chinnteoireacht Cuidithe (Cumas), 2015)
- Cásanna OICG (Oifigeach Idirchaidrimh um Chionta Gnéasacha)
- Obair an Oifigh um Chosaint Leanaí (freagairt eagrúcháin)

Is é aidhm na seirbhíse Obair Shóisialta ná a bheith ag obair le cliaint tithíochta a bhfuil deacrachtaí acu i réimsí sóisialta a saoil. D'fhéadfadh seirbhísí Oibre Sóisialta a bheith ag teastáil ina n-aonar nó mar chuid d'idirghabháil ilghnéitheach i gcomhar le foirne ildisciplíneacha agus obair idirghníomhaireachta etc. D'fhéadfadh comhoibriú le comhghleacaithe Tithíochta a bheith i gceist, go háirithe Oifigh Idirchaidrimh Tithíochta, OILSanna, Daoine gan Dídean, agus Bainisteoirí Eastáit Tionóntachta.

Measúnú agus Idirghabháil Chliniciúil:

- Déanann Oibrithe Sóisialta measúnuithe bunaithe ar fhianaise agus baineann siad úsáid as cur chuige bunaithe ar láidreachtaí chun riachtanais agus idirghabhálacha cuí a chinneadh - a chuideoidh leo bonn eolais a chur faoi sheachadadh seirbhíse.
- Is féidir measúnú a dhéanamh mar chuid d'atreorú tosaigh Obair Shóisialta nó d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le measúnú dá n-athródh riachtanais chliant atá sa chóras cheana féin (cásanna oscailte obair shóisialta). D'fhéadfadh measúnú 'aonuaire' a bheith i gceist, nó go mbeadh sé mar chuid de 'phróiseas leanúnach' chun riachtanais agus idirghabhálacha pleanála a mheas do chliant níos fadtéarmaí.
- Déantar measúnuithe nuair a threoraítear cás, nó nuair a atreoraítear cás nuair a thugtar é d'Oibrí Sóisialta ar leith.

Ba cheart an méid seo a leanas a aithint san idirghabháil agus sa mheasúnú:

- Cuspóir soiléir leis an ionchur
- Eolas faoin gcás i.e. cúlra/cúlra sóisialta/tráma a fulaingíodh
- Anailís chliniciúil ar an bhfaisnéis/ar an measúnú sin
- Moltaí

Próiseas Obair Shóisialta (Straitéis)

- Tá straitéis Obair Shóisialta i bhfeidhm laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe ó 2021 i leith
- Tá próiseas atreoruithe i bhfeidhm
- Bíonn atreoruithe bunaithe ar 'riachtanais' – seachas ar 'catagóir'.
- Déanann an tOibrí Sóisialta Sinsearach maoirseacht chliniciúil ar chásanna an Oibrí Shóisialta.
- Tá oibleagáidí CORU á gcomhlíonadh.
- Cuntasacht maidir le seirbhísí Obair Shóisialta a sheachadadh.

Líonra Cóiríochta do Chiontóirí Gnéis

Tá Líonra Cóiríochta do Chiontóirí Gnéis á bhunú ag CBCC chun fóram a sholáthar le haghaidh comhoibrithe agus comhroinnt faisnéise agus chun cur le haiseolas do Choiste Tithíochta CBCC. Beidh ionadaí CBCC/GBRÁ MBRCG (Stiúrthóir Seirbhíse) ó údarás áitiúil i gceannas ar an Líonra. Tá an tOibrí Sóisialta Sinsearach tar éis cur le forbairt an líonra sin agus na dtéarmaí tagartha trí cheannaireacht an Údaráis Áitiúil in oifig MBRCG.

Tá fáilte roimh fhorbairt an líonra chun tacú le ról an OICG (Oifigeach Idirchaidrimh um Chionta Gnéis), atá mar chuid de ról an Oibrí Shóisialta Shinsearaigh i gComhairle Chontae na Gaillimhe.

Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí (Oibrí Sóisialta Sinsearach, Tithíocht)

- Tá ról lárnach ag Oibrithe Sóisialta maidir le leanaí agus daoine fásta a chosaint.
- Is é an tOibrí Sóisialta Sinsearach atá ina Oifigeach um Chosaint Leanaí do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Is éard a bhíonn i gceist leis seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna a ardaíonn foireann uile Chomhairle Chontae na Gaillimhe má léirítear amhras faoi mhí-úsáid leanaí, comhairle a chur ar fáil agus teagmháil a dhéanamh le Tusla más cuí. Athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartais i gcomhar le seirbhísí Corparáideacha.
- Tuairiscí a nochtar go cúlghabhálach faoi mhí-úsáid.
- Tá freagracht reachtúil ar Tusla chun freagra a thabhairt ar ábhair imní ó thaobh cosaint leanaí de agus chun measúnú a dhéanamh orthu.

*Tagairt don Bheartas um
Chosaint Leanaí*



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh
Regulating Health +
Social Care Professionals



IASW
Irish Association of
Social Workers

BAINISTIÚ STOC TITHÍOCHTA AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL - AONAD COTHABHÁLA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- **Clár Athchóirithe na dTithe Folmha:**

Leagadh Clár Athchóirithe na dTithe Folmha, 2024 amach i gCiorclán 13-2024 agus cuireadh comhairle ar fáil faoin maoiniú a bheidh á sholáthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cuireadh 41 teach ar fáil sa leithdháileadh tosaigh agus buiséad €451,000 ag gabháil leis. Ceadaíodh leithdháileadh breise 5 theach agus buiséad €55,000 i mí Dheireadh Fómhair 2024. Níor tháinig aon athrú le roinnt blianta anuas ar an teorainn mhaoinithe €11k maidir leis na hoibreacha athchóirithe go léir in aghaidh na réadmhaoine, in ainneoin méaduithe suntasacha atá tagtha ar chostais tógála. Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024, b'ionann an caiteachas ar chlár athchóirithe na dtithe folmha in 2024 agus €1,132,036 ar 164 aonad laistigh den tréimhse sin. Ó tugadh an clár sin isteach in 2014, ní chuirtear maoiniú ar fáil níos mó ná uair amháin chun réadmhaoine a thabhairt ar ais. Is dúshlán é sin, go háirithe i ndáil le tithe ina mbíonn na tionóntaí ag athrú go minic, amhail Tithe do Dhaoine Scothaosta (TDSanna). Gach bliain fágann líon beag tionóntaí a gcuid réadmhaoine atá i ndroch-chaoi agus a dteastaíonn móroibreacha uathu. Sa bhliain 2024, chosain obair athchóirithe ar cheithre réadmhaoine níos mó ná €40,000 an ceann agus bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as an maoiniú os cionn €11,000 atá ar fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a sholáthar.

- **Oibreacha Oiriúnaithe ar Stoc Tithíochta na Comhairle:**

Déantar oiriúnú ar thithe atá ann cheana féin faoin gclár Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DDM) chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tionóntaí scothaosta agus tionóntaí faoi mhíchumas. Tá éileamh mór ar na hoibreacha sin agus tá an Chomhairle i gcónaí ag iarraidh an maoiniú a fháil chun freastal ar an éileamh sin. Mar gheall ar an maoiniú sin, cuirtear ar chumas na dtionóntaí cónaí sna tithe ina bhfuil siad cheana féin trí na tithe a oiriúnú chun freastal ar a riachtanais aonair. In 2024, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe leithdháileadh maoinithe €676,898 arbh ionann é agus 90% de chostas na n-oibreacha ceadaithe. Ní mór do Chomhairle Chontae na Gaillimhe an 10% eile a íoc. Faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair, is ionann an caiteachas iomlán agus €367,026 le haghaidh oibreacha a rinneadh ar 32 oiriúnú. Tá oibreacha oiriúnaithe breise agus tógáil 5 shíneadh ar siúl.

- **Cothabháil Ghinearálta Tithíochta:**

Cuirtear cothabháil tithíochta ar fáil ar bhonn tosaíochta agus tá gá le díriú ar an gcothabháil bhunriachtanach, lena n-áirítear pluiméireacht agus leictreachas, leis an maoiniú atá ar fáil. Go dtí seo in 2024, taifeadadh 3,757 iarratas ar dheisiúcháin le haghaidh Cothabháil Tithíochta agus measadh gur iarratais bhailí a bhí in 1,004 de na hiarratais sin. Sa tréimhse chéanna, críochnaíodh 814 iarratas ar dheisiúcháin.

- **Clár Cothabhála Pleanáilte:**

Tá mórchlár cothabhála pleanáilte ar siúl ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi láthair. Ar dtús, is é an fócas ná go gcomhlíonfaidh gach teach sóisialta na híoschaighdeán chíos.

Tá cigireacht leictreach thréimhsiúil ar gach teach os cionn 10 mbliana d'aois beagnach críochnaithe agus tá réadmhaoine i dTuaim agus i gConamara críochnaithe go hiomlán. Cuireadh na deisiúcháin riachtanacha a sainithníodh i gcrích, agus eisíodh deimhniú le haghaidh gach tí a críochnaíodh. Chomh maith leis na hoibreacha leictreacha, tá córas nua aláraim dhóiteáin agus aonocsaíde carbóin á shuiteáil i ngach teach chun na rialacháin tógála reatha a chomhlíonadh. Fuair 701 teach san iomlán deimhniú leictreach agus rinneadh uasghrádú ar aláraim dhóiteáin agus aonocsaíde carbóin faoi chothabháil phleanáilte in 2024 ar chostas thart ar €1.1m. Chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht maoiniú €90,550 ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh oibreacha cothabhála pleanáilte ar 146 teach in 2024.

Sa bhliain 2024, rinneadh seirbhísiú ar 250 córas téimh teaschaidéil faoi chonradh cothabhála pleanáilte ar chostas €50,000. Táthar ag súil go n-ardóidh an figiúr sin go suntasach mar gheall ar chórais téimh teaschaidéil a bheith i ngach réadmhaoine nua agus iarfheistithe.

- **Clár Iarfheistithe Fuinnimh:**

Sonraítear cláir na n-oibreacha Éifeachtúlachta /Iarfheistithe Fuinnimh mar atá leagtha amach ag an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht i gCiorclán 07-2024. Ceadaítear leis, i bprionsabal, uasghrádú a dhéanamh ar 67 aonad cónaithe go Rátáil Fuinnimh RFF B2 de réir na dtairseach deontais agus na gcritéar maoinithe. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe den tuairim nach bhfuil an sprioc sin uailmhianach go leor agus gur cheart earraí breise amhail painéil Ghréine Fhótavoltacha agus aeráil mheicniúil a mhaoiniú faoin gclár chomh maith. Go dtí seo, tá maoiniú tugtha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe do na míreanna breise sin. Go dtí seo in 2024, tá uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh curtha i gcrích ar 56 réadmhaoine i mBaile Locha Riach, Béal Átha Ghártha, Baile Átha an Rí, Tuaim agus Conamara. Táthar ag súil go ndéanfar uasghrádú ar 73 áit chónaithe san iomlán in 2024.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Beidh cumas an aonaid tithíochta chun leanúint ar aghaidh ag aistriú aonaid tithíochta folmha ina n-aonaid chóiríochta, ag brath ar mhaoiniú leanúnach ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi Chlár na dTithe Folmha. Ach ós rud é go bhfuil uasteorainn €11,000 in aghaidh an tí ar an maoiniú a chuirtear ar fáil do thithe nár maoiníodh roimhe seo, tá sé ag éirí níos dúshlánaí do Chomhairle Chontae na Gaillimhe an maoiniú ioncaim riachtanach a sholáthar chun tacú le tithe folmha a úsáid arís.
- Cuirfear Iarfheistiú Domhain Fuinnimh ar 80 teach eile i gContae na Gaillimhe a chun cinn in 2025 faoi réir buiséad measta thart ar €2.72 milliún ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. I measc na n-oibreacha beidh athsholáthar fuinneog agus doirse, insliú seachtrach agus suiteáil teaschaidéal. Suiteálfar painéil ghréine fhótavoltacha agus aeráil mheicniúil de réir mar a mheasfar a bheith riachtanach agus faoi réir acmhainn Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun na painéil a mhaoiniú in éagmais maoiniú leanúnach ón lárchiste.

- Leanfaimid orainn ag tabhairt tosaíocht d'oibreacha oiriúnaithe ar réadmhaoín na Comhairle bunaithe ar riachtanais leighis, agus na hoibreacha sin a chur i gcrích, faoi réir an mhaoinithe cheadaithe arna chur ar fáil ag Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Táthar ag súil go gcuirfear síneadh ar 2 teach eile chun cinn agus go ndéanfar oiriúnú ar 50 teach, ach maoiniú cheadaithe a bheith ar fáil agus é a bheith ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe an cistiú meaitseála a sholáthar.
- Clár cothabhála freagartha a sheachadadh ar bhonn tosaíochta laistigh de shrianta an mhaoinithe atá ar fáil.
- Faoin gClár Cothabhála Pleanáilte, tá sé beartaithe suirbhé radóin agus oibreacha deisiúcháin a dhéanamh ar réadmhaoine ábhartha agus meastar go mbeidh suirbhé ag teastáil ó 400 teach ar chostas €72,000. Meastar go mbeidh gá le hoibreacha deisiúcháin ar 100 teach ar chostas €200,000. Tá sé i gceist chomh maith leanúint ar aghaidh leis an gconradh seirbhíse teaschaidéil agus táthar ag súil go ndéanfar seirbhísiú ar 300 teach ar chostas €60,000.
- Faoi réir maoiniú breise le haghaidh cothabháil tithíochta, tá sé beartaithe líon na bhFoirne Cothabhála Tithíochta a mhéadú ó 3 go 4 go luath in 2025 agus go 5 Fhoireann faoi dheireadh na bliana, faoi réir cheadú post breise ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

TIONÓNTACHT AGUS BAINISTÍOCHT EASTÁIT

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Lean an tAonad Tithíochta ag obair le teaghlaigh leochaileacha chun cabhrú leo a dtionóntachtaí a choinneáil.
- Tar éis cuairteanna bainistíochta eastáit pleanáilte in 2024, cuireadh roinnt atreoruithe ar aghaidh chuig ár roinn oibre sóisialta agus chuig an oifigeach um chothú Tionóntachtaí de bhun breathnuithe agus imní faoin gcumas tionóntachtaí a chothú. Leis na hatreoruithe sin cuirfear tús le tuilleadh iniúchta ar na cásanna sin agus cuirfear idirghabhálacha ar fáil nuair is gá chun tacaíocht Tionóntachta a chinntiú.
- Lean an tOifigeach Forfheidhmithe Tionóntachta agus na hOifigigh Idirchaidrimh Tithíochta de bheith ag obair go dian i roinnt réimsí ar fud an Chontae, agus déantar é sin i gcomhar leis na Gardaí, Ranna eile de chuid na Comhairle agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ó ghníomhaireachtaí seachtracha.
- Baineann an Straitéis um Bainistíocht Tionóntachta agus Eastáit de chuid na Comhairle le rannpháirtíocht ghníomhach phobail ar leibhéal áitiúil ar bhonn leanúnach agus béim á cur ar lompár Frithshóisialta agus sáruithe ar Chomhaontuithe Tionóntachta a shainiú go luath.
- Faoi láthair tá an rannóg um Bainistíocht Tionóntachta agus Eastáit ag fiosrú le trí ghrúpa tionóntaí ar leithligh a bhfuil suim acu i gcomhlachais cónaitheoirí a bhunú sna ceantair seo a leanas:

Dhá cheann i gCeantar Bardasach Thuama

Ceann amháin i gCeantar Bardasach Chonamara

- Leanann Oifigigh Idirchaidrimh Tithíochta agus an tOifigeach Forfheidhmithe Tionóntachta de bheith i dteagmháil leis an nGarda Síochána agus pléann siad réimsí fadhbanna go rialta maidir le conas is féidir leis an dá eagraíocht oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta.
- D'éirigh le 2 iarratas ar ordú sealbhaithe sa Chúirt Dúiche in 2024.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Déanfar gníomh forfheidhmiúcháin más gá i gcomhréir leis an Straitéis Iompair Fhrithshóisialta agus le hAcht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 agus le Fodhlíthe um Rialú Capall.
- Spreagfar go láidir tionóntaí in eastáit, go háirithe in eastáit nuafhorbartha, Comhlachais Cónaitheoirí a bhunú chun freagracht a ghlacadh as a gcuid spásanna poiblí agus tabharfar cúnamh dóibh maidir leis sin.

An Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil

- Naisc láidre a chinntiú leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil (CSPÁ) d'fhonn oibriú ar bhealach comhoibríoch chun rannpháirtíocht leanúnach phobail a chothú maidir le saincheisteanna inár n-eastáit a shainaithint agus cabhrú le réitigh a chomhdhearadh le gníomhaireachtaí seachtracha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Cuairteanna Bainistíochta Tionóntachta agus Eastáit

- Bhí cuairteanna pleanáilte bainistíochta eastáit a rinneadh i Ráithe 4 2024 thar a bheith éifeachtach maidir leis na nithe seo a leanas a shainaithint:
 - Neamhchomhlíonadh bainistithe dramhaíola tí.
 - Líon na bpeataí tí agus líon na ndaoine nach bhfuil ceadúnas madraí acu
 - Pórtha Srianata
 - Leanúint ar aghaidh le cuairteanna rathúla a rinneadh in 2024 –
 - Cuairteanna bainistíochta eastáit/tionóntachta i ngach ceann de na Ceantair Bhardasacha mar chuid dár gcur chuige idir-rannach agus idirghníomhaireachta.
- Táthar ag súil go dtabharfaidh foireann Bainistíochta Tionóntachta agus Eastát cuairt ar cheithre eastát in aghaidh na ráithe in 2025, i dteannta le seirbhís Maorachta Madraí, foireann Cothabhála, Oifigeach Idirchaidrimh don Lucht Taistil, Oifigigh Idirchaidrimh Tithíochta, Maoir Phobail agus Oifigeach Forfheidhmithe Tionóntachta

SCÉIM CHEANNAIGH AG TIONÓNTAÍ

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Nuair a tugadh an Scéim Ceannaigh Incriminteach ag Tionóntaí isteach in 2016, tugadh deis do Thionóntaí Údaráis Áitiúil incháilithe a dtithe Údaráis Áitiúil a cheannach. Cuimsíonn an treoir nuashonraithe seo a leanas na hathruithe is déanaí de bhun na Rialachán Tithíochta (Díol Tithe

Údarás Áitiúil (Leasú) 2023 agus na dTreoracha maidir le hloncam Ináirithe a rinneadh le déanaí faoi alt 24 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.

Tháinig na hathruithe sin i bhfeidhm an 29 Eanáir 2024. Áirítear na nithe seo a leanas leo –

- **Ceanglais íosioncaim:** Is ionann €11,000 in aghaidh na bliana agus an t-íosioncam atá ag teastáil le go mbeidh iarratasóir incháilithe chun iarratas a dhéanamh faoin scéim anois.
- **An tréimhse ina bhfaightear tacaíochtaí tithíochta sóisialta:** Fanann an tréimhse a mbeidh ar thionóntaí tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil lena linn le go measfar go mbeidh siad incháilithe faoin scéim ag 10 mbliana. Mar sin féin, i gcás comhthionóntachtaí ní gá ach do thionónta amháin a bheith ag fáil tacaíochtaí tithíochta sóisialta ar feadh 10 mbliana.
- **Príomhfhoinsí ioncaim:** Chomh maith leis an bPinsean Stáit (Ranníocach agus Neamh-Ranníocach) a mheas mar phríomhfhoinsí ioncaim, meastar anois gur príomhfhoinsí ioncaim iad an Pinsean Baintrí, an Pinsean Baintrí Fir, an Pinsean Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach agus Neamh-Ranníocach), Pinsean na nDall, an Pinsean Easláine agus an Liúntas Míchumais.
- **Foinsí ioncaim Tánaisteacha:** Baineadh na híocaíochtaí seo a leanas den liosta neamhairde ioncaim agus meastar anois gur foinsí ioncaim tánaisteacha iad: íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht, méadú do dhaoine os cionn 80 bliain d'aois (Pinsean) agus an Scéim Shóisialta Tuaithe.
- Áirítear leis an **liosta neamhairde ioncaim** íocaíochtaí ainmnithe breise.
- Go dtí seo in 2024 tá an tAonad Tithíochta tar éis 15 theach a dhíol faoin Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí. Is é luach díolacháin na réadmhaoine sin ná €1,090,745.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag próiseáil gach iarratais ceannaigh tionónta ar bhonn tráthúil de réir na Scéime Ceannaigh Incriminteach ag Tionóntaí, 2016.

CÍOSANNA TITHÍOCHTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Is ionann an fabhrú cíosa sheachtainiúil atá iníoctha ar na 3,099 réadmhaoín atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus á ligean amach ar cíós aici faoi láthair agus €202,550, amhail an 9 Samhain 2024.

Bunaíodh foireann athbhreithnithe cíosa, ina bhfuil 5 bhall foirne, i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tá an fhoireann ag tosú ar athbhreithniú cíosa ar gach tionóntacht de chuid na Comhairle, ÍCT agus na Scéime Cóiríochta Cíosa agus é mar aidhm aici athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gcíos is iníoctha do gach tionóntacht go bliantúil.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

Athbhreithniú cíosa bliantúil ar na tionóntachtaí reatha go léir le cur chun feidhme ag an bhfoireann cíosa tiomnaithe nuabhunaithe.

RIALÚ CAPALL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Lean an Chomhairle dá prótacal a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na Gardaí ar Rialú Capall.
- Tá an tAcht um Rialú Capall á athbhreithniú go náisiúnta faoi láthair d'fhonn an reachtaíocht a shimpliú agus a fheabhsú tuilleadh.
- Tá capall fáin amháin agus asal fáin amháin urghafa ag an gComhairle go dtí seo in 2024.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair leis na Gardaí chun dul i ngleic le ceist na gcapall ar strae agus na gcapall tréigthe ar bhóithre poiblí agus ar thalamh faoi úinéireacht na Comhairle.
- Nuair a bheidh an reachtaíocht nua achtaithe, déanfar athdhréachtú ar na Fodhlíthe chun na hathruithe sa reachtaíocht a léiriú.

AN COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Tháinig an CBS Tithíochta le chéile trí huaire go dtí seo in 2024, agus tá cruinniú eile sceidealaithe i mí na Samhna 2024. I measc na réimsí a pléadh ag cruinnithe de chuid an CBS bhí Tithíocht do Chách, Plean Gníomhaíochta um Thithe Folmha, 2024 go 2029, Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 go 2029, Tithíocht Inacmhainne, Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta, Easpa Dídine, Clár Dídeanaithe, Clár Gníomhaíochta um Fholúntais, Athbhreithniú ar Chíosanna Dífreálacha, agus an Clár um Chaipiteal Tithíochta.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

In 2025, meastar go scrúdóidh an Coiste um Beartas Straitéiseach maidir le Tithíocht raon réimsí beartais a bhaineann le Tithíocht, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta do Dhaoine Gan Dídean, Tithíocht do Chách, Tithíocht Inacmhainne agus Tithe Folmha lena n-áirítear Gníomhachtú OCÉ.

FORBAIRT TUAITHE AGUS POBAIL, IMEASCADH AGUS AN COMHSHAOL

Lean an rannóg Forbartha Pobail agus Tuaithe ar aghaidh ag treorú agus ag éascú fhorbairt inbhuanaithe an Chontae, rud a thacaíonn le tionscnaimh eacnamaíocha, phobail, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil ar mhionscála agus ar mhórscála araon. In ainneoin go raibh an fhoireann ag obair le hacmhainní teoranta, tharla gníomhaíocht shuntasach agus díriodh go leanúnach ar a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le raon leathan páirtithe leasmhara chun an tionchar ba mhó ab fhéidir a bhaint amach. Tá béim na hoibre ó thaobh an gheilleagair de fós ar na príomhearnálacha amhail bia, turasóireacht, an earnáil chruthaitheach, tacú le gnólachtaí dúchasacha agus IDC a éascú agus tá sí dírithe ar ár mbailte agus ár sráidbhailte a athnuachan lena n-áirítear na hearnálacha miondíola agus fáilteachais. Tríd an gCiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ), na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRP), an Oifig Ealaíon, Éire Ildánach, Contae na Gaillimhe Sláintiúil agus Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe chomh maith le tionscnaimh/cláir amhail an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP), Scéimeanna Tacaíochta Pobail (STP), an Clár Feabhsaithe Pobail, Aoisbhá, Fóram Freagartha Pobail don Ghéarchéim san Úcráin, na Bailte Slachtmhara agus go leor eile, cabhraíonn an t-aonad le daoine aonair agus le pobail caighdeán na beatha dá gcuid a fheabhsú.

EARNÁIL AN BHIA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- Bhí ról gníomhach fós aici ar an mBord agus ar fhochoistí éagsúla le haghaidh thionscadal Champas Nuálaithe Bia.
- Reáchtáladh roinnt tionscadal agus cur i láthair ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Aithnítear an tionscadal go náisiúnta agus é ina phíosa bonneagair rithábhachtach lena gcruthófar éiceachóras uathúil chun tacú leis na hearnálacha bia agus earnálacha gaolmhara eile.
- Leanúint de bheith rannpháirteach i roinnt iarratais rathúla ar mhaoiniú AE i gcomhar le Campas Nuálaithe BIA.
- Oibríodh go dlúth le Comhordaitheoir Réigiúnach um an bPlean Fiontraíochta chun a chinntiú gur cuireadh earnáil an bhia agus earnálacha gaolmhara chun cinn faoin bPlean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair (PFRI) nua agus go bhfuil ról rithábhachtach ag Campas Nuálaithe BIA maidir le deiseanna agus fás na n-earnálacha a uasmhéadú le haghaidh réigiún an iarthair agus an cheantair máguaird. Áiríodh leis sin maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann a fháil trí BIA ionas gur féidir tuilleadh deiseanna a mheas le haghaidh earnáil na teicneolaíochta talmhaíochta i nGaillimh agus san Iarthar.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Oibriú le Campas Nuálaithe BIA chun a chinntiú go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na Comhairle, an phobail agus na bpáirtithe leasmhara i gcoitinne chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch/fiontraíochta.
- Bordáil tionóntaí a thabhairt chun críche d'aonaid dorais féin agus oibriú le raon comhpháirtithe chun cur leis an gclár oibreacha atá á seachadadh cheana féin mar a leagtar amach thuas.
- An Straitéis Bhia & Agrathurasóireachta a chur chun cinn le fócas ar na príomhthosaíochtaí agus na príomhchuspóirí a saináithníodh.
- Oibriú leis na húdaráis áitiúla eile chun fás réigiúnach na hearnála a spreagadh agus chun cuspóirí PFRI a bhaint amach.
- A bheith in ann an dara céim den tionscnamh Oileán Comhroinnte a chur chun cinn má fhógraítear glao dá leithéid.
- Gníomhú mar phríomhpháirtí chun an chéad chéim rathúil den tionscadal faoin Tionscnamh Oileán Comhroinnte a chur chun feidhme, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Liatroma agus le Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon, chomh maith le Campas Nuálaithe BIA, Mol Bia Dhroim Seanbhó agus Coláiste Réigiúnach an Deiscirt sa Tuaisceart. Táthar ag súil go ndéanfar iarratas ar chéim a dó in 2025.

EARNÁLACHA CRUTHAITHEACHA AGUS CULTÚRTHA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- Lean an Chomhairle ar aghaidh ag tacú leis an Earnáil Closamhairc agus Scannán le roinnt tionscnamh lena n-áirítear comhpháirtíocht le hArdán (Ionad Scannán na Gaillimhe roimhe seo) agus le comhpháirtithe ábhartha eile ar chlár Chathair Scannán EOECA 2020.
- Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an mbunchiste WRAP agus na tairbhí eacnamaíocha atá ag fabhrú ó infheistíocht, lean an Chomhairle dá tacaíocht do WRAP II ar chiste níos mó é a forbraíodh le hinfeistíocht ón CFI agus ó chomhpháirtithe eile a leanfaidh ag tacú le forbairt na hearnála.
- Rinneadh cur i láthair leis an gCoiste um Beartas Straitéiseach (CBS) d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontair, agus leis an gComhairle Iomlánach, maidir leis na deiseanna do na hearnálacha closamhairc agus scannán amhail EOECA, WRAP, seirbhísí suímh agus deiseanna amach anseo lena n-áirítear féidearthachtaí maidir le stiúideo ar mhórsála a fhorbairt.
- Rinneadh dul chun cinn ar an bpróiseas chun stiúideo scannán a fhorbairt ag iarláithreán Aerfort na Gaillimhe ar an gCarn Mór. Cheadaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe araon réamhált 183 chun gur féidir le hiarratasóir an tionscadail iarratas pleanála a chur isteach.

- Bunaíodh an Pailliún Scáthánach ar an bPortach i nDeirgimleach mar chuid de chomhoibriú idir an Chomhairle agus Féile Ealaíon na Gaillimhe. Tharraing sé sin go leor cuairteoirí chuig an gceantar.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint ar aghaidh ag obair le hIonad Scannán na Gaillimhe agus le páirtithe leasmhara i gcoitinne chun deiseanna a bhaint amach faoi chiste WRAP II.
- Tacú leis an ainmniú mar ‘Cathair Chruthaitheach’ EOECA, (lena n-áirítear an Contae). Deiseanna d’fhás eacnamaíoch agus fiontraíochta a fhiosrú tríd an líonra don Earnáil Chruthaitheach agus deiseanna a fhiosrú chun oibriú le réimse eile den chlár ‘Cathair Chruthaitheach’ amhail Gastranamaíocht.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar an bpróiseas chun an Stiúideo Closamhairc/Scannán a bhunú ag an gCarn Mór i gcomhréir leis an bpróiseas, agus faoi réir pleanála agus ceanglais rialála/reachtaíochta eile.
- Leanúint ar aghaidh ag obair leis an raon leathan páirtithe leasmhara chun tacú leis an earnáil.

TURASÓIREACHT

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

Straitéis Turasóireachta:

Ghlac an Chomhairle Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe ag cruinniú Iomlánach i mí na Samhna 2023. Mar gheall ar ghlacadh na Straitéise sin, tá creat comhoibritheach i bhfeidhm den chéad uair chun turasóireacht a fhorbairt sna hocht mbliana amach romhainn ar fud an Chontae. Tacaíonn an creat sin leis an bhfís seo a leanas a sheachadadh.

Is é Contae na Gaillimhe an ceann scríbe turasóireachta oidhreachtach cultúrtha agus nádúrtha is mó in Éirinn - ceann scríbe bríomhar agus comhtháite is ea é ina léirítear meas ar chultúr agus ar chomhshaol uathúil an Chontae, agus na gnéithe sin á roinnt go bródúil le cuairteoirí ar bhealaí tarraingteacha. Sa chontae, déantar ceiliúradh ar an éagsúlacht, cosnaítear an oidhreacht agus bíonn sé á threorú ag prionsabail inbhuanaithe.

Tá an Creat Straitéiseach lena soláthraítear an struchtúr do sheachadadh na Straitéise bunaithe ar cheithre réimse straitéiseacha. Tá príomhghníomhartha agus príomh-mholtaí á sonrú i ngach ceann acu. Tacaítear leis an bhfís freisin agus sé Chrios Forbartha á n-aithint, lena gcinntítear idirghabhálacha níos spriocdhírithe nuair is gá dóibh, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán agus ar dheiseanna ar leibhéal áitiúil.

Beidh seachadadh leanúnach na dtionscadal comhoibritheach reatha agus nua lena gcuirtear deiseanna móra ar fáil d’fhás na turasóireachta ar fud an Chontae fós ina thosaíocht Turasóireachta do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Cuideoidh roinnt prionsabal le gníomhaíochtaí agus le hidirghabhálacha a threorú, rud a chinnteoidh go mbeidh an fás a dhéanfar amach anseo inbhuanaithe.

I measc na bprionsabal sin déanfar na gníomhartha seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tús áite do sheachadadh mórdheiseanna comhoibritheacha le comhpháirtithe straitéiseacha, lena n-áirítear Pleananna Forbartha Eispéreas Cuairteoirí/Ceann Scríbe, Máistirphleananna Turasóireachta, agus na Glasbhealaí, atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.
- Tacú le fad fanachta agus caiteachas turasóirí a shíneadh agus taisteal timpeall na gceantar nach dtugtar cuairt orthu chomh minic a spreagadh.
- Tús áite a thabhairt don sprioc maidir le turasóireacht atá go hiomlán inbhuanaithe agus teacht le Pleananna náisiúnta agus áitiúla um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Tacú le cultúr, teanga agus pobail na Gaeltachta.
- Tús áite a thabhairt do leas a bhaint as sócmhainní nádúrtha agus tógtha atá ann cheana féin, don turasóireacht lasmuigh agus d'infheistíochtaí leanúnacha, go háirithe i mbonneagar gorm agus glas.
- Turasóireacht a bhunú mar chroíghníomhaíocht eacnamaíoch ar fud an Chontae agus fás na turasóireachta a chur chun cinn - lena n-áirítear i gceantair nach minic a thugtar cuairt orthu - trí eispéiris agus cinn scríbe turasóireachta atá ann cheana féin agus iad nua a fhorbairt.
- Cur chuige creasa a fhorbairt ionas gur féidir idirghabhálacha ábhartha a spriocdhíriú ar an leibhéal áitiúil.
- Nuálaíocht a thabhairt isteach agus tacú léi.
- Feabhas a chur ar chomhoibriú thar thionscail, pobail agus i measc páirtithe leasmhara.
- Rochtain uilíoch ar eispéiris turasóireachta a fheabhsú.

Scéimeanna Tacaíochta Pobail (STP) - Féilte agus Imeachtaí:

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag tacú le féilte agus le himeachtaí agus tá tacaíocht tugtha do 73 pobal tríd an scéim atá críochnaithe anois. B'ionann tacaíochtaí Comhairle Chontae na Gaillimhe agus luach €69,250 agus chuir Fáilte Ireland €18,000 breise ar fáil.

Is ionann an maoiniú iomlán a leithdháileadh ar imeachtaí agus féilte réigiúnacha agus eacnamaíocha go dtí seo in 2024 agus €87,250.

Is é an cuspóir ná a chinntiú go dtugtar tacaíocht bhreise margaíochta le linn an tséasúir chiúin (taobh amuigh de mhíonna an tSamhraidh) d'fhéilte STP a fhaigheann tacaíocht faoin scéim.

Féilte Réigiúnacha Maoinithe ag Fáilte Ireland	Méid Deonaithe
2024	€18,000
Féilte	8 Deonaithe
Deontais Eacnamaíocha lena n-áirítear maoiniú Féile	Méid Deonaithe
2024	Maoiniú Iomlán €69,250

Féilte agus Imeachtaí	54 Deonaithe
Tionscnamh Eacnamaíoch	11 Deonaithe

An Ciste um Aistriú Cóir:

I mí Aibreáin 2024, cheap Comhairle Chontae na Gaillimhe Gníomhachtóir um Aistriú Cóir AE chun tacú le grúpaí pobail áitiúla agus le FBManna rochtain a fháil ar an gCiste um Aistriú Cóir. Le sé mhí anuas, tá an Gníomhachtóir tar éis dul i ngleic le 15 grúpa pobail agus thart ar 20 FBManna, agus breis agus 50 cruinniú duine le duine á reáchtáil aige chun an ciste a chur chun cinn. Bhí na rannpháirtíochtaí sin mar thoradh ar chomhiarrachtaí margaíochta, lena n-áirítear ceithre sheisiún faisnéise poiblí agus dhá mhír raidió inar scaipeadh faisnéise.

Cuireadh deireadh le léirithe spéise maidir le Scéim Turasóireachta Athghiniúna agus Comhfhorbairt Áite an AE, 2023-2026 an 2 Iúil, 2024, ag 12 meán lae. Cuireadh 25 léiriú spéise isteach san iomlán, agus chuaigh 23 acu sin ar aghaidh go dtí an chéim formheasa. Tá an Gníomhachtóir ag cabhrú le hiarratasóirí anois tríd an gcéim iarratais, agus soláthraíonn sé seicliostaí, nuashonruithe míosúla sceidealaithe agus treoir ar feadh an ama.

Go dtí seo, tá dhá iarratas curtha isteach agus táthar ag súil le cúig cinn eile go luath. Tá an obair ar siúl ar iarratais eile, agus tá cuid acu ag feitheamh le ceadú pleanála. Go dtí seo, ceadaíodh dhá iarratas ar luach €856,000 san iomlán.

Is é an 13 Eanáir 2025 an spriocdháta deiridh le haghaidh iarratas, agus leithdháilfear maoiniú ar na chéad iarratais a gheofar. Leanfaidh an Gníomhachtóir ag tacú le hiarratasóirí chun cabhrú leis an líon is mó is féidir an spriocdháta a chomhlíonadh agus cuirfidh sé tacaíocht agus treoir leanúnach ar fáil do thionscadail rathúla.

TRÍ THOGRA GLASBHEALAIGH I GCONAMARA

An Glasbhealach ó Gaillimh go hUachtar Ard

- Beidh an bealach thart ar 28km ar fhad. Tosóidh an bealach ag an Ardeaglais i gCathair na Gaillimhe agus críochnóidh sé ag bóthar an stáisiúin in Uachtar Ard. Críochnaíodh an tríú Comhairliúchán Poiblí Neamhrechtúil le haghaidh an tionscadail sin i mí na Bealtaine/ an Mheithimh 2023 – an Chonair Bhealaigh Thosaíochta a Roghnófar. Tá teagmháil le húinéirí talún fós i gceist chun bealach a dheimhniú le haghaidh an ghlasbhealaigh laistigh den chonair bhealaigh thosaíochta a roghnófar.

Tá an tionscadal i gCéim 3 den Dearadh agus den Mheastóireacht Timpeallachta faoi láthair. Tógfaidh an chéim sin thart ar 12 mhí le cur i gcrích, agus déanfar iarratas ansin chuig an mBord Pleanála ar chead pleanála i gCéim 4 in 2025.

An Glasbhealach ón gClochán go hUachtar Ard

- Tá maoiniú faighte le stráice 23km a thógáil idir an Clochán agus Sraith Salach. Tá 14km críochnaithe agus oscailte don phobal faoi láthair agus tá 6km eile á thógáil. Tá plé á dhéanamh le húinéirí talún chun tailte a fháil don chuid den bhealach nach bhfuil socraithe fós.

An Glasbhealach ó Dheirgimleach go Mainistir na Coille Móire

- Tá maoiniú faighte chun tuarascáil measúnachta straitéisí agus tuarascáil indéantachta a chur i gcrích maidir leis an bhféidearthacht a bhainfeadh le Glasbhealach a thógáil idir Deirgimleach agus Mainistir na Coille Móire. Tá Céim 1 críochnaithe anois. Ag feitheamh ar cheadú ó BIÉ chun dul ar aghaidh go Céim 2 den Roghnú Roghanna.

PLEAN FORBARTHA CHONAMARA UM EISPÉIREAS CINN SCRÍBE (PF ECS)

- Tionóladh comhdháil do dhá limistéar PF ECS de chuid bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Roghnaíodh Daingean Uí Chúis agus Conamara agus na hOileáin mar gheall ar an staid ina bhfuil siad dá bpleananna forbartha, agus mar gheall ar na cosúlachtaí geografacha agus téamacha sa dá limistéar.
- Seoladh PF ECS Chonamara agus na nOileán i mí an Mhárta 2018 agus tá sé ar cheann de na chéad PF ECSanna in Éirinn. Dá bhrí sin tá go leor ciall cheannaithe agus taithí ag an bhfoireann le roinnt le foirne PF ECSanna eile. Tá PF ECS Dhaingean Uí Chúis, a seoladh i mí Eanáir 2021, leath bealaigh tríd an tréimhse cúig bliana.
- Deis a bhí sa chomhdháil seo chun comhoibriú agus líonrú a spreagadh agus deiseanna a chruthú le haghaidh crosdíola agus le taithí ghnó a roinnt.

TURASÓIREACHT A CHUR CHUN CINN:

- Cuireadh ábhar coimeádta le chéile agus rinneadh infheistíocht in ábhar margaíochta atá bunaithe sa Chontae le haghaidh eagrán forlónaídh 2024 den Connacht Tribune, **‘Where West’**, ar iris lándaite ar ardchaighdeán é a scaiptear ar fud an iarthair ó Chonamara go dtí na hOileáin; ó dheisceart go tuaisceart na Gaillimhe; ó Mhaigh Eo Thuaidh go deisceart an Chláir.
- Foilsíodh 4 leathanach in eagrán 2024 den iris **‘Go West’** chomh maith. Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe infheistíocht bhliantúil san iris de chuid Aerfort Chnoc Mhuire, in éineacht le húdaráis áitiúla eile i Sligeach, Maigh Eo, Ros Comáin agus i gCathair na Gaillimhe. Áirítear le hábhar 2024, faisnéis chun aird a tharraingt ar fhéilte agus ar imeachtaí a fhaigheann tacaíocht ó CCG agus na gnéithe is fearr den eispéireas cuairteoirí ar fud an Chontae a chur chun cinn, lena n-áirítear Gaillimh Thuaidh/Thoir agus grianghrafadóireacht ar ardchaighdeán chun Turasóireacht a chur chun cinn sa Chontae.
- D’fhoilsíomar an iris **‘This is Galway’** i mí an Mheithimh/Iúil agus Lúnasa/Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair/mhí na Samhna. Dhírigh an t-ábhar ar cheantair Chinn Mhara, an Ghoirt agus Mhaigh Cuilinn agus cuireadh béim ar gach a bhfuil ar fáil sna ceantair sin. Fuarthas aiseolas iontach ó na ceantair seo ar an iomlán. Bhí na gnólachtaí ar luadh san iris iad an-tógtha leis na torthaí agus tá ríméad orthu gur leagadh béim ar ghnólachtaí agus ar nithe díol spéise do chuairteoirí taobh amuigh den Chathair in **‘This is Galway’**. Baineann óstáin leas as an iris ach go háirithe, mar bhealach chun ceantair ar fud an Chontae a chur chun cinn.
- Milwaukee agus an Branda Turasóireachta:** Tá an tionscadal branda Ceann Scríbe Turasóireachta forbartha anois. Cuireadh é faoi bhráid na mball tofa ag an seisiún faisnéise Turasóireachta a tionóladh i mBaile Átha an Rí i mí Iúil. Is í Féile Éireannach Milwaukee an

ceiliúradh is mó ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann sna Stáit Aontaithe agus bíonn sí ar siúl i Loch Michigan in Wisconsin. Rinne comhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ionadaíocht ar na Comhairlí ag an bhféile agus chuir siad na naisc láidre idir Éire agus na Stáit Aontaithe chun cinn ag an imeacht ceithre lá.

- D'oibrigh an fhoireann atá ag obair i réimse na turasóireachta i gComhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar leis an Oifigeach Turasóireachta i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Turasóireacht Éireann chun seastán, brait, preab-seastáin, cúlra agus ábhar PR nua na Gaillimhe a dhearadh don imeacht inar cuireadh branda nua na Gaillimhe i láthair.
- Eagraíodh léarscáileanna de Chontae na Gaillimhe, inar léiríodh nithe is díol spéise do chuairteoirí, eolas do chuairteoirí agus léarscáileanna Chonamara. Cuireadh i gcló iad i Milwaukee agus scaipeadh Pinn, Málaí Gualainne agus T-Léinte. Scaipeadh tuilleadh litríochta agus eolais faoi nithe is díol spéise do thurasóirí i gContae na Gaillimhe ag an imeacht chomh maith.

Slí an Atlantaigh Fhiáin, Imeacht Líonraithe le haghaidh Thionscail Turasóireachta na Gaillimhe

- Reáchtáil Fáilte Ireland Imeacht Líonraithe Tionscail le haghaidh na turasóireachta ar an láthair do chomhpháirtithe turasóireachta i gCathair na Gaillimhe, i gConamara agus sna hOileáin.
- Thacaigh an t-imeacht le comhpháirtithe turasóireachta chun an deis chrosdíola agus atreoraithe a uasmhéadú in 2024 agus bhí sé ag teacht le formáid struchtúrtha na gcoinní líonraithe luais. D'fhreastail soláthraithe cóiríochta, soláthraithe ó áiteanna is díol spéise do chuairteoirí agus soláthraithe eispéireas/gníomhaíochtaí ar an imeacht. D'fhreastail foireann Turasóireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an imeacht sin, ghlac siad páirt ann agus leanfaidh siad orthu ag obair leis na príomhpháirtithe in earnáil na turasóireachta.

LÍONRAÍ TURASÓIREACHTA AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT IDIR ÚDARÁIS ÁITIÚLA:

- Tacaíocht leanúnach agus tacaíocht theicniúil le haghaidh Connemara.ie; tá an suíomh gréasáin seo atá faoi úinéireacht na Comhairle ina leathanach lamairne le haghaidh shuíomh WIFI4U (comhoibriú leis an Oifigeach Leathanbhanda).
- Glacadh páirt sa tacaíocht leanúnach a tugadh do Phlean Eispéireas Cuartaíochta Loch Deirgeirt.
- Comhpháirtíocht trasghníomhaireachta i bPort Omna maidir le tionscadail turasóireachta agus forbartha
- Leanadh ar aghaidh le gníomhartha i ngach Plean Forbartha Eispéireas Cuartaíochta agus sna pleananna turasóireachta réigiúnacha a chur i bhfeidhm.
- Rinneadh teagmháil leanúnach le hOifigeach Áineasa Tuaithe Ros Comáin agus Oifigeach Turasóireachta Ros Comáin maidir le cur chun cinn Bhealach Ghleann na Suca.
- Comhpháirtíocht Údaráis Áitiúil le Maigh Eo agus le Cathair na Gaillimhe ar Ghormbhealach na Coiribe/Loch Measca.
- Comhpháirtíocht le Fáilte Ireland agus le Cathair na Gaillimhe maidir leis an mbranda nua cinn scríbe, Gaillimh, a chur chun cinn agus a sheoladh.

- Ionadaíocht do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar Mháistirphlean Turasóireachta Bheannchair atá nasctha le Máistirphlean Turasóireachta na Sionainne.

TIONSCADAIL FORBARTHA TURASÓIREACHTA:

Baile Ceann Scríbe an Chlocháin:

- Leanúint ar aghaidh ag obair ar an athfhorbairt d'Fheabhsú Bhaile Cheann Scríbe agus Lár Baile an Chlocháin, a mbeidh tionchar aige ar fhorbairt turasóireachta.

Tionscadail Athnuachana:

- Leanúint ar aghaidh ag obair ar fhorbairt Fhís Phort Omna 2030 agus ar thionscadail eile lena chinntiú go gcuirtear leis an acmhainneacht forbartha turasóireachta.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- **Féile Milwaukee:** Sárthaispeántas a léiriú ar an méid atá ar fáil i gContae na Gaillimhe agus baill foirne den ghrúpa oibre turasóireachta agus de Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur anonn chun freastal ar an bhféile.
- **Feachtas Glasbhealaí Chonamara:** Feachtas margaíochta agus cur chun cinn a chur i bhfeidhm do Ghlasbhealach Chonamara bunaithe ar mhaoiniú SBÁA a bronnadh ar Thurasóireacht i gComhairle Chontae na Gaillimhe don tionscadal seo.
- **Baile Ceann Scríbe an Chlocháin:** Roinnt gnéithe de thionscadal Bhaile Ceann Scríbe an Chlocháin a chur i gcrích.
- **Branda Ceann Scríbe:** Suíomh gréasáin a chur chun cinn agus a sheoladh do bhranda nua ceann scríbe na Gaillimhe, i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Fáilte Ireland.
- **Margaíocht:** Leanúint ar aghaidh ag forbairt margaíochta, fógraíochta, na meán sóisialta agus cur chun cinn na turasóireachta i gCo. na Gaillimhe.
- **Plean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí (PFEC) Loch Deirgeirt** Gníomhaíochtaí agus líonra PFEC Loch Deirgeirt a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.
- **PFEC Chósta Chonamara agus na nOileán:** Leanúint ar aghaidh ag obair le gníomhartha agus líonra Chonamara agus na nOileán.
- **Féilte agus Imeachtaí STP** An Scéim Tacaíochta Pobail a mheas agus a bhainistiú: Tionscadail turasóireachta agus féilte agus imeachtaí.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do Fáilte Ireland agus do chomhpháirtíochtaí gníomhaireachta de réir mar is gá.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le tionscadail Ghlasbhealaigh agus Ghormbhealaigh.
- Tacú leis an tionscadal forbartha '**Bealach Bhéarra Bhréifne**'.

CONAIR EACNAMAÍOCH AN ATLANTAIGH

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

Gaillimh sa spotsolas – Sraith “Moving West”

Craoladh Clár na Gaillimhe ar TG4 Dé Máirt an 29 Deireadh Fómhair 2024 agus léirigh Dundara Television & Media é i gcomhar leis an gCoimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. In ‘Moving West’ tugadh léargas ar an bpobal a mheallann daoine chuig an réigiún bliain i ndiaidh bliana agus bhí ionadaíocht leathan ann ó fhostóirí dúchasacha agus ó fhostóirí IDC i gCathair agus i gContae na Gaillimhe araon.

Rinne an láithreoir Mary Kennedy iniúchadh ar tharraingt uathúil na Gaillimhe agus bhuail sí le grúpa éagsúil daoine a bhog go dtí an contae agus a bhfuil cónaí orthu ann. Sa tsraith cuireadh béim ar an méid atá le tairiscint ag Cathair agus Contae na Gaillimhe maidir le stíl mhaireachtála, áiseanna lasmuigh, bia, cultúr agus caighdeán na beatha.

Beidh Contae Mhaigh Eo, Sligigh, Liatroma, Ros Comáin agus Dhún na nGall le feiceáil i Sraith 3 chomh maith. Is tionscnamh é seo de chuid Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh.



THE FILMING PROCESS

- Oibríodh le Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) agus le líonra Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (CEA) ar thionscadail réigiúnacha, lena n-áirítear moil a fhorbairt ar fud CEA.
- Glacadh páirt i bpróisis Straitéise CEA agus Straitéis Mol CEA.
- Ullmhaíodh banc íomhá do Chontae na Gaillimhe lena n-áirítear íomhánna a bhaineann le fiontraíocht.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Oibriú laistigh d'aon socruithe athbhreithnithe do CEA tar éis an athbhreithnithe ag an Roinn.
- Tacú le forbairt na mBraislí Cruthaitheacha sa réigiún.
- Oibriú leis an CFI agus contaetha CEA eile chun an tIarthar a chur chun cinn mar áit tharraingteach chun cónaí agus oibriú ann.
- Oibriú le tionscadail chun tacú le hathnuachan lár na mbailte lena n-áirítear forbairt moil agus aghaidh a thabhairt ar fholúntas/tréigean i mbailte agus i sráidbhailte.
- Leanúint ar aghaidh ag obair leis an Oifigeach Leathanbhanda chun deiseanna do phobail a aithint agus a bhaint amach.
- Oibriú le CFI, an leis líonra CEA agus le húdaráis áitiúla eile chun tionscnaimh réigiúnacha a sheachadadh lena n-áirítear faoi Phlean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair, mar is cuí.
- Tacú le forbairt Earnáil an Bhia agus le moil a nascadh agus béim ar leith ar Champas Nuálaithe BIA mar spreagadh le haghaidh fáis agus nuálaíochta sa réigiún.

FORBAIRT AGUS TACAÍOCHTAÍ DO MHOIL OIBRE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- D'fheidhmigh an rannóg Forbartha Pobail agus Tuaithe mar phointe teagmhála faisnéise agus comhairleach, chun moil Phobalbhunaithe sa Chontae a éascú chun leas a bhaint as an scéim náisiúnta maoinithe www.connectedhubs.ie.
- I mí na Bealtaine 2024, d'fhreastail Comhairle Chontae na Gaillimhe ar oscailt Mhol PULSE i mBéal Átha na Sluaighe a críochnaíodh le tacaíocht mhaoinithe faoin gClár Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.

TOGRAÍ 2025:

- Seirbhísí comhairleacha leanúnacha a sholáthar ar www.connectedhubs.ie agus tacaíochtaí a spriocdhíriú chun ionaid bhreise chianoibre a bhunú sa Chontae agus oibriú le húdaráis na Gaeltachta atá i gceannas ar an Líonra Mol G-teic sa Ghaeltacht.
- Conairí maoinithe a shainaithint le haghaidh Moil Fiontair Pobail agus Dheonaigh agus Moil Ilchuspóireacha ar fud an Chontae agus iad siúd a thacaíonn le hindéantacht agus margaíocht a dhéanamh orthu. Dul i dteagmháil leis an bhFoireann Athnuachana agus leis an Earnáil Líonra Pobail, Dheonach agus Fiontraíochta.

TIONSCNAIMH AGUS STRAITÉIS GHINEARÁLTA UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- Cuireadh le forbairt na ndoiciméad agus na mbeartas athbhreithnithe Náisiúnta agus Réigiúnacha.

- Leanúint leis an mBeartas "Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann" a chur chun feidhme.
- Cuireadh an Straitéis Náisiúnta Áineasa Taobh Amuigh, PFEC Loch Deirgeirt agus Plean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair san áireamh sna cáipéisí beartais turasóireachta réigiúnacha.
- Oibríodh le Fiontraíocht Éireann chun tacú le cruthú post, le gnólachtaí dúchasacha agus chun infheistíocht in IDC a d'fhéadfadh a bheith ann a chur chun cinn le haghaidh earnáil an bhia.
- Oibríodh leis an GFT chun Contae na Gaillimhe a chur chun cinn mar láthair d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Cur chun feidhme an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 6 bliana a threorú de réir na dtreoirlínte náisiúnta i gcomhar leis an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch & Fiontraíocht.
- Leanúint ar aghaidh le cur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le hathnuachan na mbailte sa Chontae.
- Cur le forbairt an Mháistirphlean d'iarshuíomh Aerfort na Gaillimhe ar an gCarn Mór.
- Leanúint ar aghaidh ag obair le Fiontraíocht Éireann agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Tionscadail (GFT) chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus le poist a chruthú.
- Tograí a chur isteach agus oibriú le suíomhanna ainmnithe faoin gclár maoinithe um Aistriú Cóir de réir mar a fhorbraítear an clár in 2025.

SCÉIMEANNA MAOINITHE TUAITHE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Maidir leis an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte (SABS) a tugadh isteach in 2016, tacaíonn sí le tionscadail chaipitil bheaga agus mheánmhéide a fheabhsaíonn an timpeallacht i lár bailte agus sráidbhailte. Bíonn maoiniú deontais idir €20,000 agus €500,000 ar fáil do thionscadail. I gcomhréir le Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann de chuid an Rialtais, tá an Scéim á maoiniú ag an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe mar thoradh ar Phróiseas Léirithe Spéise bliantúil agus ar Phróiseas Gearrliostaithe atá á gcomhordú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe (Aonad Tuaithe agus Pobail).

Mar aitheantas ar aicmiú réigiún an Iarthuaiscirt ag Coimisiún an AE mar Réigiún atá ag Athrú agus d'fhonn aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar éagothroimí réigiúnacha, beidh feidhm eisceachtúil ag cúnamh deontais ar luach 95% de chostas iomlán an tionscadail maidir le contaetha i réigiún an Iarthuaiscirt lena n-áirítear Contae na Gaillimhe. Ní mór don 5% den chistiú meaitseála atá fágtha a bheith i bhfoirm síntiús airgid agus is féidir leis an Údarás Áitiúil agus/nó an pobal agus/nó síntiús dhaonchairdiúla é a thabhairt.

In 2024, i gcomhréir le Lár Bailte ar dTús, tugadh isteach Sraith nua Tacaíochtaí i mí Feabhra 2024 lena n-áirítear Beart Forbartha Tionscadail (BFT). Rinne an tAonad Tuaithe agus Pobail Próiseas Léirithe Spéise agus chuir sé isteach trí thionscadal ar a mhéad as na 15 Léiriú Spéise a fuarthas. Ceadaíodh trí thionscadal le haghaidh caipiteal síl suas le €50k chun acmhainní a chur chun cinn lena dtabharfaí na tionscadail seo a leanas chuig céim na pleanála. Seoladh na tionscadail seo in 2024, agus leanfaidh siad ar aghaidh in 2025.

Ionad Pobail Áth Eascrach - PDM24GY01

Cuirfidh an Beart Forbartha Tionscadail seo, atá maoinithe faoi Thacaíochtaí Lár Bailte ar dTús, athchóiriú an Ionaid Phobail atá á bhainistiú ag Grúpa Pobail Cheantar Áth Eascrach chun cinn, ionad atá suite ar an mbóthar isteach i suíomh atá feiceálach ar an tsráid-dreach. Éascóidh sé grúpaí óige, grúpaí seandaoine gníomhacha, ranganna agus imeachtaí/ócáidí - bearna shuntasach go háitiúil. Cuirfidh sé deiseanna stairiúla agus oidhreacht chun cinn, tabharfaidh sé athnuachan do lár an tsráidbhaile, méadóidh sé líon na ndaoine a thagann chun na háite agus spreagfaidh sé daoine a bheith ina gcónaí in Áth Eascrach.

Ionad Pobail na Fairche - PDM24GY02

Déanfaidh an Beart Forbartha Tionscadail seo, atá maoinithe faoi Thacaíochtaí Lár Bailte ar dTús, athchóiriú iomlán ar Ionad Pobail na Fairche atá i ndroch-chaoi faoi láthair (á bhainistiú ag Comhairle Pobail na Fairche agus na Cloiche Brice), céim thábhachtach in athbheochan an tsráidbhaile álainn seo sa Ghaeltacht. Cuirfidh sé seo uasghráduithe bunriachtanacha sábháilteachta ar fáil agus déanfaidh sé an foirgneamh níos tarraingtí ó thaobh amhairc de, rud a chuirfidh spás ar fáil atá de dhíth go géar do spóirt, grúpaí óige agus grúpaí seandaoine gníomhacha, naíolanna agus oifigí, agus a fheidhmeoidh mar mhol gníomhaíochta paróiste.

Spás Áineasa Sráidbhaile Dhún an Uchta PDM24GY03

Cuirfidh an Beart Forbartha Tionscadail seo, atá maoinithe faoi Thacaíochtaí Lár Bailte ar dTús, pleanáil chun cinn le haghaidh clós súgartha, páirc scátála bheag agus spás lasmuigh le haghaidh caitheamh aimsire in aice le Cearnóg Shráidbhaile Dhún an Uchta, rud a fheabhsóidh ríocht phoiblí ginearálta an tsráidbhaile stairiúil seo. Eyrecourt Development Co Ltd, thar ceann an phobail a bhailigh airgead chun an talamh a cheannach.

Sa bhliain 2024, trí thionscadail faoin Scéim 2022, lena n-áirítear **Bearta Feabhsúcháin Sráid-Dreacha an Spidéil agus Phort Omna**, infheistíodh deontais suas le 80% i nGnólachtaí agus i gCónaitheoirí Áitiúla chun a nAghaidheanna Siopaí a fheabhsú agus chun réadmhaoine laistigh de chriosanna lárnacha na suíomhanna sin a dheisiú agus a chur i láthair. Tacaíodh le breis agus 100 réadmhaoine agus tugadh aiseolas dearfach dóibh maidir leis an bhfeabhsú láidir amhairc a baineadh amach mar gheall ar riarachán éifeachtach na scéimeanna agus ceannach isteach dearfach ó ghnólachtaí áitiúla. D'fhostaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe seirbhís Sainchomhairleora Datha agus bhunaigh sí Clinicí Comhairleacha chun scéimeanna

péintéireachta a mholadh dóibh siúd a ghlac páirt sa scéim chun luach a chur leis an Scéim agus tionchar amhairc iomlán na Scéime a fheabhsú.

Sa bhliain 2024, ceadaíodh iarratais faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2023.

Ionad Pobail Mheáraí (€250k) Ionad Pobail Dhún Mór (€250k) agus Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile an Ghoirt (€250k). Tá breis agus 60 iarratas faighte agus tosófar feidhmiú céimneach in Earrach/i Samhradh 2025. Tá breis agus €300k á lorg ag gnólachtaí agus ag cónaitheoirí chun infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhsú a réadmhaoin.

Clár SABS 2021	Deontas Ceadaithe	Stádas
Beart Forbartha Tionscadail - Réadmhaoin CCG - Teach Cúirte na Gráige i gcomhar le Coiste Forbartha Pharóiste na Gráige.	€50,000	Ar siúl faoi láthair
Iniúchtaí Sráidbhaile / Tionscadal Seicliosta	€48,000	Ar siúl faoi láthair
Clár SABS 2022	Deontas Ceadaithe	Stádas
Béal Átha na Sluaighe - Mol Lár an Bhaile a Athchóiriú	€250,000	Críochnaithe in 2024
Feachtas Brandála agus Margaíochta Comhsheilbhíochta	€50,000	Ar siúl faoi láthair
Saoráid Ilúsáide a Fhorbairt i mBaile Átha an Rí ag Lána an Bhúrcaigh - Sráid an Gheata Thuaidh.	€50,000	Críochnaithe go Cuid 8 de Phleanáil agus d'éirigh léi maoiniú a fháil faoi Chlár CAFT
Uasghrádú a dhéanamh agus Feabhas a chur ar aghaidheanna siopaí agus ar an sráid-dreach	€100,000	Críochnaithe in 2024
Staidéar Indéantacha Chaisle chun Ionad Inbhuanaithe Ísealcharbóin a Fhorbairt	€50,000	Le críochnú i mí an Mhárta 2025
Uasghrádú a dhéanamh agus Feabhas a chur ar aghaidheanna siopaí agus Sráid-dreach sa Spidéal	€100,000	Críochnaithe in 2024

Clár SABS 2023	Deontas Ceadaithe	Stádas
Feabhsuithe ar Ionad Pobail Mheáraí	€250,000	Cuireadh tús leo in 2024 agus go dtí mí an Mheithimh 2025
Feabhsuithe ar Ionad Pobail Dhún Mór	€250,000	Cuireadh tús leo in 2024 agus leanfar leo go dtí mí an Mheithimh 2025
Scéim Sráid-Dreacha an Ghoirt	€250,000	Seoladh í i mí an Mheithimh 2024 agus leanfar ar aghaidh léi go dtí mí an Mheithimh 2025
Beart Forbartha Tionscadail: Sraith Tacaíochtaí Lár Bailte ar dTús	Deontas Ceadaithe	Stádas
Grúpa Forbartha Pobail Áth Eascrach	€50,000	Seoladh é i mí Mheán Fómhair 2024 agus leanfaidh sé ar aghaidh in 2025
Páirc Phobail Dhún an Uchta	€50,000	Seoladh é i mí Mheán Fómhair 2024 agus leanfaidh sé ar aghaidh in 2025
Ionad Pobail na Fairche	€50,000	Seoladh é i mí Mheán Fómhair 2024 agus leanfaidh sé ar aghaidh in 2025

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Tacaíocht riaracháin agus chomhairleach a sholáthar do gach tionscadal atá ar siúl faoin gClár Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, lena n-áirítear tionscadail atá ar siúl faoin gClár 2021, 2023 agus faoi Bheart Forbartha Tionscadail 2024.
- Tionscadail eile a d'fhéadfaí tabhairt fúthu a shainaithint ar fud an Chontae trí theagmháil leanúnach a dhéanamh le heagraíochtaí pobail, le coistí agus le comhghleacaithe in oifigí agus Ranna Ceantar Bardasach eile agus tríd an bPróiseas Léirithe Spéise foirmiúil a sheolfar nuair a fhógróidh an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe an Scéim nua.
- Tacú le cur i bhfeidhm Príomhstraitéisí lena n-áirítear spriocanna sa Phlean Forbartha Contae agus sa Straitéis Turasóireachta agus sa Straitéis Áineasa atá ag teacht chun cinn, tionscadail fhéideartha a shainaithint chun na spriocanna sin a bhaint amach agus an

cumas iarratais chaipitil a dhéanamh díobh sin lena n-áirítear Réadmhaoine folmha nó tréigthe a fuair an Chomhairle le haghaidh athúsáide pobail.

- Leanúint ar aghaidh ag sainaithint deiseanna maoinithe faoin Straitéis Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann chun cabhrú le cuspóirí forbartha tuaithe a sheachadadh, agus an Plean Forbartha Contae agus an straitéis lonnaíochta agus an straitéis le haghaidh ceantair thuaithe scaipthe atá mar chuid de á gcur san áireamh.
- Leanúint ar aghaidh agus athbhreithniú á dhéanamh ar roghanna le haghaidh feabhsuithe digiteacha agus nuálaíochtaí inár soláthar seirbhíse (lena n-áirítear córais iarratais ar líne). Oibriú le córas faisnéise geografai (GIS)/ le teicneolaíocht faisnéise (IT) agus le comhordaitheoirí seirbhíse eile chun a chinntiú go ndéantar feabhsuithe leanúnacha inár gcórais tuarascála agus riaracháin chun neamhéifeachtúlachtaí a laghdú agus rochtain ar fhaisnéis maidir le scéimeanna tuaithe a uasmhéadú.

CLÁR (CEANTAIR LAGA ÁRD-RIACHTANAIS)

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- Soláthar Tacaíochta Riaracháin agus Comhairlí chun an Tionscadal a Ceadaíodh i gClár 2023 a chur chun feidhme go rathúil. D'fhormheas an Roinn Clár 2023 i mí Feabhra 2024, agus tá 14 thionscadal ar siúl agus tionscadal amháin críochnaithe. Críochnófar an chuid eile de na tionscadail sin in 2025.
- I mí na Bealtaine 2024 thug an tAonad faoi phróiseas Léirithe Spéise CLÁR 2024 le 68 iarratas agus 15 ar an ngearrliosta. Chuir grúpaí isteach léirithe spéise ar líne. Eisíodh leithdháileadh tairiscintí tionscadail i mí na Samhna 2025. Cuirfear tionscadail chun feidhme i rith 2025 agus go dtí mí na Bealtaine 2026. Reáchtáil an fhoireann seisiún aiseolais freisin le haghaidh tionscadail nár éirigh leo chun treoir a thabhairt maidir le hiarratais amach anseo agus an sásra scórála a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh gearrliostaithe.

Ainm na Scoile / Ainm na Saoráide Pobail / Cuideachta Forbartha Áitiúil	Ceadaíodh Clár CLÁR 2024 i mí Dheireadh Fómhair 2025 (Ar siúl in 2025 agus in 2026).	Méid maoinithe CLÁR Ceadaithe
Scoil Mhuire Gan Smál - Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Ghártha	Leis an maoiniú seo, beidh Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Ghártha in ann dromchla nua Limistéir Ilúsáide Cluichí a leagan, rud a uasghrádóidh an áit súgartha tarmac atá 39 bliain d'aois faoi láthair. Téann sé sin i ngleic le roinnt riachtanais chriticiúla laistigh de phobal Bhaile Átha Ghártha: ag soláthar áiteanna súgartha agus oiliúna uile-aimsire ardchaighdeán d'fhoirne spóirt áitiúla a thaistealaíonn chuig áiteanna eile faoi láthair, chomh maith le bheith ina mol cuimsitheach le haghaidh imeachtaí pobail	€50,000

	- ag tacú leis na Bailte Slachtmhara, Carnabhal Bhéal Átha Ghártha agus Grúpa Oidhreachta Bhéal Átha Ghártha - agus iad go léir i gcroílár an tsráidbhaile.	
Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta Chill Chríost	Cuirfidh an tionscadal seo de chuid Bhord Bainistíochta Scoil Náisiúnta Chill Chríost cosán siúil 700m ar fáil a chuirfidh áis inrochtana, shábháilte ar fáil in aice leis an Scoil Náisiúnta, atá inrochtana do theaghlaigh, do sheanóirí agus do dhaoine faoi mhíchumas. Bainfear an cnoc ar chúl an tsuímh mar ullmhúchán do shuíomh nua páirce astroturf, rud a osclóidh radhairc ar na timpeallachtaí nádúrtha. Suiteálfar binsí picnice agus suíocháin atá Aoisbháúil ar imeall an chosáin agus beidh forbairt ann chun feabhas a chur ar an bhflóra agus ar an bhfána atá ann cheana féin.	€50,000
Comhairle Forbartha Pobail Chloch na Rón Teo. (Coiste an Chlóis Súgartha)	Cuirfidh an tionscadal seo, atá á bhainistiú ag Coiste Clóis Súgartha Chloch na Rón, feabhas ar an gclós súgartha i lár an tsráidbhaile seo ar chósta Chonamara, áit a meallann líon mór cuairteoirí. Cuireann an fál adhmaid atá ann faoi láthair bac ar radhairc agus tá sé i ndroch-chaoi, mar atá an colbha agus an dromchla rubair. Le huasghráduithe ar na rudaí sin coinneofar sábháilteacht na gcuairteoirí, lena n-áirítear fál cruach cuí, fálú a fheidhmeoidh mar bhac gaoithe agus a chuirfidh le bithéagsúlacht, agus trealamh súgartha nua a léiríonn ceanglais Measúnaithe Riosca.	€50,000
Cuideachta Forbraíochta Bhaile Liam CTR, le tacaíocht ó Chlub CLG & Scoil Náisiúnta Bhaile Liam	Críochnóidh an tionscadal seo an pháirc dhá acra atá in aice le Scoil Náisiúnta Bhaile Liam agus an club CLG áitiúil a ceannaíodh in 2019, rud a fheabhsóidh rochtain do shiúlóirí/reathaithe, do thuismitheoirí le bugaithe agus d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí trí tharmac réidh agus colbhaí a shuiteáil. I measc na suiteálacha tá uasghráduithe ar an bpáirc imeartha agus ar an gclós súgartha do scoláirí sinsearacha, agus gairdín na gcéadfaí chun páistí a mhealladh le plandaí. Cuirfidh tírdhreachú feabhas ar an limistéar glas le suíocháin agus le háiseanna picnice, rud a chuirfidh áilleacht agus bithéagsúlacht chun cinn.	€50,000

Ionad Pobail Chluain Bheirn Teo & Club RSE (Riachtanais Speisialta + Eile)	Cuirfidh an tionscadal seo atá faoi stiúir an phobail feabhas ar an gclós súgartha cuimsitheach atá ann cheana féin trí threalamh a chur leis do dhéagóirí, do dhaoine fásta agus do dhaoine ar scor; rud a fhreastalóidh ar riachtanais an phobail atá ag dul in aois. Tabharfaidh sé sin isteach suíocháin bhreise chéadfacha, plandú, limistéar boules, luascán atá aoisbháúil agus oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas, cosán céadfach ag a bhfuil dromchla tadhlach agus níos mó. De bharr clós súgartha ‘do dhaoine fásta’ beidh rannpháirtíocht chuimsitheach ann, go háirithe do dhaoine fásta áitiúla faoi mhíchumas intleachtúil agus do chónaitheoirí tithe altranais.	€50,000
Páirc Spóirt Pharóiste Mhaigh Locha	Déanfaidh an tionscadal atá á stiúradh ag oibrithe deonacha áitiúla uasghrádú ar an gclós súgartha ag Páirc Spóirt Pharóiste Mhaigh Locha, rud a athsholáthróidh trealamh agus brat talún atá 21 bliain d’aois. Áirítear na nithe seo a leanas le raon na n-oibreacha: Suiteáil Áite Ilsúgartha Nua, Luascáin, Ciseán Luascáin, Stáisiún Cluiche Féileacán, Lingeadán Cuimsitheach, Deisiúcháin ar an Líne Zip, dromchla (dromchla rubair daite), agus feabhsú ar fhálú slándála mar aon le Cigireacht Sábháilteachta Neamhspleách agus limistéar ceapaí le haghaidh bláthanna fiáine chun bithéagsúlacht a fheabhsú.	€50,000
Cumann Forbartha Liónáin CTR	Cuirfidh sé seo feabhas ar an bpáirc phobail atá ann cheana féin a d’fhorbair Cumann Forbartha Liónáin CTR in 2023 trí threalamh súgartha céadfach a shuiteáil arb eol go bhfeabhsaíonn sé cognaíocht, rialú mothúcháin agus scileanna sóisialta i bpáistí. Tá an-rath ar an bpáirc don cheantar, agus meallann sí cuairteoirí ar fud Chonamara chun siúl agus breathnaigh thart ar an gceantar agus sult a bhaint as radhairc iontacha ar Fhiord an Chaoláire. Beidh na feabhsuithe tarraingteach do pháistí agus déanfaidh siad an cosán siúil níos spreagúla don phobal áitiúil agus do chuairteoirí.	€45,000
Bailte Slachtmhara Dhún Mór & Comhairle Chontae na Gaillimhe	Cuirfidh an tionscadal seo, atá á sheachadadh ag Baile Slachtmhara Dhún Mór & Comhairle Chontae na Gaillimhe, feabhas ar ghnéithe sábháilteachta, inrochtaineachta agus bithéagsúlachta de Chosán Abhann Dhún Mór, Páirc Phobail a bhfuil an-tóir uirthi a nascann lár an bhaile le saoráidí pobail tábhachtacha agus a úsáidtear go laethúil. I measc na bhfeabhsuithe ar an mbonneagar tá athsholáthar fála atá easnamhach go contúirteach in áiteanna, leithead agus bail na gcosán a fheabhsú le haghaidh inrochtaineachta, boscaí bruscair a sholáthar, agus speicis dhúchasacha a phlandú chun cuma níos fearr a chur orthu.	€50,000

Grúpa Forbartha Pobail Chluain Tuaisceart	Déanfaidh an tionscadal seo atá á bhainistiú ag Grúpa Forbartha Pobail Chluain Tuaiscirt an mol pobail a tógadh sna 1980idí a uasghrádú tuilleadh chuig caighdeán a mheallfaidh níos mó imeachtaí pobail. Déanfar insliú, leictreachas, pluiméireacht, seomraí folctha, fuinneoga, geataí isteach a athsholáthar, agus suiteálfar áiseanna athraithe clúidíní sa seomra folctha do dhaoine faoi mhíchumas, geataí feithiclí níos mó, córas glasála slán agus téitheoirí stórála. Méadóidh sé sin úsáid ag grúpaí áitiúla: Oidhreacht, Cróiseáil, Cumann Sacair na hÉireann, Iománaíocht agus Camógaíocht.	€45,000
Ionad Pobail Chill Íomair Uí Dhálaigh CTR	Déanfaidh an tionscadal seo atá á bhainistiú ag Ionad Pobail Chill Íomair Uí Dhálaigh CTR díon an Ionaid Phobail a athsholáthar agus a insliú, díon atá ag sceitheadh agus ina bhfuil aispeist, ionas gur féidir leis an díon teas a choinneáil agus an spás pobail a dhéanamh níos tarraingtí. Éascóidh an infheistíocht seo méadú ar imeachtaí poiblí, imeachtaí atá dírithe ar ár seandaoine agus ar ár ndaoine óga, lena n-áirítear úsáid ag club Foróige agus ag an nGrúpa Foláirimh Pobail. Méadóidh an mol pobail uasghrádaithe seo rannpháirtíocht agus cuimsiú i gceantar mór.	€50,000
Comhairle Pobail Chill Fhir Iarainn	Déanfaidh an tionscadal seo deisiúcháin rithábhachtacha ar dhíon Ionad Pobail Bhearna Dhearg. Cinnteoidh na huasghráduithe ar shlinnte, soilsiú, gaothairí agus gáitéir go mbeidh spás sábháilte ann le haghaidh na n-imeachtaí a mbainfidh an pobal taitneamh astu, idir chruinnithe do sheanóirí, ranganna damhsa do pháistí 4/5 bliana d'aois, agus chlubanna óige Foróige. Nuair a bheidh sé oiriúnach don fheidhm arís, tá sé beartaithe ag Comhairle Pobail Chill Fhir Iarainn polathollán an ionaid a athchóiriú, bláthanna a phlandú, agus 'óstán beach' a dhéanamh, chun feachtas a mhéadú ar thábhacht na bithéagsúlachta.	€49,456
Forbairt Pharóiste na Gráige	Déanfaidh an tionscadal seo atá á bhainistiú ag Forbairt Pharóiste na Gráige uasghrádú ar chlós súgartha an phobail, rud atá bunaithe ar aiseolas ó úsáideoirí an chlóis súgartha, lena n-áirítear bunscoileanna agus meánscoileanna áitiúla. Déanfar snáithín adhmaid a uasghrádú go Tiger Mulch le haghaidh sábháilteachta, suiteálfar trealamh céadfach agus binsí picnice inrochtana agus ceannófar trealamh cothabhála lena n-áirítear séidirí duilleog agus gearrthóirí fáil d'oibrithe deonacha an chlóis súgartha. Mar thoradh air sin, uasmhéadófar úsáid an chlóis súgartha mar shócmhainn rithábhachtach phobail i lár an tsráidbhaile.	€50,000

Ionad Pobail na hEascrach	Sa tionscadal seo atá á bhainistiú ag Ionad Pobail na hEascrach, déanfar fuinneoga agus doirse a athsholáthar, leithris a uasghrádú agus soilse sa chistin chomh maith le soilsíú inmheánach/seachtrach ar fad a athsholáthar le soilse atá tíosach ar fhuinneamh. Tá Ionad Pobail na hEascrach, áit nach ndearnadh aon oibreacha ó 1990 i leith, rithábhachtach do gach gníomhaíocht phobail sa daonra tuaithe seo de thart ar 750 duine, áit a mbuaileann grúpaí áitiúla deonacha, spóirt, áineasa, feirmeoireachta agus cultúrtha le chéile go rialta.	€48,262
Grúpa Áineasa Pobail Chill Chonla	Sa tionscadal seo cuirfear Cúirteanna Leadóige agus Cispheile leis an tsaoráid áineasa ilúsáide lasmuigh atá aitheanta anois agus atá á bainistiú ag Grúpa Áineasa Pobail Chill Chonla, rud a éagsúlóidh saoráidí seachas dóibh siúd a bhaineann le Sacar, CLG agus siúlbealaí, agus a leathnóidh deiseanna do dhaoine de gach aois agus de gach cumas. Mar gheall ar na cúirteanna sin beifear in ann clubanna Leadóige agus Cispheile agus campaí bliantúla a bhunú, rud a spreagfaidh daoine nua sa phobal chomh maith le cuairteoirí ó áiteanna níos faide i gcéin páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht ag Páirc Fitz.	€44,730
Clós Súgartha Pobail an Ghoirt	Sa tionscadal seo atá faoi stiúir oibrithe deonacha, suiteálfar fráma dreapadóireachta líonta sa Chlós Súgartha os comhair Scoil Phobail an Ghoirt, fráma a bheidh oiriúnach do pháistí 5 bliana d'aois agus os a chionn agus a bheidh in ann freastal ar suas le 38 páiste, rud a líonfaidh bearna i dtrealamh atá oiriúnach don aois. Leis an tionscadal cuirfear roghanna nua inrochtana in ionad trealaimh nach bhfuil ag feidhmiú a thuilleadh, rud a fhágann go mbeidh saorshúgradh neamhspleách spreagúil do líon níos mó rannpháirtithe. Tabharfaidh infheistíocht rochtain ar shaoráidí níos taitneamhaí do na páistí sa Ghort.	€42,307

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- I Scéim Bonneagair Mionscála CLÁR um Shaoráidí Pobail tugtar suas le 18 mí do ghrúpaí chun obair a chríochnú. Maidir le 2025, tá 29 tionscadal beo ar fud an Chontae, ar fiú €1.4 milliún iad.
- Oibreoidh an fhoireann go dlúth le grúpaí pobail agus le ceannairí tionscadal chun seachadadh na dtionscadal ceadaithe faoi Chlár CLÁR le haghaidh 2023 agus 2024 a éascú, a bheidh ar siúl i gcomhthráth in 2025.
- Freagróidh an tAonad d'aon ghlaonna nua ar mhaoiniú le haghaidh Chlár CLÁR in 2025 agus leanfaidh sé de thionscadail fhéideartha a shainaitheint ar fud an Chontae trí rannpháirtíocht fheabhsaithe le coistí forbartha áitiúla agus le comhghleacaithe in oifigí agus i Ranna Ceantair Bhardasaigh eile.

SCÉIM UM BONNEAGAR ÁINEASA AMUIGH FAOIN AER (SBÁA)

Cuidíonn an Scéim um Bonneagar Áineasa Amuigh faoin aer (SBÁA) leis an gcuspóir straitéiseach maidir le geilleagar agus le pobail tuaithe a neartú mar atá leagtha amach i straitéis Tionscadal Éireann 2040. Is é cuspóir na Scéime ná maoiniú a chur ar fáil chun bonneagar nua áineasa amuigh faoin aer a fhorbairt agus chun an bonneagar áineasa amuigh faoin aer atá ann cheana i gceantair thuaithe a dheisiú, a fheabhsú nó a chur chun cinn.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- Leanadh leis an obair chun a chinntiú go gcuirfí roinnt tionscadal a ceadaíodh i mblianta roimhe sin i gcrích.

FUARTHAS MAOINIÚ BHEART 1 LE HAGHAIDH NA DTIONSCADAL SEO A LEANAS - 2024

Ainm an Tionscadail	Imlíne	Suim a Ceadaíodh
Uasghrádú rochtana ar Ghairdín Fiadhúlra na gCreag	Siúlhbhealaí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a fheabhsú laistigh de Pháirc Fiadhúlra na gCreag.	€20,339
Tairseach na Coiribe	Suiteáil comharthaíochta le haghaidh rotharbhealach nua i gceantar an Chloichreáin in Áth Cinn.	€18,000
Bealach Ó Maine a Uasghrádú	Conair Shiúil Shlí Bhéarra-Bréifne/Uí Mháine a Uasghrádú.	€29,710
Siúlhbhealach Leacaigh-Chnoc Tua Mór 2023 Feabhsuithe	Feabhsuithe ar shábháilteacht siúlhbhealaigh agus Cothabháil ar an siúlhbhealach idir Chnoc Tua Mór agus Leacach atá ann cheana féin.	€27,450
Uasghrádú Rochtana Thrácht	Uasghráduithe Rochtana Thrácht chun feabhsuithe a sholáthar do shiúlhbhealach, rampa rochtana agus suíochán.	€29,700

Uasghrádú Rochtana na Trá Móire, Indreabhán	Uasghráduithe Rochtana na Trá Móire chun rochtain agus ionchuimsitheacht a chumasú do dhaoine scothaosta, an t-aos óg agus daoine faoi mhíchumas.	€29,700
Uasghrádú Rochtana Thrá Chill Mhuirbhígh	Uasghráduithe Rochtana ar Thrá Chill Mhuirbhígh chun rochtain agus ionchuimsitheacht a chumasú do dhaoine scothaosta, an t-aos óg agus daoine faoi mhíchumas.	€29,700

MAOINIÚ FORBARTHA TIONSCADAIL M2, M3 FAIGHTE LE HAGHAIDH NA DTIONSCADAL SEO A LEANAS, 2024

Beart	Ainm an Tionscadail	Imlíne	Suim a Ceadaíodh
Forbairt Tionscadail	Máistirphlean Pháirc Foraoise Rinn Mhíl	Suíomh Mór Turasóireachta a Fhorbairt, Cur le hOidhreacht Uathúil na Páirce do Chontae na Gaillimhe agus do Réigiún an Iarthair.	€ 49,950
Forbairt Tionscadail	Páirc Áineasa Allamuigh Bhéal Átha na Sluaighe	Staidéar féidearthachta a dhéanamh ar na roghanna d'fhorbairt na páirce poiblí i mBéal Átha na Sluaighe a léiríonn dea-chleachtas i gcomhréir le Pleanáil Chuí agus forbairt Inbhuanaithe.	€49,950
Forbairt Tionscadail	Linn Taoide Árann	Staidéar Féidearthachta ar Sholáthar linne taoide ar Árann in aice leis an gcladach a chuirfidh deiseanna áineasa ar fáil do phobal an oileáin agus do chuiditheoirí ar an oileán agus a sholáthróidh gnáthóg don bheatha huirí.	€ 35,847
M2	Páirc Oidhreacht Glinsce	Deisiúcháin agus Uasghrádú a dhéanamh ar 2km de na Conairí atá ann	€200,000

		cheana féin chun inrochtaineacht a fheabhsú ag Páirc Oidhreachta Glinsce.	
M2	Scéalta & Slite Choillte Gharrán an Chaisleáin	Tá sé mar aidhm ag Grúpa Scéalta agus Slite Choillte Gharrán an Chaisleáin forbairt a dhéanamh ar Choillte agus ar Bheairicí Gharrán an Chaisleáin mar Chonairí Dúlra, Conairí Stairiúla agus mar Ionad Taispeántais Oidhreachta.	€47,821
M2	Ionad Pobail an Mháma - Carrchlós	Tógáil carrchlóis a éascóidh an bealach thiar agus a chuirfidh páirceáil cheart agus shábháilte ar fáil do raon imeachtaí áineasa pobail agus tráchtála.	€172,583

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint ar aghaidh ag tacú le seachadadh scéimeanna atá faofa cheana féin.
- Oibriú leis na páirtithe leasmhara éagsúla chun a chinntiú go nglacfar cur chuige straitéiseach maidir le SBÁA.
- Iarratais a chur isteach faoi SBÁA 2024/25.

FORBAIRT POBAIL AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL (CFPÁ)

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- Bhí 7 gcrúinniú ag an CFPÁ go dtí seo i mbliana chomh maith le cruinnithe na bhfochoistí ina bpléitear leis an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP), le Sláinte agus Folláine, agus le Meastóireachtaí Maoinithe, a bhfuil de chúram orthu measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar chlár agus moltaí a dhéanamh don CFPÁ. Tá dhá chruinniú eile den CFPÁ le reáchtáil i mí na Samhna agus i mí na Nollag chomh maith le cruinnithe breise de na fochoistí éagsúla.
- Bhí próiseas comhairliúcháin phoiblí fairsing ar siúl maidir le forbairt an dara Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) do Chontae na Gaillimhe agus mar thoradh air sin foilsíodh dréachtstraitéis atá á measúnú faoi láthair ag na Ceantair Bhardasacha agus ag an Tionól Réigiúnach chun a chinntiú go bhfuil sí ag teacht le beartas pleanála áitiúil agus réigiúnach.

Tá sé beartaithe an Plean Creata deiridh agus an Plean Cur Chun Feidhme deiridh a chur faoi bhráid na comhairle iomláine roimh dheireadh na bliana.

- Is é réimse Torthaí an tionscadail le haghaidh Bhabhta 4 de chuid Éire Shláintiúil ná méadú a dhéanamh ar an gcion daoine atá 50 bliain d'aois nó os a chionn a ghlacann páirt i ngníomhaíocht fóillíochta sóisialta amháin nó níos mó uair sa tseachtain ar a laghad. Dá bhrí sin, ceann de na haschuir a baineadh amach in 2024 ná seoladh imeachtaí sláinte agus folláine pobail i bpobail spriocdhírithe i gcomhréir le féilire faisnéise sláinte FSS chun ailíniú a dhéanamh le cur i bhfeidhm tionscadal gníomhaíochta coirp. Mar bhealach chun deiseanna ceangail shóisialta a fheabhsú do dhaoine scothaosta chun an t-uaigneas a laghdú agus dá bharr sin tacú le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus mhothúcháinach, díriodh scéim deontas beag ar ghairdíní pobail cuimsitheacha a chruthú. I bhfoilseachán de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), 'Connecting with Nature', leagtar béim ar fhianaise gur féidir le heispéiris dhíreacha ar an dúlra feabhas a chur ar ár bhfolláine agus dul chun sochair dár sláinte choirp agus dár meabhairshláinte, go háirithe chun imní a laghdú, rud a bhí mar chuspóir leis an tionscnamh seo. Seoladh an clár nua ceardlann ealaíon 'Mending Hearts' in 2024 le tacaíocht ó Éire Ildánach chun sraith ceardlann a chur ar fáil ar fud chathair agus chontae na Gaillimhe chun samhail inbhuanaithe a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht sna healaíona i suíomhanna cúraim sláinte.

Leanfaidh Tionscnamh na bPáirceanna Gníomhacha, i gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, ar aghaidh. Sainaithníodh trí cheantar agus ceadaíodh dearaí le haghaidh suiteáil Conairí 'FitStick' Gníomhachtóra i gContae na Gaillimhe. Ainmníodh na ceantair sin go sonrach mar gheall ar an nglacadh úsáide cuailí gníomhachtóra sa cheantar trí chlár thacaithe le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe agus Gaillimh Shláintiúil

- Fuair an CFPÁ leithdháileadh €154,480.86 tríd an gClár Feabhsúcháin Áitiúil. Leis an maoiniú sin cuirtear tacaíochtaí caipitil ar fáil atá bunriachtanach do na grúpaí agus na heagraíochtaí beaga pobail iomadúla, go háirithe iad siúd a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha. Bhí fócas ar leith ar oibreacha/feabhsuithe beaga caipitil, agus ar cheannach trealamh lena úsáid ag an bpobal. Is féidir an maoiniú a úsáid freisin chun rochtain fheabhsaithe a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas; rannpháirtíocht phobail a fheabhsú do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus do ghrúpaí imeallaithe agus éifeachtúlacht fuinnimh saoráidí pobail a fheabhsú chun costais leanúnacha a laghdú. Dála blianta roimhe seo, bhí ró-shuibscríobh i gceist leis an gCiste. D'éirigh le 99 iarratas san iomlán maoiniú a fháil faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil agus tarraingíodh anuas na deontais go léir in 2024.
- Cuireadh Ciste ar leith do Mhná ar fáil freisin le leithdháileadh €30,896. Bhí an maoiniú sin mar aitheantas ar an méadú atá ag teacht ar líon Bhotháin na mBan, grúpaí agus líonraí ar fud na tíre. D'éirigh le 21 iarratas san iomlán an maoiniú sin a fháil.
- D'fhreastail baill agus foireann tacaíochta an CFPÁ ar imeacht líonraithe CFPÁ a d'eagraigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) an 9 Deireadh Fómhair in Óstán Athlone Springs. Tugadh nuashonruithe ar athbhreithniú na dtreoirilínite maidir le hoibríú CFPÁanna, an Clár Náisiúnta agus Áitiúil um Fheachtas Feasachta de chuid an CFPÁ, Forbhreathnú ar bhunú na

gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail, Éire Shláintiúil, Éire Ildánach agus faireachán a dhéanamh ar PÁEP

- Cuireadh tús leis na conarthaí le haghaidh CCSGP 2024-2028 an 1 Meitheamh 2024 agus cuireadh tús leis an gclár nua ar fud 3 Lota – Gaillimh Thoir, Oileáin na Gaillimhe, Gaillimh Thiar. Tá Forbairt Tuaithe na Gaillimhe freagrach as Gaillimh Thoir agus as Oileáin na Gaillimhe agus tá Fóram Chonamara freagrach as Gaillimh Thiar. D'aontaigh an CFPÁ Plean Bliantúil chun CCSGP a sheachadadh in 2024 ar fud na 3 Lota. Áirítear sa Phlean Bliantúil raon tacaíochtaí agus tionscnamh chun cur le cumas grúpaí pobail agus fiontar sóisialta freastal ar spriocghrúpaí agus ar phobail, chomh maith le hoiliúint aonair agus le tacaíochtaí aonair chun cur ar chumas daoine aonair rochtain a fháil ar fhoghlaím ar feadh an tsaoil, ar oideachas agus oiliúint, agus ar dheiseanna fostaíochta nó féinfhostaíochta. Tá ábhar an Chás-Staidéir roghnaithe chun obair CCSGP in 2024 a thaispeáint, lena n-áirítear oiliúint sa mhargadh saothair agus imeascadh an phobail Úcránaigh sa Chlochán.
- Leanann an Clár um Chumhachtú Pobail (CCP) de bheith ag dul i ngleic le míbhuntáiste agus eisiamh sóisialta trí úsáid a bhaint as cur chuige forbartha pobail, trí chaidreamh a fhorbairt le páirtithe leasmhara / grúpaí pobail agus trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí reachtúla agus le struchtúir eile chun freagairtí saincheaptha ar dhúshláin shainaitheanta a chur chun feidhme. Is é an ceantar beag atá roghnaithe do Chontae na Gaillimhe ná Ceantair Beag Uirbeach Bhéal Átha na Sluaighe, CA 067017010 (áit a bhfuil Páirc Naomh Treasa, Páirc Naomh Áine agus Ardán Naomh Greallán) ag a bhfuil rátáil díothachta -30.93, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na ceantair is mó díothacht sa tír. Is í Forbairt Tuaithe na Gaillimhe CTR a chuireann an Clár chun feidhme agus forbraíonn sí Plean Oibre agus Buiséad gach bliain chun saincheistanna criticiúla agus réitigh sa sprioclimistéar a shainaitheant. Oibríonn an CCP go dlúth le tionscnaimh eile atá maoinithe ag an rialtas amhail Gardaí Pobail, Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla, Ceartas Óige, Éire Shláintiúil, etc.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Beidh forbairt Córais Faireacháin ina phríomhréimse oibre le haghaidh 2025 chun dul chun cinn ar an gcéad Phlean Cur Chun Feidhme PÁEP a rianú, lena n-áirítear tuairisciú rialta chuig an CFPÁ.
- Ní mór Pleananna Bliantúla CCSGP a fhorbairt freisin chun freagairt do riachtanais áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste agus ar eisiamh sóisialta ar fud na 3 Lota sa Chontae.
- Beidh sé mar aidhm ag tionscnaimh le haghaidh 2025 tacú le meabhairshláinte, lena n-áirítear ceardlanna, grúpaí tacaíochta agus feachtais feasachta ar fud Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear oileáin amach ón gcósta. Cláir chun gníomhaíocht choirp a spreagadh, amhail siúlóidí pobail, ranganna aclaíochta agus imeachtaí spóirt agus tionscadail spóirt chun nósanna itheacháin sláintiúla a chur chun cinn, lena n-áirítear ranganna cócaireachta agus ceardlanna cothúcháin i measc grúpaí scoir ghníomhaigh. Imeachtaí pobail a athsheoladh chun feasacht a mhúscailt ar shláinte agus folláine, laghdú ar dhíobháil alcóil, conas Gaillimh atá saor ó thobac a chruthú, cainteanna faisnéise ar shláinte na mban agus na bhfear agus soláthar oideachais spriocdhírithe agus acmhainní ábhartha.

AN CHOMHPHÁIRTÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA POBAIL ÁITIÚIL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- D'fhorbair an Roinn Dlí agus Cirt beartas nua um shábháilteacht pobail atá bunaithe ar an bpríomhphrionsabal nach ar na póilíní amháin atá an fhreagracht as póilíneacht agus go bhfuil baint ag gníomhaireachtaí eile Rialtais amhail seirbhísí sláinte agus sóisialta léi. Molann an Beartas um Shábháilteacht Pobail cur chuige uile-rialtais maidir le sábháilteacht phobail. Déanfar an cur chuige nua sin a sheachadadh le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla (CSPÁanna), arna thacú trí struchtúr rialachais náisiúnta. Cinnteoidh an struchtúr seo go mbeidh cumhacht ag pobail cead cainte láidir a bheith acu maidir leis na gníomhartha a dtugann na seirbhísí atá ag feidhmiú ina gceantar tosaíocht dóibh, agus go mbeidh príomhról maoirseachta acu freisin le cinntiú go leanfar leis na gníomhartha sin. Tabharfaidh Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla (CSPÁanna) na seirbhísí stáit ábhartha go léir agus an pobal le chéile ar leibhéal an údaráis áitiúil. Cuirfidh sé sin leis an obair a rinneadh trí Chomhchoistí Póilíneachta agus cuirfidh sé leis trína chinntiú go mbeidh na páirtithe leasmhara ábhartha eile go léir is gá chun fóram níos iomlánaíche a bhunú le haghaidh plé, cinntí agus gníomhaíochta maidir le tosaíochtaí pobail i láthair.
- Tacóidh Comhordaitheoir Sábháilteachta Pobail tiomnaithe, Grád VII – Oifigeach Riaracháin agus riarthóir, Oifigeach Foirne Cúnta, Grád IV, le gach Comhpháirtíocht. Maoineoidh an Roinn Dlí agus Cirt an dá phost bhuana, earcóidh gach údarás áitiúil iad agus beidh siad ina suí san údarás áitiúil. Cuirfidh an comhordaitheoir sábháilteachta pobail áitiúil an Rúnaíocht ar fáil do gach CSPÁ. Tá agallaimh déanta maidir leis na poist sin agus beidh painéal measúnaithe ag teacht le chéile go luath chun Cathaoirleach a cheapadh don chomhpháirtíocht.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Sonrófar 20 de na 30 ball i rialachán (lena n-áirítear 7 gcomhairleoir áitiúil). Ceapfaidh an Cathaoirleach na 10 bpost eile i gcomhairle leis an gcuid eile den chomhpháirtíocht, a chuirfidh déimeagrafaic áitiúil agus tosca eile san áireamh a chabhróidh le cinneadh a dhéanamh na daoine eile atá ag teastáil i ngach áit ar leith. Beidh cónaitheoirí, ionadaithe pobail, lena n-áirítear ionadaithe ó dhaoine óga, pobail nua agus an earnáil dheonach i measc bhaill de gach CSPÁ; ionadaithe gnó agus oideachais; seirbhísí poiblí ábhartha sa cheantar, lena n-áirítear FSS, Tusla, an Garda Síochána agus an t-údarás áitiúil; agus Comhairleoirí Áitiúla. Beidh uasmhéid 30 ball ag an CSPÁ.

IMEASCADH

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- Thosaigh an Fhoireann Imeasctha tiomnaithe ag obair in 2024 chun tacú le comhtháthú fadtéarmach Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, Dídeanaithe Cláir, Tairbhithe de Chosaint Shealadach agus Daoine a bhfuil Stádas acu i bpobail áitiúla. Faoi láthair, tacaíonn sí le 1,423 Úcránach i 38 ionad Cóiríochta agus sna 64 Teach Modúlach i mBéal Átha na Sluaighe, agus le 395 Iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta in 7 n-ionad cóiríochta ainmnithe.
- Tá an Scéim ‘Tabhair Dídean’ ag feidhmiú fós le 173 cónaitheoir de chuid na scéime in 51 réadmhaoine ar fud an Chontae. Cuireann an Fhoireann Imeasctha tacaíocht ar fáil do dhaoine ar mian leo réadmhaoine a chur i ngeall don scéim agus socraíonn sí cigireachtaí chun a dheimhniú go bhfuiltear ag comhlíonadh riachtanas na scéime.
- Athrinneadh Fóram Freagartha Pobail don Ghéarchéim san Úcráin mar an Fóram um Imeascadh Pobail in 2024. Tá ionadaithe ann ó phríomhghníomhaireachtaí atá freagrach as tacaíochtaí comhtháthaithe a sholáthar d’imircigh, amhail FSS, Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGRC), an Garda Síochána, Tusla, Coiste Cúraim Leanaí na Gaillimhe, Nasc Áitiúil, Cros Dhearg na hÉireann, Ionad na nOibrithe Deonacha agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla. Bíonn cumarsáid rialta leis an bhFóram chun faisnéis a roinnt ar ionaid chóiríochta nua agus na cinn atá ann cheana féin, agus nuashonruithe eile ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), chomh maith le bearnaí i soláthar seirbhísí a shainaithint agus réitigh a mholadh.
- Cuireadh in iúl do Chomhairle Chontae na Gaillimhe gur tugadh €1.3m dóibh faoin gCiste Aitheantais Pobail do phobail a raibh líon ard teifeach as an Úcráin i measc an phobail ag an am. Scaipeadh Foirm Léirithe Spéise ar gach ceantar ábhartha den Chontae, agus d’oibrigh baill foirne ón rannóg Forbartha Pobail agus Tuaithe leis na pobail chun tionscadail chaipitil a fhorbairt a thabharfadh aghaidh ar easnaimh bhonneagair agus a rachadh chun tairbhe an phobail i gcoitinne amach anseo. Cuireadh 33 thionscadal san iomlán ar 19 láthair faoi bhráid na Roinne agus ceadaíodh iad le haghaidh maoinithe, faoi réir a seachadta le linn 2023 agus 2024.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Seolfar Straitéis Náisiúnta nua Imeascadh Imirceach in 2025. Tosóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an bpróiseas chun Straitéis um Imeascadh Imirceach a ullmhú do Chontae na Gaillimhe in 2025.
- Tá an Scéim Tabhair Dídean ar siúl faoi láthair go dtí mí an Mhárta 2025. Ós rud é gur síneadh an Treoir um Chosaint Shealadach go dtí mí an Mhárta 2026, táthar ag súil go leanfaidh an Scéim Tabhair Dídean ar aghaidh go dtí an dáta sin freisin.

- Tá tograí maoinithe curtha isteach chuig an RLCMLÓ le haghaidh ateangaire na hÚcráinise chun cabhrú leis an bhFoireann Imeachtha lena cuid oibre.

FÓRAM AGUS TIONSCNAIMH UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- Tháinig an Comhaontas Aoisbhá le chéile 3 huaire go dtí seo i mbliana chun Plean Oibre a aontú don Chomhchlár Aoisbhá i gCathair agus i gContae na Gaillimhe agus chun tionscnaimh a bhaineann le Daoine Scothaosta a phlé, mar shampla, an Tionscadal Píolótach um Thithe Sláintiúla, imeachtaí agus gníomhaíochtaí le haghaidh Féile na Bealtaine, an tSeachtain um Aosú Dearfach, etc. agus chun nuashonrú a dhéanamh ar fhorbairtí ón gClár Náisiúnta a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Gearrliostaíodh Scáthlár Bhus i gCasla agus in Indreabhán le haghaidh Ghradam Aitheantais Aoisbháil Náisiúnta faoin nGradam Iompair. Tháinig Comhairlí na nDaoine Scothaosta le chéile go rialta i rith na bliana agus rinne siad athbhreithniú freisin ar an Eolaire Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta d'fhonn leagan nuashonraithe den Eolaire a eisiúint faoi dheireadh na bliana. I measc tionscnaimh bhreise le haghaidh an Chláir Aoisbháil bhí freastal comhpháirtithe gníomhaireachta agus foireann na Comhairle ar Thuras Taistil Fíorúil um Néaltrú agus eagrú “Do Theach a Chur in Ord” i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Ospíse na hÉireann.
- Tháinig Coiste Stiúrtha Chomhairle na nÓg le chéile go ráithiúil i rith na bliana chun plé a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le rannpháirtíocht Chomhairle na nÓg a leathnú ar an leibhéal áitiúil agus ar chur chun cinn ábhair 2024, Meabhairshláinte na nÓg agus Iompar. Bhí an CGB ar siúl an 30 Deireadh Fómhair i Halla an Chontae agus bhí slua maith ann ó roinnt scoileanna ar fud an chontae.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh an Rannóg Pobail ar aghaidh ag tacú le gach fóram idirghníomhaireachta chun tacú le cuimsiú sóisialta, le himeascadh agus le héagsúlacht le cláir agus le tionscnaimh mhaoinithe.

LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ (LRP)

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- Leanann LRP Chontae na Gaillimhe de bheith ag tacú le hionadaithe pobail chun a bheith ar choistí cinnteoireachta éagsúla agus i rith na bliana líonadh róil ionadaíochta ar Rúnaíocht LRP, ar Choistí um Beartas Straitéiseach agus ar Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe. Tá ionadaí ó Chontae na Gaillimhe ag an LRP ar an nGrúpa Oibre Náisiúnta freisin a d'fhoilsigh Treochlár Cur Chun Feidhme LRP do LRPanna le déanaí.
- Le linn 2024, chuir LRP Chontae na Gaillimhe le roinnt próiseas comhairliúcháin, lena n-áirítear suirbhéanna a scaipeadh thar ceann an údaráis áitiúil agus fóram náisiúnta agus rinne

sé aighneacht chuig Scéim CBS na Comhairle. Bhí baint mhór ag an LRP freisin le seisiúin comhairliúcháin phoiblí a eagrú ar fud an Chontae don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.

- Reáchtáladh sraith cúrsaí oiliúna i rith na bliana a raibh sé mar aidhm leo acmhainn Ballghrúpaí a fhorbairt, lena n-áirítear oiliúint ar rialachas, dualgais dhlíthiúla grúpaí, úsáid na meán sóisialta, etc.
- Mar chuid de ról an LRP feidhmiú mar Mhol Faisnéise idir pobail agus an t-údarás áitiúil agus gníomhaireachtaí eile, leanann an LRP ar aghaidh ag eisiúint a Achoimre Sheachtainiúil, a Nuachtlitir Mhíosúil agus tá tuilleadh forbartha déanta aige ar a shuíomh gréasáin lena n-áirítear a Fhéilire Imeachtaí a bhfuil móréilimh air chun cabhrú le húsáideoirí fanacht ar an eolas faoi imeachtaí agus gníomhaíochtaí áitiúla. Gné thábhachtach den ról sin is ea cabhrú le Ranna éagsúla na Comhairle agus le Gníomhaireachtaí eile faisnéis a sholáthar ar scéimeanna maoinithe trí Sheimineáir Ghréasáin nó trí Chruinnithe Iomlánacha an LRP.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh an LRP de bheith ag feidhmiú mar mhol faisnéise dá Bhallghrúpaí agus don údarás áitiúil, agus é ag éascú seisiúin faisnéise ar scéimeanna maoinithe agus ag feidhmiú mar fhóram comhairliúcháin le haghaidh forbairt beartais nua. Sainithneoidh an LRP riachtanais oiliúna do Bhallghrúpaí agus d'ionadaithe LRP freisin chun a gcumas a fhorbairt chun ionadaíocht a dhéanamh dá bpobail áitiúla agus iad a fheabhsú. Déanfar pleanáil comharbais le haghaidh Rúnaíocht an LRP freisin chun a chinntiú go n-éireoidh na baill is faide i seirbhís as an ról agus go lorgófar ionadaithe nua chun ionadaíocht a dhéanamh don bhallraíocht iomlán ar bhonn leanúnach.

SCÉIMEANNA TACAÍOCHTA POBAIL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- Comhordaíonn an Rannóg Pobail an fhógraíocht agus an phróiseáil a dhéantar i ndáil leis na Scéimeanna Tacaíochta Pobail do ranna ábhartha na Comhairle. In 2024, b'ionann €276,830 agus an leithdháileadh foriomlán faoi na Scéimeanna, a leithdháileadh mar seo a leanas (tá €18,000 breise le haghaidh Féilte Réigiúnacha ó Fáilte Ireland san áireamh thíos):

	Eacnamaíoch	Pobal	Cultúrtha	Iomlán
Líon na n-larratas a fuarthas	85	85	141	311
Líon na n-larratas a fuair maoiniú	73	61	133	267

Leithdháileadh Iomlán	€87,250	€104,250	€103,330	€294,830
-----------------------	---------	----------	----------	----------

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfar ar aghaidh ag díriú ar na Scéimeanna Tacaíochta Pobail chun tacú le gníomhaíochtaí deonacha ar fud an Chontae agus chun forbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta a chur chun cinn.

GRADAIM POBAIL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

- Tionscnamh bliantúil is ea Gradaim an Chathaoirligh chun aitheantas a thabhairt do thiomantas daoine aonair agus grúpaí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí pobail agus deonacha gan phá, agus don tionchar suntasach a bhíonn aige sin ar chaighdeán na beatha sa phobal. Bhí Gradaim an Chathaoirligh le haghaidh 2024, a reáchtáladh i gcomhar le Bál an Chathaoirligh, ar siúl in Óstán Clayton, Gaillimh Déardaoin an 16 Bealtaine, agus d'éirigh thar barr leis. Ba iad buaiteoirí na gCatagóirí Gradaim, atá comhurráithe ag an LRP agus ag an gComhairle Contae, ná:
 - Gradam Ealaíon agus Cultúir - Interface
 - Gradam um Obair is Fearr ar an Oidhreacht – Cumann Oidhreacht Bhéal Átha na Sluaighe & an Cheantair
 - Gradam Comhshaoil & Gníomhaithe ar son na hAeráide –Connemara Green
 - Gradam um Chuimsiú Sóisialta – Vision Arch Club
 - Gradam Spóirt – Club Haca Chinn Mhara
 - Gradam Foilseacháin Oidhreacht – *Anglicizing Tudor Connacht: The Expansion of English Rule in the Lordships of Clanrickard and Hy-Many* leis an Dr Joseph Mannion
 - Gradam na Gaeilge - Pleanáil Teanga Chonamara Láir
 - Gradaim Mórtais Ceantair – Bailte Slachtmhara Chinn Mhara & Forbairt Pobail Bhaile Liam (chun aitheantas a thabhairt do na grúpaí a roghnaíodh chun ionadaíocht a dhéanamh do Chontae na Gaillimhe mar iontrálaithe na bliana reatha ar Ghradaim Mórtais Ceantair IPB)
 - Gradam Aitheantais na mBailte Slachtmhara – Bailte Slachtmhara Chinn Mhara (chun aitheantas a thabhairt do ghaisce speisialta Grúpa de chuid na mBailte Slachtmhara)
 - Gradaim Aitheantais Speisialta Iarbháis – Saoirse Ruane, Cill Tulach, agus Martin Ruane, Órán Mór
- Roghnaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Bailte Slachtmhara Bhaile Liam agus Bailte Slachtmhara Chinn Mhara chun ionadaíocht a dhéanamh do Chontae na Gaillimhe ag Gradaim Mórtais Ceantair Uile-Oileáin 2024. Thacaigh baill foirne ó Ranna éagsúla, Comhaltaí Tofa, ionadaithe polaitiúla agus gairmithe eile leis na grúpaí ar Lá na Moltóireachta. Bhí Searmanas Bronnta na nGradam Mórtais Ceantair Uile-Oileáin ar siúl Dé

hAoine an 2 Samhain i Muineachán. Tugadh aitheantas d'obair iontach an dá phobal ar leibhéal Uile-Oileáin agus ainmníodh iad araon sa dara háit ina gcatagóirí faoi seach.

- Tháinig feabhas leanúnach ar na marcanna a bronnadh ar Ghrúpaí Bailte Slachtmhara ar fud Chontae na Gaillimhe i dtorthaí Chomórtas Náisiúnta Bhailte Slachtmhara Supervalu bliain i ndiaidh bliana, agus na grúpaí i mbun obair fhíorluachmhar ina bpobail féin. Choinnigh Baile an Mhuilinn an Chéad Áit i gContae na Gaillimhe agus a stádas Boinn Óir agus ba í Mainistir an dara ceantar i gContae na Gaillimhe a bhain stádas Boinn Óir amach sa chomórtas. Ba é Coiste na mBailte Slachtmhara i dTuaim an chéad bhaile i gContae na Gaillimhe ar ar bronnadh stádas Boinn Cré-umha sa Chomórtas Náisiúnta as a gcuid iarrachtaí leanúnacha. Choinnigh an Spidéal a dhul chun cinn den scoth le roinnt blianta anuas agus choinnigh sé an Tríú háit sa Chontae agus bronnadh Gradam Dianiarrachta, a bhronntar ar an nGrúpa a bhaineann an méadú is airde amach ar mharcanna ó chomórtas na bliana roimhe sin, ar Shráidbhaile Chrois na Tulaí don dara bliain as a chéile, agus a gcuid marcanna ag méadú faoi 69 marc iontach sa phróiseas! Tá roinnt catagóirí Gradam Speisialta sa Chomórtas Náisiúnta a thugann aitheantas do shármhaitheas i réimsí ar leith, agus tá grúpaí Chontae na Gaillimhe tar éis leanúint lena dtorthaí den scoth sna réimsí sin agus bronnadh gradaim orthu in 2024 mar seo a leanas:

- Bhí *Grúpa Comhshaoil Chuan Beo Chinn Mhara* ar cheann amháin de 4 Bhuaiteoir Náisiúnta Ghradam na nUiscí agus na bPobal
- Ba é *Bailte Slachtmhara Órán Mór* Buaiteoir Réigiúnach Ghradam na bPailneoirí do Bhailte Móra.
- Bhí *Bailte Slachtmhara Chinn Mhara* ar cheann de dhá cheantar sa tír a fuair Ardmholadh faoi Ghradam Geilleagair Chiorclaigh an GCC.
- Ba é *Bailte Slachtmhara na Mainistreach* buaiteoir náisiúnta Ghradam an Gheilleagair Chiorclaigh.
- Ba é *Cumann Paróiste Mhainistir Chnoc Muaidhe* buaiteoir náisiúnta Ghradam an Tascfhórsa um Bruscar Guma Coganta i gCatagóir Shráidbhaile/Baile Bhig agus bhuaigh sé an mórghradam sa chatagóir sin.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Mar aitheantas ar an tionchar thar a bheith tairbheach ar fholláine an phobail, leanfaidh an Roinn Pobail de thacaíochtaí spriocdhírthe, oiliúint agus maoiniú a thairiscint do Ghrúpaí Bailte Slachtmhara chun go mbeidh siad in ann leanúint orthu ag feabhsú a marcanna sa Chomórtas Náisiúnta, agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna ina mbailte agus ina sráidbhailte faoi seach i gcomhpháirtíocht le réimsí eile den Chomhairle. Ina theannta sin, leanfaidh an Roinn Pobail de bheith i gcomhpháirtíocht leis an LRP chun dea-chleachtas a chur chun cinn trí Chomórtais Ghradaim áitiúla agus náisiúnta.

GNÍOMHAÍOCHT AGUS CULTÚR NA NEALAÍON A CHUR CHUN CINN AGUS A FHORBAIRT

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA DON BHLIAIN 2024:

- Deontais Ealaíon 2024: Rinne an Oifig Ealaíon deontais ealaíon do ghrúpaí deonacha agus d’eagraíochtaí a riar agus a bhreithniú agus thacaigh sí leo le go mbeidís in ann tabhairt faoi fhorbairt na nEalaíon sa Chontae. Ba í an bhliain seo an chéad bhliain a cuireadh an próiseas deontais ar líne trí Submit.com. Bronnadh buiséad €60,000 ar 69 faighteoir deontas. (€163,000 iarrtha).
- Comhairle Ealaíon agus Abhcóideacht: Seirbhís leanúnach faisnéise agus comhairle ealaíon ghairmiúil a sholáthar do ghrúpaí pobail, ealaíontóirí, eagraíochtaí gairmiúla ealaíon agus féilte sa chontae.
- Leanúint ar aghaidh ag Forbairt clár Saothair Ealaíne Poiblí agus coimisiún in 2024 tríd an ngrúpa Bainistíochta Ealaíne Poiblí mar fhreagairt ar an líon suntasach tionscadal. Cuireadh tionscadal Ealaíne Poiblí amháin ar mhórsála i gcrích i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) i gCreachmhaoil (mí na Nollag 2024).
- Scéim Tacaíochta d’Ealaíontóirí, 2024: Tairgeann sí tacaíocht d’ealaíontóirí chun saothar nua a fhorbairt. Bronnadh tacaíocht airgeadais ríthábhachtach €29,750 ar 12 ealaíontóir.
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach – leanamar ar aghaidh ag dearadh agus ag seachadadh sraith deiseanna FGL a bhí bunaithe ar an anailís ar riachtanais ealaíontóirí a rinneamar in 2023.
- Thacaíomar le Cathair Scannán EOCNA/Ardán chun tacaíocht meantóireachta agus sparánachta a fhorbairt d’ealaíontóirí Chontae na Gaillimhe chun cláir faisnéise ghearra a fhorbairt.
- I measc na gCónaitheachtaí Ealaíontóirí a fuair tacaíocht in 2024 tá: Áras Éanna, Centre Culturel Irlandais i bPáras, Tionscadal Damhsa na Gaillimhe, agus Interface i nGleann Eidhneach.
- Tacaíodh go rathúil le Cónaitheacht Damhsa na Gaillimhe don Damhsóir atá bunaithe sa Chontae Linda Shermer agus bronnadh sparánacht ar an Amharclannóir Mairéad Folan.
- Socraíodh taispeántas Iarbháis “Painting by Light” leis an ealaíontóir Laura Buckley, a rugadh i dTuaim.
- Clár Meitheal, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le clár Branar tar éis na céime pólótaí rathúla chun tacú le healaíontóirí atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe saothar a chruthú do lucht féachana óg ar fud na dtaibhealaíon.
- Féile Book It 2024; tacú leis na scoileanna agus na leabharlanna chun scríbhneoirí agus imeachtaí léitheoireachta a thabhairt chuig scoileanna agus chuig leabharlanna ar fud an chontae i mí Dheireadh Fómhair.
- Ealaíontóirí i Scoileanna - Tacaíodh le 6 ealaíontóir i gcónaitheachtaí scoile in 2024, agus oibríodh le hEalaín na Gaeltachta chun snáithe a chruthú sa scéim d’ealaíontóirí Gaeilge agus do scoileanna Gaeilge sa Ghaeltacht chun aghaidh a thabhairt ar bhearna atá sainaitheanta againn sa chontae.

- Tacaíodh le camchuart áitiúil Branar de ‘Ballad of a Bandit’, scríofa agus léirithe ag Miquel Barceló, i scoileanna i gContae na Gaillimhe.
- Cruthaíodh an coimisiún Taibhealaíon ‘Tiny Mutiny’, d’ealaíontóirí óga idir 13-19 mbliana d’aois sa chontae a mbeidh tacaíocht ó ealaíontóirí gairmiúla agus ó léiritheoir mar chuid de. Tá an Glao Oscailte sin forbartha agus léirithe ag Sparkcatchers atá lonnaithe i dTuaim.
- Tionól Óige Sheachtain na Mara – d’oibríomar i gcomhpháirtíocht le Seachtain na Mara arís chun clár ealaíon faoi stiúir an aosa óig a fhorbairt ag a bhfuil an téama maidir le gníomhú ar son na haeráide.
- Tacaíodh le Sorcas Pobail na Gaillimhe i dTuaim in 2024 agus iad ag forbairt clár níos fadtéarmaí amach anseo. 20% de na rannpháirtithe ar fad ar sparánacht lánaimseartha nó páirtaimseartha chun rochtain/Cuimsitheacht agus Éagsúlacht a chur chun cinn.
- In 2024, d’oibríomar le Limelight Studio in Órán Mór chun cónaitheacht ealaíontóra a chur ar fáil d’ealaíontóir faoi mhíchumas.
- Na hEalaíona sna Blianta Scothaosta: Tacaíodh le trí thionscadal ealaíon saor in aisce do dhaoine scothaosta. Ceardlanna Scríbhneoireachta Cruthaithí Ar Líne leis an scríbhneoir Ken Harmon a threoraigh 8 gceardlann i mBaile Átha an Rí, i mBothán na bhFear i mBaile Locha Riach agus i nGrúpa Ceardaíochta Bhaile Locha Riach chun taispeántas ceardaíochta nua a chruthú i Leabharlann Bhaile Locha Riach. Grúpa Scríbhneoirí Ionad Cúraim Lae Phort Omna leis an scríbhneoir Gerry Hanberry.
- Reachtáladh Tionscadal Sóisialta Canta le Céile le trí shuíomh cúraim do dhaoine scothaosta agus cúraim lae chun cónaitheoirí scothaosta agus baill foirne a mhealladh chun timpeallachtaí spráíúla ceolmhara a chruthú.
- Féilte: Téimid chun tosaigh maidir le tacaíocht dhíreach a thabhairt do na Féilte Ealaíon atá bunaithe i gContae na Gaillimhe chun eispéiris ealaíon ardchaighdeán a eagrú agus a choimisiúnú chun a bpobal agus a bhféilte a fheabhsú agus a bheochan. Áirítear leis sin Féile Fit up in Oirthuaisceart na Gaillimhe agus Féile ‘Something in the Water’ 2024.
- Oibríodh go díreach le Coiste Stiúrtha Áiteanna Cruthaitheacha Thuama chun tionscadail ealaíon faoi stiúir an phobail i dTuaim a mhaoiniú agus tacú leo in 2024. Tacaíodh le hiarratas rathúil chuig an gComhairle Ealaíon faoi Shraith 2 de Scéim na nÁiteanna Cruthaitheacha in 2024.
- Tacaíocht d’Ionad Ealaíne: Leanfar ar aghaidh ag tacú le hÁras Éanna agus lena chlár leathnaithe gairmiúil ar Inis Oírr.
- Music Generation: Tacú le Music Generation i gContae na Gaillimhe chun tacú leis an gClár Oideachais Ceoil i gcomhar le BOOGRC in 2024.
- Oíche Chultúir 2024 - Dé hAoine an 20 Meán Fómhair, bhí Contae na Gaillimhe bríomhar le cruthaitheacht agus cultúr, agus bhí fáilte roimh chách taitneamh a bhaint as imeachtaí éagsúla cultúrtha saor in aisce a bhí ar siúl ar fud an chontae mar chuid d’Oíche Chultúir. Beidh níos mó ná 40 imeacht ar ár gclár, lena n-áirítear ceol, damhsa, amharclannaíocht, ealaín, filíocht, puipéadóireacht, scéalaíocht, taispeántí scannán, ceardaíocht agus go leor eile.

- Oíche Chultúir Dhéanach: Mar chuid d'Oíche Chultúir Dhéanach na bliana seo, chuireamar Lumina i láthair, sraith teilgean ealaíonta lasmuigh ar Eaglais Chaiteadrálta Dheastógáil na Maighdine Beannaithe Muire, ar a dtugtar Ardeaglais Thuama. Tá saothar ón ealaíontóir Jennifer Cunningham, Scott Robinson agus ENTER le feiceáil. Bhí guthanna draíochtúla chóir Thuama ag gabháil leis an saothar. B'eispéireas uathúil a bhí ann inar ceiliúradh cruthaitheacht agus nuálaíocht i dTuaim agus i gContae na Gaillimhe os comhair lucht féachana mór.
- Éire Ildánach, 2024 de chuid na Comhairle: Stiúramar, bhainistíomar agus riaramar Éire Ildánach, Sparánachtaí Éire Ildánach 2024 agus bhíomar i mbun coimeádaíochta agus pleanáil dhíreach maidir le Cruinniú na nÓg, 2024 i gContae na Gaillimhe.

GNÍOMHARTHA BEARTAITHE DON BHLIAIN 2025:

- Forbairt Chultúrtha STP (Deontais Ealaíon), 2025: Rinne an Oifig Ealaíon Deontais Ealaíon do ghrúpaí deonacha agus d'eagraíochtaí a riar agus a bhreithniú agus thacaigh sí leo le go mbeidís in ann tabhairt faoi fhorbairt na nEalaíon sa Chontae. Buiséad Beartaithe €60,000.
- Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí, 2025: Trí infheistíocht a dhéanamh in ealaíontóirí, leanfaimid orainn ag cothú a gcruthaitheachta agus cuirimid ar a gcumas díriú ar a gcuid oibre agus tacaímid lena gcleachtas. Tá an ciste seo rithabhachtach chun brúnna airgeadais a mhaolú, rud a ligeann d'ealaíontóirí díriú ar a gcuid oibre. Tugann sé piaraitheantas agus aitheantas poiblí dá gcuid oibre agus deiseanna fáis dóibh freisin.
- Tacaíochtaí Sparánachta Scannán 2025: Trí obair le hArdán leanfaimid orainn ag tacú leis an Sparánacht Gearrscannán Faisnéise agus leis an gClár Faisnéise Misleór. Ní féidir na cláir sin a fháil ach i nGaillimh agus tacaíonn siad le héiceachóras scannán nach bhfuil oiriúnach d'aon chiste tráchtála.
- Branar Meitheal: Tacú le hiarratas foirmiúil Branar agus seachadadh Seirbhísí Léiriúcháin Chruthaitheacha d'Ealaíontóirí Gairmiúla a chruthaíonn saothar do Leanaí i nGaillimh 2025.
- Taibheoir Damhsa Cónaithe: Tacú le beirt Taibheoirí Damhsa Cónaithe i gContae na Gaillimhe a bhfuil rath orthu. Linda Schirmer (Féile Ealaíon an Chlocháin, Interface i nGleann Eidhneach, Naíonraí an Chlocháin) agus Magdalena Hylak (Contae agus Cathair na Gaillimhe)
- Tacú le Gradaim Tionscadail d'Ealaíontóirí: Ealaíontóirí de chuid Chontae na Gaillimhe Joanne Webb (Amharclannaíocht), Jenni Nikinmaa (Amharclannaíocht) agus Twisted Lane (Taispeántas) chun a dtionscadail a chur i gcrích in 2025.
- Scéimeanna Cónaitheachta Ealaíontóra 2025: Tacóimid le hEalaíontóirí amháin de chuid Chontae na Gaillimhe chun rochtain a fháil ar chónaitheachtaí sna háiteanna seo a leanas: Áras Éanna agus Interface i nGleann Eidhneach.
- Clár um Shorcas Pobail na Gaillimhe i dTuaim: Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an aistriú rathúil go Tuaim, rud a chinnteoidh inbhuanaitheacht agus fás amach anseo le haghaidh an tSorcais do Leanaí.
- Deiseanna comhoibrithe nua a chruthú le Gaillimh agus le heagraíochtaí náisiúnta chun obair a chur i láthair agus cláir uaillmhianacha óige a sheachadadh sa chontae.

- Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna: Agus muid ag cur lenár rath, leathnóimid an scéim chun níos mó ealaíontóirí agus scoileanna (7 scoil) a áireamh. Áireofar leis sin scoileanna riachtanas speisialta agus scoileanna DEIS. Leanúint lenár gcomhoibriú le hEalaín na Gaeltachta chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shnáithe tiomnaithe d’ealaíontóirí Gaeilge agus do scoileanna Gaeltachta.
- Seó Drámaíochta Ballad of a Bandit: Turas 4 seachtaine ar Scoileanna Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn agus tacú leis in 2025. (Branar agus Miquel Barcelo)
- Féile Book It, 2025; leanúint ar aghaidh leis an gclár i rith mhí Dheireadh Fómhair 2025 agus scríbhneoirí agus imeachtaí léitheoireachta a thabhairt chuig scoileanna agus leabharlanna ar fud an Chontae.
- Tiny Mutiny 2025: Agus muid ag cur lenár meastóireacht, comhoibreoimid le Sparkcatchers le haghaidh an dara glao oscailte, rud a chuirfidh ar chumas daoine óga saothar nua a chruthú. Le tacaíocht ó na Léiritheoirí Cruthaitheacha JoJo Hynes agus Midie Corcoran, cuireann an tionscnamh seo ardán agus deis léirithe ar fáil do shaothar cruthaithe ag daoine óga.
- Oíche Chultúir 2025: Leanfaimid ar aghaidh ag léiriú agus ag soláthar imeachtaí iomadúla le haghaidh Oíche Chultúir Dhéanach 2025 agus leanfaimid de bheith ag tacú leo, agus má fhanann an deis mhaoinithe i bhfeidhm le haghaidh 2025, cuirfimid imeacht Oíche Chultúir Déanaí ar siúl i mbaile nua sa Chontae. Geallaimid go gcuirfear na tacaíochtaí airgeadais breise ar fáil a bheidh riachtanach chun an t-imeacht éagsúil agus fairsing sin ar fud an chontae a chur i gcrích i gcomhpháirtíocht lenár bpobail áitiúla.
- Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe, 2025: Tacú le Glao Oscailte i gContae na Gaillimhe agus le taibhiú sa Chontae d’amharclannóirí áitiúla.
- Áiteanna Cruthaitheacha Thuama: Leanfaidh ár dtiomantas do mhaoiniú Shnáithe 2 ar aghaidh go dtí 2025, rud a léiríonn ár ndúthracht chun fás inbhuanaithe a chothú sa réigiún. Tuigimid an tábhacht a bhaineann le leanúnachas agus cobhsaíocht, agus is é sin an fáth nach bhfuilimid ag coinneáil ár dtacaíochta airgeadais amháin ach go bhfuilimid ag comhoibriú go gníomhach leis an ngrúpa stiúrtha áitiúil i dTuaim freisin.
- Tacaíocht a thabhairt d’Fhéilte Ealaíon Luathchéime: Trí thacaíocht a thabhairt do na féilte seo, tá sé mar aidhm againn ár gcuidrimh le pobail áitiúla a neartú, agus a chinntiú go leanfaidh na himeachtaí cultúrtha sin a bheith faoi bhláth agus ag tabhairt áthais agus inspioráide do gach duine a ghlacann páirt. E.g. Féile Amharclannaíochta Thuaisceart na Gaillimhe, Féile ‘Something in the Water’, Áth Cinn. San fhéile ealaíon pobail seo leagtar béim ar thábhacht na n-ealaíon chun ómós áite agus muintearas a chothú. Meallann sí ealaíontóirí áitiúla agus tallann chruthaitheach, agus tairgtear ceardlanna agus léirithe a spreagann rannpháirtíocht agus cruthaitheacht an phobail.
- Tacú lenár nEalaíontóir um Malartú Cúraim Ealaíontóra chun smaoineamh tionscadail a fhorbairt chun oibriú le daoine scothaosta i suíomh cúraim. Is é an aidhm atá againn comhairliúchán agus tionscadail ealaíon a chur ar fáil do dhaoine scothaosta a bhaineann an oiread bacainní cruthaitheachta agus is féidir.

- Tacaíocht d'Ionaid Ealaíon 2025: Leanfar ar aghaidh ag tacú le hÁras Éanna agus lena chlár leathnaithe gairmiúil ar Inis Oírr.
- Tacú leis an Stiúideo Ealaíontóra Interface, 2025: Tacaíocht dhíreach dár Stiúideo Ealaíontóra amháin i gContae na Gaillimhe a sholáthraíonn deiseanna gairmiúla d'ealaíontóirí ó Chontae na Gaillimhe agus a mheallann ealaíontóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta go Contae na Gaillimhe.
- Leanfaimid ar aghaidh ag léiriú agus ag soláthar imeachtaí iomadúla le haghaidh Oíche Chultúir Dhéanach 2025 agus leanfaimid de bheith ag tacú leo, agus má fhanann an deis mhaoinithe i bhfeidhm le haghaidh 2025, cuirfimid imeacht Oíche Chultúir Déanaí ar siúl i mbaile nua sa Chontae. Geallaimid go gcuirfear na tacaíochtaí airgeadais breise ar fáil a bheidh riachtanach chun an t-imeacht éagsúil agus fairsing sin ar fud an chontae a chur i gcrích i gcomhpháirtíocht lenár bpobail áitiúla.
- Oibreoidimid i gcomhpháirtíocht le Music Generation i gContae na Gaillimhe chun tacú le Clár Oideachais Ceoil i gcomhar le BOOGRC in 2025.
- Éire Ildánach, 2025 de chuid na Comhairle: Déanfaimid Clár Éire Ildánach, 2025, Sparánachtaí Éire Ildánach, 2025 a stiúradh, a bhainistiú agus a riar agus beimid i mbun coimeádaíochta agus pleanáil dhíreach maidir le Cruinniú na nÓg 2025 i gContae na Gaillimhe.
- Plean na nEalaíon, 2025-2030: Beimid i gceannas ar fhorbairt plean nua ealaíon don tréimhse 2025-2030 a chuirfidh lenár rath agus a thabharfaidh aghaidh ar dhúshlán amach anseo. Beimid ag plé lenár bpobal agus lenár bpáirtithe leasmhara lena chinntiú go léireoidh an plean nua seo ár n-uaimhianta comhchoiteanna agus go leanfaidh sé de thimpeallacht ealaíon bhríomhar a chothú ina mbeidh ár n-ealaíontóirí faoi bhláth.
- Clár Ealaíne Poiblí 2025. Leanúint ar aghaidh ag Forbairt clár Saothar Ealaíne Poiblí agus coimisiún in 2025 tríd an ngrúpa Bainistíochta Ealaíne Poiblí mar fhreagairt ar an líon suntasach tionscadal.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Ealaíne Poiblí, 2020-2024 i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta Ealaíon Poiblí nua.

COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT ÁITIÚIL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2024:

Fuaireamar agus d'urraíomar maoiniú ó Spóirt Éireann, ó Chuntais Dhíomhaoiné, ó FSS, Údaráis Áitiúla, An Ghníomhaireacht Náisiúnta Iompair, agus Gaillimh Shláintiúil i measc eile chun clár spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil a sheachadadh do gach spriocghrúpa i nGaillimh.

- I measc na ngníomhaíochtaí a reáchtáil an tOifigeach Forbartha um Spóirt Pobail (OFSP) bhí: Seachtain na Rothar, 2024, Seachtain Allamuigh HER, Buggy Buddies, na cláir Men and Women on the Move i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus an clár Sanctuary Paddlers. I measc na ngníomhaíochtaí a reáchtáil an tOifigeach Forbartha um Chuimsiú Spóirt (OFCS) bhí: Am Eachaí san Obhar, Trí-Atlan Cuimsitheach, an tseachtain um aosú dearfach, clár agus comórtas cuimsitheach boccia, an clár 'Horses Connect', Seisiúin

Ghníomhachtóra agus Oiliúint do Theagascóirí, Oiliúint Réidh le Dul do Dhaoine Fásta Breacaosta agus do Ghrúpaí Faoi Mhíchumas, lasachtaí Trealaimh do ghrúpaí.

- Reáchtáladh Imeacht le haghaidh an Lae Náisiúnta Súgartha i mBaile Locha Riach ag a raibh breis agus 150 duine i láthair. Dearadh an t-imeacht sin chun saorshúgradh a spreagadh leis an iliomad deiseanna do pháistí a bheith gníomhach. D'éascaigh Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe Pacáistí Súgartha do pháistí faoi mhíbhuntáiste trí lonaid Acmhainní Teaghlaigh agus dáileadh 100 pacáiste ar fud na Gaillimhe. Fuarthas maoiniú €3,000 le haghaidh an imeachta ón Roinn Comhionannais.
- Trí mhaoiniú ó FSS agus ó Chontae na Gaillimhe Sláintiúil, bhí Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe in ann raon clár a chur ar fáil do Dhaoine Scothaosta amhail Siúlóidí le Maidí Gníomhachtóra le linn na seachtaine um Aosú Dearfach, oiliúint Good2Go do dhaoine scothaosta, imeachtaí blaiste agus seisiúin bhlaiste do Ghrúpaí Daoine Scothaosta chun gníomhaíochtaí a thaispeáint inar féidir leo páirt a ghlacadh agus cláir Eachaíochta do dhaoine faoi mhíchumas.
- Fuair Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe leithdháileadh €23,276.43 ón Roinn Iompair chun imeachtaí a reáchtáil mar chuid de Sheachtain na Rothar. D'éascaigh Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe 28 clár i rith na seachtaine agus bhain 3213 duine leas astu.
- Reáchtáil Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe Scéim Deontais Forbartha Clubanna a leithdháil €30,000 ar 28 club chun cabhrú le líon na mball nua a mhéadú trí thacaíochtaí oiliúna agus oideachais, tacaíochtaí cuimsitheacha agus cláir atá dírithe ar spriocghrúpaí.
- Bhí Seachtain Spóirt na hEorpa ar siúl idir an 23 agus an 30 Meán Fómhair. Reáchtáil Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe roinnt clár i rith na seachtaine sin agus ag deireadh na seachtaine bhí Rith Dathanna a bhí oiriúnach don teaghlach ar siúl ag a raibh 180 duine i láthair.
- D'éascaigh Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe an Scéim Tacaíochta Fuinnimh Spóirt a bhí dírithe ar Chlubanna agus áiseanna faoi úinéireacht an Phobail nach gcáilíonn faoi láthair don Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (SSTFG) ná do scéimeanna tacaíochta rialtais eile trí RFTP, údaráis áitiúla agus eile.
- Reáchtáil Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe roinnt tacaíochtaí do chlubanna agus d'eagraíochtaí amhail Cúrsaí Cosanta, Cúrsaí Garchabhrach, Ceardlanna Feasachta Míchumais mar aon le sraith Seimineár Gréasáin inar pléadh earcaíocht agus coinneáil oibrithe deonacha, bainistíocht éagsúlachta agus na meáin shóisialta agus ábhair faoi Mhná sa Spórt.
- Eagraíodh agus éascaíodh cruinnithe de ghrúpa stiúrtha Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe agus de ghrúpaí oibre ábhartha le linn 2024.
- Fuair Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe €30,000 tríd an gCiste Rannpháirtíochta Náisiúin chun spás gníomhach don aos óg a fhorbairt i bhFearann an Pháláis, Tuaim.
- Fuair Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe €28,000 tríd an scéim Bonneagair Snámha de chuid Éire Shláintiúil chun rochtain fheabhsaithe a sholáthar ar limistéar snámha Bhaile

Locha Riach agus Phort Omna agus ar sheomraí foscúla feistis lasmuigh i gCinn Mhara agus i bPort na Feadóige.

- Fuair Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe maoiniú €177,500 ó Chuntais Dhíomhaoine in 2024/5. Go sonrach, tacóidh an maoiniú sin le Maoiniú Mol Spóirt Pobail – Béal Átha na Sluaighe agus Oileáin Gníomhacha, an Tionscadal HER Moves agus Tionscadal na gCathracha Gníomhacha.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Iarratas a dhéanamh ar Bhunchistiú agus é a fháil ó Spórt Éireann chun oibríochtaí ginearálta Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe le haghaidh 2025 a mhaoiniú agus leas a bhaint as Deiseanna Maoinithe ó Chuntais Dhíomhaoine. Iarratas a dhéanamh ar dheiseanna maoinithe eile i rith na bliana amhail maoiniú ó Aois agus Deiseanna, Éire Shláintiúil agus FSS.
- Cláir éagsúla a thabhairt isteach a dhíreoidh ar spriocghrúpaí sonracha na Comhairle amhail mná agus cailíní, daoine faoi mhíchumas, grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus daoine breacaosta.
- Cláir Oiliúna amhail na cláir seo a leanas a chur ar fáil; Clár do Chothromaíocht ar Rothar, clár d'Fhoghlaim na Rothaíochta, Clár Lúthchleasaíochta sa Halla Spóirt, Good 2 Go, Cúrsaí de chuid Míchumas agus Gníomhaíocht Éireann (ADI), ceardlanna um Chóitseáil Leanaí agus ceardlanna Inniúlacht Fhisiciúil.
- Ceardlanna Cumhdaigh Spórt Éireann a chur ar fáil.
- Cúrsa Garchabhrach Spóirt a Sholáthar
- Cláir a sheachadadh do ghrúpaí éagsúla a mbíonn leibhéal íseal rannpháirtíochta acu nó easpa deiseanna rannpháirtíochta ar fáil dóibh.
- *Deontais Forbartha Clubanna a sholáthar trí Mhaoiniú Spórt Éireann.
- Deiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp a sheachadadh le linn Sheachtain na Rothar.
- Cúrsaí oiliúna do chóitseálaithe a chur chun cinn ar na meáin shóisialta le haghaidh gach spóirt agus spóirt mhionlaigh go háirithe
- Feachtais Náisiúnta a chur i gcrích amhail Seachtain Spóirt na hEorpa agus Seachtain Allamuigh HER.
- Tacú le scoileanna Brat Scoileanna Gníomhacha a bhaint amach.
- Comhlíonadh a choinneáil don Chód Rialachais don Spórt.
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh ionadaíocht do chomhghuaillíochtaí amhail grúpaí Daoine Scothaosta, Grúpaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, grúpaí Beartais Náisiúnta, grúpaí oibre, agus Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe agus leanúint de bheith ag tacú leo agus díobh a chur chun cinn.
- Bunachar Sonraí Éire a Spreagadh chun Gnímh a chur chun cinn.

BONNEAGAR BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Críochnaíodh próiseas tairisceana chun Tionscadal Ionad Fóntas Poiblí an Ghoirt a thógáil. Fuarthas ceadúnas GCC (Deimhniú Clárúcháin) le haghaidh na forbartha atá beartaithe.
- Cuireadh iarratas ar Dheimhniú Clárúcháin isteach le haghaidh Ionad Fóntas Poiblí Thuama.
- Eisíodh Cead Saoráide Dramhaíola le haghaidh na saoráide athchúrsála 'Athchúrsáil' ar Árann.
- Cuireadh iarratas pleanála Chuid 8 isteach le haghaidh an tionscadail Éiceapháirce. D'éisigh an Roinn Pleanála iarratas ar thuilleadh faisnéise. Fuair an tionscadal deontas Caipitil Spóirt le haghaidh na gné pumpraoin rothaíochta laistigh den pháirc.
- Chríochnaigh Brady Shipman Martin (Ailtire Tírdhreacha) an Tuarascáil Réamhdhearaidh maidir le forbairt Páirce Thaitneamhachta ag láithreán líonta talún an Phoill Bhuí. Cuireadh an tuarascáil i láthair os comhair Chomhairleoirí CB Bhéal Átha na Sluaighe i mí Dheireadh Fómhair.
- Tá iarratais ar Dheimhniú Údaraithe (DÚ) i gcás cúig cinn de na sé láithreán i gcatagóir A curtha isteach chuig an GCC. Tá an t-iarratas le haghaidh an láithreáin atá fágtha i nGleann na Madadh á chur chun cinn agus meastar go mbeidh sé críochnaithe faoi dheireadh na bliana.
- Rinneadh conradh nua seirbhíse bliana amháin maidir le Banc Buidéal i mí an Mhárta.
- Agraíodh foráil sínidh laistigh den chonradh seirbhíse le haghaidh bainistíocht na nIonad Fóntas Poiblí.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Éiceapháirc Oirthear na Gaillimhe a chur chun cinn go dtí céim na tairisceana tógála tar éis cead pleanála a fháil.
- Suirbhéanna agus seirbhísí deartha Chéim (ii) a sholáthar chun iarratas pleanála a ullmhú le haghaidh Fhorbairt Pháirc Thaitneamhachta an Phoill Bhuí.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar Ionad Fóntas Poiblí an Ghoirt faoi réir theorainn an bhuiséid.
- Tabhairt faoi na hoibleagáidí ceadúnais maidir le DÚnna láithreán líonta talún stairiúil de réir mar a eiseofar iad.
- Athnuachan a dhéanamh ar chonarthaí seirbhíse le haghaidh bainc buidéal agus Oibríochtaí Ionad Fóntas Poiblí.

MONATÓIREACHT TIMPEALLACHTA AGUS BEARTA FORFHEIDHMITHE

Cuireadh an clár oibre a bhí leagtha amach sa Phlean um Íoschritéir Mholta d'Iniúchtaí Comhshaoil (PÍMIC), 2024 i gcrích.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Leagfar amach sonraí na bhfógraí forfheidhmiúcháin agus na litreacha rabhaidh a eisíodh agus na hionchúisimh a tionscnaíodh faoin reachtaíocht chomhshaoil in 2024 i dtuaisceáin PÍMIC 2024 atá le heisiúint faoi dheireadh mhí Feabhra 2025.
- Leagfar mionsonraí amach i dtuaisceáin PÍMIC 2024 maidir le hiniúchtaí pleanáilte a rinneadh ar shaoráidí rialaithe agus iniúchtaí neamhphleanáilte a rinneadh maidir le gearáin a fuarthas agus teagmhais truaillithe comhshaoil. Rinneadh iniúchtaí maidir le gearáin, saoráidí ceadaithe dramhaíola, bailitheoirí ceadaithe, cairéil, garáistí, catagóirí éagsúla táirgeoirí dramhaíola, ceadúnais scaoilte, saoráidí sloda séarachais, feirmeacha, córais cóireála fuíolluisce phríobháideacha, ceadúnais truaillithe aeir, saoráidí péinteanna deco agus láithreáin chláráithe tuaslagóirí agus uisce snámha. Rinneadh iniúchtaí neamhfhoirmiúla ar gach miondíoltóir breoslaí soladacha sa chontae.
- Rinneadh comhiniúchtaí forfheidhmithe leis na Gardaí, an oifig san Iarthuaisceart um sheoladh dramhaíola thar theorainneacha, Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (PRFD) Chonnacht-Uladh agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Eagraíodh Bailiúcháin Earraí Builc i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus rinneadh bailiúcháin i mBaile Locha Riach agus i nGort.
- D'éagraigh an Rannóg Comhshaoil fógraí raidió frithdhumpála/frithbhruscair mar chuid de thionscnamh frithdhumpála na bliana seo.
- Rinneadh faireachán maidir le huisce óil, uisce snámha, aibhneacha, lochanna, ceadúnais scaoilte agus láithreáin líonta talún de réir ceanglais reachtúla go díreach agus trí chonarthaí le saotharlanna seachtracha. Cuireadh bearta leantacha i ngníomh mar fhreagairt ar neamhchomhlíontachtaí.
- Ó mhí na Samhna 2024, rinneadh iniúchtaí i ndáil le 97 ceadúnas scaoilte (agus 37 eile le cur i gcrích), 225 córas cóireála fuíolluisce tí, 39 feirm (agus 23 eile le cur i gcrích) agus 25 a bhain le gearáin faoi thruailliú uisce. Rinneadh gníomhartha forfheidhmithe nuair ba ghá.
- Eisíodh fógraí poiblí, agus rinneadh faireachán imscrúdaithe de réir mar ba ghá mar fhreagairt ar neamhchomhlíontachtaí uisce óil agus uisce snámha. Bronnadh sé Bhratach Ghorma agus sé phlaic Cósta Ghlais ar limistéir shnámha i gContae na Gaillimhe.
- Rinneadh rialáil ar ghníomhaíochtaí a bhféadfadh truailliú aeir a bheith mar thoradh orthu amhail tirimghlanadh, feithiclí a ath-bhailchríochnú agus cairéil. Cruthaíodh clár de na miondíoltóirí breoslaí soladacha go léir sa chontae agus seoladh litir feasachta chuig gach miondíoltóir maidir lena n-oibleagáidí. Rinneadh anailís ar roinnt samplaí breosla le haghaidh comhlíontachta.
- Rinne an Rannóg Comhshaoil athbhreithniú ar gach iarratas pleanála suntasach ar fhorbairtí seachas iarratais ar thithe aonair. Amhail an 05/11/2024, b'ionann é sin agus 214 iarratas. Áiríodh orthu sin forbairtí maidir le tionsclaíocht, eastáit tithíochta, fuinneamh, bainistiú dramhaíola agus cairéil. Déantar athbhreithnithe cuimsitheacha lena chinntiú go gcloíonn na moltaí leis an iliomad reachtaíochta ábhartha comhshaoil agus le treoir dhoiciméid.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leagfaidh an Chomhairle amach gach iniúchadh réamhghníomhach atá beartaithe ar shaoráidí údaraithe faoi phíosaí éagsúla reachtaíochta comhshaoil i bPlean PÍMIC 2025 atá le heisiúint faoin 16 Feabhra, 2025. Léireoidh scála na gníomhaíochta forfheidhmithe in 2025 na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh iniúchtaí agus déantar ar bhonn tosaíochta é agus treoir na Roinne, an GCC, Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil agus PRFD á gcur san áireamh.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh imscrúduithe agus monatóireachta faoi reachtaíocht comhshaoil, de réir bheartas an rialtais agus threoracha an GCC, agus glacfaidh sí bearta forfheidhmithe de réir mar is gá i gcás neamhchomhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil.
- Déanfar athbhreithniú leanúnach ar na bealaí is rathúla chun déileáil le dumpáil neamhdhleathach. Cuirfear na Fodhlíthe um Leithscaradh, Stóráil agus Tabhairt i Láthair Dramhaíola Teaghlaigh agus Tráchtála i bhfeidhm, agus eiseofar fógraí pionóis sheasta de réir mar is gá.
- Oibreoidh an Chomhairle leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear Oifig an WFD, chun cáilíocht an uisce a fheabhsú i ndobharcheantair aitheanta tosaíochta, trí fheasacht an phobail agus trí chlár comhchruinnithe iniúchtaí ar fhoinsí a d'fhéadfadh a bheith truaillitheach lena n-áirítear córais phríobháideacha cóireála fuíolluisce ar mhórsála, feirmeacha, agus córais chóireála fuíolluisce tí.

LÁITHREÁIN THRÉIGTHE AGUS STRUCHTÚIR CHONTÚIRTEACHA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur a cumhachtaí faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 agus faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964, i bhfeidhm chun oibriú le húinéirí foirgneamh agus talamh a ndearnadh faillí iontu, a scriosadh agus a mhíshocracht chun gníomh feabhais a dhéanamh. Leanadh ar aghaidh le gníomh forfheidhmithe nuair ba ghá.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfar ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar láithreáin sa chontae de réir an pholasaí um Láithreáin Thréigthe agus an bheartais um Struchtúir Chontúirteacha.

REILIGÍ

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Tá 233 reilig liostaithe ar chlár reilige na Comhairle faoi láthair. Déanann an Chomhairle, le rannpháirtíocht an iliomad coistí reilige áitiúla, obair chothabhála agus feabhsúcháin de réir na n-acmhainní atá ar fáil.

- Leanadh ar aghaidh le clár oibreacha caipitil na reiligí le linn 2024. Críochnaíodh dhá shíneadh nua ag reiligí Bhaile Conaola agus Chill Bheanáin a chruthaigh 150 & 40 áit uaigne dhúbailte bhreise faoi seach.
- Tá iarratais phleanála Chuid 8 curtha isteach le haghaidh síntí ar reiligí Leitir Móir agus Chill Chon Iarainn agus tá oibreacha dearaidh déanta le haghaidh forbairtí in Eanách Dhúin agus i Rinn Mhíl.
- Rinneadh mionoibreacha caipitil, lena n-áirítear uasghráduithe bóthair agus feabhsuithe draenála, i reiligí na n-áiteanna seo a leanas: An Spidéal, Maigh Cuilinn, Creig, Rinn Mhíl, Cill Mhic Dhuach agus Cill Odhráin.
- Cuirtear deontas bliantúil ar fáil do choistí a dhéanann cothabháil ar na reiligí ina gceantar. Bronntar deontais ar Choistí ar luach €1,400, €900, €600, €450, €300, agus €200 agus bronnadh deontais ar bhreis agus 147 coiste in 2024.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Conraitheoirí a fháil le haghaidh tionscadail cheadaithe agus tionscadail atá ag céim an dearaidh a chur chun cinn chuig iarratais phleanála.
Feachtas fógraíochta a eisiúint chun cuireadh a thabhairt d'úinéirí talún teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle i gceantair ina bhfuil acmhainn reilige íseal iontu.
- Oibriú le pobail ina bhfuil easpa acmhainne sna reiligí chun réitigh a aimsiú agus suíomhanna oiriúnacha a aithint.
- Dréacht-Fhodhlíthe Reiligí nua le breithniú ag an gComhairle.

FEASACHT AGUS OIDEACHAS TIMPEALLACHTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Tá baint ag Oifigeach Cúnta Feasachta Comhshaoil le feasacht comhshaoil a chur chun cinn trí rannpháirtíocht leanúnach leis na hearnálacha baile agus tráchtála.
- Chabhraigh na meáin shóisialta, raidió, pictiúrlann, teagmháil dhíreach ríomhphoist, agus líonraí lena n-áiríodh an LRP, Bailte Slachtmhara, Scoileanna, Comhairleoirí, agus baill foirne le faisnéis a sholáthar maidir le bruscar, bainistiú dramhaíola, cosc dramhaíola, dramhaíl bia, múiríniú baile, cur chun cinn seirbhísí bainistíochta dramhaíola agus saincheistean comhshaoil eile.
- Rinneadh idirchaidreamh leanúnach le grúpaí Bailte Slachtmhara agus grúpaí Pobail eile agus tugadh tacaíocht dóibh.
- Cuireadh an Feachtas Athchúrsála Dramhbha i bhfeidhm.
- Tionóladh Seastán um Faisnéis Feasachta Comhshaoil ag 7 n-imeacht phoiblí agus cruinniú grúpa amháin, agus tá ceann amháin beartaithe le haghaidh mhí na Samhna 2024.
- Tugadh tacaíocht do WEEE Ireland chun 20 bailiúchán Drámhearraí Leictreacha a sheachadadh ar leibhéal an phobail áitiúil.
- Rannpháirtíocht leanúnach i gclár na Scoileanna Glasa, rinne 37 scoil a mbrat a athnuachan in 2024.

- Reáchtáladh an comórtas póstaer frithbhruscair i scoileanna. Reáchtáladh ócáid bhronnta do na buaiteoirí in Áras an Chontae. 968 iontráil.
- Tá tacaíocht á tabhairt i fós don Chlár Picker Pals i Scoileanna Náisiúnta.
- Tugadh tacaíocht don Ghlantachán Náisiúnta Earraigh a raibh níos mó ná 200 imeacht mar chuid de agus dáileadh breis agus 600 crann le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann.
- Cuireadh 13 láthair athchúrsála crann Nollag ar fáil i bpobail.
- Tá feachtais frithbhruscair fós á gcur i bhfeidhm i bpobail. Rinneadh na prionsabail ‘Ná Fág Lorg’ a chomhtháthú i bhfeachtais in aghaidh an Bhruscair. Suiteáladh gléasanna fuaime don Fheachtas in aghaidh an Bhruscair in áiteanna ina mbíonn a lán bruscair. Tacaíodh le feachtas an Tascfhórsa Bruscair Guma. Reáchtáladh fógraí frithbhruscair ar an raidió áitiúil agus ar na meáin shóisialta.
- Rinneadh obair leantach maidir le tuarascálacha ó Ghnó na hÉireann in Aghaidh Bruscair (IBAL).
- Craoladh Fógra Frithbhruscair i bpictiúrlanna i rith an tsamhraidh.
- Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar leis an Oifig Réigiúnach um Bainistiú Dramhaíola agus ag tacú léi.
- Feasacht comhshaoil a chur chun cinn leis an Aonad um Fhorfheidhmiúchán Dramhaíola, Pobal agus Fiontraíocht, Tithíocht, Saoráidí agus Comhordaitheoir LRP.
- Tacaíodh le cur i bhfeidhm an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Tacaíodh le clár maidir leis an mBrat Gorm, an Cósta Glas, agus an Cósta Glan de chuid na Taisce.
- Reáchtáladh 2 Lá Feasachta Trá in 2024.
- Tacaíodh le feachtais náisiúnta meán sóisialta ó WEEE Ireland, ó Ná Fág Lorg agus ó Oifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha.
- Seoladh Clár Ambasadóirí Frithbhruscair.
- Comharthaíocht agus feachtas raidió maidir le bruscar cois bóthair curtha i gcrích.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfar ar aghaidh leis an bhfeachtas Feasachta chun comhpháirtíochtaí le pobail, le scoileanna agus le grúpaí deonacha a fheabhsú tuilleadh agus le heolas a scaipeadh ar gach earnáil.
- Leanúint ar aghaidh leis an bPlean Bainistíochta Bruscair, 2023-2025 a sheachadadh. Cur i láthair le déanamh os comhair na gComhairleoirí le linn 2025 maidir le dul chun cinn.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh agus ag tacú leis an Oifig Réigiúnach um Pleanáil Dramhaíola.
- Leanúint ar aghaidh ag spreagadh agus ag lorg tacaíochta don Chlár Ambasadóirí Bruscair
- An Clár um Bainistíocht Bruscair, Bainistiú Dramhaíola agus Cosc Dramhaíola a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach.

- Leanúint ar aghaidh ag tacú le feachtais amhail Glantachán Náisiúnta Earraigh, Seachtain Náisiúnta na gCrann, feachtas tascfhórsa bruscair guma, Brat Gorm, Cóstaí Glasa, Scoileanna Glasa, Picker Pals agus eile.
 - Feachtas Feasachta Frithbhruscair a spriocdhíriú trí chumarsáid le pobail, le scoileanna, leis na meáin shóisialta agus a leithéid.
 - Leanúint ar aghaidh leis an gClár in aghaidh Salú ag Madraí agus leis an bhfeachtas Feasachta Trá,
- Clár Feasachta ar Bhruscar Cois Bóthair agus feachtas Buta Toitíní.

RIALÚ AGUS LEAS AINMHITHE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Faoi Acht um Rialú Madraí, cuireann beirt Mhaor Madraí lánaimseartha seirbhís rialaithe madraí ar fáil sa Chontae ag baint úsáid as 1 áis póna madraí ar léas atá faoi mhaoirseacht tréidliachta agus a fheidhmíonn mar atá leagtha amach i mBeartas Rialaithe Madraí na Comhairle.
- Rinneadh oibreacha uasghrádaithe suntasacha ar shaoráid dídine madraí na Comhairle agus fuarthas maoiniú ón roinn mar chuid den Tionscnamh um Rialú Madraí, 2023. Ceannaíodh trealamh breise don tseirbhís maor madraí leis an maoiniú a leithdháileadh freisin. Chuir an RFTP maoiniú den sórt sin ar fáil i mí Dheireadh Fómhair 2024.
- Rinneadh 58 gníomh forfheidhmiúcháin faoin Acht um Rialú Madraí go dtí seo.
- Leanaimid orainn ag cur úinéireacht fhreagrach madraí chun cinn sa phobal agus trí ardáin meán sóisialta na Comhairle. Tá os cionn 50 aonad dáileora Málaí Dramhaíola Madraí suiteáilte anois i gcuid mhaith de na bailte, sráidbhailte agus limistéir thaitneamhachta i gContae na Gaillimhe.
- Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur an Achta um Bunaíochtaí Pórúcháin Madraí, 2010 chun feidhme, lena n-éilítear clárú, agus comhlíonadh caighdeán, ar gach áitreabh atá faoin sainmhíniú ar 'eagras pórúcháin madraí'.
- Ón 1 Deireadh Fómhair 2024, tháinig rialacháin nua i bhfeidhm, lena dtoirmiscear allmhairiú, pórú, díol agus athlonnú madraí den phór Bulaí Ollmhóir. Ón 1 Feabhra 2025, beidh sé mídhleathach madra den chineál Bulaí Ollmhóir a bheith i do sheilbh gan 'Deimhniú Díolúine' arna eisiúint ag an údarás áitiúil ina bhfuil cónaí ar an madra. Idir an 1 Deireadh Fómhair, 2024, agus an 1 Feabhra, 2025, tá úinéirí Bulaí Ollmhóir in ann iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Díolúine ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- D'fhreastail an maor madraí agus pearsanra tréidliachta de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar 3 lá oiliúna i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair i mbliana ionas gur féidir leo cineálacha Madraí a shainaithint maidir le Madraí den chineál Bulaí Ollmhóir. Chríochnaigh an Maor Madraí, foireann Tréidliachta agus Riaracháin 3

mhodúl ó Chlár Oiliúna do Mhaoir Madraí atá forbartha go náisiúnta ag Ionad Oiliúna Ros Cré i rith 2024.

- Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur áiseanna dídine ar fáil chun capaill, caoirigh, eallach agus gabhair a ghaibhniú.
- Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le MADRA maidir le Ciste Millie, feachtas a seoladh i mí an Mhárta i mbliana ina dtairgtear seirbhísí neodraithe atá saor in aisce do mhadraí baineannacha incháilithe i gContae na Gaillimhe. Tá 209 dearbhán eisithe do mhadraí incháilithe go dtí seo.
- De réir mar ab fhéidir, bhí baint ag Maoir Madraí le teagmháil a dhéanamh leis an bpobal agus leis na Gardaí chun dul i ngleic le gadaíocht madraí agus cúnamh a thabhairt maidir le madraí ar iarraidh.
- Rinneadh athbhreithniú ar chásanna leasa ainmhithe a bhain le madraí, eallach, caoirigh agus capaill agus cuireadh ar aghaidh iad chuig na Gardaí ábhartha, an Roinn Talmhaíochta agus Grúpaí Leasa nuair ba chúí.
- Leanann an tseirbhís Maor Madraí d'imscrúdú a dhéanamh ar mharuithe caorach de réir an bheartais agus déanann siad idirchaidreamh leis an nGarda Síochána nuair is gá.
- Lean an tseirbhís Maor Madraí ar aghaidh ag feidhmiú an Phrótacail chomhaontaithe leis an nGarda Síochána nuair is gá cabhrú le hoibríochtaí cuardaigh agus gabhála i gcásanna éagsúla.
- Leanann seirbhís tréidliachta na Comhairle ar aghaidh ag dul i dteagmháil leis an Rannóg Tithíochta chun an tAcht um Rialú Capall a chur chun feidhme.
- Chuaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le MADRA chun Ceardlanna píolótacha 'Madra Ag Caint' a chur i bhfeidhm do Bhunscoileanna a raibh d'aidhm acu sraith ceardlann oideachasúil dírithe ar mhadraí a chur ar fáil do dhaltáí sa 3ú agus sa 4ú rang.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Feabhsuithe leanúnacha a chur i bhfeidhm ar éifeachtúlacht na seirbhíse Rialaithe Madraí maidir le hacmhainní éifeachtacha na seirbhíse lena n-áirítear soláthar foirne agus áiseanna atá ar fáil.
- Leanúint leis na hoibreacha uasghrádaithe ar ár saoráid dídine madraí chun cabhrú leis an tseirbhís a ullmhú don todhchaí i ndáil le sláinte agus folláine na madraí atá faoinár gcúram chomh maith le cuidiú le sláinte agus sábháilteacht na maor madraí, an choimeádaí dídine agus an phearsanra tréidliachta ar an láthair a fheabhsú.
- Leanfaidh seirbhís maor madraí de na Rialacháin nua maidir le madraí den chineál Bulaí Ollmhóir a chur chun feidhme chun a chinntiú go gcomhlíontar leo.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna agus ar ghnáthnósanna imeachta oibríochta do Mhaoir Madraí de réir na reachtaíochta atá ann cheana agus de réir an dea-chleachtais.
- Leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí ceardlainne MADRA a chur i bhfeidhm i scoileanna ar fud an chontae.

- Leanúint ar aghaidh ag breathnú ar chomhlíonadh méadaitheach ceadúnú madraí faoi réir na hacmhainní atá ar fáil. Déanfar seiceálacha spriocdhírthe ceadúnais ar fud an Chontae i gcomhar leis an tseirbhís Maor Pobail.
- Reáchtálfar feachtais Feasachta Ceadúnaithe agus Micrishliste chun dul i ngleic le gadaíocht madraí sa Chontae.
- I gcomhar le Dogs Trust Ireland, leanfar le ceardlanna freagracha maidir le hÚinéireacht Madraí a chur chun cinn i Leabharlanna Contae agus i mBunscoileanna.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le Feachtais i gCoinne Salú Madraí agus tabharfar bearta nua isteach chun díriú ar shalú madraí.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar chásanna tuairiscithe de sháruithe ar leas ainmhithe, agus rachaidh sí i dteagmháil leis an Roinn Talmhaíochta, Gardaí agus grúpaí leasa de réir mar is cuí, faoi réir na hacmhainní atá ar fáil.
- Déanfar iniúchadh ar Bhunachais Pórúcháin Madraí ar an gclár agus déanfar gach tuairisc ar bhunachais phórúcháin neamhchláraithe a fhiosrú. Is ceanglas dlíthiúil é go ndéanfaidh gach bunachas iarratas ar chlárú.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag soláthar agus ag feabhsú seirbhísí dídine CCG, ionas go gcinnteofar folláine ainmhithe do gach ainmhí a thagann faoina cúram.

SÁBHÁILTEACHT BIA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Tá conradh seirbhíse ag an gComhairle le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) faoina rialaíonn sí seamlais agus monarchana próiseála feola atá ceadaithe ag an gCoimisiún Eorpach (CE) agus atá lonnaithe i gcontae agus i gcathair na Gaillimhe, tríd an tseirbhís tréidliachta.
- Ceanglaítear leis an gconradh seirbhíse seo go ndéantar iniúchadh ar gach ainmhí roimh a marú agus ina dhiaidh sin, go gcuirtear sampláil iarmhair ainmhithe agus seiceálacha leasa i gcrích agus go ndéantar iniúchtaí mionsonraithe, gníomhartha a chinnteoidh sláine agus inrianaitheacht an bhiashlabhra ón bhfeirm go forc sna 11 sheamlas atá ceadaithe ag an CE sa Chontae. Maraítear eallach, caoirigh, gabhair, muca agus éanlaith chlóis, agus próiseáiltear géim fiáin sna hionaid seo.
- Éilítear leis an gconradh seirbhíse chomh maith, maoirsiú agus rialáil a dhéanamh ar 14 mhonarcha próiseála feola atá ceadaithe ag an CE sa Chathair agus sa Chontae. Is éard atá i gceist leis seo ná táirgí feola a shampláil le haghaidh éilliú micribhitheolaíochta, breiseáin bia, ailléirginí, iarmhair, faireachas ar ghalair, comhlíonadh lipéadaithe, inrianaitheachta agus calaois bhia. Tá sceideal rialta ann chomh maith maidir le hiniúchtaí gan réamhfhógra agus iniúchtaí réamhphleanáilte san áitreabh, rud a chuireann fostaíocht ar fáil do níos mó ná 200 fostaí.

- I mí na Bealtaine 2024, ceapadh an dara cigire tréidliachta don Chontae, tar éis don phost a bheith folamh ó chuaigh an Príomh-Chigire Tréidliachta ar scor i mí Mheán Fómhair 2022.
- Tar éis scor chigire tréidliachta Mhaigh Eo, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe comhaontú faoi Alt 86 le Comhairle Contae Mhaigh Eo i mí Mheán Fómhair 2024 chun cigireachtaí réamhbháis agus iarbháis a dhéanamh i 5 áitreabh i gCo. Mhaigh Eo i rith mhí Mheán Fómhair agus mhí Dheireadh Fómhair. Chinntigh an comhaontú go leanfadh na gnólachtaí bia sin de bheith inmharthana le linn na tréimhse sin.
- Rannpháirtíocht leanúnach agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoiste Stiúrtha agus le Gníomhaireachtaí Reachtúla, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), Teagasc, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus FSS maidir le hIlionad Nuálaíochta agus Gortha Bia de chuid Teagasc / CCG atá beartaithe do Bhaile Átha an Rí. Áiríodh leis sin freastal ar laethanta oscailte ag an ionad agus seisiúin Ceisteanna agus Freagraí a éascú d'Oibreoirí Gnólachtaí Bia.
- Chuir an Chomhairle oiliúint leanúnach agus seirbhís chomhairleach ar fáil d'Oibreoirí Gnó Bia a bhí bunaithe cheana maidir le reachtaíocht bia an CE atá ag athrú a chur chun feidhme, agus maidir leis agus na dúshláin a bhaineann le Brexit. Chomh maith leis sin, bualadh leis na hOibreoirí, tugadh cuairteanna ar láithreáin agus cuireadh comhairle ar ghnólachtaí bia nuathionscanta ar fud na Cathrach agus an Chontae.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Tá sé i gceist go n-aistreofar an obair atá sa chonradh seirbhíse ÚSBÉ chuig an RTBM i mí Eanáir 2025, mar atá na cigirí tréidliachta féin ar fud na tíre. Tá togra ann freisin go n-aistreofar cigireacht Pórúcháin Madraí chuig an RTBM freisin.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, ACMHAINNÍ DAONNA, LEABHARLANNA NA CATHRACH & AN CHONTAE

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

CLÁR SÁBHÁILTEACHTA UISCE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Mar chuid de Chlár Sábháilteachta Uisce 2024 earcaíodh painéal ar a raibh 55 garda trá oilte chun seirbhísí a sholáthar ag 10 suíomh sa Chontae (lena n-áirítear sé Thrá a bhfuil Brat Gorm acu) agus ag 6 shuíomh sa Chathair mar chuid de Chomhaontú Seirbhíse Comhroinnte le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Cuireadh tús leis an tSeirbhís i mí an Mheithimh (2 dheireadh seachtaine) agus lean sí ar aghaidh go dtí mí Mheán Fómhair 2024. Sa bhuaicshéasúr i mí Iúil agus i mí Lúnasa, bhí gardaí tarrthála ag na láithreacha snámha ainmnithe oscailte ó 11am – 7pm gach lá.
- Suiteáil roinnt botháin nua agus bonneagar níos fearr timpeall orthu, lena n-áirítear ráillí agus rochtain ar chathaoireacha rothaí trá i láithreacha snámha ainmnithe cuí.
- Rinneadh tuilleadh uasghrádaithe ar threalamh chomh maith le hullmhú agus deisiú bliantúil bothán - comhaontaíodh agus seachadadh sceideal cothabhála.
- Tar éis faomhadh a fháil ón Chomhairle, tugadh maoiniú €6,150 do Chomhairle Shábháilteacht Uisce na hÉireann.
- Soláthraíodh éidí ní b'fhearr do gach garda tarrthála trá chun úsáid fhadtéarmach a chinntiú

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint de Chlár Sábháilteachta Uisce ardchaighdeán a chur chun feidhme, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, ar bhonn séasúrach, lena n-áirítear oiliúint ionductaithe do gach garda tarrthála trá.
- Clár na ngardaí tarrthála trá a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as suíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta agus meáin áitiúla.
- Leanúint ar aghaidh, faoi réir mhaoiniú agus fhaomhadh na Comhairle, le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar do Shábháilteacht Uisce na hÉireann i gcomhréir le blianta roimhe seo
- Leanúint ar aghaidh le Nótaí Treorach Shábháilteacht Uisce Éireann a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú.
- Cur i bhfeidhm leanúnach moltaí ó Mheasúnuithe Riosca.
- Maoiniú chun leanúint de bheith ag soláthar cóiríochta do ghardaí tarrthála ar na hOileáin le linn an tséasúir snámha.
- Leanúint ar aghaidh le forbairt an Oifigigh Sábháilteachta Uisce (Cúrsaí).

- Baoithe tarrthála a athsholáthar mar fhreagairt ar thorthaí an mheasúnaithe riosca.
- Clár baoithe tarrthála atá suite ar fud an chontae a fhorbairt chun tacú le sábháilteacht an phobail
- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na Fodhlíthe Trá.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-úsáidfí teicneolaíocht ar bhealach ní b'fhearr chun feidhmeanna riaracháin a chuíchóiriú

ÁINEAS AGUS CONLÁISTÍ - PÁIRCEANNA, PÁIRCEANNA IMEARTHA, RAONTA REATHA, SPÁSANNA OSCAILTE AGUS CLÓIS SÚGARTHA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Leanadh de chlár oibreacha a chur chun feidhme atá riachtanach le haghaidh oscailt agus cothabháil leanúnach na bpáirceanna agus na dtaitneamhachtaí seo a leanas chun go bhfuil an pobal in ann taitneamh a bhaint astu go sábháilte.

Saoráid	Uimhir	Cur Síos
Páirceanna	2	• Páirc Rinn Mhíl, Órán Mór (arna bainistiú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe (faoi chomhúinéireacht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe) • Fearann an Pháláis, Tuaim
Spásanna oscailte	6	• Páirc Áineasa & Raon Reatha Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe • Baile Locha Riach Cois Locha • Faiche Aonaigh Bhaile Locha Riach • Páirc Bó Dhroichead an Chláirín • Faiche Aonaigh Bhéal Átha na Sluaighe • Spásanna Oscailte Phort Omna
Áiteanna súgartha	79	• 15 faoi úinéireacht dhíreach Chomhairle Chontae na Gaillimhe/á gcothabháil aici • 64 faoi stiúir an phobail agus árachas arna sholáthar ag Comhairle Chontae na Gaillimhe
Páirceanna	1	• Páirc Uile-Aimsire Thuama
Ionaid Aclaíochta Lasmuigh	5	• Páirc Rinn Mhíl, Órán Mór

		- Baile Locha Riach Cois Locha - Páirc Áineasa Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe - Port Omna - Faoi stiúir an phobail - Ionad Aclaíochta Lasmuigh – Cill Aithnín
Ionaid Cuairteoirí / Oidhreacht	1	Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma

- Tá Páirc Rinn Mhíl, Meáraí, Órán Mór fós mar shuíomh ainmnithe ar 'Shlí an Atlantaigh Fhiáin'. Baineann cónaitheoirí, cuairteoirí agus eagraíochtaí áitiúla amhail Grúpaí Gasógaíochta úsáid fhorleathan as. Déantar an clár cothabhála a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla agus tá sé á chómhaoiniú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Leanadh ar aghaidh le lamháltas chun sólaistí a sholáthar i bPáirc Rinn Mhíl ó mhí an Mhárta go mí Deireadh Fómhair.
- Cuireadh Clár Cothabhála le haghaidh Fhearann an Pháláis, Tuaim chun feidhme i gcomhar le Scéim Fostaíochta Pobail arna urrú ag an gComhairle. D'éirigh le Fearann an Pháláis an Brat Glas agus Gradam Oidhreacht Glas ón Taisce a choinneáil in 2024. Tá tús curtha leis na hoibreacha ar ghairdín na gcéadfaí, agus cuireadh tús le déanaí leis an bpáirc madraí agus tá fáil agus cosáin críochnaithe. Cuireadh bleibíní earraigh le seachtainí beaga anuas chun a bheith réidh le haghaidh pailnithe san earrach seo chugainn in 2025 ar fud na páirce.
- Leanadh leis an gclár cothabhála leanúnach i mBéal Átha na Sluaighe le haghaidh páirceanna agus spásanna oscailte in 2024.
- Rinneadh suiteáil aonaid ilsúgartha agus sleamhnáin nua mar aon le suiteáil painéal súgartha chéadfaigh agus deisiúcháin ar threalamh súgartha atá ann cheana féin ar an gclós súgartha atá faoi úinéireacht an údarais áitiúil ag Clós Súgartha na Páirce Móire, Tuaim. Tháinig sé sin i ndiaidh rath ár n-iarratais dár deonaíodh maoiniú ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta & Óige (RLCMLÓ).
- Mar chuid de Chlár Áineasa & Taitneamhachta na Comhairle atá ar siúl, rinneadh cothabháil ar roinnt trealamh ionaid aclaíochta lasmuigh agus trealamh corpacmhainne a bheidh le húsáid ag úsáideoirí cathaoir rothaí, i bPáirc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe, i bhFearann an Pháláis, Tuaim agus Ascaill an Chaisleáin, Port Omna.
- D'fhan Comhaontú Ceadúnais i bhfeidhm le Club Peile Ceiltí Thuama, chun Páirceanna Uile-Aimsire Chomhairle Chontae na Gaillimhe a oibriú i dTuaim.
- Bhí Raon Reatha Páirc Áineasa Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe, ag feidhmiú i rith na bliana agus bhí roinnt campaí nua do pháistí ar siúl i lár téarma mhí Dheireadh Fómhair.
- Cuireadh árachas ar fáil do 64 clós súgartha faoi stiúir an Phobail agus d'ionad aclaíochta lasmuigh amháin faoi stiúir an phobail. Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag soláthar oiliúint cigireachta rialta neamhspleách do chomhaltaí den choiste a bhfuil baint acu leis na clóis súgartha Pobail.
- In 2024, tháinig sraith léachtaí an tsamhraidh ar ais in Eachroim agus tugadh tacaíocht

bhreise don imeacht bliantúil Siúlóid agus Plé le linn Sheachtain na hOidhreachta i mí Lúnasa.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint de chothabháil agus d'uasghrádú clós súgartha atá faoi úinéireacht na Comhairle agus á n-oibriú aici faoi réir maoiniú a bheith ar fáil agus iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise atá ar fáil faoin Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ).
- Oiliúint bhreise Cigireachta ar chlós súgartha a chur ar fáil do chomhaltaí den choiste dár 64 clós súgartha faoi stiúir an phobail de réir mar a mheastar is gá agus Cigireachtaí Bliantúla Neamhspleácha a chur ar fáil do na 64 clós súgartha go léir faoi stiúir an phobail.
- Tacú le Rochtain fheabhsaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas ar Shaoráidí Áineasa agus Taitneamhachta, faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil.
- Cláir chothabhála na bPáirceanna, lena n-áirítear bearradh féir, a chur chun feidhme de réir na n-acmhainní atá ar fáil do Pháirc Rinn Mhíl, Órán Mór, Fearann an Pháláis, Tuaim, Páirc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe, Páirc na mBó i nDroichead an Chláir agus taitneamhachtaí agus spásanna oscailte eile agus tosaíocht á tabhairt, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, do pháirceanna poiblí agus do limistéir thaitneamhachta.
- Suiteáil córas nua áirithinte ar líne agus eochairchip le haghaidh Pháirc Dhún Leo chun amanna oscailte agus dúnta a shíneadh agus dá bhrí sin rochtain phoiblí agus slándáil níos fearr a sholáthar.
- Leanúint ar aghaidh leis an gcothabháil a theastaíonn i bPáirc Rinn Mhíl faoin bPlean Coillearnach.
- Tacaíocht a thabhairt don Oifigeach Turasóireachta maidir le plean straitéiseach chun Ionad Eachroma a fhorbairt mar cheann scríbe mór turasóireachta.
- Leanúint de thacaíocht riaracháin/chomhairleach a sholáthar do ghrúpaí pobail ar mian leo tograí maidir le háineas a chur chun cinn agus rochtain a fháil ar mhaoiniú atá ar fáil (faoi réir acmhainní foirne).

IONAID FÓILLÍOCHTA – TUAIM AGUS BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Lean Coral Leisure Teo. ar aghaidh le bainistiú agus le hoibriú na nIonad Fóillíochta i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe tar éis an Comhaontú Ceadúnais le haghaidh 2024 a shíneadh. Tá soláthar ar bun chun cuideachta bhainistíochta a cheapadh agus beidh sé críochnaithe faoi R4 2024. Bíonn Foireann Sinsir sna Seirbhísí Corparáideacha le Coral Leisure i mbun cathaoirleachta ar Choiste Idirchaidrimh fós, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme leanúnach an Chomhaontaithe Ceadúnais.
- Coinníodh bainistíocht na n-ionad fóillíochta agus costais ghaolmhara faoi athbhreithniú ar aon dul le pá agus costais fuinnimh atá ag dul i méid. Tá ról lárnach ag an gcoiste

idirchaidrimh maidir le faireachán a dhéanamh orthu siúd lena n-áirítear an tacaíocht airgeadais bhreise atá ag teastáil ón gComhairle.

- Leanann Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag déanamh maoirseachta ar chothabháil riachtanach agus ar oibreacha feabhsúcháin a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ag an dá ionad.
- Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Ionad Fóillíochta i mbliana i gcomhpháirtíocht le Biúró Fuinnimh an Tuaiscirt ar Bhord Farraige an Atlantaigh agus le roinnt Údarás Áitiúil i Réigiún an Iarthair mar chuid de straitéis chun an spleáchas ar charbón a laghdú do na hIonaid Fóillíochta seo.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfar ar aghaidh ag déanamh mion-athbhreithniú leanúnach ar bhainistíocht na n-ionad fóillíochta agus ar na costais ghaolmhara le linn 2025 agus leanfaidh an coiste idirchaidrimh ar aghaidh lena phríomhról ó thaobh faireacháin agus maoirseachta de.
- Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le hoibreacha ar an Deontas Caipitil Spóirt a ceadaíodh in 2020 le haghaidh Ionad Fóillíochta Thuama agus Bhéal Átha na Sluaighe chun áiseanna seomra feistis a uasghrádú. Tá Conraitheoir ceaptha le haghaidh an tionscadail. Tá sé beartaithe go dtosófar na hoibreacha in R1 – 2025.
- Tá iarratas ar mhaoiniú tríd an gclár EXEED le haghaidh oibreacha feabhsúcháin fuinnimh ag dul ar aghaidh. Tá faomhadh Chéim 1 faighte don dá ionad agus tá faomhadh Chéim 2 á chur chun cinn. Tá sé beartaithe go mbainfidh gach Ionad leas as infheistíocht €1m chun gach saoráid fóillíochta a dhícharbónú faoi níos mó ná 200 tonna carbóin in aghaidh na bliana.
- Tá an fhoireann saoráidí ag obair i gcomhar leis an gcuideachta bhainistíochta ionaid fóillíochta chun painéil fhótavoltacha a shuiteáil in Ionaid Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe agus Thuama a mbeidh acmhainn acu 100KwA a sholáthar.

SAORÁIDÍ NA COMHAIRLE AR MHAITHE LE SOCHAR EACNAMAÍOCH & POBAIL ÁITIÚIL,
OIDHREACTH, OIBRÍOCHTAÍ SAORÁIDÍ LÉIRMHÍNITHE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Cuireadh maoiniú ar fáil d'oibriú Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí atá suite i Séipéal Naomh Muire i Lár Bhaile Átha an Rí. Tá an tIonad faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ar fholéas don Chumann Forbartha a dhéanann maoirseacht ar bhainistíocht an Ionaid. Fostaítear Bainisteoir Ionaid agus foireann san Ionad le scéimeanna éagsúla.
- Tá Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma 1691 faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus á oibriú aici. Bíonn an tIonad ar oscailt ar bhonn séasúrach. Sa bhliain 2024, d'osclaíodh é ó mhí na Bealtaine go dtí an 1 Meán Fómhair 2024. Le linn an tséasúir, thacaigh an t-ionad leis an imeacht Bliantúil Siúlóid agus Plé faoi Chath Eachroma le linn Seachtain na hOidhreachta agus thosaigh sé sraith léachtaí an tSamhraidh arís i mí Iúil agus i mí Lúnasa.

- Tá sé beartaithe go gcuirfí oibreacha feabhsúcháin rochtana ar fhoirgneamh Leabharlann Órán Mór chun cinn go dtí céim na nDoiciméad Conartha agus go dtosóidh an Próiseas Tairisceana in 2025.
- Tá iarrachtaí leanúnacha ar siúl chun an taitneamhacht iontach i bPáirc Rinn Mhíl a chothabháil agus a fheabhsú i gcomhar leis an Scéim Fostaíochta Pobail áitiúil.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Faoi réir maoinithe, leanfar de thacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun tacú le hoibriú laethúil Ionad Oidhreacht Bhaile Átha an Rí agus Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma chun na hionaid sin a chur chun cinn.
- Faoi réir maoinithe, déanfar oibreacha feabhsúcháin rochtana ar fhoirgneamh Leabharlann Órán Mór a chur chun cinn de réir cheaduithe Chuid VIII maidir le Deimhniú Pleanála agus Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán.
- Faoi réir faomhadh maoinithe, táthar ag súil le comhairleoirí a cheapadh chun tabhairt faoi thuarascáil bhainistíochta fhoriomlán le haghaidh Pháirc Rinn Mhíl lena n-áirítear nuashonrú ar an bPlean Bainistíochta Foraoise.
- Faoi réir maoinithe, déanfar bearta chun crainn a bhfuil tionchar ag críonadh siar fuinseoige orthu a bhaint.

OIBRIÚ MARGAÍ AGUS CORRTHRÁDÁIL AGUS IARRATAIS AR SCANNÁNAÍOCHT SA CHONTAE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Eisíodh Ceadúnais Chorrthrádála le haghaidh trádála i roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae lena n-áirítear: Baile Átha an Rí (5), Béal Átha na Sluaighe (10), an Clochán (6), an Gort (5), Baile Locha Riach (3), an Creagán (4), Áth Cinn (1), Port Omna (6), Tuaim (8), Gleann na Madadh (1); i gcomhréir le Fodhlíthe Corrrthrádála.
- I measc na gCeadúnas Corrrthrádála eile a eisíodh bhí Féile Bhéal Átha Ghártha, (24), Dún Mór (27), Seó an Chlocháin (11), Féile Ealaíon an Chlocháin (1), Aonach an Mháma (9)
- Próiseáladh 7 n-iarratas chomh maith ó dhéantóirí scannán etc. chun réadmhaoín phoiblí a úsáid le haghaidh scannánaíochta.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint ar aghaidh ag eisiúint Ceadúnais Chorrthrádála.
- Leanúint ar aghaidh le trádáil a chur chun cinn nuair a bhíonn bána folamh, trí theagmháil a dhéanamh leo siúd atá ar na liostaí feithimh agus leanúint ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar shonraí ar Chorrthrádáil trí thuairisceáin Phlean Oibre na Maor Pobail.
- Leanúint ar aghaidh ag éascú fiosruithe agus ag eisiúint ceadanna mar is cuí do Chuideachtaí Meán agus Léirithe ar mian leo scannánú a dhéanamh sa Chontae.
- Athbhreithniú ar Fhodhlíthe Corrrthrádála d'fhonn iad a nuachóiriú.

AN GHAEILGE A CHUR CHUN CINN

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Leanadh ar aghaidh le ranganna Gaeilge (bunleibhéal agus meánleibhéal) a chur ar fáil do bhaill foirne den údarás áitiúil agus bhí ranganna ar fáil freisin do Chomhairleoirí Tofa 2024-2029 a léirigh spéis i dtosú ar na ranganna sin i mí Eanáir 2025. Reáchtáladh ranganna ar líne go dtí seo chun rochtain a éascú. Maidir le ranganna amach anseo ó mhí na Samhna 2024 ar aghaidh, déanfar taifeadadh orthu chun an deis foghlama a thairgtear a uasmhéadú.
- Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais a bhronnadh i gcomhar le Coláistí Gaeilge sa Chontae - Bronnadh 14 scoláireacht in 2024.
- Bhí Scoil an Phiarsaigh ar siúl i mí Mheán Fómhair agus díríodh i mbliana ar théama na fiontraíochta i gceantair na nGaeltachtaí agus trí mheán na Gaeilge.
- Cuirtear faisnéis agus comhairliúchán ar fáil fós d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, oibleagáidí agus reachtaíocht teanga, lena n-áirítear an dátheangachas a chinntiú ar www.galway.ie / www.gaillimh.ie, de réir ár scéime teanga.
- Cuireadh Doiciméid nua ar fáil don fhoireann faoin gceannnteideal Scéime Teanga agus Nótaí Treorach d'Fhostaithe maidir le hAcht(anna) na dTeangacha Oifigiúla chun feasacht níos fearr a mhúscailt ar na ceanglais i measc na foirne.
- Lean an Chomhairle ar aghaidh ag comhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga, agus í ag déileáil le ceisteanna a d'ardaigh baill den phobal, maidir le seirbhísí agus reachtaíocht Gaeilge.
- An 8 Márta 2024, reáchtáil comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge san Oireachtas cruinniú i Seomra na bhFoirgneamh Contae le linn Sheachtain na Gaeilge inar ghlac páirtithe leasmhara éagsúla sa Ghaeilge páirt. D'éascaigh Paidí Ó Lionaird ó Oifig an Choimisinéara Teanga agus Gormfhlaith Ní Thuairisg ó Raidió na Gaeltachta an t-imeacht. Craoladh na himeachtaí beo ar Theilifís an Oireachtais agus bhí siad ar fáil ar líne chomh maith.
- Ar an dáta céanna bhí ceoltóirí óga ó Chomhaltas Ceoltóirí Charna ag casadh ceol traidisiúnta agus rince traidisiúnta in Aitriam Halla an Chontae le linn am lóin.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint le faisnéis a sholáthar d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar fad maidir le dualgais, oibleagáidí agus reachtaíocht teanga, lena n-áirítear faisnéis chun dátheangachas a chinntiú ar www.galway.ie / www.gaillimh.ie, de réir ár scéime teanga.
- Leanúint le feasacht teanga chuí agus ábhar tacaíochta teanga a sholáthar d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, chun cur le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge.
- Leanúint ar aghaidh ag soláthar líon na ranganna/na gcúrsaí Gaeilge a chuirtear ar fáil i rith na bliana d'fhoireann agus do Chomhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ag cur leo siúd, agus béim áirithe á cur ar chumas cainte i nGaeilge agus ar chúrsaí tumoideachais a bhféadfaí a sholáthar sa Ghaeltacht, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.

- Leanúint ar aghaidh le Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais a bhronnadh i gcomhar le Coláistí Gaeilge sa Chontae.
- Leanúint ar aghaidh le catagóir na Gaeilge le haghaidh deontais tacaíochta pobail agus Gradaim an Chathaoirligh a chur chun cinn, ar bhonn tosaíochta.
- Rannpháirtíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe a threorú i ngníomhaíochtaí agus in imeachtaí le linn Sheachtain na Gaeilge i mí an Mhárta 2025.
- Leanúint ar aghaidh le hidirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí pobail chun an Ghaeilge a chur chun cinn

BAINISTÍOCHT SAORÁIDÍ – RÉADMHAOINE NA COMHAIRLE / SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Lean Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag soláthar seirbhísí feighlíochta agus bainistíochta áiseanna do líonra oifigí, leabharlanna agus imeachtaí cathartha na Comhairle.
- Lean an tAonad ar aghaidh ag comhlíonadh na riachtanas faoin gClár Bainistíochta Sábháilteachta i réimsí amhail tástáil gléasanna iniompartha, tástáil thréimhsiúil suiteálacha leictreacha, measúnuithe aonad fístaispeána, cothabháil ar na córais chosanta ó thintreach, córais sábháilteachta ó dhóiteáin lena n-áirítear ullmhacht éigeandála na bhfoirgneamh agus Measúnuithe Riosca gan Athrú.
- Tá monatóireacht agus bainistíocht éifeachtúlachta fuinnimh fós mar thosaíocht san aonad áiseanna. Bunaíodh Biúró Fuinnimh nua dar teideal ‘Atlantic Energy’ le déanaí le cómhaoiniú ó Údaráis Áitiúla sa réigiún agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ). Ceapadh Oifig Biúró Fuinnimh i gComhairle Chontae na Gaillimhe chun tacú leis an eagraíocht an t-ídiú fuinnimh inmheánach iomlán a laghdú.
- Rinneadh athbhreithniú leanúnach ar riachtanais athchóirithe fhoirgnimh oifige na Comhairle chun soláthar cóiríochta oifige agus seomra cruinnithe breise a éascú.
- Lean an tAonad ar aghaidh ag tabhairt faoi phróisis soláthair do raon conarthaí a bhaineann le bainistíocht conláistí chun luach airgead na Comhairle a chinntiú agus an caighdeán seirbhíse a chothabháil.
- Tá pleananna ar siúl chun gineadóir leictreachais cúltaca nua a shuiteáil i gcomhpháirtíocht le Roinn na Seirbhíse Dóiteáin, atá ag glacadh le príomhról an tionscadail seo, i gcomhar leis an Rannóg IT.
- Bhí measúnuithe Riosca Legionella leanúnach agus clár monatóireachta i bhfeidhm maidir le cóiríocht oifige agus leabharlainne.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Tá Seirbhísí Corparáideacha ag cur na tuarascála ar Mheasúnú Cóiríochta Oifige chun cinn faoi láthair agus ba cheart go mbeadh sí críochnaithe faoi R2 2025.

- Leanfar ar aghaidh leis an athbhreithniú leanúnach ar chonarthaí cothabhála chun na laghduithe costais a baineadh amach le blianta beaga anuas a choinneáil, agus féachfaimid le tuilleadh laghduithe costais a bhaint amach.
- Beidh sé mar aidhm ag an Aonad ídiú fuinnimh a laghdú a thuilleadh ar fud na n-oifigí agus na leabharlanna agus é ag obair i gcomhar leis an Oifigeach Biúró Fuinnimh ceaptha.
- Faoi réir maoinithe, déanfar seirbhís bia the a fhorbairt sa cheaintín agus cuirfear feabhas ar an raon bia atá ar fáil in Centrepoinn chomh maith.

CARTLANN AGUS TAIFID A BHAINISTIÚ

Oibríonn Rannóg na gCartlann chun cúram, caomhnú agus bainistiú chartlann na Comhairle agus rochtain uirthi a chinntiú. Tá oibleagáidí reachtúla ar Údaráis Áitiúla ar fud na hÉireann a gcinntí a thaifeadadh, agus na taifid sin a bhainistiú agus a chur ar fáil d'aon duine ar mian leo dul i gcomhairle leo, chun aon chríche. Dá bhrí sin, is sócmhainn thábhachtach í cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, atá riachtanach chun a chinntiú gur féidir léi a hoibleagáidí dlíthiúla agus a cuspóir a bheith trédhearcach agus cuntasach a chomhlíonadh. Is acmhainní agus uirlisí tábhachtacha í an chartlann freisin le haghaidh taighde, oideachais agus turasóireacht chultúrtha. Is acmhainní luachmhara oidhreachta cultúrtha í a dteastaíonn cúram ar leith uaidh.

Tugann an Rannóg comhairle beartais don Chomhairle chomh maith, maidir le cúram agus bainistiú a cuid taifead.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Leanadh de sheirbhísí cartlainne lárnacha a sholáthar, i dtéarmaí rochtana agus caomhnaithe, amhail faisnéis ar bhailiúchán cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe a choinneáil agus a nuashonrú trína liostaí tuairisciúla agus trína [catalóg ar líne](#), agus faireachán a dhéanamh ar dhálaí timpeallachta na cartlainne agus d'fhéach sí lena chinntiú go leanfaí dá cosaint, dá caomhnú agus dá bainistiú.
- Críochnaíodh, le cúnamh ó chomhghleacaithe i dTeicneolaíocht Faisnéise, an t-aistriú chuig Axiell Collections, córas bainistíochta bailiúcháin cartlann atá bunaithe ar an nGréasán.
- Leanadh leis an gclár chun cúltaca slándála agus ionadaithe tagartha a sholáthar do bhailiúcháin¹, agus reáchtáladh imeacht mar chuid de Sheachtain na hOidhreachta chun aird a tharraingt ar an tionscadal, a fuair cúnamh deontais ón gComhairle Oidhreachta. Is sócmhainn fhíorluachmhar iad líon suntasach agus éagsúlacht na mbailiúcháin cartlainne atá ar fáil ar an [gCartlann Dhigiteach](#) a théann chun tairbhe an phobail taighde, rud a fhágann go bhfuil rochtain 24/7 ag pobal domhanda ar chuid mhaith dár mbailiúcháin.
- Oibríodh go fairsing ar thionscadail éagsúla chun céad bliain Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe a cheiliúradh, lena n-áirítear taighde, coimeád agus léiriú, i gcomhar le comhghleacaithe

¹ GPL4/12-96,

leabharlainne, maidir leis an taispeántas chun 100 bliain a cheiliúradh, a seoladh i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe i mí Iúil, agus cuireadh ‘*A nuisance or a luxury*’... *Historical and Nostalgic Reflections 100 Years of Galway Public Libraries* (foilseachán atá le teacht) le chéile agus rinneadh comheagarthóireacht air, agus rinneadh taighde agus scríobhadh aiste le haghaidh an leabhair.

- Leanadh leis an tionscadal suirbhéireachta léarscáile chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhailiúchán mór léarscáileanna agus líníochtaí a choinnítear lasmuigh den láthair maidir lena gcoinneáil nó lena ndiúscairt, lena n-eagrú agus lena liostú (fós ar siúl).
- Socraíodh agus bainistíodh sceideal oibre intéirnigh fochéime (Stair) de chuid Ollscoil na Gaillimhe, a bhí ag obair go príomha ar bhailiúchán mór grianghraf príobháideach a shórtáil agus a liostú i mboscaí, agus rinneadh maoirseacht air.²
- Coimisiúnaíodh caomhnú roinnt leabhar miontuairiscí de chuid Aontas Dhlí na mBocht i nGaillimh³.
- Cuireadh seirbhísí ar fáil do léitheoirí, amhail ceisteanna taighde a fhreagairt agus comhairle agus treoir a sholáthar do thaighdeoirí.
- Leanadh ar aghaidh leis an gclár próiseála ábhar cartlainne agus bailiúchán.⁴ Is í an ghníomhaíocht sin an bhunchloch idir rochtain agus úsáid; atá freagrach as nasc éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar lenár mbailiúcháin, thar aon rud eile is iad ár liostaí tuairisciúla agus ár [gcatalóg ar líne](#) a chuireann an nasc sin ar fáil mar a dhéanann ár suíomh gréasáin, mar aon le hiontrálacha ar thairseacha cartlainne éagsúla.
- Oibríodh le Cartlannaithe Rialtais Áitiúil agus Bainisteoirí Taifead i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chun an foilseachán a chur i dtoll a chéile, *125 Years of Local Government*.
- Cuireadh comhairle ar aonaid de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe de réir mar ba gha agus tugadh cúnamh dóibh maidir le dea-chleachtas bainistíochta taifead. Oibríodh le haonaid éagsúla chun Sceideal Coinneála inmheánach a nuashonrú, agus Deimhnithe Diúscartha a thiomsú agus a chur i ngníomh.
- Leanadh ar aghaidh leis an mbunachar sonraí bainistíochta taifead Arclink a úsáid, chun cabhrú le bainistiú taifead laistigh den eagraíocht a sheoltar chuig stóráil sheachtrach.
- Leanadh ar aghaidh le haistrithe taifead neamhreacha (cóip chrua) chuig áit stórála a bhainistiú, agus taifid a fháil ón áit stórála sin agus iad a thabhairt ar ais: Próiseáladh 938 iarratas ó mhí Eanáir go mí na Samhna. Tá níos mó ná 143,530 iontráil ar bhunachar sonraí ArcLink.

· ² Forshealbhúchán 2024/01, Walshe, Jimmy, bailiúchán grianghraf (claonchlónna)

· ³ GPL6/36-37, /39-41 &/150

⁴ I measc na mbailiúchán/na míreanna a próiseáladh agus a cuireadh leis an gcatalóg ar líne tá Cláir na dToghthóirí breise (2024/06), cláir reiligi agus comhaid Seirbhísí Corparáideacha.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh na Cartlanna de dhíriú ar bhailiúcháin chartlainne a phróiseáil, agus rochtain agus comhairle a chur ar fáil do thaighdeoirí.
- Leanúint ar aghaidh leis an gclár chun cúltaca slándála agus ionadaithe tagartha do na bailiúcháin a sholáthar.
- Leanúint ar aghaidh le feachtas ar bhailiúcháin Chartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn.
- Leanúint ar aghaidh leis an tionscadal suirbhéireachta léarscáile chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhailiúchán mór léarscáileanna agus líníochtaí a choinnítear lasmuigh den láthair, maidir lena gcoinneáil nó lena ndiúscairt, lena n-eagrú agus lena liostú.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh le leas a bhaint as stóráil tráchtála taifead neamhreacha agus déanfar bainistiú ar aisghabháil agus ar aiscur na dtaifead a choinnítear in áit stórála lasmuigh den láthair.
- Leanfaidh an tAonad de bheith i dteagmháil leis na Rannóga éagsúla laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus de thacaíocht a thabhairt dóibh chun rangú comhad agus sceidil coinneála taifead a fhorbairt, a choinneáil agus a chur chun feidhme agus chun comhairle a chur orthu maidir le dea-chleachtas bainistíochta taifead. Spreagtar gach Aonad athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a gcuid sceideal ar bhonn rialta agus an bailiúchán taifead neamhreacha a choinnítear lasmuigh den láthair a liostú agus a bhainistiú de réir mar is cuí.
- Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar leis na Seirbhísí Corparáideacha agus leis an tseirbhís Leabharlainne agus muid ag iarraidh cóiríocht mhalartach agus fheabhsaithe a aimsiú le haghaidh taisclann Cartlainne chuí agus Siopa Taifead.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Seirbhísí Corparáideacha, leis an tSeirbhís Leabharlainne, agus le daoine eile mar chuid den iarracht chun beartas maidir le caomhnú digiteach agus cartlann dhigiteach a fhorbairt, agus chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht chuí ar thaifid dhigitghinte.

CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

D'eagraigh agus réachtáil an Chomhairle na Toghcháin Áitiúla i mí an Mheithimh 2024.

- Ullmhúchán don Reifreann/do na Reifrinn a réachtáladh i mí an Mhárta 2024.
- Bhí nuashonruithe ar Chlár Rollach na dToghthóirí agus ar na córais ar siúl i rith na bliana.
- Leanadh leis an obair ar Thionscadal Nuachóirithe an Chórais Clárúcháin do Thoghthóirí Rialtais Áitiúil (CCTRA) - (An Bunachar Sonraí Náisiúnta um Chlárúchán Toghthóirí). Tá sé beartaithe ag gach údarás áitiúil a gcuid sonraí a aistriú chuig bunachar sonraí lárnach náisiúnta comhroinnte clárúcháin toghthóirí faoi dheireadh 2025. Leanamar orainn ag obair ar cháilíocht ár sonraí a fheabhsú:

- Cruinneas - Tá sonraí breise ag teastáil anois ó gach toghthóir lena n-áirítear Uimhreacha PSP, Dátaí Breithe agus Éirchóid, Cuimsitheacht - Daoine a bhaint ó Chlár na dToghthóirí tar éis báis agus réamhchlárú a dhéanamh do dhaoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois.
- Tá feachtas feasachta poiblí ar siúl le linn 2024, trí chraoltóireacht teilifíse agus raidió, na meáin shóisialta agus na meáin chlóite áitiúla, scaipeadh bileog agus scoileanna, i gcomhar leis an Roinn agus le feachtas náisiúnta, lena n-iarrtar ar an bpobal a gcuid sonraí ar an gClár a nuashonrú.
- Ullmhúchán don Olltoghchán in R4 2024.
- I gcomhréir leis na moltaí ón Choimisiún Toghcháin, Tuarascáil Athbhreithnithe Thoghcheantar 2023, Dáilcheantair agus Toghcheantair Pharlaimint na hEorpa, tá cur chun feidhme athruithe athbhreithnithe ar Theorainneacha Toghcháin ullmhaithe agus réidh le tosú a luaith a fhógrófar Olltoghchán 2024 go foirmiúil.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint ar aghaidh leis an obair atá ar siúl leis an gClár Rollach agus le nuashonruithe córas.
- Leanfaidh an obair ar aghaidh ar Thionscadal Nuachóirithe an Chórais Clárúcháin do Toghthóirí Rialtais Áitiúil (CCTRA) - (An Bunachar Sonraí Náisiúnta um Chlárúchán Toghthóirí) agus leanfar le feabhas a chur ar chruinneas ár sonraí le glanadh sonraí. Leanfaidh feachtais áitiúla ar aghaidh freisin do mhuintir na Gaillimhe a gcuid sonraí ar Chlár na Toghthóirí a nuashonrú trí www.checktheregister.ie
- Ullmhúchán do Reifreann/Reifrinn a d'fhéadfadh a bheith ar siúl in 2025.
- Ullmhúchán don Toghchán Uachtaránachta in R4 2025.

PLEANÁIL AGUS TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH / IONADAÍOCHT ÁITIÚIL / CEANNAIREACHT SIBHIALTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Cuirtear seirbhísí riaracháin ar fáil don Phríomhfheidhmeannach, do Chathaoirleach na Comhairle, do Chomhaltaí Tofa, don Ghrúpa Beartais Chorporáidigh agus do Chruinnithe na Comhairle.

SEIRBHÍSÍ ARNA SEACHADADH DO CHRUINNITHE IOMLÁNACHA NA COMHAIRLE AGUS DO BHAILL NA COMHAIRLE

- Cláir a Ullmhú do Ghnáthchruinnithe agus do Chruinnithe Speisialta agus Bliantúla den Chomhairle Iomlánach, Míreanna Cláir a chomhordú leis na Rannáin go léir, na Cruinnithe a éascú agus na Miontuairiscí a thaifeadh.
- Cláir Oibre, Miontuairiscí agus doiciméadú cláir a fhoilsiú ar an Eislíon.
- Cruinnithe den Ghrúpa Beartais Chorporáidigh a éascú.

- Léirithe Spéise a éascú maidir le freastal ar Imeachtaí Oiliúna agus Comhdhálacha.
- Tuarascálacha a chur le chéile don Chomhairle de réir an Achta Rialtais Áitiúil chun Tinreamh Baill ag Imeachtaí Oiliúna agus Comhdhálacha a Údarú.
- Oiliúint inmheánach a eagrú de réir Phlean comhaontaithe Oiliúna agus Forbartha Chomhairle Chontae na Gaillimhe do Bhaill.
- Éilimh Thaistil & Chothaithe Comhaltaí a bhaineann le freastal ar Chúrsaí Oiliúna & ar Chomhdhálacha agus Liúntas Ionadaíochta Áitiúla a phróiseáil.
- Na gníomhartha seo a leanas a éascú; Achoimrí ar Chomhdhálacha ar fhreastail na Comhaltaí orthu a chur isteach, an Tuarascáil le haghaidh Clár Oibre a ullmhú agus Achoimrí a fhoilsiú ar an Suíomh Gréasáin.
- Bunachar Sonraí Thinreamh na gComhaltaí ag Cruinnithe uile na Comhairle a choinneáil, lena n-áirítear cruinnithe lomlánacha, CBS, Ceantair Bhardasaigh, an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil, an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil, an Choiste um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile.
- Tiomsú an Chláir Phoiblí Gach Duine a bhí i láthair agus Íocaíochtaí na gComhairleoirí a éascú.
- An Clár Eitice do Chomhairleoirí a choinneáil.
- An próiseas do Chomhaltaí maidir le Dearbhuithe Síntiús a thabhairt ar ais a éascú.
- Thacaigh an Fhoireann Chorporáideach le hImeachtaí Cathartha a éascú mar fhreagra ar mholtaí ón gComhairle lomlánach.
- Éascú cruinnithe idir Ambasadóirí ar cuairt leis an gCathaoirleach agus leis an bPríomh-Fheidhmeannach.
- Ullmhaíodh an Plean Corparáideach, ráiteas straitéise don údarás áitiúil laistigh de 6 mhí ó Chruinniú Bliantúil 2024, de réir alt 134(1) den Acht Rialtais Áitiúil 2001.
- Ullmhaíodh Scéim CBS nua don tréimhse 2024-2029, i ndiaidh na dToghchán Áitiúil a tionóladh i mí an Mheithimh 2024 i gcomhréir le halt 48 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus le halt 48(1A) den Acht, 2001, arna leasú le halt 41(a) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Ghlac na Comhaltaí an Scéim CBS ag an gcruinniú lomlánach i mí Mheán Fómhair 2024.

SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHRAÍONN SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA DON EAGRAÍOCHT

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Clár Eitice a Chothabháil don Fhoireann Ábhartha.
- Tacaíocht arna soláthar ag Seirbhísí Corparáideacha chun Tairiscintí a Fháil, a Chlárú agus a Oscailt don eagraíocht tríd an gcóras ríomhthairiscintí.
- Clár Orduithe an Phríomh-Fheidhmeannaigh arna choinneáil, agus na hOrduithe arna nUimhriú ag Seirbhísí Corparáideacha do gach Rannóg.
- Lean na Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag feidhmiú mar idirghabhálaí d'Oifig an Ombudsman maidir le ceistanna a d'ardaigh an Oifig faoi sheirbhís arna soláthar ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Déantar gach comhfhreagras a chomhordú trí na Seirbhísí Corparáideacha, agus tá córas rianaithe i bhfeidhm.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don Chathaoirleach, do bhaill thofa agus d’eagrú Chruinnithe Iomlánacha na Comhairle.
- Déanfar an Chomhairle Clár Eitice na Foirne agus na Baill a chothabháil agus éascóidh sí do na Baill na dearbhuithe síntiús a thabhairt ar ais.
- Foilseoidh an tAonad sonraí na nÍocaíochtaí go léir a dhéantar le Comhaltaí Tofa, lena n-áirítear maidir le Comhlachtaí Seachtracha a bhfuil na Comhaltaí ainmnithe dóibh.
- Tacóidh an tAonad go gníomhach le ról an Ghrúpa Beartais Chorporáidigh.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag comhlíonadh a ceanglas reachtúil maidir le reachtaíocht um Chosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol agus leanfaidh sí ar aghaidh leis an eagraíocht a éascú maidir le ceisteanna Ombudsman.
- Leanfaidh Seirbhísí Corparáideacha d’fháil, oscailt agus taifeadadh na dTairiscintí a fhaigheann an Chomhairle a éascú.

COSAINT SONRAÍ

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, agus é mar aidhm aige cur chuige caighdeánach a chur i bhfeidhm maidir le Cosaint Sonraí ar fud Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh. Leagtar oibleagáidí fairsinge amach i RGCS maidir le rialaitheoirí sonraí agus le próiseálaithe sonraí agus soláthraíonn sé cosaintí neartaithe don duine is ábhar do na sonraí. Tá RGCS ina iomláine ina cheangal de réir an dlí agus éilíonn sé prionsabail phríobháideachais a úsáid laistigh de gach gné d’oibríochtaí gnó: amhail Príobháideacht trí Réamhshocrú, Príobháideacht trí Dhearadh, trí Chuntasacht agus trí Thrédhearcacht. Cé go bhfuil RGCS infheidhme go díreach mar dhlí i ngach Ballstát den Aontas Eorpach, ceadáíonn sé go dtabharfaí tuilleadh éifeachta do shaincheisteanna áirithe sa dlí náisiúnta. In Éirinn, is é an dlí náisiúnta, a thugann, i measc nithe eile, tuilleadh éifeachta don RGCS, ná an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.

Tugadh deis do gach ball foirne freastal ar sheisiúin traenála agus seisiúin eolais faoi na dualgaí a ghabhann leis an reachtaíocht seo i ndáil le Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Sanntar an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) do na Seirbhísí Corparáideacha agus is é an duine an pointe teagmhála le haghaidh gach larratais Rochtana Ábhar a fhaigheann Comhairle Chontae na Gaillimhe. Feidhmíonn an OCS mar phointe teagmhála na Comhairle le hOifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí chomh maith.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Leanadh ar aghaidh le tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an Phlean Comhlíonta um Chosaint Sonraí le linn 2024. Tá an Plean Comhlíonta sin dírithe ar na 7 bPrionsabal um

Bainistíocht Sonraí, ar Oibleagáidí Rialaitheora Sonraí, agus ar Chearta na nDaoine is Ábhar do na Sonraí. Chun an Plean a chur chun cinn, in 2024 leanadh ar aghaidh leis an mbéim ar Fheasacht agus Oiliúint Foirne a mhéadú agus ar Bheartais agus Nósanna Imeachta a chur chun feidhme, lena gcruthaítear timpeallacht níos trédhearcaí, níos sláine agus níos iontaofa le haghaidh na sonraí pearsanta go léir faoinár gcúram.

- Cuirtear an tArdán Bainistíochta Sonraí (PrivacyEngine) chun feidhme ar fud na heagraíochta mar uirlis éifeachtach chun comhlíonadh RGCS a bhainistiú agus a chinntiú. Cuireadh feabhsuithe ar an Ardán chun feidhme le linn 2024 agus cuireadh feidhmiúlacht nua leis. Tá Príomhchosantóir ainmnithe i ngach Aonad den Chomhairle atá freagrach as riachtanais Cosanta Sonraí an Aonaid a chomhordú.
- Lean gach aonad gnó ar aghaidh ag forbairt Fógraí Príobháideachta maidir le gach gníomhaíocht phróiseála agus ag cur na gComhaontuithe Próiseála Sonraí riachtanacha chun feidhme lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta sa chás go n-iarrtar ar Phróiseálaí sonraí pearsanta a phróiseáil de réir threoracha na Comhairle.
- Úsáideadh PrivacyEngine chun cúrsaí oiliúna d'fhostaithe a chruthú agus a bhainistiú chun feasacht mhéadaithe tuiscint a chinntiú agus rioscaí á laghdú ag an am céanna.
- Seachadadh cúrsaí oiliúna ar líne maidir le Cosaint Sonraí/RGCS do thart ar 800 fostaí in 2024 ar na hábhair seo a leanas:
 - Iarratais Daoine is Ábhar do na Sonraí ar Rochtain
 - Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus Réamhshocrú
 - Beartas um Chosaint Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Nósanna Imeachta don Chianobair
 - Fógra maidir le Sárú Sonraí
 - Cuirtear oiliúint RGCS ar líne ar fáil do gach fostaí nua de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid dá n-ionductú don Chomhairle.
- Ceardlanna Oiliúna Cosaint Sonraí/RGCS ar an láthair arna soláthar ag an OCS do na Gardaí Tarrthála Trá, roimh shéasúr an tsamhraidh.
- Chuir an OCS Ceardlann Oiliúna Cosanta Sonraí/RGCS ar an láthair ar fáil do na Maoir Phobail nuacheaptha
- Chuir an OCS Ceardlanna Oiliúna ar líne ar fáil do Chosantóirí Sonraí nuacheaptha san Aonad
- Fuarthas 15 iarratas. ar Chearta Duine is Ábhar do na Sonraí suas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024; Deonaíodh 8 gcinn, diúltaíodh do 4 cinn toisc nach raibh na sonraí pearsanta a iarradh ann, diúltaíodh do cheann amháin toisc nár bh í an fhaisnéis faisnéis phearsanta an iarratasóra agus tá 2 cinn ar feitheamh.
- Fuarthas 6 iarratas. ón nGarda Síochána de réir Alt 41. (b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Deonaíodh 4 iarratas agus diúltaíodh do 2 iarratas toisc nach raibh fáil ar na sonraí pearsanta a iarradh.
- Leanadh ar aghaidh leis an Nuachtlitir Foirne um Chosaint Sonraí, atá deartha chun feasacht ar shaincheistanna Cosanta Sonraí a chur chun cinn ar fud na heagraíochta, a fhoilsiú in 2024, agus eisíodh eagrán ag deireadh gach ráithe.

- Déantar Acmhainní Inlín na Foirne um Chosaint Sonraí a nuashonrú ar bhonn leanúnach, agus cuirtear naisc úsáideacha agus pointí tagartha ar fáil iontu chun comhlíonadh a bhaineann le Cosaint Sonraí a chinntiú i ngach aonad gnó.
- I mí Feabhra 2024, chríochnaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) a Fhiosrúchán maidir le húsáid teilifíse ciorcaid iata (TCI) agus teicneolaíochtaí faireachais eile ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. D'éisigh an CCS a Litir Conclúidí chuig an OCS an 4 Márta 2024, inar cuireadh in iúl go raibh sé sásta gur chomhlíon Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar Rialaitheoir Sonraí, na bearta ceartaitheacha a leagadh amach i gCinneadh an CCS dar dáta an 22 Lúnasa 2023.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Beidh Plean an Tionscadail Comhlíonta mar thosaíocht le haghaidh 2025 arís agus beidh sé dírithe ar Phrionsabail Bhainistíochta Sonraí, ar Oibleagáidí Rialaitheora Sonraí agus ar Chearta Daoine is Ábhar do na Sonraí, le tacaíocht ó Fheasacht agus Oiliúint mhéadaithe, agus ó Bheartais agus Nósanna imeachta lena gcruthaítear timpeallacht níos trédhearcaí, níos sláine agus iontaofa do na sonraí pearsanta go léir atá faoinár gcúram.
- Leanfaidh an OCS ar aghaidh ag gníomhú mar phointe teagmhála don phobal maidir le hlarratais Daoine is Ábhar do na Sonraí ar Rochtain agus aon fhaisnéis eile a lorgaítear agus d'Oifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí chomh maith.
- Is é an tArdán Bainistíochta Sonraí PrivacyEngine a éascóidh an bhainistíocht ar gach gné de chosaint sonraí laistigh den eagraíocht arís, chun comhlíonadh a léiriú agus fíorluach gnó a sheachadadh, agus déanfar príomhthosaíochtaí de chosaint sonraí agus príobháideachtas.
- Leanfar ar aghaidh le hoiliúint RGCS ar líne a sholáthar d'fhostaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe le PrivacyEngine chun feasacht agus tuiscint mhéadaithe a chinntiú agus rioscaí a laghdú ag an am céanna.
- Déanfaidh gach Aonad an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach.
- Leanfar ar aghaidh leis an obair chun Fógraí Príobháideachta a fhorbairt agus chun a chinntiú go bhfuil gach Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm i ngach aonad gnó.
- Leanfaidh an OCS ar aghaidh ag cur tacaíochta agus comhairle ar fáil d'aonaid ghnó maidir le Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) a dhéanamh maidir le haon phróiseáil nua ar dócha go mbeidh riosca ard do shonraí pearsanta mar thoradh uirthi.
- Leanfaidh an OCS ar aghaidh le treoir a thabhairt maidir le Cosaint Sonraí agus RGCS d'aonaid ghnó laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ag an am céanna ag tacú agus ag éascú obair na dteagmhálaithe Cosanta Sonraí i ngach aonad gnó.

SAORÁIL FAISNÉISE/ROCHTAIN AR FHAISNÉIS AR AN GCOMHSHAOL

Sanntar an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise/Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol do Sheirbhísí Corparáideacha agus is é an duine an pointe teagmhála do Chinnteoirí um Shaoráil Faisnéise (SF) agus Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (RFC) agus Oifigigh Achomharc san eagraíocht agus sa Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus in Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Chomhshaoil. Déantar gach iarratas maidir le SF & RFC a fhaightear a phróiseáil agus a rianú trí Sheirbhísí Corparáideacha le córas rianaithe agus coinnítear Taifead Nochtaí d'iarratais SF.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA UM SHAORÁIL FAISNÉISE IN 2024:

Fuarthas 122 iarratas suas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024. Eisíodh cinntí mar seo a leanas:

- deonaíodh 25, deonaíodh 47 go páirteach, diúltaíodh do 17, tarraingíodh 15 siar, tarraingíodh 14 siar agus déileáladh leo lasmuigh de SF agus tá 4 ag fanacht le cinneadh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA UM ROCHTAIN AR FHAISNÉIS AR AN GCOMHSHAOL IN 2024:

Fuarthas 27 iarratas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024. Eisíodh cinntí mar seo a leanas:

- Deonaíodh 12, deonaíodh 6 go páirteach, diúltaíodh do 6, tarraingíodh siar ceann amháin agus tá dhá cheann ag fanacht le cinneadh.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH LENA N-ÁIRÍTEAR DUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ

Ceanglaítear le hAlt 42(2) (a) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 ar chomhlacht measúnacht a leagan amach ina phlean straitéiseach “ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a chreideann sé is iomchuí maidir le feidhmeanna agus críoch an chomhlachta agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá ar bun nó a bheartaítear a chur ar bun d’fhonn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.”

Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe Plean Cur Chun Feidhme i ndáil le Dualgas na hEarnála Poiblí agus úsáidtear é sin ar bhonn leanúnach i ndáil le haon Phleananna, Beartais nó Gníomhartha nua.

I measc na ngnéithe Rialachais Chorporáidigh i gcoitinne tá Leanúnachas Gnó, Bainistíocht Riosca, Cosaint & Leas Leanaí, Plean Corparáideach chomh maith le Dualgas na hEarnála Poiblí. Tá Grúpa Oibre i bhfeidhm chun déileáil le gach gné de Rialachas Corparáideach ar fud na heagraíochta.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Leanúnachas Gnó – Ghlac an cruinniú den Fhoireann Bainistíochta leis an gCóras Bainistíochta Leanúnachais Ghnó i mí Eanáir 2024 agus tá sé le hathbhreithniú arís i mí Eanáir 2025.
- Athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach – rinneadh athbhreithniú ar Phlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, 2020 – 2024 i mbliana agus tá Plean Corparáideach nua á ullmhú don tréimhse 2025 – 2029. Tá an Tréimhse Comhairliúcháin Phoiblí thart anois, agus cuirfear an dréacht deiridh faoi bhráid Chruinniú Iomlánach mhí na Samhna lena bhreithniú agus lena ghlacadh ag na comhaltaí.

- Dualgas na hEarnála Poiblí – Tá ár bPríomhphean Cur Chun Feidhme, mar aon leis an Leabhar Fianaise, foilsithe ar ár suíomh gréasáin agus úsáidimid na doiciméid sin i ndáil le haon pheleananna, beartais nó gníomhartha nua. Tháinig an Grúpa Oibre le chéile go deireanach i mí Lúnasa, chun an Measúnú ar Dhualgais na hEarnála Poiblí sin a dhéanamh le haghaidh an Phlean Chorporáidigh nua.
- Bainistíocht Riosca – tá Córas Bainistíochta Riosca nua, ViClarity, i bhfeidhm ó mhí Lúnasa 2024. Tá Cláir Riosca Aonaid Aonair á measúnú agus á n-athbhreithniú anois ag Curaidh Riosca ábhartha gach ráithe, agus ina dhiaidh sin déanfaidh Stiúrthóirí Seirbhísí athbhreithniú deiridh orthu.
- Cosaint agus Leas Leanáí – tá an polasaí agus na nósanna imeachta maidir leis an méid sin foilsithe ar ár suíomh gréasáin agus déantar athbhreithniú orthu go rialta.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2025:

- Sainítear tosca cumasúcháin sa Phlean Cur Chun Feidhme um Dhualgas na hEarnála Poiblí a ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe chun Dualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme agus leagtar na gníomhartha tosaíochta is gá a chur chun feidhme amach ann, agus leanfar leis an obair sin in 2025.
- Baileoidh an Grúpa Oibre Corparáideach nuashonruithe ó na hAonaid agus déanfaidh siad tuairisciú ar an gcur chun feidhme ar bhonn leanúnach leis an bhFoireann Bainistíochta agus le saoránaigh sa Tuarascáil Bhliantúil.
- Cuirfear nuashonruithe ar fáil do na Comhaltaí Tofa sa Tuarascáil Bainistíochta mhíosúil chomh maith.
- Déanfar athbhreithniú ar an gCóras Bainistíochta Leanúnachais Ghnó in R1 2025.
- Leanfar de bheith ag athbhreithniú Bainistíocht Riosca ar bhonn ráithiúil i rith 2025 tríd an gCóras Comhlíonta Bainistíochta Riosca ViClarity.
- Déanfar athbhreithniú ar Bheartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint & Leas Leanaí faoi R3 2025.
- Déanfar tuarascálacha dul chun cinn maidir le Spriocanna agus Gníomhartha nua an Phlean Chorporáidigh go ráithiúil le linn 2025.

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ, CUMARSÁID AGUS NA MEÁIN SHÓISIALTA

Lean Seirbhísí Corparáideacha orthu ag comhordú gníomhaíochtaí seirbhísí do chustaiméirí sa Chomhairle, agus an Fhoireann Seirbhísí do Chustaiméirí mar an chéad phointe teagmhála don phobal tar éis dóibh an t-athrú a dhéanamh. Leanann an Deasc Fáiltithe Seirbhísí do Chustaiméirí ar an mbunurlár de bheith ag feidhmiú chun láimhseáil éifeachtach atreoruithe/ceisteanna a chur ar fáil do chustaiméirí agus iad ag dul isteach in Áras an Chontae. Tá an tseirbhís ghutháin fós á hoibriú as sin, le tacaíocht ón Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí ar an dara hurlár in Áras an Chontae chomh maith.

- Tá úsáid mhéadaithe na Meán Sóisialta (Twitter, Facebook agus Instagram) ag fás agus ag forbairt i gcónaí agus beidh oiliúint foirne ar siúl arís ar na Meáin Shóisialta i mí na Samhna.
- Rinneadh na Meáin Shóisialta a chomhtháthú le Feachtais Fógraíochta agus Feachtais Cur Chun Cinn eile de chuid na Comhairle. Tugadh aird ar leith ar úsáid na Meán Sóisialta le linn imeachtaí drochaimsire. Tháinig méadú ar líon na dteachtaireachtaí a postáladh thar ceann na foirne agus tá fócas ar Oibreacha Bóthair, ar imeachtaí a chuireann isteach ar Sheirbhísí Uisce agus ar imeachtaí eile a tharlaíonn ó lá go lá ar fud an Chontae.
- D'fhorbair ár bhfoireann Cumarsáide an clár le haghaidh 'Do Lá sa Chomhairle 2024'.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Tá na seoltaí ríomhphoist, customerservices@galwaycoco.ie agus gaeilge@cocogaillimh.ie fós mar phointe lárnach rochtana ar fhaisnéis don Fhoireann agus do Chustaiméirí araon. Iarrtar ar bhaill foirne faisnéis a sholáthar ar thionscadail, feachtais, imeachtaí, oibreacha etc. ionas go mbeidh an Fhoireann Seirbhísí do Chustaiméirí ar an eolas faoi na himeachtaí atá ar siúl ar fud na Comhairle agus go mbeidh siad ar a gcumas ceisteanna a fhreagairt ina leith. Is féidir leis an bpobal i gcoitinne na seoltaí ríomhphoist sin a úsáid freisin le haghaidh ceisteanna ginearálta. Aithnítear na ceisteanna agus seoltar iad chuig na rannóga ábhartha de réir mar is gá le go mbeidh an rannóg ábhartha in ann aird a thabhairt orthu agus freagairt dhíreach a chur ar ais.
- Soláthraíodh faisnéis ar sheirbhísí agus oibríochtaí na Comhairle agus tugadh comhairle faoi conas a d'fhéadfadh an pobal dul i dteagmháil leis an bhfoireann agus le seirbhísí.
- Is iad Seirbhísí do Chustaiméirí an pointe lárnach teagmhála thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le tairseach an Rialtais le haghaidh Comhairliúchán Poiblí.
- Leanann Seirbhísí do Chustaiméirí ar aghaidh ag cothabháil an chórais rochtana dorais agus carrchlóis thar ceann an Aonaid Foirgneamh agus Saoráidí.
- Faireachán leanúnach ar an gcóras teileafóin Luware Nimbus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na feabhsuithe leanúnacha atá le déanamh.
- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar ár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí agus ar dhoiciméid choimhdeacha lena chinntiú go bhfuil siad ailínithe lenár bPlean Corparáideach don tréimhse 2024-2029.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint ar aghaidh le comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí de réir spriocanna agus spriocanna comhaontaithe sa Straitéis um Sheirbhísí Ardchaighdeán do Chustaiméirí.
- Forbairt Creata/Straitéise Cumarsáide ina dtabharfar aghaidh ar an ngá atá le bainistíocht faisnéise fheabhsaithe laistigh den Chomhairle agus go seachtrach le páirtithe leasmhara na Comhairle agus leis an bpobal, agus Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine á chur san áireamh agus ailínithe leis na spriocanna straitéiseacha mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach.
- Brandáil agus teimpléid chaighdeánacha tuairisce a fhorbairt le húsáid ag na baill foirne uile i gComhairle Chontae na Gaillimhe.
- Leanúint ar aghaidh le cruinnithe Ghrúpa Oifigeach um Sheirbhísí do Chustaiméirí a thionóladh, le comhroinnt faisnéise agus le comhghníomhartha ar fud na rannóg go léir.
- Tacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí chun feabhas leanúnach a chur ar rochtain ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus chun uailmhianta Dhualgas na hEarnála Poiblí dár gcuid a chomhlíonadh.
- Leanúint ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt úsáid na Comhairle Contae as na Meáin Shóisialta mar fhoinsé faisnéise agus mar bhealach cumarsáide éifeachtach do chustaiméirí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis um Sheirbhísí do Chustaiméirí.

- Plean a fhorbairt le haghaidh ‘Do Lá sa Chomhairle 2025’ a mbeidh tionchar níos mó aige.

GNÍOMHAÍOCHT INIÚCHÓIREACHTA INMHEÁNAÍ

Is gníomhaíocht dearbhaithe, chomhairliúcháin atá neamhspleách agus oibiachtúil í an iniúchóireacht inmheánach, atá deartha chun luach breise a chur ar oibríochtaí na heagraíochta agus iad a fheabhsú. Cabhraíonn sí le heagraíocht a cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach, críochnúil a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht an phróisis bhainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais a mheas agus a fheabhsú.

Tá an tAonad Iniúchta Inmheánach freagrach as dearbhú a sholáthar do Phríomhfheidhmeannach na Comhairle maidir le leordhóthanacht agus héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus bhainistíocht riosca na Comhairle. Tá clár oibre an Iniúchta Inmheánaigh á stiúradh ag an bplean Iniúchta Inmheánach bliantúil a dhréachtaítear i gcomhar leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus leis an gCoiste Iniúchta.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Tugadh ceithre thuarascáil iniúchóireachta chun críche i gcomhréir leis an bPlean Iniúchóireachta Inmheánaí, 2024, agus dhá athbhreithniú Iniúchóireachta Inmheánaí fós ar siúl ag deireadh na bliana.
- Athbhreithniú bliantúil ar phionóis Úis ar Íocaíocht Phras.
- Athbhreithniú ar chomhlíontacht a dhéanamh ar an gCód Cleachtais um Shaoráil Faisnéise.
- Rinneadh seiceáil ar bhonn ráithiúil ar fháltais airgid na hoifige, ar lóisteálacha agus ar admhálacha cealaithe.
- Déantar seiceáil ar bhonn thréimhsiúil i gceanncheathrú na hOifige Mótarchánach (OMC) in Áras an Chontae agus déantar seiceálacha ar bhonn leathbhliantúil ag OMC sa Cheathrú Rua agus i mBéal Átha na Sluaighe.
- Rannpháirtíocht ghníomhach sa Líonra Iniúchóirí Inmheánacha Rialtais Áitiúil (LIIRÁ) agus i Líonra Iniúchóirí Inmheánacha Réigiún an Iarthuaiscirt (LIIRI).
- Dualgais Rúnaíochta don Choiste Iniúchóireachta, tionóladh 4 chruinniú i rith na bliana mar aon le críochnú tuarascálacha reachtúla ar AFS2023 agus Gníomhaíochtaí bliantúla an Choiste Iniúchóireachta.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2025 a dhréachtú le faomhadh ag an gCoiste Iniúchóireachta & ag an bPríomh-Fheidhmeannach
- Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí a rinneadh ar Thuarascálacha Iniúchóireachta 2024.
- Obair an Choiste Iniúchóireachta /riar cruinnithe agus rannpháirtíocht ag cruinnithe réigiúnacha agus náisiúnta de chuid líonra na nIniúchóirí Inmheánacha a éascú.
- Iniúchtaí a thabhairt chun críche de réir Phlean Iniúchóireachta 2025.
- Na ceanglais Dearbhaithe Cáilíochta den Chód Caiteachais Phoiblí a chomhlíonadh.

- Leanúint ar aghaidh leis an obair ar chomhlíonadh beartais agus ar thástálacha luach ar airgead.
- Faireacháin a dhéanamh ar bhonn thréimhsiúil ar cheannacháin, ag baint úsáid as Cártaí Ceannaigh ar Luach Íseal agus Cártaí Breosla.
- Seiceáil a dhéanamh ar bhonn thréimhsiúil san Oifig Mótarchánach agus Airgid/Pionóis Úis ar Íoc Pras & sruthanna ioncaim ilghnéitheacha eile faoi réir na hacmhainní atá ar fáil.

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Cuireann Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe raon fairsing seirbhísí ar fáil don phobal agus comhlíonann siad na príomhghníomhartha atá leagtha amach sa bheartas náisiúnta maidir le seirbhís leabharlainne chuimsitheach a sholáthar. I measc na bpríomhghnéithe tá seirbhísí iasachta fairsinge do dhaoine fásta agus do leanaí, rochtain ar ríomhairí, priontáil, scanadh, seirbhís náisiúnta le haghaidh iarratais leabhar, spásanna staidéir, nuachtáin agus irisí. Cuirtear spásanna gníomhaíochta agus imeachtaí ar fáil iontu do ghrúpaí pobail, do scoileanna, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla, grúpaí ealaíon agus cruthaitheacha agus ranna Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Oibríonn siad i gcomhar le heagraíochtaí éagsúla chun ceardlanna agus cláir a chur ar fáil chun scileanna agus faisnéis níos fearr a thabhairt do phobail faoi shaincheisteanna atá ábhartha dóibh.
- Cuirtear rogha acmhainní ar líne ar fáil iontu freisin atá saor in aisce do bhaill leabharlainne chláraithe. Leis na hacmhainní ar líne sin tá rochtain 24/7 ar fáil ar leabharlann fhíorúil mar aon le bogearraí agus tacaíochtaí oideachais dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu. Ina measc sin tá:
 - Borrowbox- cuireann an t-ardán seo rochtain ar fáil ar ríomhleabhair & ríomh-chlosleabhair, irisí chomh maith le nuachtáin laethúla ó níos mó ná 120 tír. Is féidir rochtain a fháil ar chúrsaí reatha agus ar nuacht idirnáisiúnta in 18 dteanga éagsúla freisin.
 - Cuireann Comics Plus rochtain neamhtheoranta, chomhuaineach ar fáil ar na mílte greannán digiteach, úrscéal grafach agus manga ó níos mó ná 100 foilsitheoir. Tá an t-ardán seo oiriúnach do pháistí, do dhaoine óga agus do léitheoirí fásta araon.
 - Universal Class - leis an acmhainn seo tá breis agus 500 cúrsa ar raon leathan ábhar lena n-áirítear lóga, Grianghrafadóireacht Dhigiteach, Bunscileanna Ríomhaireachta, scileanna Excel agus go leor eile.
 - Cuireann Transparent Language Online cúrsaí treoraithe ar fáil i níos mó ná 100 teanga chomh maith le cúrsaí Béarla do thosaitheoirí in 25 teanga éagsúil, atá oiriúnach dóibh siúd nach í an Béarla a dteanga dhúchais.
 - Cuireann LOTE do leanaí rochtain ar fáil ar na mílte leabhar ar líne agus ar an aip i níos mó ná 30 teanga, an Úcráinis san áireamh.

- Medici TV -Is é Medici TV an príomhchainéal ceoil chlasaiceach ar domhan ar a gcuirtear an ceol clasaiceach is fearr ar fáil do lucht féachana ar fud an domhain. Craoltar breis agus 150 ócáid bheo gach bliain agus tá an chartlann ar éileamh is mó de cheol clasaiceach acu, ar féidir teacht uirthi agus féachaint uirthi ar gach gléas.
- TTRS – ardán ar líne atá inrochtana agus a ionchorpraíonn gné ilchéadfach i dteagasc agus i bhfoghlaim na léitheoireachta agus an litrithe.
- Nessy – Ardán tacaíochta foghlama ar líne do leanaí a fhoghlaímíonn ar bhealach difriúil agus tá cláir shaincheaptha ann dóibh siúd atá néara-éagsúil.
- I measc na n-imeachtaí rialta i rith na bliana tá- clubanna leabhar, grúpaí ceardaíochta, grúpaí filíochta, grúpaí ban, grúpaí do dhaoine gníomhacha ar scor, grúpaí tuismitheoirí agus páistí agus Ciorcail Chomhrá a chuidíonn le muintearas a chothú agus tá sé mar aidhm acu dul i ngleic le haonrú sóisialta agus comhroinnt scileanna agus eispéiris a spreagadh.
- Rinneadh ceiliúradh agus cur chun cinn ar na himeachtaí seo a leanas i Leabharlanna: Seachtain na Gaeilge, Seachtain na hOidhreacht, an tSeachtain um Aosú Dearfach, Seachtain Réalteolaíochta na hÉireann, Féile na Bealtaine, Éire ag Léamh, Cruinniú na nÓg, Seachtain na nInnealtóirí, Seachtain Dhomhanda na dTeifeach, Seachtain na Bitheagsúlachta, Deich mBliana na gCuimhneachán agus Éire Ildánach.
- Bhí clár iomlán imeachtaí do leanaí ag an tseirbhís leabharlainne ar fud na leabharlann brainse go léir. Cuireann na himeachtaí seo a leanas forbairt léitheoireachta agus litearthachta chun cinn ar bhealach spráúil agus cuimsitheach.
 - Cuairteanna scoile
 - Cuairteanna grúpa cúraim leanaí
 - Léim isteach san Am Scéalaíochta
 - Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh
 - Féile Leabhar na bPáistí
 - Am Teaghlaigh i Do Leabharlann
 - Am Ríme do naíonáin
 - Cruinniú na nÓg

An Clár ‘an Ceart chun Léitheoireachta’

Is clár náisiúnta é ‘an Ceart chun Léitheoireachta’ chun litearthacht agus forbairt léitheoireachta a chur chun cinn do dhaoine de gach aois agus de gach cúlra. Faoi láthair, tá ceithre chlár náisiúnta ann a dearadh chun léitheoireacht agus litearthacht leanaí a chur chun cinn:

- **Léim isteach san Am Scéalaíochta**

Cuirtear an clár seo ar fáil ar líne agus i ngach leabharlann ar fud an chontae i rith mhí Aibreáin. Cuimsíonn sé cláir fhairsinge imeachtaí agus gníomhaíochtaí do pháistí réamhscoile agus do pháistí bunscoile.

I measc cuid de na himeachtaí i mbliana, bhí eispéiris chéadfacha, ceardlanna ceoil agus seisiúin scéalaíochta agus úsáid á baint as ábhair ETIM amhail Ozobots agus róbait atá éasca le clárú. Chuir na seisiúin idirghníomhacha sin ar chumas leanaí scéalta a chruthú agus múineadh teicnící bunúsacha códaithe dóibh. Thug údair do pháistí amhail Meabh McDonnell cuairt ar leabharlanna, agus roinn siad léargais maidir le scéalta a scríobh agus inspioráid a fháil le haghaidh an chéad eachtra eile.



- **Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh “Réaltaí an tSamhraidh”**

Is clár léitheoireachta náisiúnta samhraidh do pháistí é Réaltaí an tSamhraidh a bhíonn ar siúl ó mhí an Mheithimh go dtí deireadh mhí Lúnasa. Tá fáilte roimh gach páiste ar fud na tíre páirt a ghlacadh san eachtra agus taitneamh a bhaint as an spraoi agus an pléisiúr a bhaineann leis an léitheoireacht agus leis an scríbhneoireacht i rith an tsamhraidh. Is deis é an Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh do pháistí leanúint lena dtaithí léitheoireachta i rith laethanta saoire na scoile agus é mar aidhm aige muinín an léitheora a mhéadú, acmhainní léitheoireachta breise a thaispeáint agus scileanna nua a fhoghlaim trí cheardlanna agus imeachtaí. Dúshlán neamhiomaíoch is ea Réaltaí an tSamhraidh atá dírithe ar chuimsiú agus ar fhorbairt léitheoirí.

Chomh maith leis an sainchúram sin, cuireann ár leabharlanna go leor deiseanna ar fáil le haghaidh súgradh cruthaitheach, ealaíon, léirithe, drámaíochta agus seisiúin scéalaíochta. Bhí raon leathan imeachtaí i gceist, ó cheardlanna ar scríobh le peann cleite go cuairt ó scréachóg reilige agus plé faoin dúlra agus faoinár dtionchar ar an gcomhshaol a bhíonn de shíor ag athrú. I measc na ngníomhaíochtaí eile bhí ceardaíocht i nGaeilge agus ceardlann uaschúrsála faisin inar spreagadh athúsáid ábhar agus cosc a chur ar éadaí dul chuig líonadh talún.

Agus breis agus 3,500 leanbh ag clárú ar fud an chontae, tá fáilte roimh an spéis agus an rannpháirtíocht i Réaltaí an tSamhraidh mar chuid de ghníomhaíochtaí samhraidh do theaghlaigh. Bhí an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach i láthair ag an gceiliúradh ag deireadh an dúshláin mar aon le Méara na cathrach a thacaíonn le leabharlanna na cathrach.

- **Féile Leabhar na bPáistí “Bookit!”**

Is Féile Leabhar do Pháistí í seo a bhíonn ar siúl gach Deireadh Fómhair ar fud Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe agus bunscoileanna éagsúla le tacaíocht ó Oifigí Ealaíon Chontae agus Chathair na Gaillimhe. Is é príomhaidhm na féile seo grá don léitheoireacht agus don fhoghlaím a chothú agus spiorad an phobail a neartú ag an am céanna.

Cainteanna údair agus an scríbhneoireacht chruthaitheach:

Bhain páistí i Leabharlann Dhún Mór taitneamh as seisiúin scríbhneoireachta cruthaithí mar aon le léargas údair ó Serena Molloy ar an bpróiseas scríbhneoireachta. Ba é seo an chéad seoladh den fhéile.



Cuireadh fáilte mhór roimh dheiseanna chun leabhar a chruthú i leabharlanna Thuama agus Bhéal Átha na Sluaighe araon. D'éascaigh Kids Own Publishing na himeachtaí sin.

Phléigh The Learning Garden an smaoineamh maidir le sárlaoch a chruthú agus i ngníomhaíochtaí eile tugadh isteach ealaín na callagrafaíochta, dearadh suaitheantais agus mana agus cúpla slat draíochta Harry Potter chun cur leis an draíocht.

Agus béim á leagan ar scéalaíocht agus ar fhorbairt scéalta, spreag Niall De Burca, atá ina scéalaí a bhfuil próifíl idirnáisiúnta aige, páistí i Leabharlann Thuama chun drámaíocht agus tobchumadóireacht a ionchorprú sa phróiseas scéalaíochta ó bhéal.

- **Am Teaghlaigh i Do Leabharlann:**

Tá imeachtaí agus gníomhaíochtaí teaghlaigh á reáchtáil i leabharlanna i rith mhí na Nollag chun tacú le rannpháirtíocht an teaghlaigh ar fad i léitheoireacht leanaí. Bíonn go leor de na himeachtaí sin ar siúl ar an Satharn agus le linn ár n-uaireanta déanacha sa tráthnóna. Leis an gclár seo úsáidtear cur chuige atá dírithe ar an teaghlach le heispéiris léitheoireachta chomhroinnte/seisiúin scéalaíochta roimh am codlata agus deiseanna do dhaoine den teaghlach páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíon agus ceardaíochta.

- **Málaí Leabharlainne Beaga**

Mar chuid den chlár an Ceart chun Léitheoireachta, de chuid Na Chéad 5, sheol leabharlanna na Gaillimhe clár na Leabharlainne Bige. Leis an gclár seo cuireadh mála leabhar, dhá leabhar, faisnéis chun dul isteach sa leabharlann agus sparán chun a gcárta leabharlainne nua a choinneáil ar fáil do gach leanbh a thosaigh ar scoil i mí Mheán Fómhair. Moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí a leanaí a chlárú sa leabharlann agus is é aidhm an tionscnaimh grá don léitheoireacht a chothú ar feadh an tsaoil agus naisc a chruthú leis an leabharlann is gaire i do phobal. Sa bhliain 2024, dháil an leabharlann 1,000 mála leabhar ar fud an phobail.

- **Forbairt Scileanna Litearthachta**



Is straitéis 10 mbliana, Uile-Rialtais í an straitéis um Litearthacht Aosach ar Feadh an tSaoil (LAFS), atá dírithe ar dhul i ngleic le riachtanais litearthachta, uimhearthachta agus dhigiteacha daoine ar fud na hÉireann nach gcomhlíontar. Tá Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe agus BOOGRC ar thús cadhnaíochta maidir le straitéis LAFS a sheachadadh trí rochtain a sholáthar ar sheisiúin buail isteach faoi scileanna digiteacha dóibh siúd a bhféadfaidh siad a bheith ag teastáil uathu. Tá ceithre leabharlann ag éascú teagascóra le haghaidh seisiúin maidine chun cabhrú le daoine aghaidh a thabhairt ar a riachtanais litearthachta digití. Is iad na ceithre Leabharlann atá i gceist ná na leabharlanna in Órán Mór, Tuaim, Baile Átha an Rí agus Baile Locha Riach.

Reáchtáil Leabharlann Chathair na Gaillimhe ceardlanna inar fhoghlaím rannpháirtithe scothaosta ó oibrithe deonacha faoi ríomhairí, na haipeanna ar a bhfóin agus táibléid a úsáid. Thug na seisiúin duine le duine deis do dhaoine scothaosta dul i ngleic leis an teicneolaíocht a úsáideann siad go laethúil.

Reáchtáil Leabharlann an Taoibh Thiar, i gcomhar lena hAmbasadóir Scileanna Digiteacha, seisiúin buail isteach do dhaoine scothaosta chun foghlaim conas rochtain a fháil ar acmhainní fairsinge na leabharlainne atá ar líne.

- **Leabharlanna Aoisbháúla**

Tacaíonn Clár Aitheantais um Leabharlanna Aoisbháúla le leabharlanna a saoráidí agus a seirbhísí a scrúdú agus éisteacht le custaiméirí scothaosta. Is seirbhís lárnach iad leabharlanna laistigh dár gcomharsanachtaí, ina soláthraítear rochtain ar fhaisnéis, ar sheirbhísí cultúrtha, ar dheiseanna digiteacha agus ar thacaíocht shóisialta do gach aoisghrúpa. Tá siad thar a bheith luachmhar do dhaoine scothaosta mar fhoinse faisnéise, moil phobail, ionaid foghlama agus saoráidí cultúrtha.

I gcás leabharlanna, ciallaíonn sé sin breathnú ar a mbailiúcháin iasachta, cláir agus imeachtaí leabharlainne, oiliúint foirne agus an timpeallacht fhisiciúil – chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar an eispéireas atá ag duine scothaosta ar thimpeallacht na leabharlainne agus conas is féidir é a fheabhsú.

Mar chuid den tionscnamh chun feabhas a chur ar ár seirbhísí poiblí do dhaoine scothaosta inár gContae, tá stádas Aoisbháúil bainte amach againn i ngach ceann dár leabharlanna brainse. Tá ball foirne ag gach leabharlann atá ina Seaimpín Aoisbháúil, tá áiseanna léitheoireachta, suíocháin inrochtana agus seilfeanna leabhar ardaithe/íslithe ag gach leabharlann chun rochtain

do chách a fheabhsú. Reáchtáil leabharlanna imeachtaí le haghaidh an tionscnaimh Teach Aoisbháúil Sláintiúil agus le haghaidh na dtaispeántas Laochra Áitiúla le linn na Seachtaine um Aosú Dearfach. Leanann imeachtaí sóisialta ar aghaidh ar fud ár leabharlanna lena n-áirítear tabhairt isteach Scrabble do Sheanáirí i Leabharlann na Cathrach, ceardlanna Jigsaw i Leabharlanna Phort Omna, Órán Mór, Bhéal Átha na Sluaighe agus Thuama.

Chomh maith leis sin, d'fhorbair agus chomhordaigh Leabharlann an Bhaile Bháin maidin faisnéise dóibh siúd a chuaigh ar scor le déanaí agus cuireadh na gníomhaíochtaí agus na ngrúpaí pobail go léir atá ar fáil agus a oibríonn sa cheantar i láthair.

I bhFéile na Bealtaine déantar cruthaitheacht agus na healaíona a cheiliúradh agus daoine ag dul in aois le deiseanna ar fud líonra imeachtaí ár leabharlainne. Rinne Niall De Búrca seisiúin scéalaíochta idirghlúine a éascú agus a threorú i Leabharlanna Bhéal Átha na Sluaighe, Thuama, Bhaile Locha Riach agus Phort Omna.



- **Seirbhís Poist**

Tá Leabharlanna na Gaillimhe ar cheann den líon beag leabharlann poiblí a chuireann seirbhís seachadta poist ar fáil i gcomhar leis an bPost do dhaoine lagamhairc. Ligeann sé sin do dhaoine rochtain a fháil ar bhailiúchán closleabhar agus earraí a sheachadadh chuig a dtithe saor in aisce.

- **Éire Shláintiúil ag do Leabharlann**

Is í Éire Shláintiúil, tionscnamh faoi stiúir an rialtais, an straitéis náisiúnta chun sláinte agus folláine a fheabhsú, béim a chur ar chosc, feasacht aonair agus daoine a choinneáil sláintiúil ar feadh tréimhse níos faide. Tá leabharlanna poiblí ag cur an chláir Éire Shláintiúil ag do Leabharlann ar fáil ar fud na tíre faoi láthair agus is acmhainn luachmhar é sin laistigh den phobal le haghaidh faisnéis sláinte. Áirítear leis an acmhainn bailiúchán cuimsitheach leabhar ar shláinte agus ar fholláine, acmhainní fairsinge ar líne lena n-áirítear ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair agus ríomhírisí. Chomh maith leis an sainchúram sin, bhí féilire fairsing imeachtaí, ceardlann agus cainteanna ann a bhí dírithe ar shláinte choirp, meabhairshláinte agus litearthacht sláinte.

- For-rochtain phobail i Leabharlann Mhaigh Locha agus an fhoireann Chroí ar stróc agus ar eipeasóidí cairdiacha. Cosc, bainistiú saoil tar éis stróic agus maireachtáil le galar croí.
- Reáchtáil Leabharlann na Ceathrún Rua ranganna Pilates le haghaidh straitéisí chun titim a chosc.
- Bhí imeachtaí ar shláinte chnámh agus pheilbheach d'fhir agus do mhná araon ar siúl i Leabharlann Thuama agus an Ghoirt.
- Cuairteanna coslianna ar leabharlanna inar léiríodh tábhacht shláinte na gcos.

- Bhí cainteanna ó Chomhpháirtíocht Uathachais na Gaillimhe agus treoir do thuismitheoirí chun tacú le páistí a bhfuil Uathachas orthu i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe.
- Reáchtáil Leabharlann Órán Mór caint faoi thacaíocht a thabhairt do dhaltaí le linn scrúduithe.

Chuaigh Éire Shláintiúil ag do Leabharlann i gcomhpháirtíocht leis an Oideasóir Sóisialta le haghaidh Chathair na Gaillimhe chomh maith agus reáchtáladh seisiúin folláine, ceardlanna ceardaíochta agus comhráite faisnéise faoi mheabhairshláinte, faoi chothú agus straitéisí chun déileáil le dúlagar.

Seirbhís For-rochtana Leabharlainne Taistil le hÉire Shláintiúil ag do Leabharlann

Thug an Leabharlann Taistil, mar aon le seirbhís leabharlainne na scoile agus feithicil tacaíochta an bhraíne, cuairt ar Chonamara mar chuid d'imeacht pobail for-rochtana. Áiríodh leis an seó bóthair tacaíocht ó Chumann Alzheimer na hÉireann lena n-aonad taistil, Meabhairshláinte Éireann chomh maith le faisnéis ó Chumann Ailse na hÉireann. Thacaigh Forbairt Tuaithe na Gaillimhe leis an ócáid sin agus chuir an scéaláí Julie Ann De Brún siamsaíocht ar fáil do na páistí le puipéadóireacht agus scéalta i nGaeilge. Chomh maith leis sin, sheol an ócáid dáileadh an tionscnaimh 'Teachtaireacht i mBuidéal' a chuirfidh an leabharlann taistil chun cinn ar fud líonra tuaithe na stadanna leabharlainne ar fud an chontae.



Community Connects

Sa tionscnamh seo tugtar daoine éagsúla den phobal le chéile le haghaidh plé cairdiúil agus aoichainteoirí. Tá sé ina ócáid shóisialta thábhachtach do na baill de Leabharlann Thuama, tugtar a lán tacaíochta dó agus tá freastal maith air. Ó ranganna cóirithe bláthanna go cainteanna staire, tá rud éigin ann do gach duine. Reáchtáiltear an grúpa le tacaíocht ón Oideasóir Sóisialta le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe agus is é an aidhm atá leis deis a thabhairt do dhaoine bualadh le daoine nua, athcheangal a dhéanamh le daoine eile agus iniúchadh a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú sa phobal in áit shábháilte agus fháilteach.

Seirbhísí Céadfacha

Tá méadú tagtha ar líon na seisiún a tharlaíonn i seomra na gcéadfaí i Leabharlann an Taoibh Thiar agus éascaíodh seisiúin teiripe Súgartha bunaithe ar LEGO mar chuid de na seirbhísí céadfacha leanúnacha sa leabharlann. Leathnaíonn suiteáil dhá mhol chéadfacha nua i Leabharlanna Bhéal Átha na Sluaighe agus Thuama an sainchúram céadfach i suíomhanna an

chontae. Chuir an cur i bhfeidhm beartaithe bréagán céadfach agus an oiliúint bhreise a cuireadh ar an bhfoireann leis an tsraith seirbhísí atá ar fáil tríd ár leabharlanna.

○ **For-rochtain agus Rannpháirtíocht Phobail**

Leathnaigh Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe a sainchúram i mbliana maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana agus rannpháirtíochta pobail agus d'fhreastail baill foirne ar laethanta oscailte pobail, seisiúin faisnéise, cruinnithe le grúpaí pobail amhail botháin na mBan, Ionaid Soláthair Dhírih, grúpaí Gníomhaíochta Lucht Scoir, botháin na bhFear, grúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide agus go leor imeachtaí eile. D'fhreastail an fhoireann ar Thaispeántas Talmhaíochta Mhuine Mheá agus ar Thaispeántas Ghleann na Madadh freisin chun aird a tharraingt ar sheirbhísí na leabharlann chomh maith le sainchúram ionad Europe Direct atá lonnaithe i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe.

Is tionscnamh de chuid Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe agus BOOGRC é an Nasc a Dhéanamh a bhfuil sé mar aidhm aige aird a tharraingt ar chúrsaí oideachais agus oiliúna atá ar fáil i gceantair áitiúla. Deis iontach ab ea é a chuir baill foirne ar fáil do chuardaitheoirí poist, don phobal Úcránach, do dhaoine óga agus do theaghlaigh a d'fhreastail ar na haontaí i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe, sa Chlochán agus sa Ghort, chun faisnéis a fháil faoi na tacaíochtaí leabharlainne.

Gníomhaíochtaí Cultúrtha

Rinne Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe comóradh 100 bliain de réir chruinniú tionscnaimh Choiste Comhairleach Éireannach Iontaobhas Carnegie a tionóladh an 2 Lúnasa 1924. I measc na n-imeachtaí bhí ceardlanna filíochta i Leabharlanna Órán Mór, Phort Omna agus an Ghoirt le Emily Cullen agus Noelle Lynskey.

- Léiriú At War with Mercy i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe, ar saothar comhoibríoch a bhí ann idir an cumadóir amhrán agus file Ceanadach nach maireann Leonard Cohen agus na scríbhneoirí John MacKenna agus Angela Keogh.
- Tús: Taispeántas Beginnings a thug cuireadh d'ealaíontóirí a chuir a saothar ar taispeáint roimhe seo i Leabharlanna na Gaillimhe a saothar a chur ar taispeáint arís mar chuid den chomóradh céad bliain.



Bhí deiseanna ann chun léargas agus eispéiris ball foirne ar scor chomh maith le forbairt taispeántais ina raibh an tseirbhís agus na leabharlanna brainse éagsúla curtha i láthair a bhailiú agus chuir siad sin go léir leis an aitheantas a tugadh ar an tionchar atá ag leabharlanna ar phobail.

- **Deich mBlíana na gCuimhneachán**

Reáchtáil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe tráthnóna iontach ceoil agus scannán i Leabharlann an Spidéil an 15 Márta. Cuireadh tús leis an ócáid le léiriú beo píosa ceoil a choimisiúnaigh Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe anuraidh, mar chuid den tionscadal de chuid Dheich mBlíana na gCuimhneachán, Freagair, Bí Gliondar Ort, Déan Machnamh: 1923 de réir Dhearcadh Lucht na Litríochta agus Lucht na nEalaíon. Is é Risteárd Ó hAodha a chum an píosa “I gCuimhne Liam Uí Fhlaithearta” agus tá an pianó, an fhidil agus filíocht ó bhéal le cloisteáil ann. Ina dhiaidh sin, taispeánadh an clár faisnéise “Westward Ho!.....Wandering West with Words”, ónár dtionscadal Léamh Mór na Gaillimhe.



- **Léamh Mór na Gaillimhe, 2024:**

Clár bliantúil imeachtaí is ea Léamh Mór na Gaillimhe a bhíonn á eagrú ag Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe le linn mhí na Samhna. Is é an cuspóir atá aige ná ár n-oidhreacht litríochta, ár stair, agus ár gcultúr uathúil a chur chun cinn, agus meas a chothú ar a n-éagsúlacht agus ar a saibhreas. Gach bliain, déantar comóradh ar phearsa liteartha, ar ócáid stairiúil nó ar sheánra litríochta mar chuid de Léamh Mór na Gaillimhe le léamh saothar, filíocht, taispeántais, cainteanna agus cuimhní cinn maidir leis an saol i nGaillimh.

- **Féile Ealaíon an Taoibh Thiar**

Ba í an bhliain seo an 20^ú bliain d’Fhéile Ealaíon an Taoibh Thiar, agus ba é ‘Exploring New Horizons’ teideal na féile i mblíana. Is féile phobail í seo ina dtugtar daoine le chéile ar bhealach spráíúil agus dearfach atá dírithe ar an bpobal trí sholáthar na nEalaíon. Meastar anois go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis an bhféile i gcur i gcrích Straitéis Ealaíon na Cathrach agus bhunaigh an tseirbhís leabharlainne an fhéile i gcomhar le comhpháirtithe pobail agus eagraíochtaí tacaíochta. Reáchtáladh breis agus 20 imeacht agus mheall an fhéile breis agus 4,000 duine chuig Leabharlann an Taoibh Thiar.



- **Oíche Chultúir**

Is imeacht poiblí bliantúil uile-oileáin í Oíche Chultúir a dhéanann cultúr, cruthaitheacht agus na healaíona a cheiliúradh. Le linn na hoíche seo cuirtear ár gcultúr saibhir agus éagsúil chun cinn agus léirítear go bhfuil meas mór air agus go gcothaítear i saol daoine é. Reáchtáil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe imeachtaí amhail ceardaíocht, ceol, seisiúin filíochta agus ceardlanna drámaíochta.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Tá áthas ar Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe a bheith mar chuid den tionscadal Pobail Ildánacha ar Oileán Comhroinnte a mhairfidh go dtí 2025. Tugann an tionscnamh trasteorann seo dar teideal ‘Birds of a Feather’ mná le chéile ó Bhéal Feirste, Contae an Chláir agus Contae na Gaillimhe. Tá Caitlicigh, Protastúnaigh, Náisiúnaithe, Dílseoirí agus Mionlaigh Eitneacha rannpháirteach sa chlár. Tugann an clár seo, atá maoinithe trí Éire Ildánach i gContae an Chláir, deis d’ealaíontóirí teacht le chéile in eispéireas foghlama comhroinnte trí na hEalaíona agus tríd an gCeardaíocht, ceardlanna staire agus feachtais feasachta cultúrtha.

Comhpháirtíocht thábhachtach eile agus tionscadal pólótach de chuid an Aontais Eorpaigh a mhaoinigh agus a chomhordaigh Cúram, Ionad Taighde Fondúireacht Eolaíochta Éireann le haghaidh Gléasanna Leighis faoi choimirce Ollscoil na Gaillimhe, ab ea an ‘Intertwined Mosaic’ a chruthaigh daltaí na hIdirbhliana ó Choláiste Pobail na Gaillimhe. Chomhoibrigh an tionscadal le 12 chomhpháirtí de chuid an Aontais agus ba chuid den chúram atá maoinithe ag HORIZON é chun éiceolaíochtaí foghlama ETEIM a chur i láthair. Ba é an aidhm athrú beartais a chothú in oideachas eolaíochta agus réimse na hEolaíochta a iniúchadh le daltaí ar bhealach feidhmeach agus dírithe.

Seirbhís Taistil Leabharlanna na Gaillimhe

An 1 Aibreán 1960, sheol Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe an chéad seirbhís leabharlainne taistil sa Chontae. Sa lá atá inniu ann, tá an tseirbhís níos gnóthaí ná riamh agus tá 55 stad i mbailte agus i sráidbhailte, lena n-áirítear cuairteanna a thugtar ar naíonraí agus ar thithe altranais. Fógraíodh maoiniú caipitil le haghaidh sholáthar na bhfeithiclí nua agus mar sin tá rannpháirtíocht phobail fairsing agus léarscáiliú pobal ar siúl chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag pobail a bhfuil gá acu léi nuair a thiocfaidh na feithiclí nua i mbun seirbhíse.

Trealamh Coigilte Fuinnimh Tí

Mar thoradh ar an ardéileamh, fuarthas 5 fhearas bhreise le haghaidh leabharlann chun iad a thabhairt ar iasacht do bhaill den leabharlann. Cuireadh ranganna teagaisc ar líne ar fáil freisin chomh maith le ceardlann turgnaimh coigilte fuinnimh do leanaí.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfar leis an obair, bunaithe ar an maoiniú atá ar fáil, chun na Seirbhísí Leabharlainne i nGaillimh a chothabháil agus a fheabhsú, nuair is féidir, de réir Straitéis nua na Leabharlainne Náisiúnta Poiblí 2023- 2027....*Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid.*
- Leanfar leis na feachtais Éire Shláintiúil agus an Ceart chun Léitheoireachta a rolladh amach ar fud líonra na leabharlann brainse, agus iad ag baint leasa as sruthanna maoinithe náisiúnta, agus é mar aidhm acu raon seirbhísí a chinntiú i mbrainsí uirbeacha agus tuaithe araon.

- I gcás ina bhfuil maoiniú ar fáil, leanúint ar aghaidh le hathchóiriú agus uasghrádú ár leabharlann i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta, tomhaltas fuinnimh agus tionchar comhshaoil.
- Leanfar le hiarrachtaí chun úsáid na teicneolaíochta a fheabhsú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí féinseirbhíse, agus cuirfear an pacáiste acmhainní ar líne chun cinn tuilleadh.
- Leanfar ar aghaidh le leabharlanna brainse i Seirbhís na Gaillimhe a ríomhairiú, faoi réir leibhéal an tsoláthair foirne agus acmhainní airgeadais.
- Oslófar Leabharlann an Chlocháin mar ‘Mo Leabharlann ar Oscailt’ in 2025.
- Chun leanúint de chothabháil fheithicilí na leabharlainne, roghanna uasghrádaithe a fhiosrú le haghaidh fheithicil na scoile agus pleanáil a dhéanamh maidir le tabhairt isteach na bhfeithicilí leabharlainne taistil nua
- Leanfar ar aghaidh leis na hiarrachtaí chun cur leis an gciste leabhar atá ar fáil chun Stoc Leabharlainne a cheannach.
- Leanfaidh Leabharlanna na Gaillimhe ar aghaidh ag forbairt an clár imeachtaí, ag dul i dteagmháil le daoine aonair agus le pobail trí na brainsí, ag baint leas as deiseanna maoinithe náisiúnta de réir mar is féidir, agus iad ag feidhmiú laistigh de shrianta an mhaoinithe áitiúil.
- Leanúint ar aghaidh ag aithint riachtanais na bpobal nua agus seanbhunaithe agus iarracht a dhéanamh freastal orthu dá réir.
- Chun ár gcuid oibre for-rochtana agus rannpháirtíochta pobail a mhéadú trí fheasacht a mhúscailt ar na seirbhísí atá le tairiscint ag leabharlanna.
- A áirithiú, nuair is féidir, go n-eagraíonn/go reáchtálann gach leabharlann bhainse raon gníomhaíochtaí dá phobal.
- Tionscadal an Oileáin Chomhroinnte: Obair le Leabharlanna an Chláir ar an tionscadal *Birds of a Feather* i gcomhpháirtíocht le grúpaí ban i mBéal Átha na Sluaighe, i mBéal Feirste, in Inis Bó Finne agus sa Chlár.
- Leanúint ar aghaidh ag aithint riachtanais na bpobal nua agus seanbhunaithe agus iarracht a dhéanamh freastal orthu dá réir.
- A chinntiú go bhfuil gach pobal áitiúil ar an eolas faoina seirbhís leabharlainne áitiúil agus faoina bhfuil le tairiscint ag gach leabharlann.
- A áirithiú, nuair is féidir, go n-eagraíonn/go reáchtálann gach leabharlann bhainse raon gníomhaíochtaí dá phobal.
- Leanfaidh Ionad Europe Direct ag Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe d’fhaisnéis a chur ar fáil ar an Aontas Eorpach agus de rochtain a chur ar fáil ar fhoilseacháin agus ar bhróisiúir ó institiúidí an Aontais Eorpaigh.

SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA DLÍ

Tá Roinn Gníomhairí Dlí Chomhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as seirbhísí dlí, idirbheartaíochta agus as seirbhísí comhairleacha dlí a sholáthar i Seirbhísí atá Bunaithe ar Réadmhaoín, Tithíocht, Forfheidhmiú Cód, Athbhreithniú Breithiúnach agus Dlíthíocht, Aisghabháil Fiachais agus Seirbhísí Comhairleacha Dlí Ginearálta foriomlána do na Stiúrtóireachtaí uile laistigh den chomhairle.

Le blianta beaga anuas, tá feidhmeanna na Roinne Gníomhairí Dlí leathnaithe go suntasach i gcomhréir le hathchóiriú na Ranna Dlí Inmheánacha agus le méadú atá ag dul i méid i gcónaí ar raon feidhme na seirbhísí a sholáthraíonn an chomhairle ina hiomláine.

Dá bhrí sin, tá ról ríthábhachtach ag an Roinn Gníomhairí Dlí anois i réimsí breise cleachtais, beartais agus nóis imeachta amhail Eitic, Saoráil Faisnéise, Iarratais ar Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (RFC), Iarratais ar Chosaint Sonraí agus Iarratais ar Rochtain ó Dhaoine is Ábhar do na Sonraí, Gearáin chuig Oifig an Ombudsman, Rialachas Corparáideach agus Soláthar Poiblí.

Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar chastacht reachtaíocht an Aontais a bhfuil tionchar díreach aici ar an eagraíocht agus a chuireann dúshlán breise roimh an eagraíocht maidir le Dlí Tithíochta, Pleanála agus Comhshaol. Leis na 'hOrduithe um Chosaint ar Chostais' faoi Threoracha an Aontais, tháinig méadú ar líon na ndúshlán dlíthiúil agus Athbhreithnithe Breithiúnacha sna hUaschúirteanna maidir le feidhmiú fheidhmeanna Feidhmiúcháin agus Forchoimeádta laethúla na comhairle, agus tá méadú fós ag teacht orthu.

Léirítear freagairt an rialtais ar an ngéarchéim tithíochta reatha agus leanúnach i scéimeanna nua éagsúla tithíochta amhail Ceannach ag Tionóntaí, Deontais Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh agus an Scéim Deisiúcháin & Léasa, agus is ionann iad sin go léir agus réimsí cleachtais bhreise agus ualach oibre méadaithe don Roinn Gníomhairí Dlí.

Gníomhaíochtaí Táscacha in 2024:

- Tá an Roinn Gníomhairí Dlí páirteach i soláthar seirbhísí dlí agus comhairleacha éagsúla sna réimsí seo a leanas:
- Seirbhísí Corparáideacha – Leabharlanna, Ionaí Fóillíochta & Linnte Snámha, Bainistiú Réadmhaoine, Tránna & Sábháilteacht Uisce, an Cláráitheoir Eitice, Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, Soláthar Poiblí
- Comhshaol – Forfheidhmiú Cód i mBainistiú Dramhaíola & Bruscair, Rialú Capall, Truailliú Uisce & Aeir, Rialú Madraí, Láithreáin Thréigthe, Reiligí
- Bóithre & Bonneagar – Idiruirbeach, Scéimeanna Leathnaithe Bóithre, Glasbhealaí, Scéimeanna OCÉ & Eadráin, Eastáit a Thógáil i gCúram, Forfheidhmiú Bannaí Pleanála, Muirí & Céanna agus na hOileáin, Dlíthíocht
- Pleanáil – Rialú Cód lena n-áirítear Forfheidhmiú Pleanála (alt 154), Urghairí Pleanála (alt 160), Cuid V, Plean Forbartha Contae, Pleananna Ceantair Áitiúil, Coinníollacha Pleanála
- Tithíocht – Éadálacha Aonad Aonair, Éadálacha Lándéanta agus Ilaonad, Diúscairtí, Réadmhaoine Folmha, Léasanna & Ceadúnais, an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí, an Scéim Deisiúcháin agus Léasa, Tithíocht Inacmhainne, an Scéim Deontais do Réadmhaoín Fholamh

(Croí Cónaithe), an Scéim do Thionóntaí in Situ, Iompar Frithshóisialta, Comhaontuithe Tionóntachta, Athshealbhuíthe Tionóntachta, Bainistiú Eastáit

- Airgeadas – Aisghabháil Fiachais lena n-áirítear Ranníocaíochtaí Airgeadais Pleanála, Rátaí Tráchtála, Riaráistí Cíosa, Riaráistí Iasachta, Fíneálacha Páirceála, Muirir Seirbhísí Dóiteáin
- Dá bhrí sin, agus mar a léirítear thuas, lean an Roinn ar aghaidh ag soláthar seirbhísí dlí agus comhairleacha le haghaidh gach réimse cláir agus don lucht stiúrthóireachta.
- Áiríodh leis na seirbhísí sin éadail agus diúscairt réadmhaoine, réimse cleachtais atá ag fás i gcónaí, agus atá tar éis na gnáthleibhéil ó phaindéim Covid a shárú, seoladh dlíthíochta lena n-áirítear ionchúisimh forfheidhmithe sa Chúirt Dúiche, imeachtaí dlíthiúla i gCúirteanna Cuarda agus in Uaschuirteanna, lena n-áirítear Athbhreithniú Breithiúnach. Tá réimsí suntasacha oibre ag baint leis an Aonad Gníomhairí Dlí freisin, mar shampla éadálacha talún, OCÉanna ar bhealaí idiruirbeacha agus scéimeanna leathnaithe bóithre.
- Faigheann an Córas Bainistíochta Cáis, a éascaíonn úsáid teimpléad chun sreafaí oibre a chruthú le haghaidh seachadadh éifeachtach agus cost-éifeachtúil seirbhísí dlí, nuashonruithe agus cothabháil leanúnach, rud a chabhraíonn go mór leis an Roinn Gníomhairí Dlí agus leis an gcliant ár spriocanna a bhaint amach maidir le soláthar éifeachtach seirbhísí dlí agus comhairleacha dár gcomhghleacaithe laistigh den eagraíocht.
- Leanadh ar aghaidh leis an obair ar dhaonra agus ar chríochnú Chlár Tailte na comhairle, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe in aonaid eile amhail TF, Airgeadas agus Tithíocht. Tá dul chun cinn suntasach déanta i dtéarmaí an Chláir Leasa Réadmhaoine, agus go deimhin maidir le seanchomhaid a Chartlannú trí leas a bhaint as an gCianobair, cleachtas a chabhraigh le hardtáirgiúlacht foirne a chinntiú sa réimse sin i gcúinsí Oibre Cumaisc. Ceadaíodh maoiniú le haghaidh an chórais nua bainistíochta Faisnéise agus chuaigh Oifig na nGníomhairí Dlí i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse éagsúla d'fhonn fáil an chórais nua sin a thabhairt chun críche. Ceadaíodh soláthar foirne don Aonad Cláir Leasa Réadmhaoine nua chomh maith, agus aithníodh baill foirne tosaigh. Tá sé sin ag teacht le ceanglais an Iniúcháin Rialtais Áitiúil. Táthar ag súil go mbeidh an tAonad Cláir nua i bhfeidhm faoi 2025.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Díriú ar na hiarrachtaí chun seirbhísí éifeachtúla comhairleacha dlí a sholáthar do gach réimse clár ar fud na heagraíochta agus leanúint ar aghaidh leo siúd.
- Leanaimid ar aghaidh lenár n-iarrachtaí suntasacha chun ár gceanglais a chomhlíonadh i dtéarmaí na Rialachán nua um Chosaint Sonraí, chun Mapáil Sonraí agus Rialú Riosca a chur san áireamh. Tá ionadaí sonracha RGCS agus SF ceaptha againn don aonad ó fhoireann aturnaetha na Comhairle maidir leis sin. Cuirfear oiliúint nuashonraithe ar bhaill foirne laistigh den aonad i rith na bliana i gcomhar le hAcmhainní Daonna. Gníomhaíonn an Gníomhaire Dlí mar 'Sheaimpín Sonraí' do na réimsí cleachtais.
- Leanfar ar aghaidh ag cruthú sreafaí oibre don Chóras Bainistíochta Cáis, rud a chuirfidh tuilleadh feabhais ar sholáthar oibre agus ar acmhainn. Beimid ag féachaint freisin leis na buntáistí a bhaineann leis an gcóras tábhachtach sin a uasmhéadú de réir mar a leanann forbairt chleachtas Cianoibre fhoireann na Comhairle ar aghaidh. Leanfaidh an fhoireann ar

aghaidh lena n-iarrachtaí chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcóras sin in 2024 tar éis dóibh oiliúint shonrach uasghrádaithe a fháil in 2024.

- Cinnteoidimid go gcuirfear an oiliúint chuí ar bhaill foirne dár gcuid, le go mbeidh siad cothrom le dáta maidir le forbairtí sa Dlí Rialtais Áitiúil agus i mBainistíocht Oifige.
- Beidh an obair leanúnach ar Chlár na dTailte fós ina réimse tosaíochta oibre agus é mar aidhm dheiridh taifead na comhairle maidir le húinéireacht réadmhaoine a thabhairt cothrom le dáta go hiomlán. Is príomhsprioc d'Oifig na nGníomhairí Dlí in R1 de 2025 é cur chun feidhme an chórais nua Bainistíochta Faisnéise agus bunú an Aonaid Cláir Leasa Réadmhaoine nua a chur i gcrích.
- Beidh earcaíocht chun foireann na bhfostaithe de chuid na foirne Gníomhairí Dlí a aisliónadh agus a chur i gcrích, rithábhachtach in 2025 chun soláthar éifeachtúil seirbhísí dlí agus comhairleacha don chomhairle a chosaint agus a chinntiú. Beidh sé sin fíor go háirithe de réir mar a leanann réimsí cleachtais agus rannpháirtíochta na Roinne Gníomhairí Dlí ag fás agus de réir mar a thugtar róil nua do bhaill foirne agus a shanntar iad don Aonad Cláir Leasa Réadmhaoine de réir Phlean Straitéiseach na Roinne um Sholáthar Foirne arna thiomsú ag an nGníomhaire Dlí in 2024, i gcomhar le Plean Straitéiseach Fórsa Saothair foriomlán na heagraíochta le haghaidh 2024.

GNÍOMHAÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA

Lean an Roinn Acmhainní Daonna ar aghaidh ag tacú le cultúr Eagraíochtúil agus an cultúr sin a fhorbairt, maidir le rannpháirtíocht dhearfach fostaithe agus forbairt phearsanta agus ghairmiúil trí bheartais agus reachtaíocht ábhartha AD a chur chun feidhme, as a dtiocfaidh feabhas ar fholláine fostaithe, cothromaíocht oibre is saoil, sásamh as post agus táirgiúlacht.

Tugann an Rannóg Acmhainní Daonna tús áite d'earcú foirne trí Phleanáil Fórsa Saothair agus déanann sí a dícheall a chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtaí agus is féidir as scileanna agus as cumais gach fostaí chun spriocanna straitéiseacha Phlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe a sheachadadh.

Rinneadh Plean Straitéiseach Fórsa Saothair in 2024 ina scrúdaítear riachtanais soláthair foirne i gcomhréir leis an bPlean Corparáideach do na chéad chúig bliana eile. Cuireadh tús leis an earcaíocht le haghaidh poist thábhachtacha a sainiú sa Phlean Straitéiseach Fórsa Saothair agus tá sé faoi réir fhorálacha buiséadacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Rinneadh moltaí freisin maidir le struchtúir eagraíochtúla Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus críochnaíodh athstruchtúrú na Stiúrthóireachtaí i mí an Mheithimh 2024. Leanann an roinn AD de bheith i dteagmháil le Ceardchumann agus buaileann sí le fóram Cheardchumann na Seirbhísí Uisce maidir le socrú le haghaidh aistriú foirne idir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Uisce Éireann.

EARCAÍOCHT AGUS PLEANÁIL FÓRSA SAOTHAIR

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Bhí Líon na bhFostaithe i gComhairle Chontae na Gaillimhe ag deireadh Ráithe 3, 2024 mar seo a leanas:

<i>Catagóir</i>	<i>Líon na nDaoine</i>
An Bhunfhoireann	891
Comhraiceoirí Dóiteán ar Áirithíocht	123 agus beirt eile ag glacadh páirt i gCúrsa d'Earcaigh
Neamh-Roinn Tithíochta, Pleanála & Údarás Áitiúil	80

Gníomhaíocht Earcaíochta, go dtí Ráithe 3, 2024:

Bhunaigh an Roinn Acmhainní Daonna 62 painéal earcaíochta suas go dtí deireadh Ráithe 3, 2024 agus mar thoradh air sin rinneadh na ceapacháin seo a leanas:

Gníomhaíocht	Uimh.
Conarthaí Sealadacha	67
Conarthaí Buana	111
Conarthaí Gníomhacha	35
Arduithe céime	37

Díríodh earcaíocht agus úsáid foirne ar na réimsí tosaíochta Tithíochta, Forfheidhmithe Comhshaoil, an Athraithe Aeráide, Pleanála agus Ceantar Bardasach agus díríodh freisin ar phoist bhreise a cheapadh a ceadáíodh don tSeirbhís Dóiteáin ar Áirithíocht in 2024.

OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE

Soláthraíonn an Rannóg Oiliúna agus Forbartha raon leathan clár oiliúna chun a chur ar chumas na foirne agus na bainistíochta a gcuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach muiníneach, inniúil, i dtimpeallacht shábháilte oibre.

- Téann infheistíocht in oiliúint foirne chun tairbhe na heagraíochta trí bhreisoiliúint a chur ar fhostaithe agus trí fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil leanúnach.
- Bhí oiliúint Sláinte & Sábháilteachta Fostaithe mar chuid shuntasach den Phlean Oiliúna in 2024. Áiríodh leis sin na cúrsaí seo a leanas: Pas Sábháilte, Láimhsiú Sábháilte,

Athdheimhniú Garchabhair Oibre, Oiliúint ar Shábh Slabhrach, Oiliúint um Athchóiriú ar Oscailt Bóthair, Rothaí Scríobacha, Oiliúint Aslonnaithe Dóiteáin.

- D'éascaigh foireann Oiliúna na Roinne AD thart ar 2,014 lá oiliúna ó mhí Eanáir go dtí mí Dheireadh Fómhair 2024.

LEAS NA FOIRNE

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt Scéimeanna a Thacaíonn le Teaghlaigh ar fáil d'fhostaithe. Bhain baill foirne leas as na scéimeanna éagsúla seo a leanas suas go deireadh Ráithe 3, 2024:

- **Scéimeanna Saoire Máithreachais, Atharthachta agus Tuismitheoireachta:** Bhain 29 mball foirne leas as scéimeanna saoire máithreachais, atharthachta agus tuismitheoireachta in 2024.
- **Scéim Saoire do Thuismitheoirí:** Bhain 74 ball foirne leas as an scéim saoire do thuismitheoirí in 2024.
- **Sos Gairme:** Bhain 9 mball foirne leas as sosanna gairme in 2024.
- **Scéim Roinnte Oibre:** Bhain 58 ball foirne leas as socrúithe roinnte oibre in 2024.
- **Bliain Oibre Níos Giorra:** Bhain 55 ball foirne leas as saoire gan phá faoi Scéim na Bliana Oibre Níos Giorra in 2024.
- **Saoire Cúraim Leighis:** Bhain roinnt ball foirne leas as saoire gan phá faoin Scéim nua um Shaoire Cúraim Leighis in 2024.
- **Scéim Saoire Cúramóra:** Bhain 5 bhall foirne leas as Saoire Cúramóra in 2024.

SEIRBHÍSÍ EILE ATÁ AR FÁIL DON FHOIREANN

- **Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe:** Tá seirbhís comhairleoireachta agus comhairleach rúnda, an "tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe" nó "SCF", ar fáil do gach fostaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Cuireann Spectrum.Life an tseirbhís seo ar fáil do gach fostaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe, dá gcéile, dá bpáirtí agus dá gcleithiúnaithe teaghlaigh atá 16 bliana d'aois nó os a chionn agus atá ina gcónaí i dteach an teaghlaigh.
- **An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre:** Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre mar chuid de Phlean Spreagtha Post an Rialtais agus bhí méadú ar chaiteachas incheadaithe ó mhí Lúnasa 2020. Próiseáladh 22 iarratas ar rannpháirtíocht sa Scéim um Rothaíocht chun na hOibre ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 d'fhostaithe na Comhairle.
- **Scéim Pas Taistil:** Bhain 7 mball foirne leas as an scéim pas taistil do choigilteoirí cánach sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meán Fómhair, 2024.

SCOIR

- Ó tugadh an tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir), 2018, isteach tá an aois scoir éigeantach d'fhormhór na mball foirne a earcaíodh roimh an 1 Aibreán 2004, méadaithe ó 65 go 70 bliain d'aois.
- Tá aois scoir éigeantach 70 bliain d'aois i gceist do bhaill foirne a earcaíodh tar éis an 1 Eanáir 2013 agus atá ina gcomhaltaí den Scéim Pinsean Aonair chomh maith.
- Tugtar le fios i dtaifid seirbhíse Chomhairle Chontae na Gaillimhe go mbainfidh cúigear ball foirne lánaimseartha aois scoir amach in 2025.
- Tá 21 ball foirne tar éis dul ar scor go dtí seo, in 2024.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2025:

- Leanadh ar aghaidh le foireann a earcú agus a imscaradh ar bhealach éifeachtach gairmiúil, agus de réir bheartas an Rialtais agus tosaíochtaí seirbhíse.
- Leanadh ar aghaidh le hoiliúint éigeantach Sláinte agus Sábháilteachta a sholáthar agus le tacaíocht a thabhairt do chlár oideachais agus forbartha foirne.
- Forbraíodh beartais chuí acmhainní daonna, agus rinneadh iad a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl de réir na reachtaíochta reatha agus nua, agus de réir dea-chleachtais.
- Tugadh tacaíocht agus comhairle do Bhainisteoirí Líne maidir le cur i bhfeidhm polasaithe san ionad oibre.
- Cuireadh dínit san ionad oibre, éagsúlacht agus comhionannas chun cinn d'fhostaithe uile na Comhairle.
- Leanadh ar aghaidh le timpeallacht dea-chaidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn agus an cur chuige comhpháirtíochta a neartú maidir le comhréiteach fadhbanna ar mhaithe le caidreamh fostaithe agus custaiméirí.
- Rinneadh an glacadh le PMDS a neartú ar fud na hEagraíochta trí oiliúint a sholáthar agus de réir riachtanais an Bheartais Oibre Chumaisc.
- Cuireadh éifeachtúlachtaí chun feidhme don rannóg AD trí Fheabhsuithe leanúnacha Próisis Gnó.

BONNEAGAR FISICIÚIL, SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA, AN TATHRÚ AERÁIDE

Is é príomhchuspóir na Roinne Iompair líonra bóithre agus iompair sábháilte agus éifeachtúil a bhunú, a chothabháil agus maoirseacht a dhéanamh air. Déantar é sin i gcomhar leis an Roinn Iompair agus le gníomhaireachtaí eile chun beartais iompair chomhtháite, inbhuanaithe a fhorbairt. Áirítear ar na hoibreacha a dhéanann an Chomhairle deisiúcháin pábhála, cóiriú dromchla, péinteáil líne, comharthaíocht, obair draenála, agus bearradh féir agus imeall na mbóithre feadh na mbealaí uile.

Tá buiséad an Iompair maoinithe ag deontais ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS), Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), agus ó acmhainní na Comhairle féin. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag súil le fógraí deontais a fháil go luath in 2025; mar sin féin, maidir le pleanáil buiséid, glactar leis go bhfanfaidh leibhéal deontas comhsheasmhach leo siúd in 2024. Tá maoiniú leanúnach ón rialtas láir riachtanach chun tionscadail a chur chun cinn.

Tar éis glacadh an bhuiséid agus dheimhniú na ndeontas lárnach, cuirfear miondealú mionsonraithe ar an mbuiséad faoi bhráid na comhairle go luath in 2025 mar chuid de Chlár na mBóithre, 2025.

Déantar leithdháiltí Deontas Bóthair a dháileadh ar an gCeantar Bardasach bunaithe ar na ciliméadair de bhóthair laistigh den cheantar agus ar aon dul leis an gClár Oibreacha Bóthair 3 bliana.

Fad na mBóithre in aghaidh an Cheantair Bhardasaigh					
Ceantar Bardasach	Mótarbhealach	Príomhbhóthar ar Náisiúnta	Bóthar Náisiúnta den Dara Grád	Réigiúnach	Áitiúil
Baile Átha an Rí/Órán Mór	31.82	2.17	29.86	86.15	555.40
Béal Átha na Sluaighe	16.85	0.00	30.13	218.37	1,350.98
Conamara	0.00	0.00	109.60	229.40	1,142.68
Baile Locha Riach	51.26	0.00	60.34	271.68	1,626.50
Tuaim	14.15	20.95	61.41	94.06	937.44
Iomlán	114.08	23.12	291.34	899.66	5,613.00

BÓITHRE NÁISIÚNTA - GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024

Cuireadh maoiniú ar fáil in 2024 chun dul chun cinn agus seachadadh leanúnach an ghréasáin Bóithre Náisiúnta ar fud an chontae a éascú. Tá na tionscadail seo a leanas á mbainistiú ag Oifig Thionscadal na mBóithre Náisiúnta agus déantar na costais a bhaineann leis an gclár seo a fhorchúiteamh, ina n-iomláine, ó Bhonneagar Iompair Éireann:

Uimhir an Bhóthair	Rannóg an Bhealaigh
Náisiúnta.	
N6	Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe
N59	Clochán go dtí an Teach Dóite
N59	Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn
N59	An Teach Dóite go hUachtar Ard
N63	Athailíniú Lios go dtí an Mainistir
N17	Athailíniú Bhaile an Mhuilinn go Gort na Gonaide
N84	Gaillimh go dtí an Currach Mór
Glasbhealaí	Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain
	Glasbhealaí Chonamara
	TG- N63 Sráidbhaile Mhainistir Chnoc
Taisteal Gníomhach	Muaidhe
	TG-N67 Baile an Doirín go hÓrán Mór
	TG-N67 Sráidbhaile Chinn Mhara
	TG-N67 Ó dheas ó Bhaile an Doirín

- N6 Cuarbhothar Chathair na Gaillimhe (N6-CBCG) – Is iarratas beo é an N6-CBCG leis an mBord Pleanála (ABP) tar éis é a chur ar ais chuig an mbord ón ardchúirt. Iarratas ABP trí iarratas ar Fhaisnéis Bhreise, ina n-iarrtar ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe (CCG) an t-iarratas ar thoiliú forbartha agus na scéimeanna fála éigeantaí a nuashonrú. Iarradh freisin aighneachtaí ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá ann faoi láthair chomh maith le Plean Forbartha nua Chathair na Gaillimhe. Tá obair fós ar siúl chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí san iarratas bailí agus cothrom le dáta. Áirítear leis an obair sin Measúnuithe Iompair agus Tráchtá, Suirbhéanna agus Measúnuithe Bithéagsúlachta, Measúnuithe Aeráide chomh maith le Measúnachtaí

Timpeallachta. Beidh CCG in ann an fhaisnéis bhreise a chur ar fáil don Bhord roimh dheireadh 2024.

- Tá cead pleanála tugtha don stráice ón Teach Dóite go hUachtar Ard agus tá sé á chur ar aghaidh in dhá chéim. Céim 1 - An Teach Dóite go Bun an Choill críochnaithe. Bhí Céim 2 - Bun an Choill go dtí an Clár Mór ina hábhar plé leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra (SPNF) agus le hIascach Intíre Éireann (IIÉ). Tá éadail talún sa scéim fós ag dul ar aghaidh.
- Rotharbhealach ó Gaillimh go Baile Átha Luain – Mar gheall ar chastacht na ndúshlán comhshaoil agus infhaighteacht acmhainní teicniúla agus comhshaoil chun an scéim a sheachadadh mar aon scéim amháin, chomhaontaigh BIÉ agus Údaráis Áitiúla na Gaillimhe & na hIarmhí tairiscintí le haghaidh na seirbhísí sainchomhairleoireachta teicniúla a lorg arís mar 2 scéim. Tá an dá scéim mar seo a leanas:

- Scéim 1: 83 km ó Phort Omna go Caisleán Bhaile Átha Luain, an nasc le Béal Átha na Sluaighe san áireamh.
- Scéim 2: 114km Port Omna go Gaillimh (Baile an Locháin).

Bunaíodh an Creat seo in R3 i mbliana. Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht phoiblí agus le hidirchaidreamh le húinéirí talún ar feadh 2024.

- N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn – Críochnaíodh an scéim seo go suntasach i mí na Nollag 2023 agus osclaíodh an scéim ina dhiaidh sin le haghaidh tráchta, rud a laghdaigh an plódú tráchta trí cheann de na sráidbhailte is plódaithe i nGaillimh. Rinneadh dul chun cinn i rith 2024 ar roinnt oibreacha beaga ar bhóithre taobh in aice láimhe, agus tugadh aghaidh ar lochtanna beaga agus ar bhacainní. Chomh maith leis sin, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe socruithe chun oibreacha athchóirithe a chríochnú i bPáirc na Mílaoise i nDroim Chonga lena n-áirítear athdhromchlú an charrchlóis, suiteáil pábhála, cosán, ballaí cloiche agus binsí. Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh ar shocraíochtaí talún i rith na bliana.
- N63 Mainistir Chnoc Muaidh go Cnoc an Eanaigh – Tá an Conradh tógála críochnaithe agus táthar ag leanúint de bheith ag plé le socraíochtaí talún le linn 2024.
- Scéim Athailínithe N63 an Lios go dtí an Mhainistir – Ceapadh Atkins mar Chomhairleoirí do Chéimeanna 5, 6 & 7 i mí an Mhárta 2024 agus tá an dearadh mionsonraithe á chur chun cinn. Críochnófar obair allamuigh Imscrúdaithe Láithreáin in 2024 agus tá Fógra Gnóthaíochta eisithe.
- N84 Gaillimh go dtí an Currach Mór – Ceapadh comhairleoirí i mí na Bealtaine 2023 chun Céimeanna 0,1 de Threoirlínte Bainistithe Tionscadal (TBTanna) BIÉ a dhéanamh. Meastar go gcríochnófar Céim 1 faoi dheireadh 2024.
- Athailíniú N17 Baile an Mhuilinn go Gort na Gonaide – Tá an OCÉ le haghaidh na scéime deimhnithe ag an mBord Pleanála agus eisíodh an Fógra Gnóthaíochta agus an Fógra Iontrála. Tá éadail talún ar siúl agus tá dearadh mionsonraithe á chur chun cinn. Cuireadh tús le suirbhéanna Imscrúdaithe Talún agus Seandálaíochta i mbliana.
- Gaillimh go dtí an Clochán (Glasbhealach Chonamara) – Tá obair thógála agus éadail talún ar siúl ar chodanna idir an Clochán agus Sraith Salach agus tá 5km críochnaithe den chuid

is mó in 2024. Cuireadh iarratas ar OCE faoi bhráid an Bhoird Pleanála maidir leis an bpíosa ón gClochán go dtí Sraith Salach.

- Gaillimh go hUachtar Ard (Glasbhealach Chonamara) – Tá comhairleoirí ag dul ar aghaidh leis an scéim trí Chéim 3 – Dearadh agus Meastóireacht Chomhshaoil.
- An Glasbhealach ó Dheirgimleach go dtí an Choill Mhóir– Críochnaíodh céim 1, Coincheap agus Féidearthacht in 2024.
- Rinneadh an clár bliantúil athdhromchlaithe agus cothabhála le haghaidh na mbealaí Náisiúnta i gcomhréir leis an mbuiséad le haghaidh oibreacha cothabhála arna fhógairt ag Bonneagar Iompair Éireann.
- Dearadh agus ullmhaíodh clár oibreacha Forleagain Pábhála le haghaidh tairisceana ar an nGréasán Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta de Dara Grád i gcomhthéacs leithdháiltí deontais 2024 ó Bhonneagar Iompair Éireann.
- Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh (TG) – Rinneadh dul chun cinn ar 2 scéim Taistil Ghníomhaigh trí phróiseas pleanála Chuid 8: N67 ó Dheas de TG Bhaile an Doirín agus an N63 de Shráidbhaile TG Mhainistir Chnoc Muaidhe.

BÓITHRE NÁISIÚNTA TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025

- N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn – Tiocfaidh deireadh leis an tréimhse lochtanna le haghaidh na scéime ag deireadh 2024 agus chuige sin, beidh gá le hairgead coinneála gan íoc atá á choinneáil faoin gconradh a scaoileadh leis an gConraitheoir. Leanfar ar aghaidh le dul i ngleic leis na socraíochtaí talún atá fágtha chomh maith.
- N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe – Beidh freagairt ar iarratas ar Fhaisnéis Bhreise ag an mBord Pleanála. Déanfaidh an Bord cinneadh maidir le tuilleadh comhairliúcháin phoiblí agus éisteacht fhéideartha ó bhéal, agus ina dhiaidh sin déanfaidh an Bord cinneadh ar an iarratas. Táthar ag súil go ndéanfaidh an bord cinneadh ar an iarratas in 2025.
- Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain – Faoi réir cheadú BIÉ, tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe dul chun tairisceana go luath in 2025 chun Comhairleoir Teicniúil a cheapadh chun Céim 3, Dearadh agus Meastóireacht Chomhshaoil agus Céim 4, Próisis Reachtúla de chuid Shaolré Chéimeanna Tionscadail BIÉ a chur chun cinn. Leanfaidh rannpháirtíocht phoiblí agus idirchaidreamh le húinéirí talún de réir mar is gá. Beidh CCG i dteagmháil le hAonad Iarratas Forbartha an SNPF freisin chun breathnuithe agus comhairle réamhiarratais a fheiceáil.
- N59 Bun an Choill go dtí an Clár Mór - Dul chun cinn ráiteas modhanna maidir leis an gcéim thógála. Réamhchonarthaí a chur chun cinn le haghaidh oibreacha imscrúdaithe talún agus suirbhéanna topagrafacha agus imscrúduithe seandálaíochta. Tá éadail talún sa scéim fós ag dul ar aghaidh.

- Scéim Athailínithe N63 an Lios go dtí an Mhainistir – Leanfar le dearadh mionsonraithe a chur chun cinn mar aon le hullmhú doiciméad conartha le haghaidh réamhchonarthaí lena n-áirítear seandálaíocht, láithreáin a ghlanadh agus fálú. Táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn ar dhoiciméid tairisceana tógála in 2025 freisin.
- N63 Mainistir Chnoc Muaidh go Cnoc an Eanaigh - Leanfar ag cur socraíochtaí talún chun cinn i rith 2025.
- N84 Gaillimh go dtí an Currach Mór – Iarradh maoiniú ó BIÉ chun an tionscadal a chur chun cinn trí Chéimeanna 2 go 4 de TBTanna BIÉ in 2025.
- Athailíniú N17 Baile an Mhuilinn go Gort na Gonaide – Cuirfear éadail talún agus dearadh mionsonraithe chun cinn.
- N59 Droichead Coisithe Uachtar Ard - Dearadh mionsonraithe agus meastóireachtaí comhshaoil le cur i gcrích agus iarratas ar thoiliú chuig an mBord Pleanála ina dhiaidh sin in 2025.
- Gaillimh go dtí an Clochán (Glasbhealach Chonamara) - Tógáil agus éadail talún a chríochnú ón gClochán go dtí Sraith Salach.
- Gaillimh go hUachtar Ard (Glasbhealach Chonamara) – Céim 3 - Dearadh agus Meastóireacht Chomhshaoil a chríochnú agus Céim 4 – Próisis Reachtúla a thosú.
- An Glasbhealach ó Dheirgimleach go dtí an Choille Mhóir – Céim 2 a Thosú – Roghnú roghanna má fhaightear faomhadh.
- Tabharfar faoin gclár bliantúil athdhromchlaithe agus cothabhála lena n-áirítear gnáthchothabháil, cothabháil gheimhridh, cothabháil droichead agus cothabháil soilsiú bealaí tráchta laistigh de theorainneacha an mhaoinithe atá ar fáil ó Bhonneagar Iompair Éireann.
- Ina theannta sin, leanfar ar aghaidh le clár na n-oibreacha Forleagain Pábhála ar an nGréasán Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád i gcomhthéacs leithdháiltí deontais 2025 ó Bhonneagar Iompair Éireann.
- Scéimeanna Taisteal Gníomhach (TG) – Dul chun cinn a dhéanamh ar an N67 ó Dheas de TG Bhaile an Doirín agus ar an N63 de TG Shráidbhaile Mhainistir Chnoc Muaidhe tríd an bpróiseas éadála talún.

OIBREACHA COTHABHÁLA AGUS FEABHSAITHE BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

B'ionann leithdháileadh iomlán deontais 2024 ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla agus **€39,926,300** agus rangáíodh an leithdháileadh deontais sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

Catagóir an Deontais	Leithdháileadh 2024
Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe	€20,798,500
Deontas um Chothabháil Athchóirithe	€2,844,000
Cothabháil Athchóirithe Forlíontach	€2,488,500
Deontas Cothabhála Lánroghnach	€5,620,000
Deontais Feabhsúcháin Shonracha – Clár Athshlánaithe Droichead	€635,000
Deontais Feabhsúcháin Sábháilteachta Ísealchostais	€428,000
Deontais Feabhsúcháin Shonracha	€590,000
Bóithre Straitéiseacha Réigiúnacha agus Áitiúla	€1,600,000
Teorainneacha Luais – Tithíocht/Comharthaíocht	€7,960
Oiliúint	€128,000
Oibreacha Draenála	€1,258,000
Scéim Rannpháirtíochta Pobail	€1,131,840
Iarbhóithre Náisiúnta	€775,000
*IDSP: Tacaíocht Suirbhé	€ 52,000
Oiriúnú Aeráide & Athléimneacht	€1,149,500
Drochaimsir	€420,000
AN MÉID FORIOMLÁN	€39,926,300

**Innéacs Dálaí an tSuirbhé Pábhála*

FEABHSÚCHÁN ATHCHÓIRITHE (FA) - GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024

Leithdháil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú **€20,798,500** le haghaidh oibreacha atógála bóithre ar bhóithre Neamhnáisiúnta in 2024. Leithdháileadh an maoiniú sin mar seo a leanas agus éascaíodh oibreacha feabhsúcháin ag 264 suíomh ar fud an Chontae dá bharr:

<i>Feabhsúchán Athchóirithe 2024</i>		
Ceantar Bardasach	Líon na Suíomhanna	Leithdháileadh
Baile Átha an Rí/Órán Mór	22	€2,048,821
Béal Átha na Sluaighe	43	€5,011,796
Conamara	82	€4,381,805
Baile Locha Riach	57	€6,061,931
Tuaim	60	€3,294,196
Iomlán	264	€20,798,500

Ba í 2024 an tríú bliain den chlár bóithre Ilbhliantúla (feabhsúcháin athchóirithe) 2022-2024. Cuireadh an clár seo le chéile i gcomhar leis na comhaltaí tofa agus d'fhaomh na Comhairlí Ceantair Bhardasach é i mí Dheireadh Fómhair 2021. Bhí an clár seo mar bhonn leis na hoibreacha beartaithe faoi oibreacha Feabhsúcháin Athchóirithe don tréimhse trí bliana 2022 go 2024.

Bhí áthas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe leithdháileadh breise €2,059,000 a fháil faoin gclár Feabhsúcháin Athchóirithe i mí na Bealtaine 2024. Dáileadh an t-airgead sin ar na Ceantair Bhardasacha le haghaidh oibreacha bóthair breise.

FEABHSÚCHÁN ATHCHÓIRITHE (FA) - TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

Cuirfear clár oibreacha feabhsúcháin athchóirithe i gcrích nuair a gheofar fógra i ndáil le maoiniú 2025 agus déanfar é a mhionsonrú i gClár Bliantúil na mBóithre, 2025. Ina theannta sin, cuirfear Clár Bóithre Trí Bliana nua a chlúdóidh na blianta 2025-2027 faoi bhráid na gComhairleoirí go luath in 2025.

COTHABHÁIL ATHCHÓIRITHE (CA) - GNÍOMHAÍOCHTAÍ IN 2024:

Leithdháil an Roinn Iompair **€5,332,500** le haghaidh Cothabháil Athchóirithe (cóiriú dromchla). Leithdháileadh é mar seo a leanas agus éascaíodh oibreacha cóirithe dromchla ag 122 suíomh ar fud an Chontae dá bharr:

<i>Cothabháil Athchóirithe 2024</i>		
Ceantar Bardasach	Líon na Suíomhanna	Leithdháileadh
Baile Átha an Rí/Órán Mór	12	€525,295
Béal Átha na Sluaighe	31	€1,284,968
Conamara	32	€1,123,445
Baile Locha Riach	28	€1,554,211
Tuaim	19	€844,582
Iomlán	122	€ 5,332,500

COTHABHÁIL ATHCHÓIRITHE (CA) - TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

Cuirfear clár oibreacha cothabhála athchóirithe i gcrích nuair a gheofar fógra maidir le maoiniú 2025 agus déanfar é a mhionsonrú i gClár Bliantúil na mBóithre, 2025.

SCÉIMEANNA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Mar chuid de leithdháileadh ar Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla 2024, cheadaigh an Roinn Iompair maoiniú ar luach **€1,131,840** agus cuireadh 27 tionscadal ón liosta tosaíochta a cuireadh isteach in 2021 chun cinn dá bharr. Tá obair ar siúl go fóill ar na scéimeanna sin, agus táthar ag súil lena dtabhairt chun críche faoin spriocdháta leithdháilte maoinithe ar an 30 Samhain 2024.

Lorg an Roinn iarratais ar Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail 2024/2025 faoi Chiorclán RW13/2023. Tá aighneacht curtha faoi bhráid na Roinne le haghaidh maoinithe in 2024 agus in 2025 ar luach **€5,519,224**. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag fanacht ar athbhreithniú ón roinn ar iarratais a cuireadh isteach. Cuirfear clár oibreacha le haghaidh 2025 i gcrích nuair a gheofar fógra maidir le maoiniú 2025.

IARBHÓITHRE NÁISIÚNTA

Fuarthas **€775,000** san iomlán in 2024 le haghaidh na mbóithre seo a leanas: R446 (N6 roimhe seo - dhá chuid), R458 (N18 roimhe seo). Cuireadh na hoibreacha sin i gcrích. Tá aighneacht déanta chuig an Roinn le haghaidh maoiniú in 2025 faoin gcatagóir dheontais seo ar na bóithre seo a leanas; R446 (N6 roimhe seo), R458 (N18 roimhe seo) agus R380 (N65 roimhe seo), R942 (N65 roimhe seo) agus R381 (N18 roimhe seo).

DEISIÚCHÁIN AR BHÓITHRE DEN TRÍÚ GRÁD (DL)

Leanadh ar aghaidh le hinfheistíocht i ndeisiúcháin ar bhóithre Áitiúla den Tríú Grád in 2024 agus cuireadh leithdháileadh áirithe ón Deontas Lánroghnach (DL) ar leataobh le haghaidh na mbóithre sin go sonrach. Leithdháileadh **€900,000** san iomlán go sonrach ar an gcatagóir seo agus rinneadh oibreacha feabhsúcháin athchóirithe ar 34 bóthar Áitiúil den Tríú Grád i gContae na Gaillimhe mar thoradh air.

Tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh ag leithdháileadh cuid ar leith den Deontas Lánroghnach ar oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre den tríú grád. Cuirfear clár oibreacha cothabhála athchóirithe i gcrích nuair a gheofar fógra i ndáil le maoiniú 2025.

ATHSHLÁNÚ AGUS DEISIÚCHÁIN DROICHEAD

Leithdháileadh maoiniú ar 13 dhroichead (4 dhearadh agus oibreacha ag 9 suíomh), ar luach **€635,000** san iomlán, faoin gClár Athshlánaithe Droichead in 2024. Tá na dearaí agus na hoibreacha sin ar siúl faoi láthair agus cuirfear iad i gcrích faoin spriocdháta ag deireadh mhí na Samhna. Comhaontaíodh ath-leithdháileadh maoinithe leis an Roinn i mí Dheireadh Fómhair 2024 a luaite a bhí sé soiléir nach raibh an leibhéal maoinithe a cuireadh ar fáil ar dtús ag teastáil le haghaidh oibreacha ag ceann de na droichid. Baineadh úsáid as an maoiniú ath-leithdháilte chun fásra a bhaint de 20 droichead. Cuireadh oibreacha deisiúcháin droichead i gcrích ar 20 droichead eile, ar leithdháileadh maoiniú **€395,000** orthu ón Deontas Lánroghnach.

Clár Athshlánaithe Droichead 2024

<i>Tosaíocht</i>	<i>Bóthar Uimhir</i>	<i>Ainm agus Suíomh an Droichid</i>	<i>2024 Caiteachas €</i>
1	R336	Droichead Thír na Cille [Dearadh]	€20,000

2	R446	Droichead na Suca (Thoir) [Dearadh]	€20,000
3	L-53221	Droichead Chromghlinn Thoir 4 [Dearadh]	€20,000
4	L-3111	Droichead Licklea [Dearadh]	€20,000
5	L-6143	Droichead Machaire 1	€200,000
6	L-3117	Droichead Chorr Mhic Dhuach (An Chloch)	€100,000
7	L-6447	Droichead Chill tSeanbhoithe 2	€40,000
8	L-46031	Droichead an Phoill Bhuí	€40,000
9	L-2307	Droichead an tSráidbhaile Nua	€30,000
10	L-6331	Droichead Bhaile an Rí	€15,000
11	L-2314	Droichead Thuaim an Chait	€25,000
12	L-7152	Droichead Bhaile na nUlaí	€20,000
13	L-2208	Droichead Belmont 1	€25,000
14	Éagsúil	Fásra a bhaint ó Dhroichid	€60,000
<i>Iomlán</i>			<i>€ 635,000</i>

I gcomhréir le ciorclán RW16/2024, iarradh ar gach údarás áitiúil iarratais a chur isteach ar oibreacha athshlánaithe agus deisiúcháin droichead. Níor cheart go sáródh an t-iomlán luach níos mó ná 130% de leithdháileadh 2024. Bunaithe air sin agus ar na hacmhainní atá ar fáil chun na hoibreacha a dhéanamh in 2025, cuireadh aighneacht faoi bhráid na Roinne le haghaidh 9 ndroichead (4 dhearadh & oibreacha ag 5 shuíomh) lena gceadú, arbh fhiú **€760,000** san iomlán iad. Tá mionsonraí ar na tionscadail athshlánaithe droichead atá beartaithe le haghaidh 2025 leagtha amach sa tábla thíos.

Tá sé i gceist ag an gComhairle leanúint ar aghaidh le foráil a dhéanamh de leithdháileadh an Deontais Lánroghnaigh le haghaidh deisiúcháin droichead ar luach **€395,000** don bhliain 2025.

Clár Athshlánaithe Droichead 2025 atá Beartaithe

***Faoi réir fhaomhadh na Roinne**

Tosaíocht	Uimhir Bhóthair	Ainm agus Suíomh	Caiteachas 2025 atá Beartaithe €
1	L-7269	Droichead Threachaill [Dearadh]	€20,000
2	L-42025	Droichead Aillín Darach [Dearadh]	€20,000
3	L-8211	Droichead an Droma [Dearadh]	€20,000
4	L-53241	Droichead Shlí an Iarthair [Dearadh]	€20,000
5	L-12010	Droichead Fhormaoile	€200,000
6	L-8766	Droichead an Mhóta	€160,000
7	R336	Droichead Thír na Cille	€90,000
8	L-8229	Droichead Dhoire Gharbh	€200,000
9	L-6331	Droichead Bhaile an Rí	€30,000
Iomlán			€ 760,000

Beidh sé sin ag brath ar an leibhéal maoinithe a chuirfidh an Roinn ar fáil. Léireofar mionsonraí iomlána na n-oibreacha faofa i gClár na mBóithre, 2025.

Ní mór méid oibre a bheith curtha i gcrích le haghaidh iarratas ar mhaoiniú deontais, chun féidearthacht agus srianta a bhaineann le tionscadal ar leith a mheas. Cinnteoidh infhaighteacht buiséid chun tabhairt faoin obair sin go mbeidh píblíne inbhuanaithe d'oibreacha tosaíochta i bhfeidhm.

DEONTAIS FEABHSÚCHÁIN SHONRACHA (DFS)

Fuarthas leithdháileadh sonrach deontais feabhsúcháin ar luach **€590,000** san iomlán le haghaidh tionscadal in 2024:

- R374 Cabhsaí agus Droichid
- R332 Cill Bheanáin

- R339 Belleville
- L52214 Cuan na Loinge

Lorgóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú chun leanúint ar aghaidh leis na scéimeanna sin in 2025.

DEONTAIS STRAITÉISEACHA BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

Cuireadh leithdháileadh ar luach €1,100,000 ar fáil le haghaidh Chuarbhóthar Thuaidh Bhaile Átha an Rí in 2024. Críochnaíodh réamhoibreacha láithreáin ar chuid an Ráithín in 2024 lena n-áirítear baint crann agus oibreacha atreoraithe BSL agus réamhfhálú. Tá na doiciméid tairisceana á dtabhairt chun críche, agus meastar go dtosófar ar thairiscintí go déanach in 2024. Tosófar ar thógáil chuid an Ráithín sa bhliain 2025. Leanann na hoibreacha dearaidh ar aghaidh ar an gcuid Thoir i dtreo Bhóthar Mhuine Mheá.

Dheimhnigh an Roinn a tiomantas leanúnach don tionscadal seo agus táthar ag súil le leithdháileadh in 2025.

SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚLA

I mí an Mheithimh 2024, d'fhaomh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail leithdháileadh €1,564,965 mar aon le leithdháileadh breise €250,000 a cuireadh i leataobh le haghaidh na n-oileán. Cuireadh 31 tionscadal i gcrích faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil ón leithdháileadh foriomlán €1,814,965 don bhliain 2024 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP).

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe curtha ar an eolas ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi leithdháileadh maoinithe ar luach €1,023,479 don bhliain 2025 agus €250,000 breise curtha i leataobh le haghaidh na n-oileán.

BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA - ACMHAINNÍ NA COMHAIRLE

Mar gheall ar an easnamh sa leithdháileadh buiséadach ar chothabháil bóithre áitiúla le himeacht ama, tháinig laghdú suntasach ar leibhéal na n-oibreacha cothabhála ar éirigh leis an gComhairle a dhéanamh. Tá tionchar ag brúnna boilscithe mar aon le costais fuinnimh atá ag méadú ar phraghsáil agus ar chostais. Chuir na costais bhoilscithe sin atá ag méadú isteach go háirithe ar roinnt gnéithe riachtanacha den chothabháil, lena n-áirítear draenáil, berradh ciumhaise agus athnuachan comharthaí agus marcanna. Maoinítear cothabháil bóithre áitiúla ó acmhainní na Comhairle féin agus ón Deontas Lánroghnach.

B'ionann an tsuim a soláthraíodh ó acmhainní na Comhairle féin in 2024 agus €9,167,387 lena n-áirítear soláthar €1,900,000 le haghaidh soilsiú poiblí.

Cuirfear leithdháileadh Bhuiséad na mBóithre Áitiúla, 2025 faoi bhráid na Comhairle lena fhaomhadh i gcomhthéacs Chlár na mBóithre, 2025. Beidh an leibhéal rogha a bheidh ar fáil don Chomhairle maidir le leithdháileadh maoinithe in 2025 ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla srianta ag ceanglais an Mheamraim ar Dheontais le haghaidh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla arna eisiúint ag an Roinn Iompair.

ATHRÚ AERÁIDE

I rith 2024, faoi na cláir deontais cothabhála agus athnuachana de chuid na Roinne le haghaidh bóithre réigiúnacha agus áitiúla, cuireadh leithdháileadh náisiúnta ar fáil d'údarais áitiúla le haghaidh na scéime um Oiriúnú agus Athléimneacht Aeráide. D'fhéadfadh na tionscadail seo a leanas a bheith san áireamh sna tionscadail incháilithe ach gan a bheith teoranta dóibh –

- (i) bearta coisctheacha ar nós oibreacha draenála chun tuilte a mhaolú
- (ii) oibreacha ag droichid chun ualaí hiodrálacha méadaithe de bharr maidhm thuile a chur san áireamh
- (iii) bearta cosanta do bhóithre a bheadh i mbaol drochaimsire, ar nós bearta cobhsaíochta claífoirt chun an bóthar a chosaint agus chun sciorradh a chosc
- (iv) an leibhéal nó an bóthar a athrú chun tuilte a mhaolú, bearta cosanta imeall an bhóthair
- (v) ballaí farraige nó ballaí coinneála a athsholáthar/a dheisiú.

Tugadh leithdháileadh ar luach €1,149,500 i mBuiséad 2025 le haghaidh 31 tionscadal.

Tá aighneacht le haghaidh maoinithe don bhliain 2025 á hullmhú le haghaidh oibreacha sa chatagóir seo.

SOILSIÚ POIBLÍ

Cuireadh €1,900,000 ar fáil, ó chistí na Comhairle féin, i mbuiséad 2024 chun costas an chlár soilsithe poiblí i gContae na Gaillimhe a mhaoiniú, lena n-áirítear na costais chothabhála, fuinnimh agus uasghrádaithe. Chuir BIÉ maoiniú ar luach €113,665 ar fáil chun costas an oibrithe & na cothabhála a dhéantar ar shoilsiú poiblí ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta a chlúdach.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta d'iarfheistiú a dhéanamh ar a soilsiú poiblí ar fad le haonaid LED atá tíosach ar fhuinneamh i gcomhréir leis na ceanglais chun spriocanna reachtúla Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a chomhlíonadh. Sa bhliain 2024,

ceadaíodh san fhoráil bhuiséid clár athsholáthair luathaithe teoranta tríd an gconradh cothabhála agus tá cion na soilse atá iarfheistithe le haonaid LED níos mó ná 75% anois.

Bhíothas ag súil go gcríochnófaí an tionscadal iarfheistithe trí chonradh réigiúnach tiomnaithe (Conradh Éifeachtúlachta Fuinnimh Soilsithe Poiblí, CÉFSP), ach tháinig athrú air sin nuair a theip ar an bpróiseas soláthair i ndiaidh dúshlán dlíthiúil fada. Tá sé beartaithe anois iarfheistiú an tsoilsithe phoiblí a chríochnú ar leibhéal an chontae agus conraitheoir a úsáid le haghaidh cothabhála. Beidh ciste caipitil breise ag teastáil chun cur leis an mbuiséad ioncaim lena chinntiú go gcríochnófar é sin laistigh de thréimhse réasúnta, agus tá socruithe ar bun chun an maoiniú sin a fháil. Beidh an soláthar buiséid €1,900,000 ag teastáil don bhliain 2025. Má ghlactar leis nach mbeidh aon mhéaduithe suntasacha ar phraghsanna fuinnimh, beidh sé sin leordhóthanach chun freastal ar chostais cothabhála agus fuinnimh agus beidh roinnt iarfheistiú teoranta roghnach LED mar thoradh air.

BAINISTÍOCHT TRÁCHTA

Pleananna Bainistíochta Tráchta

Faoi na scéimeanna Taisteal Ghníomhaigh, tá sraith staidéar iompair pobail á gcur chun cinn maidir le roinnt áiteanna agus táthar ag súil go ndéanfar Pleananna Bainistíochta Tráchta ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2024, críochnaíodh Pleananna Iompair Áitiúla le haghaidh Bhaile Átha an Rí agus Bhaile Locha Riach i gcomhréir leis an bpróiseas Plean Ceantair Áitiúil. Comhaontaíodh teimpléad le haghaidh staidéir iompair phobail leis an ÚNI agus tá tús curtha leis an gcur i bhfeidhm.

FEABHSÚ INNEALTÓIREACHTA UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

BEARTA LEASÚCHÁIN AR CHOSTAS ÍSEAL

Mar is amhlaidh le ceannteidil chaiteachais B01 – B04, níl fógra faighte ag an gComhairle fós maidir le luach an deontais a chuirfear ar fáil d'oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal in 2025. Fuarthas leithdháileadh ar luach €428,000 in 2024 ón Roinn Iompair agus tá na tionscadail atá le cur i gcrích in 2024 leagtha amach sa tábla thíos.

Uimhir Bhóthair	Cur síos ar Shuíomh na nOibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta	Cur síos ar an Scéim atá Beartaithe	Costas €
R348/R446	Doire Uí Dhónaill Beag	Chun oibreacha a chríochnú ag acomhal an Bhóthair Réigiúnaigh	€130,000
N83	An Turlach Mór @ an Ruán Mór	Comharthaíocht a Shuiteáil	€2,000

R446	Órán Beag (Crosaire Furey)	Chun oibreacha a chríochnú ag acomhal an Bhóthair Réigiúnaigh	€50,000
L-4305-68	Crosaire ag an Léana Mór, Cluain Fearta	Suiteáil Comharthaíochta Rabhaidh Roimh Ré agus oibreacha chun línte radhairc a mhéadú	€45,000
R939	R939 Bóthar Bhaile an Mhuilinn, Tuaim	Feabhsú acomhail lena n-áirítear dearadh, uasghrádú comharthaí agus oibreacha eile.	€60,000
R460	R460 Baile Uí Aodha, an Gort	Ábhar frithsciorrach, Litreacha agus Línte a shuiteáil ag an Acomhal	€11,000
R351	Sráid na Beairice, Baile Locha Riach	Marcanna Bóthair a Athnuachan agus Dromchla Frithsciorrach a Shuiteáil	€38,000
N59/L1320/L313	Sráidbhaile Mhaigh Chuilinn	Athchóiriú ceann comharthaí tráchta agus brúchnaipí	€35,000
R942	An tSráid Mhór, Baile Locha Riach	Chun oibreacha a chríochnú ag an mBóthar Réigiúnach	€17,000
R333	Cathair na hAoine, Tuaim	Comharthaíocht & marcanna Bóthair	€40,000
			€428,000

Tá aighneacht curtha isteach chuig an Roinn don bhliain 2025 i ngach CB agus cuirfear clár oibreacha le chéile nuair a gheofar fógra faoi mhaoiniú 2025.

FEABHSUITHE INNEALTÓIREACHTA EILE

CUR CHUN CINN AGUS OIDEACHAS AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tabhaítear roinnt costas faoin gceannnteideal seo, lena n-áirítear Scéim na Maor Scoile Sóisearacha, feachtais phoiblíochta lena n-áirítear an tSeachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre, Oiliúint Rothaíochta do Scoileanna Náisiúnta a chuireann feachtas ar shaincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre chun cinn ar mhaithe leis an bpobal agus béim á cur ar úsáideoirí leochaileacha bóthair agus ábhar sofheicthe a sholáthar don phobal.

Tá an Coiste um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe comhdhéanta d'ionadaithe ón gComhairle Contae, ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ón nGarda Síochána, ó Bhonneagar Iompair Éireann agus ón Taisce. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus rinneadh comhscrúdú ar na roghanna atá ar fáil chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú d'úsáideoirí soghonta bóthair

(ÚSBanna), lena n-áirítear coisithe, rothaithe, daoine den phobal a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu, agus tiománaithe.

PÁIRCEÁIL CARRANNA

Tá foráil bhuiséid faoin gceannteideal B09 ina gcuirtear costais tacaíochta seirbhíse san áireamh le haghaidh oibriú agus cothabháil na saoráidí páirceála sráide (6 shuíomh) agus eas-sráide (6 shuíomh) a chuirtear ar fáil ar fud an Chontae mar aon le costais forfheidhmithe páirceála.

Críochnaíodh suiteáil na meaisíní Íoc agus Taispeáin nua grianchumhachtaithe ar fud an chontae (Tuaim, Baile Locha Riach, Baile Átha an Rí, an Gort, Béal Átha na Sluaighe, an Clochán agus an Cloigeann) faoi dheireadh 2023. Tá tréimhsí bharánta imithe in éag anois ar gach aonad agus tá conarthaí cothabhála, arna maoiniú ag admhálacha, i bhfeidhm. Déantar foráil bhuiséadach ar an mbonn sin don bhliain 2025.

TACAÍOCHT DON CHLÁR CAIPITIL BÓITHRE

Íoctar na costais riaracháin (i.e. costais indíreacha) maidir le tacú leis an gClár Caipitil Bóithre as an mbuiséad ioncaim. Áirítear sa bhuiséad sin na costais foirne a bhaineann le tacaíocht a sholáthar don chlár, chomh maith le cuid de na costais tacaíochta seirbhíse.

SEIRBHÍSÍ GNÍOMHAIREACHTA AGUS INCHÚITITHE

Is féidir leis an gComhairle ráta forchostais comhaontaithe a ghearradh ar gach post a dhéanann a foireann. Íocann an t-ioncam a fhaightear ón muirear forchostais na costais a bhaineann le pá saoire, pá breoiteachta agus costais árachais. Déantar gach iarratas ar cheadúnais chun an bóthar poiblí a oscailt a thaisceadh tríd an gcóras náisiúnta um Cheadúnú Oibreacha Bóthair (COB), arna bhainistiú ag an Oifig um Bainistiú Bóithre. Próiseálann Rannóg Bóithre na Comhairle na ceadúnais do Chontae na Gaillimhe agus ón gcóras COB agus cuireann sí coinníollacha agus táillí leis an gceadúnas. Cuirtear ioncam ó Cheadúnais Oscailte Bóthair agus oibreacha a rinneadh do chomhlachtaí eile san áireamh laistigh den cheannteideal buiséid seo.

EASTÁIT TITHÍOCHTA NEAMHCHRÍOCHNAITHE

Bíonn an rannóg Tógáil i gCúram i dteagmháil go gníomhach le Cónaitheoirí, le Forbróirí agus le Sealbhóirí Bannaí chun eastáit tithíochta a chríochnú de réir na gcaighdeán riachtanach a bhaineann le tógáil i gcúram agus/nó le scaoileadh bannaí.

Go dtí seo, tá 2 eastát curtha i gcrích faoi réir an chaighdeán riachtanaigh le haghaidh scaoileadh bannaí, tá 9 n-eastát Tógtha i gCúram agus tá 3 eastát eile le breithniú ag na Comhaltaí Tofa chun iad a Thógáil i gCúram faoi dheireadh na bliana.

Tá an Chomhairle gafa faoi láthair le breis agus 60 forbairt atá ag céimeanna éagsúla den phróiseas Tógáil i gCúram. Féadfaidh Forbróir/Forbróirí um Scaoileadh Banna/Thógáil i gCúram an obair ar na heastáit sin a dhéanamh go díreach, nó féadfaidh an Rannóg um Thógáil i gCúram an obair a dhéanamh tar éis airgead na mbannaí a fháil.

Tagann na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Rannóg um Thógáil i gCúram ó Bhannaí a shanntar go sonrach d'fhorbairtí, agus/nó ó mhaoiniú a fhaightear trí Réiteach Suímh le hUisce Éireann. Bíonn oibreacha ar eastáit stairiúla níos sine ar fud an Chontae á maoiniú le leithdháileadh buiséid de chuid na Comhairle ar eastáit Stairiúla Neamhchríochnaithe, rud a fhágann go bhfuil sé ar chumas na rannóige um Thógáil i gCúram oibreacha leasúcháin a dhéanamh chun na heastáit sin a thabhairt chuig an gcaighdeán riachtanach chun iad a thógáil i gcúram.

Téann an Rannóg um Thógáil i gCúram i dteagmháil le Sealbhóirí Bannaí chun airgead a scaoileadh chun oibreacha ar eastáit a chríochnú agus téann sí i dteagmháil le Forbróirí agus/nó páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go gcríochnaítear eastáit de réir an chaighdeáin riachtanaigh ar mhaithe le cách, agus ar mhaithe leis na cónaitheoirí go háirithe.

Tá dul chun cinn na n-oibreacha ar eastáit ag brath ar an maoiniú atá ar fáil, rannpháirtíocht le tríú páirtithe agus castacht na hoibre ina bhféadfaí comhaontuithe ceada slí a chur san áireamh.

TOGRAÍ 2025:

Leanfaidh an rannóg um Thógáil i gCúram ar aghaidh chun iarratais Tógáil i gCúram a mheas agus a phróiseáil. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, déanfar gach iarracht chun a chinntiú go gcuirfear forbairtí i gcrích i gcomhlíonadh an deonaithe pleanála agus de réir an chaighdeáin riachtanaigh maidir le tógáil i gcúram.

Sa chás go n-aithnítear saincheistanna neamhchomhlíontachta, cuirfear na Ranna ábhartha ar an eolas fúthu le go mbeidh siad in ann na himeachtaí cuí a chur i bhfeidhm.

SEIRBHÍSÍ GNÍOMHAIREACHTA AGUS INCHÚITITHE

SCÉIM FOSTAÍOCHTA POBAIL

I rith 2024, bhí 5 Scéim Fostaíochta Pobail fós ag feidhmiú. Bhain sráidbhailte agus bailte leas as oibreacha amhail cothabháil sráidbhailte; tírdhreachú; berradh féir agus tógáil ballaí cloiche. Is iad seo a leanas na Scéimeanna Fostaíochta Pobail: An Clochán/ Cloch na Rón; Maigh Cuilinn/Uachtar Ard; An Gort agus an Ceantar Máguaird; An Baile Mór/ An Mhainistir agus Tuaim agus an Ceantar Máguaird.

Leanfaidh na 5 Scéim Fostaíochta Pobail ar aghaidh ag feidhmiú agus ag soláthar oibreacha amhail cothabháil sráidbhaile; tírdhreachú; berradh féir agus tógáil ballaí cloiche in 2025.

COTHABHÁIL LIMISTÉIR DRAENÁLA TALÚN

DRAENÁIL ARTAIREACH

Chomhlíon an Chomhairle a freagracht reachtúil as cothabháil oibreacha draenála áirithe sa Chontae leis an Aonad Bonneagair agus Oibríochtaí agus le hOifigí Cheantar Bardasach na Comhairle. Tá dhá cheantar draenála dhéag faoi chúram na Comhairle agus tá dhá cheantar draenála i gContae na Gaillimhe a shíneann isteach i limistéir Chomhairle Contae Ros Comáin agus Chomhairle Contae an Chláir. B'ionann an buiséad a soláthraíodh don obair sin in 2024 agus €174,000.

OIBREACHA AGUS STAIDÉIR AR MHAOLÚ TUILTE

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le OOP le linn 2024 chun oibreacha atá dírithe ar an mbaol ó thuilte a laghdú amach anseo a shainaithint agus a chur chun cinn. Tá oibreacha ar siúl ag 6 shuíomh faoi scéim na mionoibreacha don bhliain 2024, agus críochnófar na tionscadail sin den chuid is mó faoi dheireadh na bliana. Forbraíodh clár oibreacha don bhliain 2025 bunaithe ar scéimeanna atá ceadaithe cheana féin. Déanfar iarratais bhreise lena mbreithniú agus lena gceadú ag OOP bunaithe ar riachtanas sainaitheanta.

Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh leis an OPW faoi scéimeanna mionoibreacha amach anseo atá á mbreithniú faoi láthair agus é mar aidhm acu maoiniú a fháil do na scéimeanna seo.

Tá foráil €450,000 déanta faoin gceannnteideal seo chun oibreacha den chineál sin a dhéanamh. Is féidir le OOP 90% de chostais na n-oibreacha sin a fhorchúiteamh.

Ní mór méid oibre a bheith curtha i gcrích le haghaidh iarratas ar mhaoiniú deontais, chun féidearthacht agus srianta a bhaineann le tionscadal ar leith a mheas. Cinnteoidh infhaighteacht buiséid chun tabhairt faoin obair sin go mbeidh píblíne inbhuanaithe d'oibreacha tosaíochta i bhfeidhm.

OIBRIÚ AGUS COTHABHÁIL CÉANNA AGUS CUANTA

OIBRÍOCHTAÍ CÉANNA AGUS CUANTA

Soláthraíodh leithdháileadh €369,500 ó acmhainní na Comhairle féin in 2024 le haghaidh an chláir cothabhála muirí atá ar siúl maidir le timpeall 100 áit tuirlingthe i gContae na Gaillimhe atá sainaitheanta mar áiteanna atá faoi chúram/faoi fhreagracht Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá oibreacha éagsúla i gceist leis sin lena n-áirítear uasghrádú céanna, deisiúcháin sábháilteachta ar chéimeanna rochtana, ráillí, agus deisiúcháin ar fhánáin. Áirítear leo siúd freisin fás algaí a bhaint ó chéanna i gContae na Gaillimhe, faoi réir an buiséad atá ar fáil. Áiríodh leis an leithdháileadh suim €50,000 chun earcú Máistir Cuain d'Inis Oírr a chlúdach.

Chomh maith leis sin, cuireadh píosa an chistithe meaitseála de dheontais Mionoibreacha Caipitil an Oileáin don bhliain 2024 ar fáil sa leithdháileadh. Maoiníodh 90% d'oibreacha ar luach €175,150 san iomlán a bhain le Céanna agus Cuanta leis na deontais sin, agus b'ionann an ceanglas maoinithe meaitseála 10% agus €17,515. I measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích, bhí athchóiriú suntasach ar Ché Thrá Teach ag Inis Oírr, oibreacha cosanta cósta ar Inis Meáin agus oibreacha feabhsúcháin cé ag an gCaladh Mór, Inis Meáin agus Cill Rónáin.

Úsáidtear an buiséad freisin chun tuarascálacha agus staidéir a mhaoiniú ar chéanna agus ar chuanta atá riachtanach chun rochtain a fháil ar shruthanna maoinithe seachtracha eile a d'fhéadfadh a bheith ann agus á bhfeidhmiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

De réir an chláir chothabhála agus dheisiúcháin, rinneadh deisiúcháin ar shoilse loingseoireachta agus baineadh siolta agus bacainní eile ó fhánáin ag líon beag áiteanna, faoi réir na n-acmhainní airgeadais a bhí ar fáil.

Tá thart ar 60 múrál do chuairteoirí lonnaithe i gceantair éagsúla amhail Cill Rónáin, an Caoláire Rua, Cuan an Chlocháin, an Sruthán, Cloch na Rón, Cill Chiarán agus an Máimín, a dteastaíonn athsholáthar slabhraí agus seaicilí uathu gach 2 bhliain. Rinneadh oibreacha cothabhála suntasacha i mbliana agus úsáideadh an soláthar buiséid €20,000 go hiomlán. Tá foráil €20,000 don bhliain 2025 déanta freisin faoin gceannnteideal seo chun leanúint leis an gcothabháil ar mhúrálacha luamh.

Soláthraíodh buiséad €200,000 in 2024 chun Cuan Chill Rónáin a Chothabháil. Bhí sé sin ag teastáil chun cothabháil leanúnach a dhéanamh ar an gcuan agus chun táillí dlí a íoc maidir leis an Teach Trádstórais ar an gcé.

Beidh an buiséad sin ar luach €200,000 ag teastáil arís in 2025 chun Cuan Chill Rónáin a chothabháil chun rudaí athfhillteacha amhail pá, mionoibreacha etc. a chlúdach agus leis an iarmhéid clúdófar táillí dlí atá fágtha agus oibreacha ar an trádstóras ar an gcé.

Tá méadú tagtha ar an leithdháileadh Buiséid ar Chéanna agus ar Chuanta le dhá bhliain anuas. Ní mór don mhéadú sin leanúint ar aghaidh chun a chinntiú gur féidir clár cothabhála agus feabhsúcháin leordhóthanach a sholáthar. Tá ról ríthábhachtach ag an mbonneagar chun inmharthanacht na bpobal a bhfreastalaíonn sé orthu a choimeád ag imeacht, agus tá gá le hoibreacha suntasacha chun a chinntiú go bhfuil Céanna agus Cuanta ar chaighdeán cuí ionas gur féidir iad a úsáid go sábháilte amach anseo. Is struchtúir chosanta iad cuid mhaith acu, tá siad i limistéir íogaireachta comhshaoil agus beidh ceadúnas urthrá ag teastáil le haghaidh aon oibreacha faoi bhun na líne bairr láin. Dá bhrí sin, in go leor cásanna bíonn obair shuntasach ag teastáil chun tionscadal a chur i riocht réidh le haghaidh tógála agus bíonn costais arda i gceist leis sin sula dtosaítear ar aon tógáil. Tá an soláthar maoinithe sin ó acmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe féin riachtanach más féidir linn an leas is fearr a bhaint as maoiniú seachtrach atá ar fáil le haghaidh oibreacha athchóirithe ar Chéanna agus ar Chuanta.

SEIRBHÍSÍ UISCE

BAINISTÍOCHT AGUS COTHABHÁIL SCÉIMEANNA UISCE AGUS FUÍOLLUISCE

I gcás Bhuiséad 2025, tá ioncam agus caiteachas sa réimse seo gan athrú. Is é Uisce Éireann (UÉ) an t-údarás atá freagrach as Seirbhísí Uisce bardasacha ó dháta éifeachtach an Chomhaontaithe Máistir-Chomhoibrithe. Tá foireann na Comhairle anois faoi bhainistíocht, faoi rialú agus faoi stiúir Uisce Éireann cé go bhfanann na baill foirne sin ina bhfostaithe de chuid na Comhairle go dtí deireadh 2026 nó go dáta níos luaithe má chinneann an duine aonair aistriú go hUisce Éireann. Is é tosaíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain 2025 oibriú le hUisce Éireann chun a chinntiú go leanfar de Sheirbhísí Uisce a sholáthar faoi na Comhaontuithe Máistir-Chomhoibrithe agus Seirbhísí Tacaíochta. Beidh dúshlán roimh an tseirbhís sin freisin de réir mar a chuirfear an t-aistriú sin i bhfeidhm le linn an chéad 2 bhliain eile.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach, áfach, as bainistíocht tionscadal a bhaineann le Grúpscéimeanna Uisce agus Séarachais nua nó lena n-uasghrádú agus as deontais a sholáthar le haghaidh tobair thollta tí faoi chlár cineachta. Ina theannta sin, tá an Chomhairle ag dul chun cinn freisin maidir le scéimeanna faoi Bheart A8 a chur i bhfeidhm le haghaidh Chreachmhaoile agus Dhroichead an Chláirín.

CLÁR UISCE TUAITHE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- In R1, d'éirigh leis an gComhairle réamhcheadú a fháil le haghaidh maoiniú €19.3M chun líonraí agus cóireáil fuíolluisce a sholáthar do shráidbhailte Chreachmhaoile & Dhroichead an Chláirín faoi bheart A8 den Chlár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil, 2024-2026. Is é €2.6M an méid a thabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla dó. Tógfaidh sé roinnt blianta na tionscadail sin a chur i gcrích agus beidh gá forálacha le haghaidh costais a chur san áireamh i mbuiséid amach anseo thar shaolré na dTionscadal.
- In R2, chuir an Chomhairle an t-iarratas a bhí fágtha ar an gClár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO), ina raibh 100 tionscadal lena mbreithniú agus costas iomlán €12.3M. Tá cur chuige céimnithe glactha ag an Roinn maidir le maoiniú a cheadú faoin gClár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil nua don tréimhse 2024-2026. Go dtí seo, d'éisigh an Roinn ceadú faoi chúig (5) cinn de na hocht (8) mbeart atá san áireamh. Tá 29 tionscadal sa chlár ceadaithe agus iarrtar soiléiriú ar 4 thionscadal eile um Cheangal Uisce Pobail.
- Tá tionscadal caipitil Ghrúpscéim Uisce Chill Ríicill/Chill Chúile críochnaithe ar luach €3.5M. Is í Grúpscéim Uisce Cheapaigh an tSeagail a sholáthraíonn an scéim, agus beidh úinéireacht aici ar an líonra 41.5km de phríomhlíonra a luaithe a bheidh an tréimhse chothabhála 12 mhí caite. Soláthraíonn an scéim uisce glan agus folláin do 270 teach, 2 Scoil Náisiúnta agus go leor gnólachtaí agus feirmeacha. Tá uisce óil comhlíontach á fháil

ag baill de chuid Ghrúpscéim Uisce Chill Chúile anois agus baineadh an scéim sin den liosta Fógraí um Fhiuchadh Uisce.

- Ghlac Uisce Éireann ceithre ghrúpscéim uisce phoiblí i gcúram in 2024.
- Rinneadh acmhainní foirne in Uisce Tuaithe a athlúonadh tuilleadh in 2024 ach tá dúshlán fós ag baint le hearcú agus le coinneáil foirne de bharr leibhéal na ndeiseanna agus an éilimh ar fhoireann theicniúil cháilithe. Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cabhrú le scéimeanna ina n-oibríochtaí ó lá go lá leis an scéim Fóirdheontais fhaofa a chur chun feidhme agus íocadh cistí suntasacha.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Is é príomhchuspóir 2025 an Clár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil faofa a sheachadadh agus an fhoireann riachtanach a earcú chun a chinntiú go gcuirfear chun feidhme é agus go seachadfar é. Beidh fócas ar líon na scéimeanna maidir le fógraí 'Ná hól', fógraí um Fhiuchadh uisce agus liosta gnímh feabhais (LGF) na Roinne a laghdú go suntasach.

BAINISTÍOCHT MÓRÉIGEANDÁLA (BMÉ)

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

In 2024, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe (CCG) le tionscnaimh éagsúla chun feabhas a chur ar Bhainistíocht Móréigeandála (BMÉ) ar fud an réigiúin:

Coiste Forbartha Móréigeandála (CFMÉ): Dhírigh an coiste seo, faoi chathaoirleacht an Uasail Uinsinn Finn, ar ghníomhaíochtaí BMÉ laistigh de Stiúrtóireacht Bonneagair agus Oibríochtaí na Comhairle.

Athbhreithnithe Pleananna agus Córais: Rinneadh athbhreithniú ar na pleananna Móréigeandála agus Freagartha Drochaimsire/Tuilte, agus bhí an Córas Bainistíochta Teagmhas Drochaimsire (CBTD) gníomhach le linn teagmhais drochaimsire. Chuir CCG tús le triail idirchontae le dhá údarás áitiúla eile freisin.

Comhordú Réigiúnach: Chomhordaigh Grúpa Stiúrtha Réigiúnach BMÉ an Iarthair, faoi stiúir FSS, bainistíocht éigeandála ar fud ocht bpríomhghníomhaireacht freagartha (PGFanna) i nGaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin. Ina theannta sin, lean Grúpa Oibre Réigiúnach BMÉ an Iarthair, atá faoi chathaoirleacht FSS freisin, le hoibríochtaí i measc na seirbhísí éigeandála áitiúla san Iarthar. Lárionad Comhordaithe Áitiúil (LCÁ): Feidhmíonn ceanncheathrú CCG mar LCÁ le haghaidh PGFanna de chuid na Gaillimhe (CCG, FSS Thiar agus Rannán Gardaí na Gaillimhe), le córais físchomhdhála agus faisnéise leictreonacha uasghrádaithe. Suiteáladh gineadóir cúltaca chun leanúnachas a chinntiú le linn briseadh cumhachta.

Comhtháthú BMÉ Contae/Cathrach: Rinne Grúpa Comhtháthaithe BMÉ Cathrach/Contae, faoi chathaoirleacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, comhordú ar phleanáil éigeandála le haghaidh imeachtaí ag a bhfuil sluaite móra agus le haghaidh láithreáin shonracha sa chathair agus sa chontae.

Oiliúint agus Comhdhálacha: Chlúdaigh an oiliúint leanúnach Bainistíocht Faisnéise, Idirchaidreamh leis na Meáin agus Comhordú. D'fhreastail pearsanra CCG ar sheimineáir BMÉ agus ar chomhdháil náisiúnta BMÉ i mí Dheireadh Fómhair.

Bearta Éigeandála:

- Bhí athbhreithniú agus beart faoi stiúir CCG le haghaidh Phlean Éigeandála Seachtrach RGSCC (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) ag CBE West, lena n-áirítear beart boird agus praiticiúil le PGFanna.
- I mbeart Plean Freagartha ag Aerfort Chonamara agus ar na hOileáin, rinneadh tástáil ar chomhordú éigeandála le haghaidh teagmhas ar tír agus amach ón gcósta araon.
- I mbeart CBRN (Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach) leis an nGarda Síochána agus le FSS rinneadh measúnú ar chumais idirghníomhaireachta i gcás teagmhais cheimiceacha agus raideolaíocha.

Pleananna amach anseo: Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag forbairt plean éigeandála le haghaidh Stáisiún Cumhachta Thíne agus ag ullmhú d'athbhreithniú 2025 ar Láithreán RGSCC de chuid Circle K i gCuan Chathair na Gaillimhe, agus tá cruinnithe idirghníomhaireachta sceidealaithe i mí na Nollag.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

Sa bhliain 2025, leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe le hoiliúint BMÉ do bhaill foirne réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear Bainistíocht Faisnéise, Idirchaidreamh leis na Meáin agus Comhordú ar an Láthair, chomh maith le bearta boird agus bearta praiticiúla. Tiocfaidh an Coiste Forbartha Móréigeandála (CFMÉ), faoi stiúir an Uasail Uinsinn Finn, le chéile gach dhá mhí chun córais freagartha drochaimsire a fheabhsú, raidió TETRA a chomhtháthú, agus comhordú a dhéanamh le comhchoiste i gComhairle Cathrach na Gaillimhe chun athléimneacht na cathrach a neartú.

Tá Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe ag cur comhphlean éigeandála i gcrích don dá chomhairle, agus tá nuashonrú ar aguisíní an Chontae ar siúl. Díreofar iarrachtaí comhordaithe réigiúnacha ar na Pleananna Réigiúnacha um Chomhordú, na Meáin agus Aslonnú. Leanfar le tástáil a dhéanamh ar an ngineadóir cúltaca nua i Halla an Chontae chomh maith.

Áirítear le pleanáil éigeandála a bhaineann go sonrach leis an láithreán athbhreithniú ar Stáisiún Cumhachta Thíne a chríochnú le beart i lár na bliana, beart ar mhórsála a threorú ag láithreán Circle K agus pleanáil le haghaidh an Mhoil Hidrigine Glaise atá beartaithe ag Calafort na Gaillimhe. Leanfaidh CCG lena thriail idirchontae ar an gCóras Bainistíochta Teagmhas Drochaimsire freisin.

CLÁIR OIDEACHAIS AGUS SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN POBAIL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2025:

- Tá SDTG fós ina cheannasaí náisiúnta maidir le forbairt an Ardáin Náisiúnta Aontaithe Oibriúcháin Riosca (ANAOR). Leis an ardán is féidir faisnéis riosca a roinnt i bhfíor-am chun cinnteoireacht a fheabhsú i ngach rannóg SDTG. Áirítear leis seo córas chun riosca dóiteán baile sa phobal a aithint agus a mhapáil. Tá pearsanra SDTG i gceannas ar ghrúpa oibre náisiúnta chun córas a fhorbairt chun riosca a chinneadh i ngach réadmhaoín (réadmhaoine tráchtála agus baile araon) a chuirfidh ar chumas na n-údarás dóiteáin gníomhaíochtaí sábháilteachta dóiteáin a dhíriú. Tá gnéithe den chóras seo á dtriail i roinnt údarás dóiteáin eile.
- Fuair SDTG aláraim dheataigh neamhspleácha ag a bhfuil cadhnaí fadsaoil do theaghlaigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe lena suiteáil ag grúpaí pobail mar a bhí sna blianta roimhe seo agus tá siad á n-eisiúint do na teaghlaigh sin fós. Oibríonn SDTG le CHIME freisin chun aláraim dheataigh a sholáthar agus suiteáil na n-aláram a éascú do dhaoine breacbhodhar. Rinneadh an tionscadal sin le cúnamh ó na hAonaid Phobail agus Fiontraíochta i gComhairlí Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe mar chuid de Chlár leanúnach na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (SNBDÉ). Tá clár cuairteanna um shábháilteacht ó dhóiteán sa bhaile curtha i bhfeidhm ag SDTG freisin agus béim faoi leith ar cheantair thuaithe agus ar thithíocht shóisialta.
- Reáchtáladh feachtais meán um fheasacht ar shábháilteacht ó dhóiteán in 2024 don tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán, sábháilteacht ó fhalscáithe, sábháilteacht le linn Oíche Shamhna agus tá feachtas eile beartaithe le haghaidh aimsir na Nollag. Rinne roinnt Oifigeach agallaimh ar an raidió.
- In 2024 lean an Clár um Dhaoine Leochaileacha ar aghaidh, lena n-áiríodh Leabhrán Seiceála um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa Bhaile a sheol Sean Canney, an tAire Stáit d'Fhorbairt Pobail, Acmhainní Nádúrtha & Forbairt Dhigiteach an 7 Deireadh Fómhair 2019 ag Stáisiún Dóiteáin Thuama. Tá an tionscnamh um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa Bhaile leathnaithe anois agus tá seicliosta ar líne maidir le sábháilteacht ó dhóiteán sa bhaile ar fáil do gach duine den phobal. Tá an nasc ar fáil ar leathanach tosaigh shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá nasc san áireamh freisin faoi bhloc sínithe ríomhphoist an phearsanra uile sa tseirbhís dóiteáin. Go dtí seo, críochnaíodh breis agus 1,000 seiceáil sábháilteachta dóiteáin sa bhaile ar líne.
- In 2022, leanadh ar aghaidh leis an bhfeachtas fógraíochta nua um shábháilteacht ó dhóiteán leis na teachtaireachtaí sábháilteachta dóiteáin 'Tine a Chosc' agus 'Do Bhrathadóir a Sheiceáil', agus clár ann chun an teachtaireacht a thaispeáint ar gach fearas dóiteáin céadfhreagartha.
- In 2024 leanadh ar aghaidh leis an obair ar shuíomh gréasáin nua SDTG chun feasacht ar shábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn.

- Tá sé mar aidhm ag tionscnamh um Shábháilteacht ó Dhóiteán do Phobail na nOileán, ar cuireadh tús leis in 2021, a chinntiú go bhfuil 2 aláram deataigh ar a laghad suiteáilte i ngach teach ar na hOileáin. Leanadh ar aghaidh leis an tionscnamh sin in 2024 ar na hoileáin mhóra go léir. Ina theannta sin, rinneadh an plean freagartha idirghníomhaireachta do theagmhais ar na hoileáin a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh SDTG ar aghaidh mar cheannasaí náisiúnta maidir le forbairt an Ardáin Náisiúnta Aontaithe Oibriúcháin um Riosca (ANAOR). Leis an ardán is féidir faisnéis riosca a roinnt i bhfíor-am chun cinnteoireacht a fheabhsú i ngach rannóg SDTG. Cuimsíonn sé sin córas chun rioscaí neamhbhaile agus baile sa phobal a shainathint agus a mhapáil. Leanfaidh SDTG de thriail idirchontae i gcúig Údarás Dóiteáin eile a threorú in 2025.
- Leanfar ar aghaidh le haláirí dheataigh neamhspleácha a eisiúint in 2025 sa Chathair agus sa Chontae araon ó leithdháiltí a fuarthas in 2024 agus ceannófar aláirí bhreise i lár 2025. Bainfear úsáid as sin chun an Tionscnamh um Shábháilteacht ó Dhóiteán do Phobail na nOileán a chríochnú agus chun leanúint ar aghaidh leis an gClár Cuairteanna um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa Bhaile. Cuirtear aláirí dheataigh ar fáil do dhaoine a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu anois mar chuid den scéim sin.
- Reáchtálfar clár go háitiúil arís in 2025 mar chuid den tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán mar a tharla sna blianta roimhe seo lena n-áirítear gach Stáisiún Dóiteáin a oscailt don phobal. Tá súil againn i mbliana roinnt seimineár agus taispeántas faoi shábháilteacht ó dhóiteán a chur san áireamh sna bailte.
- Reáchtálfar feachtais feasachta sna meáin ar shábháilteacht ó dhóiteán arís in 2025 don tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán, sábháilteacht ó Fhalscáithe, sábháilteacht le linn Oíche Shamhna agus sábháilteacht le linn aimsir na Nollag. Táthar ag súil go mbeidh méadú ar líon na n-oifigeach ag déanamh agallaimh raidió agus theilifíse in 2025.
- In 2025 leanfaidh an Clár um Dhaoine Leochaileacha ar aghaidh i ngach stáisiún, lena n-áirítear an Chathair, agus leanfar ar aghaidh leis an Leabhrán Seiceála um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa Bhaile a chur chun cinn go forleathan. Beidh an clár nasctha leis an bpleanáil réamhtheagmhais agus leis na cláir cuairteanna um shábháilteacht ó dhóiteán sa bhaile. Leanfaidh SDTG ar aghaidh ag forbairt nasc le gníomhaireachtaí eile chun tuilleadh feabhais a chur ar na cláir sin.
- In 2025 leanfar leis an bhfeachtas fógraíochta um shábháilteacht ó dhóiteán leis na teachtaireachtaí um shábháilteacht ó dhóiteán 'Tine a Chosc' agus 'Do Bhrathadóir a Sheiceáil'. Táthar ag súil go gcuirfear na teachtaireachtaí sin ar dhoirse bá na bhfearas i ngach stáisiún dóiteáin, ach an maoiniú a bheith ar fáil.
- Tá SDTG ag súil leis an suíomh gréasáin nua a sheoladh in 2025 chun feasacht ar shábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn in 2025.
- Leanfar ar aghaidh leis an gClár Sábháilteachta ó Dhóiteán do Scoileanna in 2025, faoi réir na n-acmhainní airgeadais a bheith ar fáil. Mar chuid den chlár sin, tugann oifigigh dhóiteáin

áitiúla cuairt ar ranganna 4 i mbunscoileanna na Gaillimhe. Déanfar gach cuairt a mhapáil ar chóras ANAOR. Tá sé beartaithe ag SDTG chomh maith tús a chur leis an gclár ‘Bí Sábháilte ó Dhóiteán’ a sheoladh i meánscoileanna.

OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN – POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE (PCS)

CREAT UM SHÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN IN ÉIRINN

Tá an tSeirbhís Dóiteáin faoi réir na srianta airgeadais céanna agus na hiniúchtaí caiteachais dá réir, agus mar a bhíonn gach seirbhís Údaráis Áitiúil eile. Beidh sé dúshlánach infheistíocht bhreise a dhéanamh sna Seirbhísí Dóiteáin, seachas an méid atá cláraithe cheana féin, mar thoradh ar na srianta ar airgeadas rialtais poiblí agus áitiúil. Is é an dúshlán, mar a léirítear sa doiciméad “Pobail a Choinneáil Sábháilte” ná na hacmhainní atá ar fáil a bhainistiú chun an toradh is fearr a bhaint amach don phobal ó thaobh sábháilteachta aonair de, agus chun cailleanas agus cur isteach ar an tsochaí a íoslaghdú.

Is ionann an dúshlán thuasluaite agus an dúshlán atá roimh na húdaráis dóiteáin go léir. Glacann na ceardchumainn agus an lucht bainistíochta leis anois, nach bhfuil samhail reatha na Seirbhíse Dóiteáin ar Áirithíocht oiriúnach don fheidhm. Is léir é sin ó na deacrachtaí laistigh de na húdaráis dóiteáin go léir a bhaineann le pearsanra a earcú agus a choinneáil sa tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht. Mar thoradh ar ghníomhaíocht thionsclaíoch thar ceann baill Seirbhíse Dóiteáin ar Áirithíocht de chuid CSTGT go náisiúnta sa bhliain 2023, ghlac an dá thaobh le moladh ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO). Leis an gcomhaontú sin, tiocfaidh méadú ar líon an phearsanra ar áirithíocht ó fhoireann lán-nirt 120 duine go 164 duine, agus tabharfar rogha do bhaill freagairt do theagmhais éigeandála ar bhonn seachtaine ar glao-dhualgas / seachtaine saoire. Tá an earcaíocht sin ar siúl agus leanfar ar aghaidh léi go dtí 2025. Mar a cuireadh béim air i dTuarascáil Athbhreithnithe na Seirbhísí Dóiteáin ar Áirithíocht, tá sé deacair earcú isteach sa tseirbhís dóiteáin, ach tá na hathruithe i samhail na Seirbhíse Dóiteáin ar Áirithíocht ag cuidiú leis an earcaíocht. Mar gheall ar chur chun feidhme chomhaontú CCÁO, beidh costas aonuaire tosaigh i gceist ar luach thart ar €3.5m mar gheall ar arduithe pá, billí pá breise, costais oiliúna tosaigh agus costais choimhdeacha eile in aghaidh an chomhraiceora dóiteáin. Aisghabhfar an costas breise sin ar dtús ón SNBDÉ agus ón RTRÁO, ach san fhadtéarma is ar na húdaráis Áitiúla a bheidh sé de dhualgas é a mhaoiniú.

Chun cur chun feidhme rathúil na bpríomhfhórlacha in PCS a bhaint amach, beidh gá le tiomantas leanúnach ón tSeirbhís Dóiteáin, ó na Foirne Bainistíochta Contae agus Cathrach agus ó Ionadaithe Tofa na Cathrach agus an Chontae. Ag leanúint ar aghaidh ó thuarascáil Ghrúpa Bailíochtaithe Sheachtraigh (GBS) an SNBDÉ, maidir leis na cuairteanna a tugadh ar gach Seirbhís Dóiteáin in 2014 dar teideal “Seirbhísí Dóiteáin in Éirinn – Seachadadh Áitiúil – Comhsheasmhacht Náisiúnta”, rinneadh an dara babhta de chuairteanna Grúpa Bailíochtaithe Sheachtraigh a sceidealú ag deireadh 2019 agus ó cheann ceann na bliana 2020. Chuir paidéim COVID-19 stad

leis an gcuart sin don Ghrúpa Bailíochtaithe Sheachtraigh, ach tionóladh cruinniú agus measúnú ar líne maidir le hAthbhreithniú Acmhainne an SNBDÉ i mí Mheán Fómhair 2020 in ionad na cuairte GBS. Tionólfar an 3^ú cuairt ón nGrúpa Bailíochtaithe Sheachtraigh ar gach Údarás Dóiteáin in R1 agus in R2 de 2025. Athraíodh leagan amach na cuairte ón dá cheann roimhe seo agus beidh cruinniú an ghrúpa leis an bPríomh-Fheidhmeannach agus le grúpa níos leithne de phearsanra na seirbhíse dóiteáin i gceist.

Le linn chruinniú athbhreithnithe acmhainne an SNBDÉ ar líne, tharraing tionscadal Faisnéise Oibriúcháin de chuid Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe atá bunaithe ar ardán ArcGIS aird an ghrúpa athbhreithnithe. Is léir go bhfuil an tionscadal seo an-luachmhar ó thaobh anailíse de agus tá sé á úsáid anois chun gníomhaíochtaí seirbhíse dóiteáin amach anseo a phleanáil agus a spriocdhíriú. Tá beirt Oifigeach Shinsearacha de chuid na Seirbhíse Dóiteáin agus comhalta de rannóg TF CCG ag obair le comhaltaí den Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (SNBDÉ) chun an tionscadal sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta.

Tá Dréachtplean nua faoi Alt 26 á dhréachtú ag Bainistíocht na Seirbhíse Dóiteáin lena chur faoi bhráid na gcomhaltaí tofa agus na Stiúrthóireachta um Fhorbairt Fhisiciúil agus Seirbhísí Iompair agus Éigeandála agus lena cheadú acu. Táthar ag súil go gcuirfear an plean sin faoi bhráid Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin na Comhairle in R1 de 2025 agus faoi bhráid an CBS um Fhorbairt Fhisiciúil, Seirbhísí Iompair agus Éigeandála agus na Comhairle Iomlánaí in R2 de 2025. Tá obair ar siúl freisin maidir le Pleananna nua Sábháilteachta Dóiteáin Reachtúla agus Pobail.

OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN – POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE (PCS)


GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024 (BUNAITHE AR SHONRAÍ 2023):

- Tá 11 Stáisiún Dóiteáin sa Chathair agus sa Chontae (féach Léaráid 1) atá lonnaithe i mBaile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, an Clochán, Cathair na Gaillimhe, an Gort, Baile Locha Riach, an Creagán, Port Omna, Tuaim, Inis Mór agus an Cheathrú Rua. Tá pearsanra ar áirithíocht ag gach stáisiún seachas Cathair na Gaillimhe, ina bhfuil meascán de phearsanra lánaimseartha i mbun sealoibre agus pearsanra ar áirithíocht ar glao-dhualgas.
- Fostaíonn an Chomhairle thart ar 170 comhraiceoir dóiteáin ag líon iomlán go díreach i Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe lena n-áirítear comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus ar áirithíocht sa Chathair agus sa Chontae. Áirítear leis an bhfigiúr sin comhaontú faoina ndearnadh idirbheartaíocht in 2021 chun líon na gcomhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht sa Chathair a mhéadú le beirt chomhraiceoirí dóiteáin bhreise agus méadóidh sé tuilleadh mar thoradh ar chomhaontú náisiúnta CCÁO a rinneadh le déanaí
- Tá 11 oifigeach shinsearacha dóiteáin maoirseachta agus coiscthe dóiteáin ann freisin, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Dóiteáin (PFO) agus seachtar ar pearsanra tacaíochta sibhialta iad, Meicneoir Briogáide, Oifigeach Cosanta Sibhialta (OCS) agus Oifigeach Cúnta

Cosanta Sibhialta OCCS ag obair sa Cheanncheathrú ag Stáisiún Dóiteáin Chathair na Gaillimhe.

- Agus an tuarascáil seo á scríobh ag deireadh 2024, níl na staitisticí don bhliain 2024 ar fáil. Tá na huimhreacha seo a leanas bunaithe ar staitisticí 2023. Le linn 2023, d'fhreagair Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe do 1,846 glao éigeandála san iomlán; 1113 ag Briogáid Dóiteáin an Chontae agus 733 ag Briogáid Dóiteáin Chathair na Gaillimhe sna tailte dóiteáin Cathrach agus Contae. B'ionann sin agus méadú 16 ar líon na slógaí in 2022. I Léaráid 2 thíos, tá leibhéal na nglanna a fuarthas in 2013 le feiceáil. Ó bhuaicphointe in 2013, tháinig laghdú ar líon na nglanna amach ó 2014 go 2017 agus níor tháinig aon mhéadú orthu. Tháinig méadú suntasach ar líon na nglanna amach in 2018. Rinneadh an líon ba lú glaonna amach le 12 bhliain anuas in 2021 agus in 2023, is ar éigean a rinneadh an líon ba mhó glaonna amach ó 2011. Tá gach cosúlacht air go mbeidh na glaonna amach don bhliain 2024 ar aon dul le leibhéal 2022 agus 2023, a bheag nó a mhór. Tá líon na nglanna amach in aghaidh an stáisiúin le feiceáil i Léaráid 3 anseo thíos.


LÉARÁID 1 LIMISTÉIR STÁISIÚIN DÓITEÁIN REATHA




- Ba é an meánchostas in aghaidh an duine den daonra chun an tSeirbhís Dóiteáin a sholáthar i gCathair agus i gContae na Gaillimhe in 2023 ná €58.45. Ba é 2.03 nóiméad agus 5.56 nóiméad na meán-amanna freagartha do gach teagmhas d'fheithiclí céadfheastail sna stáisiúin lánaimseartha sa Chathair agus sna stáisiúin ar áirithíocht sa Chontae faoi seach.
- Tá céatadán na n-amanna freastail ar an láthair maidir le dóiteáin agus teagmhais eile do Bhriogáidí Dóiteáin Cathrach agus Contae le feiceáil i dTábla 1 thíos. Bhí bás amháin de bharr dóiteáin in 2023 agus ní bhfuair aon duine bás de bharr dóiteáin go dtí seo in 2024.
- Rinne an Chomhairle iarracht chun a chinntiú go bhfuair pearsanra uile na Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála oiliúint, mar a rinneadh sna blianta roimhe seo ar an leibhéal

áitiúil. Rinneadh dul chun cinn freisin ar oiliúint na nOifigeach Dóiteáin Sinsearach agus Sóisearach leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (SNBDÉ). Rinneadh oiliúint de réir an Phlean Oiliúna / an Chláir Bhliantúil Oiliúna don bhliain 2024, go dtí an leibhéal ab airde ab fhéidir, faoi réir na srianta agus an riosca a bhain leis an bpaindéim. Leanadh ar aghaidh leis na caighdeáin oiliúna a aistriú go dtí creat Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) in 2021.

LÉARÁID 2: TAIFEAD NA NGLAONNA AMACH 2013 – 2023



LÉARÁID 3: MIONDEALÚ AR GHLAONNA AMACH DE RÉIR STÁISIÚIN IN 2023



TÁBLA 1: CÉATADÁN NA NAMANNA FREASTAIL I GCATHAIR AGUS I GCONTAE NA GAILLIMHE 2023

% Am Freastail	% Tinte	% Teagmhais Eile
Níos lú ná 10 nóiméad	35.97	45.55
10 go 20 nóiméad	40.26	38.97
Níos mó ná 20 nóiméad	23.76	15.66

- Tá sé i gceist ag an tSeirbhís Dóiteáin leanúint ar aghaidh ag ullmhú pleananna réamhtheagmhála do rioscaí suntasacha Cathrach agus Contae, gníomh ar dualgas reachtúil é faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003. Tá dlúthbhaint ag an obair seo leis an gClár nua um Shábháilteacht ó Dhóiteán do Dhaoine Soghonta agus don Phobal, ar cuireadh tús leis in 2019.
- Lean Grúpa Stiúrtha Sláinte & Sábháilteachta na Seirbhíse Dóiteáin ar aghaidh ag teacht le chéile in 2024 agus bhí cruinnithe míosúla ar siúl chun an Plean Bainistíochta um Shláinte & Sábháilteacht a bhainistiú agus a stiúradh ar fud na Seirbhíse Dóiteáin agus na Cosanta Sibhialta. Ba é an cuspóir ná an creidiúnú ISO 45001 a baineadh amach i mí Dheireadh Fómhair 2018 a choimeád, a tháinig tar éis chreidiúnú OHSAS 18001 a baineadh amach roimhe sin i mí na Nollag 2017. Leanadh ar aghaidh le cruinnithe

míosúla an Ghrúpa Sábháilteachta Oibriúcháin in 2024 chomh maith. Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh ar na Seirbhísí Dóiteáin maidir le comhlíonadh ISO 45001 ar an 29 agus an 30 Bealtaine 2023.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

OIBRIÚCHÁIN

- Déanfaidh an Chomhairle iarracht chun a chinntiú go gcuirfear oiliúint ar phearsanra uile na Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, ar an leibhéal áitiúil. Leanfar ar aghaidh le hoiliúint Oifigigh Dóiteáin / Teagascóra leis an Stiúrtóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála. Cuirfear oiliúint i gcrích i gcomhréir leis an bPlean Oiliúna Bliantúil don bhliain 2025 faoi réir forálacha buiséadacha. Leanfaidh na Treoirlínte Oibriúcháin Caighdeánacha Náisiúnta (TOCanna) ar aghaidh mar chnámh droma don phlean oiliúna ar fud na Cathrach agus an Chontae don phearsanra dóiteáin ar fad in 2025. Cuirfear an chéad sraith eile de TOCanna i bhfeidhm in 2025 agus leanfaidh na TOCanna Náisiúnta ar aghaidh mar bhonn taca le measúnuithe riosca ginearálta agus measúnaithe riosca bunaithe ar ghníomhaíochtaí mar chuid den Chóras Bainistíochta Sábháilteachta.
- In 2025 leanfaimid ar aghaidh leis na caighdeáin oiliúna a aistriú chuig creat DCCÉ i gcomhar leis an SNBDÉ.
- Bhí ráta scoir/éirí as seasta sa tSeirbhís Dóiteáin ar áirithíocht agus sa tSeirbhís Dóiteáin lánaimseartha i nGaillimh in 2021 agus in 2022 ach laghdaíodh líon na ndaoine a ndeachaigh ar scor/a d'éirigh aisti in 2023/2024.
- Tá feabhas mór tagtha air sin trí aois scoir íosta éigeantach 62 bliana d'aois a thabhairt isteach – agus í a mhéadú ó 55 do phearsanra lánaimseartha agus ó 58 do phearsanra ar áirithíocht. Ba cheart go gcuirfeadh an comhaontú náisiúnta de chuid CCÁO dá dtagraítear thuas, moill bhreise ar rátaí scoir. Meastar go gcuideoidh na socruithe níos tarraingtí maidir lena bheith ar glao-dhualgas le hearcaíocht, agus caveat ag gabháil leis an gcomhaontú go n-éilítear leibhéal earcaíochta níos airde in 2025. Leanfaidh ionductú earcaithe ar áirithíocht ar aghaidh tríd an nGrúpa Oiliúna Náisiúnta do Sheirbhísí Údaráis Áitiúil (GONSÚÁ), chuig caighdeán nua DCCÉ in 2025.
- Leanfar ar aghaidh le béim a chur ar phleananna réamhtheagmhais in 2025 i gcomhar leis an gClár um Dhaoine Leochaileacha a chuirfear chun feidhme i ngach stáisiún. Cuirfear an bhéim sin ar fhoirgnimh ardstóracha agus meánstóracha agus ar fhoirgnimh a bhfuil fadhbanna oidhreacht ag baint leo.
- In 2025, leis an bhfeabhas atá tagtha ar an mbonneagar, tá súil againn go mbeimid in ann leanúint ar aghaidh chun amanna slógtha agus freastail a fheabhsú.
- Beidh an tsábháilteacht mar thosaíocht fós i rith 2025 agus tionólfar cruinnithe míosúla den Ghrúpa Stiúrtha Sábháilteachta agus Sábháilteachta Oibriúcháin. Déanfar iniúchadh arís ar SDTG le haghaidh chreidiúnú leanúnach ISO 45001 ar bhonn sé mhí.

IONAD CUMARSÁIDE RÉIGIÚNACH AN IARTHAIR (ICRI)

Tá baint ag Údaráis Dóiteáin Chonnacht agus Dhún na nGall leis an tionscadal Lárnach glaonna amach agus cumarsáide seo trí Ionad Cumarsáide Réigiúnach an Iarthair (ICRI) i gCaisleán an Bharraigh, atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo mar Údarás Conarthach. Cuireann comhpháirtithe uile an Údaráis Áitiúil le costas na seirbhíse sin agus tá méadú suntasach tagtha ar na costais le dhá bhliain anuas. Is é an chúis atá leis an ardú ar chostais ná go bhfuil an córas Seachadta Ríomhchuidithe reatha as dáta. Cuireadh próiseas soláthair i gcrích agus bronnadh conradh chun córas Seachadta Ríomhchuidithe nua a sholáthar a chuirfidh iomarcaíocht agus córas aistrithe glaonna ar fáil idir Ionaid Rialaithe Réigiúnacha i gcásanna glaonna móra agus i gcás rólódáil shealadach in aon cheann de na hionaid rialaithe. Tá athbhreithniú agus athstruchtúrú á dhéanamh faoi láthair ag an SNBDÉ ar na trí Ionad Cumarsáide Réigiúnacha mar chuid den tionscadal nua CTRI agus beidh siad go léir ina moil sa Chóras Náisiúnta Slógaidh agus Cumarsáide (CNSC) nuabhunaithe.

Tuigtear go mbunófar samhail mhaoinithe Náisiúnta nua de réir mar a aistríonn ICRI ó shamhail Réigiúnach go dtí samhail Náisiúnta. D'fhéadfadh impleachtaí neamhurchóideacha a bheith aige sin le haghaidh bhuiséid na nÚdarás Áitiúil ó 2025 ar aghaidh, ach níl aon chomhartha ann maidir le cén uair a thabharfar isteach an tsamhail mhaoinithe náisiúnta nua.

TIONSCADAL RÉIGIÚNACH UM BAINISTÍOCHT AR AN STRUS A LEANANN TEAGMHAIS CHRITICIÚLA (BSTC)

Is é Comhairle Chontae na Gaillimhe an tÚdarás Conarthach don chóras BSTC do na sé Údarás Dóiteáin i gConnacht agus i nDún na nGall. Tá foráil á dhéanamh i mbuiséid 2025 chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal seo, agus beidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag gníomhú mar Údarás Conarthach arís. Bronnadh conradh don tréimhse 2021-2024 i réigiún an Iarthair ar Inspire Wellbeing ó Thuaisceart Éireann agus baineadh leas as an rogha faoi choinníollacha an chonartha chun an conradh a shíneadh ar feadh bliain eile le comhaontú na n-údarás dóiteáin comhpháirtíochta sa réigiún.

SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN / COSC DÓITEÁIN


GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024 (BUNAITHE AR SHONRAÍ 2023):

- In 2023, rinne an Rannóg um Chosc Dóiteáin de chuid na Seirbhíse Dóiteáin 228 iniúchadh ar áitribh mar chuid dá feidhm um chosc dóiteáin. Ba laghdú beag é sin ó 237 iniúchadh in 2022 a rinneadh i gcomhréir leis an Acht Seirbhísí Dóiteáin (ASD), 1981 &

2003, na hAchtanna Ceadúnaithe, na hAchtanna Pleanála agus an tAcht um Shubstaintí Contúirteacha. Rinneadh iniúchtaí freisin maidir le heisiúint Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán (DSD) faoin Acht um Rialú Foirgníochta (arna leasú), 1990.


- Phléigh an Rannóg um Chosc Dóiteáin le 285 iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán (DSD) de gach cineál in 2023 faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta. Tá gníomhaíochtaí maidir le Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán ó 2013 go 2023 le feiceáil i Léaráid 4 thíos. Tá treocht sheasta ag baint le hiarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán a fuarthas idir 2020 agus 2023. Go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024, fuair an Rannóg um Chosc Dóiteáin 264 iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán (DSD) de gach cineál agus phléigh sí leo. Is ionann an treocht sin agus an treocht in 2023, a bheag nó a mhór.
- Phríoiseáil an Rannóg um Chosc Dóiteáin 103 iarratas ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas (TRM) in 2023. Tá gníomhaíocht maidir le Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas ó 2013 go 2023 le feiceáil i Léaráid 5 thíos. Go dtí seo agus go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024, tá 88 iarratas TRM faighte agus pléite ag an Rannóg um Chosc Dóiteáin, beagnach ar aon dul le 2023.

LÉARÁID 4 GNÍOMHAÍOCHT MAIDIR LE DEIMHNITHE SÁBHÁILTEACHTA Ó DHÓITEÁN (DSD) 2013- 2023



LÉARÁID 5 GNÍOMHAÍOCHT MAIDIR LEIS AN TEASTAS ROCHTANA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

2013-2023



TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh an Rannóg um Chosc Dóiteáin ar aghaidh ag próiseáil gach cineál iarratas DSD thar ceann na gComhairlí Contae agus Cathrach agus ag próiseáil iarratais TRM thar ceann na Comhairle Contae.
- Leanfaidh an Rannóg um Chosc Dóiteáin ar aghaidh ag próiseáil iarratas ar cheadúnais agus atreoruithe pleanála de réir mar a thagann siad isteach.
- Leanfaidh an Rannóg um Chosc Dóiteáin ar aghaidh leis an gclár iniúchtaí ar stórais pheitriliam mhiondíola sa Chathair agus sa Chontae. Leanfaidh siad ar aghaidh ag próiseáil ceadúnais DSA do shiopaí peitriliam miondíola sa Chathair agus sa Chontae de réir mar a thagann siad isteach. Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcuirfidh na rialacháin nua atá beartaithe don réimse seo go mór le hualach oibre na Rannóige agus go mbeidh acmhainní breise ag teastáil as seo amach.
- Leanfaidh an Rannóg um Chosc Dóiteáin ar aghaidh leis an gclár iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin a chur i bhfeidhm agus béim ar leith á cur ar thithe altranais, ar áiseanna cúraim, ar bhrúnna agus óstáin sa Chathair agus sa Chontae. Leagfar béim freisin ar fhoirgnimh mheánstóiracha / ardstóiracha agus ar fhoirgnimh a bhfuil fadhbanna oidhreacht ag baint leo.
- Leanfaidh an Rannóg um Chosc Dóiteáin ar aghaidh ag déanamh iniúchtaí sa Chathair agus sa Chontae mar fhreagairt ar ghearáin ar bhonn tosaíochta. Déanfar gníomh forfheidhmiúcháin de réir mar is gá agus de réir mar a éilítear.
- I mí na Nollag 2023, d'fhoilsigh agus sheol an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an Scéim Leasúcháin um Lochtanna Árasán, inar soláthraíodh maoiniú

rialtais chun lochtanna sábháilteachta dóiteáin in árasáin a tógadh idir 1991 agus 2013 a leigheas. Ní mór iarratais ar an scéim a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta agus nuair a bheidh an t-iarratas críochnaithe, ceart agus measúnaithe mar iarratas a thagann faoi shainchúram na scéime, cuirfear ar aghaidh chuig an Údarás Dóiteáin é lena mheasúnú. Táthar ag súil go méadóidh an scéim sin go mór an t-ualach oibre d'údaráis dóiteáin i gceantair uirbeacha mhóra. Tar éis anailís a dhéanamh ar fhoirgnimh incháilithe laistigh de cheantair Údarás Dóiteáin Chathair agus Chontae na Gaillimhe, rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe cás leis an RTRÁO inar lorgaíodh foireann bhreise chun an scéim a éascú agus déileáil leis an ualach oibre breise. Tugadh cead do CCG in 2024 beirt oifigeach dóiteáin shinsearach bhreise agus 1 oifigeach cléireachais breise a earcú. I láthair na huaire, tá 3 thionscadal Pathfinder á bpróiseáil go náisiúnta chun deacrachtaí leis an scéim a fháil amach agus na próisis iarratais agus measúnaithe a chuíchóiriú. Ina dhiaidh sin, scaoilfear iarratais a gheobhaidh an Gníomhaireacht Tithíochta agus cuirfear ar aghaidh chuig na húdaráis dóiteáin iad lena measúnú.

COSAINT SHIBHIALTA NA GAILLIMHE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Feidhmíonn Cosaint Shibhialta na Gaillimhe ó 5 ionad oiliúna; Cathair na Gaillimhe, Órán Mór, Baile Locha Riach, Béal Átha na Sluaighe agus Cluain Bheirn. Sa bhliain 2024, lean gach aonad ag feidhmiú i rith na bliana.
- Chuidigh Cosaint Shibhialta na Gaillimhe le go leor Cuardach ar Dhaoine ar Iarraidh laistigh den Chathair/Chontae ar iarratas ón nGarda Síochána (AGS) agus thug siad cúnamh do Chosaint Shibhialta an Chláir ó am go chéile i rith na bliana lena n-iarrataí. Baineadh úsáid as córais dróin agus sonóra bád i gcuardaigh go príomha, agus is acmhainní luachmhara iad dár bhfoirne cuardaigh. Tugadh cúnamh d'aonaid Chosanta Sibhialta Mhaigh Eo agus an Chláir chun cabhrú le cuardaigh ar dhaoine ar iarraidh ar iarratas ón nGarda Síochána.
- Tá oiliúint leanúnach ar siúl inár nAonad Rialaithe dár n-oibrithe deonacha. Tá an t-aonad sin ina shócmhainn luachmhar maidir le Rialú Oibríochtaí ag imeachtaí agus le linn cuardach.
- Téann gach Teagascóir um an gCéad Fhreagairt Chairdiach, um Fhreagairt Gharchabhrach agus um an gCéadfhreagairt Éigeandála de chuid na Cosanta Sibhialta i mbun athdheimhnithe de réir Chlár Oiliúna Choláiste na Cosanta Sibhialta. Mairfidh an deimhniú go dtí 2026.
- Chríochnaigh Teicneoirí Leighis Éigeandála na Cosanta Sibhialta Uasoiliúint maidir le Treoirínte Cleachtais Chliniciúil (TCC) 2021 i mí an Mhárta 2023 agus nuashonruithe

2023 ar na grúpaí beartais chorparáidigh in 2024, mar a cheanglaíonn an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal.

- Cheap Comhairle Chontae na Gaillimhe Oifigeach Cúnta Cosanta Sibhialta (OCCS) buan i mí Lúnasa 2024 chun cuidiú le hoibríochtaí na Cosanta Sibhialta i gCathair agus i gContae na Gaillimhe.
- D'athdheimhnigh 2 Teagascóir d'Fhreagróirí Gasta agus Tuilte de chuid na Cosanta Sibhialta in 2024 i gcomhréir le Clár Choláiste na Cosanta Sibhialta.
- Tháinig an CBTOD (Córas Bainistíochta Trealamh d'Oibrithe Deonacha) in ionad Chlár na Cosanta Sibhialta i mí Iúil 2023. D'fhreastail an tOifigeach Cosanta Sibhialta ar go leor laethanta oiliúna maidir le feidhmiú an chórais nua. Coinnítear an córas sin cothrom le dáta de réir mar a cheanglaíonn an OCS.
- Leanfar le cur chun feidhme na gCaighdeán Íosta Oiliúna do gach oibrí deonach, idir chomhaltaí nua agus chomhaltaí atá ann cheana féin.
- Tá clár oiliúna ar siúl faoi láthair d'oibrithe deonacha i rith 2024, lena n-áirítear an Chéad Fhreagairt Chairdiach, Freagróir Garchabhrach, an Chéad Fhreagairt Éigeandála, oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte agus ar Bhogadh Daoine.
- Rinneadh Oiliúint Ionduchtaithe do chomhaltaí nua ag gach ceann de na hionaid Oiliúna Aonaid in 2024. Chríochnaigh 20 comhalta nua an oiliúint éigeantach sin in 2024.
- Ghlac Cosaint Shibhialta na Gaillimhe páirt i bhFóram Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus cuireadh tascanna i gcrích ar mhaithe leis na daoine leochaileacha ar sainathnódh sna grúpaí fóraim iad.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Díreofar an oiliúint in 2025 ar an gcumas Bainistíochta Cuardaigh agus ar an oiliúint do Fhreagróirí Tuile a fhorbairt. Glacfaidh comhaltaí páirt in oiliúint leanúnach athdheimhnithe agus in oiliúint tosaigh in 2025 faoi chlár na Cosanta Sibhialta.
- Tá oiliúint agus athdheimhniú do thiománaithe drochaimsire le reáchtáil sa chéad ráithe de 2025. Roghnaigh an Brainse Cosanta Sibhialta soláthraí oiliúna nua chun oiliúint a chur ar fáil d'oibrithe deonacha ó 2025 ar aghaidh.
- Roghnaíodh Cosaint Shibhialta na Gaillimhe mar cheann de 7 nÚdarás Áitiúla chun scéim phíolótach a reáchtáil ar Shraith Bainistíochta Cuardaigh Sarman Enterprises. Cuirfear tús leis an oiliúint go luath in 2025 ar an táirge cuardaigh sin.
- Glacfar páirt in oiliúint Athdheimhnithe i ngach disciplín i gcomhréir le clár Choláiste na Cosanta Sibhialta don bhliain 2025.
- Forbróidh freagróirí ar gach leibhéal cliniciúil a gcuid scileanna i rith na bliana oiliúna
- Déanfar idirchaidreamh leanúnach leis na PGFanna chun Cosaint Shibhialta a fhorbairt agus a chur chun cinn mar eagraíocht tacaíochta.
- Bainfear leas as oiliúint tacaíochta bhreise BSTC idir piaraí i gclár oiliúna an Bhrainse Cosanta Sibhialta in 2025.

- Leanfaidh gach ball ar aghaidh chun na híoschaighdeáin Oiliúna a chomhlíonadh de réir an Bheartais Cosanta Sibhialta.

FUINNEAMH AGUS AERÁID

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Tar éis próiseas fairsing comhairliúcháin phoiblí a chríochnú, ghlac an cruinniú iomlánach an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2024-2029 de chuid CCG i mí Feabhra 2024.
- Tacaíodh le gníomhartha agus rinneadh iad a chomhordú trí struchtúr rialachais traseagraíochta lena n-áirítear Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide, Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Foireann Fuinnimh.
- Glacadh páirt in go leor tionscadal le páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear:

Idirnáisiúnta	Clár Foraoise Comhpháirtíochta na Gaillimhe
AE	An Clár um 30 oileán faoi 2030
AE	Tionscadal LEAP (Gníomhaireachtaí Fuinnimh Áitiúla sna Réigiúin Fhorimeallacha)
Náisiúnta	CONNECTED Tionscadal Chrios Dícharbónaithe Réigiún an Iarthuaiscirt
Náisiúnta	An Feachtas Cosain Ár nDumhcha
Áitiúil	Cúrsaí um Ghníomhú ar son na hAeráide do Dhaoine Os Cionn 60 Bliain d'Aois

- Riaradh an Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, faoina bhfuil €726,000 leithdháilte ag CCG chun tacú le pobail gníomhú a dhéanamh ar son na haeráide. Ceadaiódh 32 iarratas le haghaidh maoinithe faoin scéim reatha.
- Tugadh tacaíocht do phobail agus do dhaoine aonair chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme trí cheardlanna, cuir i láthair agus seastáin ag imeachtaí ar fud an chontae. D'oibrigh an tAonad Aeráide le Rannóga de chuid ÚFIÉ agus CCG, lena n-áirítear Tithíocht, Pleanáil, OFÁ, Pobal agus Comhshaol chun an tacaíocht sin a sholáthar.
- Tacaíodh le sé phobal i bhforbairt a Máistirphleananna Fuinnimh mar chuid de Chlár Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe ÚFIÉ.
- Faoi chlár Bhiúró Réigiúnach Fuinnimh ÚFIÉ, ceapadh Oifigeach Biúró Réigiúnach Fuinnimh chuig CCG. Tá ball foirne inmheánach ceaptha mar Oifigeach Fuinnimh chomh maith. Tá na hacmhainní sin dírithe ar Chlár Iarfhéistithe Foirgnimh Pathfinder de chuid ÚFIÉ a chur chun

cinn, deimhniú ISO50001 a fháil, úsáid fuinnimh ceirde a laghdú agus ár spriocanna fuinnimh le haghaidh 2030 a chomhlíonadh. Táthar ag súil go gcríochnófar suiteáil Córais Bainistíochta Sonraí Fuinnimh uathoibrithe faoi dheireadh 2024.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint ar aghaidh ag saothrú comhpháirtíochtaí le fiontair, pobal, an earnáil dheonach, institiúid tríú leibhéal agus an pobal taighde agus ag glacadh páirt ghníomhach iontu chun tionscnaimh a chur i gcrích a laghdóidh an tionchar ar an aeráid. Leanúint ar aghaidh ag plé le tionscadail atá ann cheana féin, lena n-áirítear 30 oileán faoi 2030, CONNECTED, LEAP agus Clár Foraoise Comhpháirtíochta na Gaillimhe.
- Tacú le hobair an Ghrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide chun na gníomhartha atá sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur chun feidhme. Feachtais rannpháirtíochta agus oideachais inmheánacha agus sheachtracha a reáchtáil.
- An Fhoireann Fuinnimh a bhainistiú agus oibriú ar ár spriocanna maidir le feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, lena n-áirítear trí fhorbairt Thionscadail Pathfinder. Oibriú i dtreo deimhniú ISO50001 a bhaint amach le haghaidh ár gCórais Bainistíochta Fuinnimh in R2 2025.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe ar fud an chontae chun a Máistirphleananna Fuinnimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tacú le pobail ar fud an chontae chun na tionscadail ar bronnadh maoiniú orthu faoin gCiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme agus tionscadail fhéideartha a shainaithint le haghaidh an chéad bhabhta maoinithe eile.

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCH

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL (OFÁ)

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Cuireadh Ionad Céadfhreastail den scoth agus éifeachtach ar fáil do ghnólachtaí i gContae agus Cathair na Gaillimhe
- Cuireadh Tacaíochtaí Fiontraíochta ar fáil, lena n-áirítear Gearrchúrsaí Oiliúna, clinicí Meantóireachta agus Comhairleacha Gnó.
- Cuireadh tacaíochtaí airgeadais ar fáil do ghnólachtaí incháilithe i bhfoirm Deontas Féidearthachta, Prímeála agus Leathnaithe Gnó chun cabhrú leis na gnólachtaí agus iad ag tosú agus ag leathnú amach.
- Cuireadh tacaíochtaí Airgeadais ar fáil i bhfoirm Dearbháin Trádála Ar Líne a chuir ar chumas gnólachtaí suíomh gréasáin ríomhthrachtála a fhorbairt agus díolacháin ar líne a mhéadú.
- Cuireadh Tacaíocht Airgeadais ar fáil i bhfoirm an Chúnaimh Theicniúil do Mhicrea-Easpórtálaithe chun cabhrú le gnólachtaí margaí thar lear a iniúchadh, le díolacháin easpórtála a mhéadú agus lena ngnó a idirnáisiúnú.
- Rinneadh Cláir do Ghnó Glas a sheachadadh chun cabhrú le gnólachtaí an chéad chéim a ghlacadh i dtreo a bheith níos inbhuanaithe.
- Rinneadh Cláir do Ghnó Barainneach a sheachadadh chun cabhrú le gnólachtaí prionsabail bharainneacha a ghlacadh chun táirgiúlacht agus a iomaíochas a fheabhsú.
- Rinneadh Cláir Dhigiteacha do Ghnó a sheachadadh chun cabhrú le gnólachtaí plean a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun uirlisí agus teicnící digiteacha a ghlacadh ar fud an ghnó.
- Tacaíodh le hÚinéirí gnó le hiarratas ar iasachtaí Microfinance Ireland.
- Méadaíodh feachtas ar sheirbhísí OFÁ atá ar fáil do ghnólachtaí ar bhonn áitiúil agus náisiúnta agus cabhraíodh le caidrimh a fhorbairt idir gnólachtaí agus na soláthraithe seirbhíse seo.
- Forbraíodh caidrimh le páirtithe leasmhara trína bheith ag freastal ar imeachtaí fiontraíochta seachtracha, trína bheith ag cur le beartas fiontraíochta, agus ag obair i gcomhar le tionscnaimh tacaíochta fiontair i nGaillimh.
- Cuireadh sraith tacaíochtaí agus seirbhísí tógála cumais ar fáil. Cuireann siad seo le luach gnó, agus téann siad chun tairbhe gnólachtaí.
- Tacaíodh le cruthú fostaíochta sa Chontae trí infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí incháilithe.
- Tacaíodh le forbairt eacnamaíoch atá dírithe ar phoist a chruthú sa Chontae agus sa réigiún.
- Cothaíodh cultúr fiontraíochta trí rannpháirtíocht le líonraí earnála, le scoileanna agus le hinstiúidí tríú leibhéal.

- Chuathas i dteagmháil le comhpháirtithe ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta amhail CREW, Ardán, DCCOI, CFI, Údarás, BIM, Lónra na Gaillimhe, chun tionscnaimh chruthaithe fiontar agus tacaíochta a dhearadh agus a sheachadadh.
- Glacadh páirt in imeachtaí Náisiúnta amhail Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla, Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta, Clár Fiontraíochta na Mac Léinn, Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan, Sárthaispeántas & an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Soláthar faisnéise – Ionad Céadfheastail agus imeachtaí for-rochtana.
- Comhairle Gnó, Meantóireacht & Lónrú.
- Cláir forbartha bainistíochta agus forbartha earnála.
- Ceardlanna Oiliúna Gnó agus Clinicí Comhairleacha Gnó.
- Tacaíocht Airgeadais - le Dearbháin Trádála Ar Líne, Féidearthacht, Prímeáil, Leathnú Gnó, TAME agus Deontais Tosaigh do Chéimithe.
- Maoiniú taighde agus forbartha a sheachadadh d'earnálacha ardacmhainne (Deontais um Nuálaíocht Shofhreaigrúil agus Deontais Tosaigh Um Maoin Intleachtúil).
- Cláir do Ghnó Glas, do Ghnó Barainneach agus do Ghnó Digiteach a sheachadadh.
- Cláir Easpórtála a sheachadadh do chliaint spriocdhírithe chun méadú agus fás a dhéanamh.
- Rannpháirtíocht na gcliant in imeachtaí Náisiúnta – Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla, Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta, Clár Fiontraíochta na Mac Léinn, Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan, Sárthaispeántas & An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.
- Tacú le mol Nuálaithe Bia trí chomhoibriú a dhéanamh leo chun tacú le cláir do ghnólachtaí nuathionscanta Bia agus Dí agus le FBManna, agus iad a fhorbairt.
- Tacaíochtaí a sheachadadh do ghnólachtaí a bhfuil tionchar ag cogadh na hÚcráine orthu de bharr an tionchair atá á imirt ag an gcogadh ar chostais fuinnimh (úsáideoirí Ceirisín, cuir i gcás).
- Leanúint ar aghaidh ag tógáil agus ag forbairt caidrimh le páirtithe leasmhara le himeachtaí agus le tionscnaimh chomhoibríocha.

PLEANÁIL DON FHORBAIRT INBHUANAITHE:

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024

- Fuarthas 1,794 Iarratas Pleanála amhail an 31 Deireadh Fómhair 2024.
- Tá an córas Ríomhphleanála Náisiúnta ag feidhmiú anois le haghaidh Iarratais Phleanála, aighneachtaí agus iarratais agus aighneachtaí Chuid VIII, go dtí seo i mbliana tá 1,475 r-iarratas faighte, tá 945 r-aighneacht/tuarascáil chomhairliúcháin faighte tríd an tairseach (an 31 Deireadh Fómhair). Tá iarratais Chuid VIII ar fáil ar an tairseach le breathnú orthu agus le haighneachtaí a dhéanamh. Tá 8 n-iarratas Chuid VIII agus 4 Iarratas Údaráis Áitiúil

faoi Alt 179A agus 40 aighneacht/tuarascáil chomhairliúcháin ann go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

- Tionóladh 5 chruinniú iarratais phleanála maidir le forbairtí mórsála cónaithe.
- Tionóladh 4 chruinniú iarratais phleanála maidir le forbairtí bonneagair straitéisigh
- Reáchtáladh 9 gcruinniú le haghaidh forbairtí móra as 13 iarratas san iomlán.
- Próiseáladh 132 iarratas ar Fhorbairt Dhíolmhaithe amhail an 31 Deireadh Fómhair 2024.
- Críochnaíodh agus glacadh Plean Ceantair Áitiúil Thuama, 2023-2029, R3 de 2023.
- Ullmhaíodh Dréachtphean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí, 2023-2029, ar foilsíodh é in R2 de 2023.
- Ullmhaíodh Dréachtphean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2023-2029, a foilsíodh i Ráithe 4 2023.
- Rinneadh obair leanúnach ar na Léarscáileanna um Cháin ar Thalamh Criosaithe chun Cónaithe (CTCC) - Léarscáileanna Deiridh le foilsiú ar an 1 Nollaig 2023.
- Cuireadh ionchur phleanála ar fáil do Ghrúpaí Stiúrtha éagsúla a bhaineann leis an gContae.
- Leanadh ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóireacht Bóithre maidir le Staidéar Iompair.
- Tugadh faoi thionscnamh trasteorann san oideachas agus sa phleanáil spásúil i mBaile Átha an Rí agus sa Chreagán i Ráithe 1 2023. Bhí an tionscnamh seo a reáchtáil idir Ollscoil na Gaillimhe, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus an fhoireann tíreolaíochta agus mic léinn i gColáiste na Toirbhirte, Baile Átha an Rí agus Coláiste an Phaidrín Naofa, An Creagán i gContae na Gaillimhe, agus Coláiste Comhtháite an Droichid Nua, Droichead na Banna, Contae an Dúin. Chuir foireann na Rannóige um Pleanáil Chun Cinn i gComhairle Chontae na Gaillimhe tacaíocht ar fáil agus ghlac siad páirt sa tionscnamh trasteorann seo.
- Rinneadh obair leanúnach maidir le Foireann CAFU chun an tIarratas ar Mhaoiniú Ghla 2 a sheachadadh.
- Rinneadh Idirchaidreamh agus Bainistiú i gcomhar leis an gComhairleoir Iompair agus Comhairleoirí Comhshaoil do Bhaile Átha an Rí agus do Bhaile Locha Riach.
- Glacadh páirt i Straitéis Iompair Limistéar Cathrach na Gaillimhe leis an Údarás Náisiúnta Iompair, BIÉ agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Forbraíodh Córais TF chun an córas réamhphleanála a bhainistiú.

TOGRAÍ 2025

- Leanúint ar aghaidh ag déanamh faireachán ar shonraí iarratais phleanála de réir cheanglais na Straitéise Reigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíche.
- Dréachtscéim Ranníocaíochta Forbartha a ullmhú agus a fhoilsiú.
- Pleananna Limistéir Áitiúil don Ghort a ullmhú agus a fhoilsiú.
- Idirchaidreamh agus bainistiú a dhéanamh leis na Comhairleoirí Comhshaoil ar Phleananna Limistéir Áitiúil Bhaile Locha Riach agus an Ghort.

- Léarscáileanna Forlíontacha (1 Bealtaine 2023 – 1 Meitheamh 2023) & Léarscáileanna Deiridh (1 Nollaig 2023) a ullmhú le foilsiú agus le haghaidh aighneachtaí poiblí a thagann ina dhiaidh sin ar an CTCC: idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn, Uisce Éireann, BIÉ, an Bord Pleanála agus na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an tionscadal sin agus a bheith ag plé le ceisteanna a thagann chun cinn dá bharr.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí beartais maidir le straitéisí atá geallta i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022 – 2028.
- Tionscadal CAFU a chur chun cinn.
- Téigh i gcomhairle leis an Stiúrthóireacht Bóithre/Comhairleoirí Iompair arna gceapadh ar roinnt Straitéisí Iompair (Múnlú Iompair/Pleananna Iompair Áitiúil/Straitéis Siúlóide/Rothaíochta).
- Ionchur Pleanála a sholáthar do Ghrúpaí Stiúrtha éagsúla a bhaineann leis an gContae.
- Páirt a ghlacadh i dTionscnamh na Foirne Baile/Foirne CAFT.
- Straitéisí Fearainn Phoiblí a ullmhú do bhailte sonraithe sa Phlean Ceantair Áitiúil, nuair a cheadaíonn acmhainní.
- Páirt a ghlacadh sa tionscnamh píolótach um Ghabháil Sonraí Spásúla Pleanála leis an Roinn Pleanála, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil.
- Teagmháil a dhéanamh le hOifigigh i ndáil le reachtaíocht imeachtaí um cheadúnú reachtúil mar is cuí.
- Tionscadail a bhainistiú do na Comhairleoirí maidir le dearadh an ionaid áitiúil, an charrchlóis agus na soláthairtí spáis oscailte atá leagtha amach sa Dréachtphlean Forbartha Contae agus i dtionscadal CAFU don Gharrán.
- Tionscadail a bhainistiú do na Comhairleoirí maidir leis an Staidéar Toipeolaíochta don Gharrán, Órán Mór.
- Tairiscintí a ullmhú do Mháistirphlean Iarthailte Aerfort na Gaillimhe agus tionscadail a bhainistiú do na Comhairleoirí sin ina dhiaidh sin.
- Paraiméadair an Bhille nua um Pleanáil agus Forbairt a chur i bhfeidhm - athruithe féideartha.
- Oibriú leis an GBRÁ chun iPlan 5 a chur chun feidhme i ráithe 1 de 2025.

ATHGHINIÚINT

CAFU GLAOCH 3- TUAIM, BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE AGUS ÓRÁN MÓR

D'éirigh leis an bhFoireann Athnuachana maoiniú ar luach €3,000,000 a fháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi ghla 3 den CAFU (an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí) chun aghaidh a thabhairt ar fhoirgnimh fholmha agus dearóiliú laistigh de na bailte. Beidh an ciste ar fáil chun costais a chlúdach a bhaineann le héadail réadmhaoine nó láithreáin agus aon oibreacha sibhialta nó dearaidh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an riosca a bhaint ón láithreán/ón bhfoirgneamh, nó iad a fheabhsú le go mbeidh siad níos tarraingtí lena n-athúsáid, lena bhforbairt ag daoine eile nó lena ndíol ar aghaidh. Tá sé i gceist go ndéanfaí an ciste a

athshlánú ó na fáiltais a fhaightear ón úsáid deiridh/ ón úsáideoir deiridh, rud a ligfeadh don údarás áitiúil clár rollach a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le fadhb fhadtéarmach na dtithe folmha agus dearóilithe, gan dul i muinín iasachtaí agus an riosca airgeadais a bhaineann leo.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Bunaíodh grúpa oibre inmheánach lena n-áiríodh baill foirne Comhshaoil, Tithíochta agus Athghiniúna.
- Cuireadh tús le suirbhéanna tógála chun áitíocht/úinéireacht foirgneamh a aithint.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Comhairleoir seirbhísí maoine a cheapadh chun cabhrú le tionscadal a chur i ngníomh.
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le réadmhaoín fholamh a aithnítear a cheannach, lena n-athdhíol ar an margadh oscailte.

LÁR AN BHAILE AR DTÚS (LBT)

Ceapadh Oifigeach Athnuachana Baile (OAB) Chontae na Gaillimhe i mí an Mheithimh 2023. Ainmníodh an Gort mar bhaile píolótach le haghaidh an phlean Lár Bailte Ar dTús do Chontae na Gaillimhe. Táimid tar éis dul ar aghaidh anois go dtí an dara baile, Baile Átha an Rí. Bunaíodh Foireann fhoirmiúil don Bhaile chun cabhrú le plan Lár Bailte Ar dTús (LBT) a sheachadadh. I measc na n-ionadaithe ar an bhfoireann tá daoine ó ghrúpaí pobail áitiúla, daoine a bhfuil cónaí orthu sa bhaile agus úinéirí gnó. Leanfar leis an gclár a chur i bhfeidhm sna chéad bhailte LBT sainaitheanta eile sna blianta atá amach romhainn.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Tairiscint agus ceapachán comhairleoirí chun cabhrú le plan LBT a chur i gcrích do Bhaile Átha an Rí
- Rannpháirtíocht an phobail agus comhairliúchán le haghaidh phlean LBT Bhaile Átha an Rí.
- Bunaíodh comhaontú oibre comhoibríoch le hÚdarás na Gaeltachta agus seachadadh an Phlean Lár Bailte Ar dTús don Cheathrú Rua.
- Sainaitníodh tionscadail tosaíochta ghearrthéarmacha le dul ar aghaidh go dtí céim an iarratais ar mhaoiniú.
- Seiceálacha sláinte Lár an Bhaile críochnaithe d'fhoirne Baile nuabhunaithe in Áth Cinn, Órán Mór agus an Cheathrú Rua

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Foilsiú phlean LBT do Bhaile Átha an Rí
- Tairiscint a ullmhú don chéad phlean LBT eile.

- Ullmhú agus cur i gcrích phleananna LBT Bhaile Átha an Rí agus Áth Cinn a chur chun cinn.
- Oibriú le hÚdarás na Gaeltachta, foireann an Bhaile agus an pobal áitiúil i gcoitinne chun Plean Lár Bailte Ar dTús a sheachadadh don Cheathrú Rua.
- Cúnamh a thabhairt d'fhoirne Baile nuabhunaithe ina dtograí forbartha baile
- Cuidiú le foirne Baile iarratais ar mhaoiniú a ullmhú in aghaidh na dtionscadal i bplean LBT an Ghoirt agus Bhaile Átha an Rí.

CAFT BHAILE ÁTHA AN RÍ

D'éirigh leis an bhfoireann Athnuachana maoiniú €6,075,518 a fháil ó Chatagóir 1 de CAFT chun scéim nua réimse phoiblí a sheachadadh do Chearnóg an Mhargaidh agus do Shráid na Croise agus d'athfhorbairt Theach Somers chun Mol Pobail agus Fiontraíochta a sholáthar le ceanglas cistithe meaitseála ar luach €675,058

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Ullmhaíodh iarratas Chatagóir 1 de CAFT do Chearnóg an Mhargaidh agus do Shráid na Croise agus do Theach Somers
- Cuireadh an tairiscint do Chearnóg an Mhargaidh agus do Shráid na Croise chun cinn agus ceapadh comhairleoirí.
- Cuireadh tacaíocht theicniúil iomlán ar fáil don iarratas pleanála lena n-áiríodh comhairleoirí seachtracha agus an chéim dearaidh mhionsonraithe don réadmhaoín, Burke's Lane.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Tairiscint a ullmhú le haghaidh ceapachán comhairleoirí chun Céim thógála athfhorbairt Theach Somers a sheachadadh.
- Tús a chur le tógáil ar Theach Somers agus ar Chearnóg an Mhargaidh agus ar Shráid na Croise.

CAFT AN CHLOCHÁIN

Tá maoiniú ar luach €792,030 faofa don Chlochán faoi chatagóir 2 de CAFT agus tá riachtanas maoinithe meaitseála ar luach €264,010 ag gabháil leis. Áirítear leis an tionscadal Ríocht Phoiblí an Chlocháin a fheabhsú agus a athbheochan, Páirc Chuan an Chlocháin a athdhearadh agus idirghabhálacha réimse phoiblí a chur i bhfeidhm ar feadh Ché Bhóthar na Trá.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Gach gné dhearaidh den tionscadal a chríochnú mar ullmhúchán don iarratas pleanála
- Rannpháirtíocht phoiblí a chríochnú
- Iarratas pleanála Chuid 10 a chur isteach chuig an mBord Pleanála.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Carrchlós eas-sráide tiomnaithe a fhorbairt i lár an bhaile
- Iarratas pleanála Chuid 8 a chur isteach le haghaidh carrchlós breise.

BAILTE CINN SCRÍBE - AN CLOCHÁN

Tá an fhoireann Athnuachana tar éis seilbh a ghlacadh ar an tionscadal chun gradam maoinithe na mBailte Cinn Scríbe ar luach €500,000 ó Fáilte Ireland a sheachadadh, le cistiú meaitseála 25%, arb ionann é sin agus caiteachas iomlán €666,000.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Críochnaíodh agus seachadadh scéimeanna lena n-áirítear “ullmhacht do ghlasbhealaí” ag Droichead Aird Bhéarra.
- Críochnaíodh agus seachadadh pailliún ag an gClós Busanna.
- Críochnaíodh agus seachadadh comharthaíocht geata

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Tionscadal na mBailte Cinn Scríbe a chríochnú agus maoiniú iomlán a tharraingt anuas.

AN GORT

D'éirigh le foireann Athnuachana Chomhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú ar luach €798,584 a fháil (le ceanglas cistithe meaitseála ar luach €199,646).

GNÍOMHAÍOCHTAÍ IN 2024:

- Cuireadh bailchríoch ar dhearadh mionsonraithe agus ar ullmhú iarratas pleanála Chuid 10 le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.
 - Ceannaíodh tailte le haghaidh carrchlós poiblí chun tacú le tionscadal an réimse phoiblí, comhaontaíodh praghsanna díola €180,000 agus €220,000.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Cúnamh a thabhairt le cinneadh pleanála rathúil a dhéanamh maidir leis an Iarratas Pleanála Chuid 10.
- Iarratas ar Chatagóir 1 de CAFT a dhéanamh chun Scéim Réimse Phoiblí a sheachadadh.

CAFT BHAILE LOCHA RIACH

Ceadaíodh maoiniú an tionscadail ar luach €1,628,879 ar dtús faoi Chatagóir 1 de CAFT do Bhaile Locha Riach agus cistiú meaitseála ar luach €542,960 ag gabháil leis. Is ionann costais athbhreithnithe an tionscadail agus maoiniú faoi Chatagóir 1 de CAFT ar luach €4,241,897 agus

tá cistiú meaitseála ar luach €1,413,966 ag gabháil leis. Leis an tionscadal athbheofar Baile Locha Riach agus Halla an Bhaile i mBaile Locha Riach tríd an bhfoirgneamh stairiúil agus tábhachtach sin a chur in úsáid arís.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Rinneadh dul chun cinn ar dhearadh mionsonraithe agus socraíodh an tairiscint do chonraitheoirí le haghaidh tógála.
- Iarratas rathúil ar ardú i gcostais tionscadail arna cheadú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Conraitheoirí le ceapadh agus tús le cur leis an gclár tógála 18 mí ar an láthair.

CAFT PHORT OMNA

Is ionann an maoiniú faofa faoi CAFT do Phort Omna agus €1,192,855 agus ceanglas cistithe meaitseála ar luach €397,618 ag gabháil leis. Áirítear leis an tionscadal athchóiriú an tSeantí Cúirte, idirghabhálacha réimse phoiblí, dearadh páirce & conair dealbhóireachta/ealaíne poiblí, aimsiú bealaigh agus léirmhíniú chomh maith le hathnuachan láithreáin stairiúla lár an bhaile. Ceapadh sainchomhairleoirí TSC chun Seirbhísí Comhairliúcháin na Foirne Deartha a sholáthar.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Bhí rannpháirtíocht mhionsonraithe leis an bpobal maidir le forbairt an tionscadail Réimse Phoiblí.
- Tugadh dearadh mionsonraithe agus ullmhú iarratas pleanála Chuid 8 chun críche.
- Tugadh éadail an láithreáin forbartha ar Shráid na Mainistreach chun críche.
- Earcaíodh sainchomhairleoirí chun limistéar snámha a dhearadh.
- Ceapadh sainchomhairleoirí chun Straitéis um Chonairí an Bhaile a sheachadadh

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Iarratas Pleanála Chuid 8 agus iarratas ar Mhaoiniú Chatagóir 1 de CAFT a chur isteach.
- Tailte a cheannach le haghaidh carrchlós poiblí chun tacú leis an tionscadal réimse poiblí.
- Straitéis um Chonairí an Bhaile a sheachadadh agus iarratas ar mhaoiniú a dhéanamh chun í a sheachadadh.
- Diúscairt réadmhaoine ar Shráid na Mainistreach chun a hathfhorbairt a éascú agus aghaidh a thabhairt ar a stádas tréigthe.

CAFT THEACH CÚIRTE PHORT OMNA

Is ionann an maoiniú faofa do Theach Cúirte Phort Omna faoi Chatagóir 1 de CAFT agus €2,552,309 agus tá ceanglas cistithe meaitseála ar luach €283,590 ag gabháil leis. Is ionann costais athbhreithnithe an tionscadail agus maoiniú faoi Chatagóir 1 de CAFT ar luach €2,950,749 agus tá cistiú meaitseála ar luach €327,861 ag gabháil leis. Leis an tionscadal seo déanfar athfhorbairt ar fhoirgneamh stairiúil an tí cúirte agus ar an gclós i bPort Omna chun ionad úrscothach le haghaidh na n-ealaíon agus an chultúir, spás cianoibre d'fhiontraithe agus spás nua cruinnithe agus sóisialta don phobal a sholáthar.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Cuireadh tús leis an tógáil ar an láthair
- Eisíodh tairiscint d'oibreoir caifé ar an láthair
- Fuarthas cead chun Bainisteoir Forbartha Gnó agus Oibríochtaí a cheapadh ar feadh 3 bliana chun an t-ionad a rith a luaithe a bheadh sé ag feidhmiú.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Clár tógála a chríochnú i mí an Mhárta 2025 le seoladh agus oscailt fhoirmiúil.
- Ceapachán oibreoirí caiféanna
- Ceapachán Bainisteoir Forbartha Gnó agus Oibríochtaí
- Aistriú foirgnimh ón bhfoireann Athnuachana

TUAIM

Cuireadh máistirphlean Athnuachana Thuama i gcrích in 2021 agus faomhadh an maoiniú faoi CAFT. Úsáideadh é sin chun maoiniú CAFT agus maoiniú Eorpach a fháil don bhaile faoin scéim THRIVE. Deonaíodh €3,679,200 do Halla an Bhaile, Tuaim faoi Chatagóir 1 agus cistiú meaitseála €409,484 ag gabháil leis. Deonaíodh maoiniú 100%, ar luach €199,310, do Mháistirphlean Cheathrú Stáisiúin Thuama chun an tionscadal a chur i gcrích.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Iarratas rathúil i gCatagóir 1 do Halla an Bhaile, Tuaim
- Ullmhaíodh agus faomhadh iarratas Chuid 8 don Seamlas, Tuaim agus rinneadh iarratas maoinithe Chatagóir 1 nár éirigh leis
- Foilsíodh tairiscint le haghaidh ceapachán comhairleoirí chun an chéim thógála a sheachadadh
- Tairiscint déanta le haghaidh comhairleoirí le haghaidh Mháistirphlean Cheathrú an Stáisiúin

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Iarratas Chatagóir 1 de CAFT a chur isteach don mhargadh clúdaithe allamuigh ag an Seamlas.

- Conraitheoirí a cheapadh agus tús a chur le tógáil Halla an Bhaile i dTuaim le clár tógála 18 mí.
- Cuid 8 a ullmhú agus a chur isteach le haghaidh Theach Stáisiúin Thuama agus iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú 100% THRIVE le haghaidh athfhorbairt an fhoirgnimh
- Máistirphlean Cheathrú Stáisiúin Thuama a chur i gcrích

BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

Fuarthas maoiniú 100% rathúil chun an Plean Lár Bailte Ar dTús do Bhéal Átha na Sluaighe a chur i gcrích le buiséad €131,501.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Iarratas ar mhaoiniú THRIVE
- Tairiscint agus ceapachán comhairleoirí le haghaidh phlean LBT
- Léirithe Spéise agus ceapachán foirne nua Baile

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Plean LBT a ullmhú agus a chur i gcrích
- Rannpháirtíocht phobail agus obair chomhoibríoch leis an bhfoireann Baile
- Tionscadail infheistíochta a shainaitheint don bhaile amach anseo.

Ceapadh Oifigeach Athnuachana Baile (OAB) Chontae na Gaillimhe i mí an Mheithimh 2023. Ainmníodh an Gort mar bhaile píolótach le haghaidh an phlean Lár Bailte Ar dTús do Chontae na Gaillimhe. Bunaíodh Foireann fhoirmiúil don Bhaile chun cabhrú leis an bplean Lár Bailte Ar dTús (LBT) a sheachadadh. I measc na n-ionadaithe ar an bhfoireann tá ionadaithe ó ghrúpaí pobail áitiúla, daoine a bhfuil cónaí orthu sa bhaile agus úinéirí gnólachtaí. Leanfar leis an gclár a chur i bhfeidhm sna chéad bhailte LBT aitheanta eile.

RIALÚ TÓGÁLA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024

- Bailíochtaíodh 801 fógra tosaithe feidhme go dtí an 4 Samhain 2024
- Bailíochtaíodh 107 teastas críochnaithe go dtí an 4 Samhain 2024
- Rinne an tOifigeach Rialaithe Tógála 210 cigireacht ar fhoirgnimh nua chun comhlíonadh na Rialachán Tógála a sheiceáil go dtí an 4 Samhain 2024.
- Cuireadh tús le tógáil 1,322 foirgneamh nua go dtí an 4 Samhain 2024

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfaidh an tOifigeach Rialaithe Tógála ar aghaidh ag cur na rialacháin reachtúla tógála chun feidhme agus ag cur an íosleibhéil iniúchtaí a cheanglaítear i gcrích ar fhorbairtí nua, ar a laghad.

BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Seirbheáladh 243 fógra/litir rabhaidh amhail an 31 Deireadh Fómhair 2024.
- Seirbheáladh 124 fógra forfheidhmiúcháin amhail an 31 Deireadh Fómhair 2024.
- Cuireadh 23 comhad ar aghaidh le haghaidh caingean dlí amhail an 31 Deireadh Fómhair 2024.
- Fuarthas 319 gearán faoi fhorbairt neamhúdaraíthe amhail an 31 Deireadh Fómhair 2024.
- Réitíodh/dúnadh thart ar 216 comhad forfheidhmiúcháin amhail an 31 Deireadh Fómhair 2024.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh ag cur acmhainní ar fáil don Fhoireann Forfheidhmiúcháin chun cur chun feidhme na Rialachán Pleanála in 2024 a chinntiú agus ag plé go réamhghníomhach le gearáin agus atreoruithe maidir le forbairtí neamhúdaraíthe.
- Tús áite a thabhairt d'eastáit tithíochta neamhchríochnaithe le haghaidh gníomhaíochta forfheidhmithe de réir mar is gá.

OIDHREACTH

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Lá Bailte Múrtha Bhaile Átha an Rí: Bhí an lá spraoi teaghlaigh seo ar siúl Dé Domhnaigh an 18 Lúnasa. Cuireadh saibhreas na hoidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha i mBaile Átha an Rí sna meánaoiseanna os comhair an phobail an lá sin.
- Oibreacha Caomhnaithe Bhallaí Bhaile Átha an Rí: Fuarthas maoiniú ón gComhairle Oidhreachta agus tá tús curtha leis na hoibreacha. Táthar ag súil go gcuirfear na hoibreacha i gcrích i mbliana.
- Scéim Deontais Oidhreachta mar chuid de Dheontais Phobail: Rinneadh measúnú ar Dheontais mheasúnaithe, sannadh coinníollacha do na deontais chéanna agus tá an próiseas chun na deontais a íoc ar siúl faoi láthair.

- Tá Éire Ildánach mar chuid d'fhoireann Éire Ildánach, Oifig Oidhreachta ag obair ar an tionscadal "Geataí Gaibhnithe na Gaillimhe: Céim 3". Baineann an obair seo le hoibriú le pobail in Uachtar Ard, Eachroim, Maigh Locha agus Baile Átha an Rí.
- Áirítear leis an Deich mBliana na gCuimhneachán tuilleadh oibre ar chur chun cinn Aleen Cust, Leabhar Oibre Dátheangach na nGardaí do Leanaí agus Leabhar Dátheangach Comórtha Céad Bliain na nGardaí.
- ICAN – Suíomh Gréasáin Oidhreachta Pobail - Lean an Oifig Oidhreachta ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le hArd-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an Chontae chun an suíomh gréasáin seo a fhorbairt tuilleadh. Próiseálfaidh an Oifig Oidhreachta deontais le haghaidh tionscadal agus trealamh do Ghrúpaí incháilithe iCAN freisin.
- Bhí Féile na gCloch ar siúl ar Inis Oírr ón 12 go dtí an 15 Meán Fómhair 2024. D'éirigh thar cionn leis an bhféile agus tháinig líon mór rannpháirtithe ó gach cearn den domhan, lena n-áirítear codanna éagsúla d'Éirinn, an tAontas Eorpach, Ceanada, na Stáit Aontaithe, an Astráil, an Ostair agus an tSeapáin.
- *Mapáil Dhigiteach ar Reiligi sa Chontae* –Leanadh ar aghaidh ag obair ar an gcóras mapála digití leis an Roinn GIS chun úsáid drón agus Suirbhé 123 a ionchorprú. Oibríodh le Grúpaí Pobail chun a sonraí reilige a uaslódáil chuig an gcóras.
- Imeachtaí Pobail, Comhdhálacha agus Ceardlanna lena n-áirítear an chomhdháil 'Harvesting our Heritage' a bhí ar siúl sa Chreagán an 11 Iúil agus an Chomhdháil 'Roundstone's Hidden Heritage' a bhí ar siúl an 23 Iúil chun comóradh a dhéanamh ar 200 bliain ó bhunaigh Alexander Nimmo Cloch na Rón.
- Tugadh cúnamh, comhairle agus tacaíocht do go leor grúpaí Bailte Slachtmhara, Oidhreachta Pobail agus scoileanna in 2024 chomh maith. Áiríodh leis an gcúnamh sin comhairle agus treoir maidir le foilseacháin oidhreachta, forbairt conairí oidhreachta, taifeadtaí oidhreachta béil, Imeachtaí le linn Sheachtain na hOidhreachta, oiliúint oidhreachta agus comhdhálacha oidhreachta áitiúla ábhartha agus seimineáir etc.
- D'oibrigh StoryMaps le mic léinn de chuid Ollscoil na Gaillimhe ar chruthú StoryMaps nua do Bhéal Átha Glúinín, an Creagán, Muine Mheá agus roinnt paróistí sibhialta. Chomh maith leis sin, cruthaíodh StoryMaps le haghaidh na gCreag, Uachtar Ard agus Mhuintir Mannion.
- Taighde ar Bhailte Fearainn: Oibríodh le mic léinn de chuid Ollscoil na Gaillimhe ar dhoiciméadú 171 baile fearainn, atá ar shuíomh gréasáin Oidhreachta Phobail na Gaillimhe anois.
- Cuireadh oiliúint ar fáil ar thaighde maidir le hOidhreachtaí Bhéil agus rinneadh físeáin ar fhóin chliste.
- Rannpháirtíocht ar Choistí/ar fhoirne amhail *an Coiste Logainmneacha agus an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Oidhreachtaí Chultúrtha Dholáimhsithe*
- Ciste na Séadchomharthaí Pobail – Glacadh le maoiniú maidir le pleananna bainistíochta caomhnaithe agus oibreacha le haghaidh roinnt séadchomharthaí taifeadta sa Chontae.
- Iniúchadh na dToibreacha Beannaithe, Céim 5 - Rinneadh obair i gConamara Theas ar an gcéim seo den tionscadal.

- Cuireadh féilire ar fáil do Chontae na Gaillimhe le haghaidh na Míle Órga.
- Forbairt *Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta nua do Chontae na Gaillimhe, 2023-2030* i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Bithéagsúlachta agus Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.
- Clár Seandálaí Pobail - D'oibrigh an Seandálaí Pobail le go leor grúpaí sa Chontae maidir le comhairle agus treoir a sholáthar maidir le hoidhreacht seandálaíochta agus tá roinnt acmhainní ar líne curtha le chéile aici. Féach ar <https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/freisin>
- Tá Iniúchadh ar Thaifeadtaí Oidhreachta Béil, Céim 2: Gaillimh Thoir ar siúl faoi láthair. Tá iniúchadh ar siúl ar thaifeadtaí béil de scéalta, startha teaghlaigh agus cuimhní cinn chun iad a chaomhnú do na glúnta atá le teacht sula gcaillfear ríleanna agus closchaiséid go deo.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint ar aghaidh leis an tionscadal mapála digití ar reiligi. Oibriú i gcomhpháirtíocht le roinnt grúpaí pobail áitiúla, Cuideachtaí LEADER agus Roinn GIS Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun rochtain saor in aisce a sholáthar ar an saibhreas eolais oidhreachta agus staire áitiúla atá i reiligi Chontae na Gaillimhe i bhfoirmeacha amhail léarscáil reilige, inscríbhinní cuimhneacháin, suíomh beacht uaigne agus grianghraif de na cuimhneacháin de réir na n-acmhainní atá ar fáil.
- An leabhar oibre dátheangach ar gheolaíocht an Chontae a thabhairt chun críche agus a chur i gcló do dhaltaí dara leibhéal i gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus leis an gComhairle Oidhreachta.
- Tuilleadh StoryMaps a fhorbairt.
- Oibreoidh an seandálaí pobail le grúpaí, scoileanna agus daoine aonair éagsúla sa Chontae chun feasacht, eolas agus léirtheiscint ar oidhreacht seandálaíochta an Chontae a mhéadú. Cuirfidh sí treoir agus cúnamh ar fáil freisin maidir le tabhairt faoi thionscadail oidhreachta seandálaíochta de réir dea-chleachtais oidhreachta. Iarratas a dhéanamh ar Mhaoiniú Séadchomharthaí Pobail chomh maith.
- Leanúint ar aghaidh le tuilleadh StoryMaps a fhorbairt don chontae agus ag doiciméadú tuilleadh bailte fearainn i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail áitiúla.
- Oibriú le INSIGHT, Ollscoil na Gaillimhe agus Ionad Oideachais na Gaillimhe agus scoileanna ar Thionscadal na 'Scoileanna Cailte'.
- Cúrsa maidir leis an Tírdhreach a Léamh - Leanúint de bheith ag obair le grúpaí pobail chun scileanna allamuigh a fhoghlaim agus iad a úsáid chun ábhar a uaslódáil ar an suíomh gréasáin oidhreachta pobail nua.
- Lá Bailte Múrtha Bhaile Átha an Rí – Lorgófar maoiniú ó Chistí na mBailte Múrtha ón gComhairle Oidhreachta agus má éiríonn leis reáchtálfar Lá Bailte Múrtha i mí Lúnasa 2024.
- Tionscadal Oideachais Bailte Múrtha Bhaile Átha an Rí & Bhaile Locha Riach – Maoiniú le lorg chun leanúint leis an tionscadal fiúntach seo.

- Oibreacha Caipitil ar Bhallaí Bhaile Átha an Rí – Lorgófar maoiniú chun tabhairt faoi chlár eile oibreacha do na Ballaí agus beidh obair ar siúl ina dhiaidh sin má éiríonn leis.
- Baile Locha Riach Meánaoiseach – Maoiniú a lorg le haghaidh straitéis comharthaíochta do Bhaile Locha Riach i gcomhpháirtíocht le hOifig an Cheantair agus Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach mar chuid de mhaoiniú Líonra Bailte Múrtha na hÉireann.
- Deich mBliana na gCuimhneachán - Tuilleadh forbartha agus uasdátaithe ar an suíomh gréasáin dátheangach le haghaidh Dheich mBliana na gCuimhneachán le faisnéis bhreise agus podchraoltaí. Leanúint ar aghaidh le forbairt sraith foilseacháin le haghaidh Dheich mBliana na gCuimhneachán i gContae na Gaillimhe. (Má tá maoiniú fós ar fáil).
- Iarratas a dhéanamh ar Mhaoiniú Séadchomharthaí Pobail
- ICAN – Suíomh gréasáin Oidhreacht Pobail. Leanfaidh an Oifig Oidhreacht ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le hArd-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an Chontae chun an suíomh gréasáin seo a fhorbairt tuilleadh agus chun scéim deontas tacaíochta pobail ICAN a riar.
- Imeachtaí Pobail, Comhdhálacha agus Ceardlanna – Tabharfar cúnamh, comhairle agus tacaíocht freisin d'imeachtaí iomadúla Baile agus Pobail in 2024 lena n-áirítear Féile na gCloch, Imeachtaí Sheachtain na hOidhreacht, oiliúint oidhreacht agus comhdhálacha agus seimineáir ábhartha oidhreacht áitiúla etc.
- Leanúint ar aghaidh le hiniúchadh na dToibreacha Beannaithe i gContae na Gaillimhe.
- Leanúint ar aghaidh leis an Iniúchadh Oidhreacht Béil.
- Rannpháirtíocht ar Choistí/ar fhoirne amhail Coiste na Logainmneacha, Éire Ildánach agus tionscnaimh eile dá leithéid
- Rolladh amach na Scéime Deontais Oidhreacht mar chuid de Dheontais Phobail.
- Féilire Míle Órga a chruthú.
- Leanúint ar aghaidh le Taighde na mBailte Fearainn agus le hIniúchtaí Oidhreacht Paróiste/Ceantair Áitiúil.
- Cruinnithe a reáchtáil agus tionscnaimh oidhreacht a chur chun cinn le Fóram Oidhreacht agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt na leabhráin oidhreacht baile.
- Tabhairt faoi Fhéile na gCloch in Inis Oírr.
- Oiliúint oidhreacht a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí le haghaidh Sheachtain na hOidhreacht agus tabhairt fúthu.

AN BHITHÉAGSÚLACHT

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Seachtain na Bithéagsúlachta, mí na Bealtaine 2024: Reáchtáladh imeachtaí ar fud an Chontae, agus tacaíodh leo, lena n-áirítear Ceardlann Bláthanna Fiáine i nGairdín Bhríde, Ceiliúr na Camhaoire i gCloch na Rón, ceardlann Garraíodóireachta Inbhuanaithe i nGleann na Madadh, BioBlitz i bPort Omna agus an t-imeacht Discover the Beach i dTrá an Dóilín.
- Tionscadail an Chiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil: Hare's Corner Earc Alpach a dhíothú, Suirbhé Chalaí na Sionainne agus an Clár Eolaíochta Saoránach um Bithéagsúlacht, Cóireáil Speiceas Coimhthíoch Ionrach, Suirbhé Speiceas Coimhthíoch Ionrach, Suirbhé Oileáin Loch Coirib, Tionscadal Feasachta Bithéagsúlachta um Oibriú leis an Dúlra, suirbhé na cuile Bealtaine, Feasacht & Rannpháirtíocht Bithéagsúlachta Chonamara, Tionscadal Pailneoirí na Fairche um Beach Chardála Caonaigh, faireachán & caomhnú na Scréachóg Reilige i nGaillimh, DNA comhshaoil na nEarc Alpach
- Oiliúint maidir leis an gCrú-ialtóg Bheag a chur ar fáil do bhaill foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir le gnéithe éagsúla den bithéagsúlacht lena n-áirítear crainn a chur, speicis ionracha a bhainistiú, plandú do phailneoirí agus bainistiú féarach don fhoireann agus do ghrúpaí pobail.
- Rannpháirtíocht sna meáin agus sna meáin shóisialta chun feasacht ar bithéagsúlacht a ardú ar fud an Chontae.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm tionscadal bithéagsúlachta le tacaíocht mhaoinithe ón gComhairle Oidhreachta agus ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra, lena n-áirítear The Hare's Corner, Earc Alpach a dhíothú, Suirbhé Speiceas Coimhthíoch Ionrach, Oibriú leis an Dúlra, suirbhé na cuile Bealtaine, Caomhnú na Scréachóg Reilige, Suirbhé Gabhláin, Caomhnú na Crú-ialtóige Bige.
- Gníomhartha a chur i gcrích mar atá sonraithe i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle do Chontae na Gaillimhe.
- Tacaíocht a chur ar fáil do ghrúpaí pobail, do ghrúpaí Bailte Slachtmhara, d'institiúidí oideachais agus do chomhlachtaí forbartha áitiúla.
- Na gealltanais don Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí a chomhlíonadh.
- An plean nua Oidhreachta agus Bithéagsúlachta a sheoladh do Chontae na Gaillimhe, 2024-2030.

- Cruinnithe a reáchtáil agus tionscnaimh bithéagsúlachta a chur chun cinn le Fóram Oidhreacht agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.
- Tabhairt faoi imeachtaí Sheachtain na Bithéagsúlachta agus Sheachtain na hOidhreacht
- Oiliúint a chur ar fáil don fhoireann maidir le soilsiú don fhiadhúlra.
- Tionscadail Bithéagsúlachta Éire Ildánach
- Deiseanna a chur chun cinn chun feachtas a ardú ar an oidhreacht ailtireachta agus ar a caomhnú cuí agus a hathúsáid chuí trí Éire Ildánach, Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann, an Chomhairle Ealaíon agus deiseanna maoinithe eile de réir mar atá ar fáil.
- Na tionscnaimh agus an maoiniú a chuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ar fáil a chur chun cinn.
- Leanúint ar aghaidh le tionscnaimh chun úsáid na scileanna traidisiúnta agus le tionscnaimh oiliúna maidir leis na scileanna seo a chur chun cinn i gcomhar le Fóram Aolta Tógála na hÉireann, Cónaidhm Thionscal na Tógála agus BOOGRC.
- Leanúint ar aghaidh ag cur leis an ngrúpa oibre um Shócmhainní Stairiúla agus ag obair le pobail áitiúla chun an timpeallacht thógtha stairiúil a ionchorprú i saol pobail na mbailte agus na sráidbhailte.
- Imlínte tionscadail costáilte agus pleananna a ullmhú le bheith in ann leas a bhaint as maoiniú caipitil i mbailte stairiúla agus LCAnna agus le haghaidh Sócmhainní Stairiúla atá faoi chúram an údaráis áitiúil de réir mar a bheidh sé ar fáil i gcomhar leis an bhFoireann Athnuachana.
- Leas a bhaint as aon tionscnaimh mhaoinithe atá ar fáil agus iad a chur chun cinn, lena n-áirítear Ciste na Scéime Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha, Ciste na Struchtúr Stairiúil, maoiniú na mBailte agus na Sráidbhailte Tuaithe, Tionscnaimh na mBailte Stairiúla, Ciste na Séadchomharthaí Pobail agus Éire Ildánach.
- Comhairle a thabhairt don údarás áitiúil ar chúrsaí caomhnaithe ailtireachta; Dul i mbun plé leis an rannóg um Bóithre maidir le droichid áirse cloiche saoirseachta a chaomhnú; Dul i mbun plé le seirbhísí corparáideacha maidir le sócmhainní stairiúla faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil; Dul i mbun plé leis an rannóg um Chomhshaol maidir le reiligi; Dul i mbun plé le hinnealtóirí ceantair áitiúil maidir leis an ríocht phoiblí agus saincheistean a thagann chun cinn ina leith. Dul i mbun plé leis an rannóg um Thithíocht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i dtithe a tógadh de réir an traidisiúin.
- Níos mó StoryMaps a chruthú.

CAOMHNÚ

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Sainaithníodh, measúnaíodh agus cuireadh comhairle ar fáil maidir le struchtúir, grúpaí de limistéir struchtúir agus gnéithe eile a bhfuil tábhacht oidhreacht ailtireachta ag baint leo. Cuireadh comhairle ar fáil d'úinéirí agus d'áititheoirí déanmhas stairiúla ar dhea-chleachtas

agus ar an infhaighteacht cúnaimh, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, le haghaidh caomhnú den sórt sin.

- Rinneadh measúnú ar struchtúir ar Thaifead na Struchtúr Cosanta (TSC) d'fhonn Dearbhuithe a eisiúint maidir le hoibreacha a dteastaíonn cead pleanála uathu agus chun comhairle réamhphleanála a sholáthar.
- Cuireadh comhairle ar fáil d'úinéirí/áititheoirí struchtúr a tógadh le cleachtais thraidisiúnta, go háirithe maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh.
- Tuairiscíodh agus tugadh comhairle maidir le hiarratais phleanála nuair a tháinig saincheistean oideachta ailtireachta chun cinn i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCAnna) agus maidir le Struchtúir atá faoi Chosaint (foirgnimh aonair nó grúpaí foirgneamh) ina raibh forbairt beartaithe.
- Rinneadh faireachán ar bhail na struchtúr ar Thaifead na Struchtúr Cosanta, agus de réir mar ba ghá, rinneadh moltaí ar an ngá don údarás pleanála gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh.
- Chuathas i gcomhairle leis an Roinn ábhartha, le gníomhaireachtaí stáit, le heagraíochtaí deonacha agus idirnáisiúnta ar ábhair a bhaineann le caomhnú ailtireachta lena n-áirítear Comhlachas na nOifigeach Caomhnaithe Ailtireachta, an Chomhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Shuíomhanna agus Cumann Seoirseach na hÉireann.
- Chuathas i mbun plé le pobail áitiúla maidir le Bailte Slachtmhara agus tionscnaimh phobail.
- Grúpa Sócmhainní Stairiúla – lean an grúpa oibre inmheánach, idirdhisciplíneach agus idir-rannach lena chuid oibre chun Struchtúir Chosanta a choinneáil faoi chúram an údaráis áitiúil. Chuathas i gcomhairle leis an bhFoireann Athnuachana maidir le hathchóiriú agus athchóiriú a dhéanamh ar roinnt réadmhaoine faoi úinéireacht údaráis áitiúil.
- Chuathas i mbun plé le BOOGRC, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta agus seirbhís Chomhairleach na Roinne um Oidhreacht Thógtha maidir le cúrsaí oiliúna i scileanna tógála traidisiúnta.
- Riaradh an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (SIOT) agus Ciste na Struchtúr Stairiúil (CSS) a cuireadh ar fáil tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus trí Chiste na Séadchomharthaí Pobail ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa roinn chéanna.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanúint ar aghaidh le dualgais reachtúla an Oifigigh Chaomhnaithe Ailtireachta a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i gCiorclán 5/99 nó mar atá leasaithe.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Thaifead na Struchtúr Cosanta trí bhreiseanna leis an TSC a mholadh agus taighde a dhéanamh agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a mholadh agus dul i dteagmháil le húinéirí agus áititheoirí.
- Córas Fardail Ailtireachta a chothabháil agus a uasdátú.
- Deiseanna a chur chun cinn chun feachtas a ardú ar an oidhreacht ailtireachta agus ar a caomhnú cuí, lena n-áirítear athléimneacht i gcoinne na haeráide trí Éire Ildánach,

Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann, an Chomhairle Ealaíon agus deiseanna maoinithe eile de réir mar atá ar fáil.

- Na tionscnaimh agus an maoiniú a chuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar fáil a chur chun cinn.
- Tacú leis an bhféile ailtireachta *Architecture at the Edge* agus páirt a ghlacadh ann. Imeachtaí ar an láthair agus imeachtaí cumaisc ar líne le fiosrú i gContae na Gaillimhe.
- Leanúint ar aghaidh le tionscnaimh chun úsáid na scileanna traidisiúnta agus le tionscnaimh oiliúna maidir leis na scileanna seo a chur chun cinn i gcomhar le Fóram Aolta Tógála na hÉireann, Cónaidhm Thionscal na Tógála agus BOOGRC.
- *The Walks, Baile Locha Riach* a chur chun cinn agus a riar; tionscadal caomhnaithe ar bhallaí teorann agus ar dhroichid san fhearann poiblí stairiúil.
- Leanúint ar aghaidh ag cur leis an ngrúpa oibre um Shócmhainní Stairiúla agus ag obair le pobail áitiúla chun an timpeallacht thógtha stairiúil a ionchorprú i saol pobail na mbailte agus na sráidbhailte.
- Imlínte tionscadail costáilte agus pleananna a ullmhú le bheith in ann leas a bhaint as maoiniú caipitil i mbailte stairiúla agus LCAnna agus le haghaidh Sócmhainní Stairiúla atá faoi chúram an údaráis áitiúil de réir mar a bheidh sé ar fáil i gcomhar leis an bhFoireann Athnuachana.
- Leas a bhaint as aon tionscnaimh mhaoinithe atá ar fáil agus iad a chur chun cinn, lena n-áirítear Ciste na Scéime Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha, Ciste na Struchtúr Stairiúil, maoiniú na mBailte agus na Sráidbhailte Tuaithe, Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Ciste na Séadchomharthaí Pobail agus Éire Ildánach.
- Comhairle a thabhairt don údarás áitiúil ar chúrsaí caomhnaithe ailtireachta; Dul i mbun plé leis an rannóg um Bóithre maidir le droichid áirse cloiche saoirseachta a chaomhnú; Dul i mbun plé le seirbhísí corparáideacha maidir le sócmhainní stairiúla faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil; Dul i mbun plé leis an rannóg um Chomhshaol maidir le reiligí; Dul i mbun plé le hinnealtóirí ceantair áitiúil maidir leis an ríocht phoiblí agus saincheisteanna a thagann chun cinn ina leith. Dul i mbun plé leis an rannóg um Thithíocht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i dtithe a tógadh de réir an traidisiúin.

AIRGEADAS, MÓTARCHÁIN, TFC AGUS CLAOHLÚ DIGITEACH

LUACH AR AIRGEAD, SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE AGUS SOLÁTHAR POIBLÍ

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

Úsáideann Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-ardán soláthair www.supplygov.ie a thairgeann an tlonad Soláthair Oibriúcháin Rialtais Áitiúil (ISORÁ) maidir le soláthar earraí, oibreacha agus seirbhísí ó sholáthraithe (lena n-áirítear conraitheoirí agus soláthraithe seirbhíse). D'fhorbair an tlonad Soláthair Oibriúcháin Rialtais Áitiúil (ISORÁ) an suíomh gréasáin www.supplygov.ie chun an próiseas soláthair a chuíchóiriú. Bíonn dhá mhodúl á bhfeidhmiú ar an ardán chun earraí, oibreacha agus seirbhísí a fháil trí larratais Fhorlíontacha ar Thairiscintí (IFTanna) agus larratais ar Luachana (ILanna). Go dtí seo i mbliana, ghin Comhairle Chontae na Gaillimhe 176 IFT agus 25 IL ar www.supplygov.ie.

Is é ardán tairisceana leictreonach an Rialtais arna riar ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) ná www.etenders.gov.ie. Is saoráid lárnach é an t-ardán sin do gach údarás conarthach san earnáil phoiblí chun deiseanna soláthair agus fógraí bronnta a fhógairt. Phróiseáil Comhairle Chontae na Gaillimhe 49 iarratas ar thairiscintí ar an ardán sin i mbliana.

Tá CCG ag obair leis an gcomhaontas cities4forests chun beartas inbhuanaithe soláthair adhmaid a fhorbairt a bhaineann go sonrach le riachtanais na comhairle. Tá an beartas sin ag ardchéim dhréachta.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Úsáid na n-ardán www.supplygov.ie agus www.etenders.gov.ie a fhorbairt a thuilleadh ar fud na heagraíochta d'fhonn úsáid na gcreataí agus na gcóras ceannaigh dinimiciúil (CCDanna) a bhunaigh ISORÁ agus OSR ar fud na heagraíochta a mhéadú.
- Faireachán a dhéanamh ar www.etenders.gov.ie agus ar www.supplygov.ie chun a chinntiú go gcuirtear próisis iomaíochta i gcrích de réir Threoracha agus threoirlínte an Aontais.
- Anailís a dhéanamh ar phróifíl caiteachais 2024 d'fhonn tionscnaimh coigilte costais a d'fhéadfadh a bheith ann a shainiú i gcomhréir le creataí agus conarthaí ISORÁ agus OSR.
- Conarthaí nua agus socruithe lárnacha a chur in iúl don fhoireann ábhartha lena chinntiú go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na ciorcláin ábhartha agus ag cinntiú an luach is fearr ar airgead.
- Rannpháirtíocht níos mó FBManna a spreagadh trí shuíomh gréasáin na comhairle a nuashonrú le faisnéis ábhartha maidir le rochtain ar chreataí agus ar CCDanna.
- Leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as áiseanna atá ann cheana féin ar an suíomh gréasáin r-tairiscintí chun clár conartha a fhorbairt.

- A chinntiú go gcuirfear baill foirne ar an eolas faoi rialacháin soláthair inmheánaigh CCG trí oiliúint a chur i gcrích le haonaid ghnó.
- Cabhrú leis an bhfoireann faisnéis faoi dhámhachtain chonartha a thabhairt chun críche ar an ardán nua eTenders. Leanúint ar aghaidh ag cabhrú leis an bhfoireann le hoiliúint agus eolas ar an ardán nua eTenders. Úsáid critéar soláthair phoiblí ghlais a spreagadh in iarratais ar thairiscintí agus i gconarthaí.

SCAOILEADH ÍOCAÍOCHTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Cuireadh modhanna íocaíochta leictreonacha/uasghráduithe leictreonacha chun feidhme chun comhlíonadh ríomh-Shonraiscithe faoi stiúir GBRÁ a chinntiú.
- Rinneadh dea-chleachtas a sheachadadh i bhfeidhmeanna cuntais iníoctha agus párolla le feabhas leanúnach ar phróisis, ar theicnící agus ar chleachtais ionas go raibh gníomhaíochtaí éifeachtúil, cruinn agus éifeachtach, rud a chuir le cáilíocht an tuairiscithe airgeadais. Cuireadh trédhearcacht ar fáil maidir leis na cinntí a rinneadh don obair a cuireadh i gcrích.
- Cuireadh Treoracha arna n-eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i bhfeidhm, le haghaidh tuairisceáin éagsúla airgeadais, reachtúla agus neamhreachtúla.
- Cuireadh tionscnaimh leictreonacha amhail Ríomh-Imréiteach Cánach chun feidhme.
- Rinneadh tuairisciú fíor-ama do Sheirbhísí Párolla agus do Sheirbhísí Ríomhghairmiúla amhail Cáin Shiarchoinneálach, Cáin Chonartha Iomchuí, Cáin Shiarchoinneálach Tiarna Talún Neamhchónaithigh agus eile.
- De réir an Achta Airgeadais, 2022: Tugadh isteach Alt 897C, Ceanglais Tuairiscithe Fheabhsaithe in 2024, lena gcuirtear sonraí faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim sula ndéantar íocaíochtaí.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leas a bhaint as raon feidhme agus cur chun feidhme na teicneolaíochta Bainistíochta Caidrimh Soláthraí chun próisis a shimpliú, leas a bhaint as ár gcumas iomlán chun caighdeán ardchaighdeán a sheachadadh agus dul chun tairbhe an dá thaobh.
- Bonneagar íocaíochtaí a nuachóiriú trí íocaíochtaí seic a laghdú.
- Baineadh amach éifeachtúlachtaí breise maidir le: Córas dréachtaithe buiséid (Buiséadú / Réamhaisnéisiú / Tuairisciú) agus rannpháirtíocht iomlán leis an soláthraí bogearraí le haghaidh feidhmiúlacht mhéadaithe.
- Baineadh amach éifeachtúlachtaí breise trí uasghrádú bogearraí le haghaidh taistil agus cothaithe.
- Imscrúdú a dhéanamh ar fheabhsuithe/ar mhodhanna eile uathoibrithe chun gnéithe den timthriall BUISÉID a bhaint amach. Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na Modúil

Bhuiséid de chuid Campbell Consultancy and Accountancy Services agus cur chun feidhme iomlán na feidhmiúlachta lena n-áirítear Buiséadú le haghaidh Pinsean.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar shaineolas cánachais san aonad Airgeadais agus ar scileanna a fheabhsú le haghaidh bearnaí sainaitheanta eolais agus saineolais.

BAILIÚ IONCAIM

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Reáchtáladh an Clár Náisiúnta Athluachála do Chontae na Gaillimhe in 2023 agus rinneadh foráil d'athluacháil iomlán ar gach réadmhaoin tráchtála agus thionsclaíoch maidir le rátaí tráchtála sa Chontae. Sna hÉilimh Ráta a eisíodh in 2024 leagadh amach na méideanna athluachála nua do ghnólachtaí. Chomh maith leis sin, rinneadh athrú ar na ceanglais chun éilimh rátaí a tháirgeadh leis an Acht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Nithe Eile, 2019. Gearrtar na rátaí anois in aon chuid amháin seachas dhá cheann.
- Chuir an Rannóg Airgeadais an Deontas um Chostas Méadaithe Gnó chun feidhme thar ceann na Roinne Fiontar in 2024.
- Tá an Roinn Airgeadais ag riar an Deontais Power Up thar ceann na Roinne Fiontar faoi láthair, agus meastar go bhfaighidh gnólachtaí cáilithe íocaíocht roimh dheireadh na bliana.
- Baineadh úsáid leanúnach as an gcóras ASCENDAS chun sruthanna ioncaim a bhainistiú, mar shampla rátaí, cíosanna agus tobhaigh forbartha.
- Baineadh úsáid leanúnach as an bpróiseas MARPS maidir le hiasachtaí tithíochta.
- Cuireadh an Scéim Morgáiste go Cíos i bhfeidhm do thionóntaí oiriúnacha i gcomhar leis an Rannóg Tithíochta.
- Baineadh úsáid as an gcóras Rabhaidh Tionóntachta de réir mar ba ghá do thionóntaí a raibh riaráistí cíosa acu, faoi théarmaí Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.
- Leanadh ar aghaidh le modhanna íocaíochta leictreonacha a chur chun feidhme e.g. Íoc Bille, Buiséad Teaghlaigh, RAA, saoráid íocaíochta ar líne etc. chun custaiméirí a éascú.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Faireachán agus nuashonrú a dhéanamh ar fheidhm bhailiúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le dea-chleachtas.
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar nósanna imeachta bailithe fiachais.
- Leanúint ar aghaidh le haon síneadh ar an Scéim Tarscaoilte le haghaidh rátaí tráchtála de réir Threoracha an Rialtais.
- Leanfaidh an t-aonad de bheith ag tairiscint na rogha Íoc Bille do chustaiméirí Cíosanna, Iasachtaí, na Scéime Cóiríochta Cíosa agus Rátaí chun cabhrú le riachtanais bhuiséadacha teaghlaigh.
- Oiliúint chuí a sholáthar don fhoireann ar nósanna imeachta um bailiú fiach.

CÓRAIS MHÓTARCHÁNACH AGUS CEADÚNAITHE TIOMÁNAITHE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Ba é líon na n-idirbheart mótarchánach a rinne oifigí mótarchánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2024 ná 45,162. Bhailigh Oifigí Mótarchánach na Gaillimhe breis agus €7.4 m don tréimhse sin. Rinneadh thart ar 84.5% de na hidirbhearta mótarchánach iomlána le haghaidh limistéar na Gaillimhe ar líne go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2024.
- Eisíonn na hoifigí mótarchánach dioscaí cánach d'fheithiclí príobháideacha agus tráchtála, tarracóirí, hacnaí, tacsaithe agus feithiclí móra seirbhíse poiblí. Eisítear plátaí trádála, ceadúnais leantóir, doiciméid athsholáthair freisin agus próiseáiltear fiosrúcháin ón nGarda agus fiosrúcháin eile ón Údarás Áitiúil ar nós S103 agus CT53.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Leanfar ar aghaidh leis an obair ar thaifid mhótarchánach a aisghabháil agus a dhigitiú i stóras fadtéarmach d'fhonn innéacs inrochtana a chruthú de gach taifead clárúcháin seanfheithiclí.
- Leanfaidh na hOifigí Mótarchánach ar an gCeathrú Rua, Béal Átha na Sluaighe agus Gaillimh ar aghaidh leis na beartais agus na nósanna imeachta mótarchánach go léir a chur chun feidhme, agus tabharfaidh siad tacaíocht agus comhairle do dhaoine den phobal, lena n-áirítear custaiméirí na seirbhíse mótarchánach ar líne.

RIALÚ RIOSCA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Rinneadh idirchaidreamh le IPB maidir le gach gné d'éilimh árachais a bpléann Comhairle Chontae na Gaillimhe leo.
- Rinneadh comhfhreagras leis an bhfoireann dlí agus le ranna eile na Comhairle maidir le doiciméid a thiomsú le húsáid agus gach éileamh á fhiosrú.
- Tugadh cúnamh do Ranna na Comhairle maidir le cúrsaí árachais.
- Rinneadh cumarsáid le daoine den phobal maidir le héilimh a chuirtear faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Sonraí árachais a sholáthar do IPB i ndáil le gach roinn maidir le faisnéis athnuachana agus clúdach polasaí agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí préimhe polasaí árachais le IPB.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Rinneadh idirchaidreamh le IPB maidir le gach gné d'éilimh árachais a bpléann Comhairle Chontae na Gaillimhe leo.
- Rinneadh comhfhreagras leis an bhfoireann dlí agus le ranna eile na Comhairle maidir le doiciméid a thiomsú le húsáid agus gach éileamh á fhiosrú.

- Comhoibriú leanúnach a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir maidir le haon éileamh a gheobhaidh an Oifig um Rialú Riosca amach anseo.
- Cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal maidir le héilimh a chuirtear faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Cúnamh a thabhairt do Ranna na Comhairle maidir le cúrsaí árachais.
- Sonraí árachais a sholáthar do IPB i ndáil le gach roinn maidir le faisnéis athnuachana agus clúdach polasaí agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí préimhe polasaí árachais le IPB.

CÓRAIS TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:

- Cuireadh Soláthar i gcrích le haghaidh an tsuímh gréasáin nua Córais Bainistíochta Ábhair (CBÁ) galway.ie agus cuireadh tús le dearadh agus táirgeadh ábhair.
- Forbraíodh painéil Faisnéise Gnó (FG) le haghaidh Córais Airgeadais agus Párolla.
- Ceanglaíodh Oifigí Bardasacha Bhaile Átha an Rí, an Ghoirt, an Chlocháin agus na Ceathrún Rua le Néal-Líonra Rialtais (NLR) il-ghigiotán.
- Dearadh, soláthar agus cur chun feidhme líonra Campas Nuálaithe Bia.
- Críochnaíodh Iarratas Cigireachta ar Chlós Súgartha le haghaidh sábháilteachta agus cothabhála agus cuireadh chun feidhme é.
- Rannpháirtíocht Chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) maidir le hathsholáthar trealaimh líonra na Comhairle.
- Tacaíocht do bhaill foirne nua le seirbhísí TFC agus soláthar trealaimh.
- Méadú ar Sholáthar Foirne Slándála Faisnéise agus ar Chosaintí Córas.

TOGRAÍ DON BHLIAIN 2025:

- Seirbhísí Corparáideacha an Chórais Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí (BCC).
- Tairseach Bogearraí Digiteach Aonair Aontaithe le haghaidh Rannpháirtíocht Seirbhísí Poiblí.
- Tacaíocht don Chlár Náisiúnta um Bainistíocht Cuntas Údarás Áitiúil.
- Stóráil Dhigiteach agus Athsholáthar Ríomhairí le Creat na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR).
- Forbairt Leanúnachais Ghnó arna óstáil ag Néalchórais.
- Cur chun feidhme na tairisceana bronnta ag OSR maidir le hathsholáthar iomlán líonra i ngach suíomh oifige.
- Cur chun feidhme Chaighdeáin an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála (LNC).
- Córas Bainistíochta Foghlama (CBF) a sheoladh agus a chur chun feidhme le haghaidh Oiliúint ar Shlándáil agus ar Bheartas Córas Faisnéise.
- Tacaíocht do ghníomhaíochtaí chun clúdach agus éifeachtacht Árachais Cibearshlándála a chothú agus a mhéadú.

- Clár Athsholáthair Ríomhairí Glúine agus Ríomhairí Deisce.
- Soláthar trí úsáid a bhaint as Seirbhísí Priontála atá Bainistithe ag OSR le haghaidh athsholáthar gléasanna priontála, scanta agus fótachóipeála.
- Aistriú Néalchónaitheachta Córas Faisnéise Geografaí.
- Aipeanna Cigireachta agus Bainistíochta Móibílí le haghaidh Gníomhaíochtaí Baoithe Tarrthála agus Gardaí Tarrthála ar an Trá.
- Míreanna gnímh a chur chun feidhme le haghaidh na Straitéise Rialtais Áitiúil um TFC agus Cúrsaí Digiteacha, 2030 agus tacú leo.
- Baill foirne breise a chur chun feidhme chun tacú leis an Straitéis Rialtais Áitiúil um Chúrsaí Digiteacha agus Córais Faisnéise, 2030 agus í a chur chun feidhme.

FORBAIRT AGUS PLEANÁIL EACNAMAÍOCH

CAFT BHAILE ÁTHA AN RÍ

Is ionann an maoiniú faofa do Bhaile Átha an Rí faoi Chatagóir 1 de CAFT agus €6,075,518, agus tá ceanglas cistithe meaitseála ar luach €675,058 ag gabháil leis.

Tá tionscadal feabhsúcháin Shráid na Croise agus Chearnóg an Mhargaidh agus athfhorbairt Theach Somer ag an gcéim Dearaidh Mhionsonraithe faoi láthair. Tá tairiscint ar tí a bheith foilsithe, agus lorgaítear comhairleoirí chun an foirgneamh sin a fhorbairt chun Mol Pobail & Fiontraíochta a sholáthar.

CAFT AN CHLOCHÁIN

Tá maoiniú ar luach €792,030 faofa don Chlochán faoi chatagóir 2 de CAFT agus tá riachtanas maoinithe meaitseála ar luach €264,010 ag gabháil leis. Áirítear leis an tionscadal Ríocht Phoiblí an Chlocháin a fheabhsú agus a athbheochan, Páirc Chuan an Chlocháin a athdhearadh agus idirghabhálacha réimse phoiblí a chur i bhfeidhm ar feadh Ché Bhóthar na Trá.

Tá bailchríoch á cur anois ag an bhfoireann Deartha ar an iarratas pleanála agus táthar ag súil go gcuirfear faoi bhráid an Bhoird Pleanála é.

BAILTE CINN SCRÍBE - AN CLOCHÁN

Tá an fhoireann Athnuachana tar éis seilbh a ghlacadh ar an tionscadal chun gradam maoinithe na mBailte Cinn Scríbe ar luach €500,000 ó Fáilte Ireland a sheachadadh, le cistiú meaitseála 25%, arb ionann é sin agus caiteachas iomlán €666,000.

Tá na tionscadail seo curtha i gcrích go praiticiúil agus eisíodh Tuarascáil deiridh an Ailtire/an Innealtóra Tionscadail de réir threoirlínte Fáilte Ireland.

Ba é €364,128 caiteachas iomlán na Foirne Athnuachana ar an tionscadal, arb ionann é agus €273,096 (75%) de Mhaoiniú Fáilte Ireland agus €91,032 de chistiú meaitseála.

AN GORT

Seoladh an plean píolótach maidir le Lár Bailte Ar dTús (LBT) don Ghort i mí na Nollag 2023. Tá 12 phríomhthéama leagtha amach sa phlean, agus tá thart ar 2 tionscadal i ngach téama sainaitheanta mar thograí gearrthéarmacha, meántéarmacha nó fadtéarmacha. Chuidigh an OAB leis an gcéad iarratas ar mhaoiniú a ullmhú ó cuireadh plean LBT i gcrích, ar iarratas SABS é chun feabhas a chur ar shráid-dreach an Ghoirt chomh maith leis an iarratas maoinithe Maoirseachta Oidhreachtá ón gComhairle Oidhreachtá le haghaidh bearta forbartha tionscadail d'fhoirgneamh Halla an Bhaile, an Gort.

D'éirigh le foireann Athnuachana Chomhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú €798,584 a fháil, agus tá ceanglas cistithe meaitseála ar luach €199,646 le haghaidh an tionscadail Feabhsúcháin

ar an Réimse Poiblí. Tá tailte faoi úinéireacht phríobháideach á bhfáil lena n-úsáid mar charrchlós poiblí chun tacú leis an tionscadal réimse poiblí le praghsanna díolacháin comhaontaithe €180,000 agus €220,000 faoi seach.

Tá an tionscadal réimse poiblí sna céimeanna deiridh de dhearadh mionsonraithe mar ullmhúchán chun iarratas pleanála a chur isteach. Tá scagadh comhshaoil á dhéanamh ar an tionscadal faoi láthair.

CINN MHARA

Is ionann an maoiniú faofa faoi Chatagóir 2 de CAFT do Chinn Mhara agus €122,790 agus tá ceanglas cistithe meaitseála ar luach €40,930 ag gabháil leis. Forbraíodh an tionscadal go dtí an chéim réamhdhearaidh agus aistríodh é le déanaí go Bonneagar agus Oibríochtaí mar chuid de scéim níos mó atá ar bun ag an Oifig Náisiúnta um Thionscadail Bóithre thar ceann BIÉ.

Eisíodh tuarascáil Críochnaithe Tionscadail i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí agus tugadh an chuid eile den mhaoiniú ar ais don RFTP.

Ba é €73,063 an caiteachas iomlán ar an tionscadal, arb ionann é agus €54,797 (75%) de Mhaoiniú CAFT agus €18,266.

CAFT BHAILE LOCHA RIACH

Is ionann an maoiniú faofa faoi Chatagóir 1 de CAFT do Bhaile Locha Riach agus €4,241,897 agus tá cistiú meaitseála ar luach €1,413,966 ag gabháil leis. Cabhróidh an tionscadal le Baile Locha Riach agus go háirithe Halla an Bhaile i mBaile Locha Riach a athbheochan tríd an bhfoirgneamh stairiúil agus tábhachtach sin a thabhairt ar ais in úsáid.

Críochnaíodh an próiseas Tairisceana Tógála le haghaidh Halla an Bhaile. Táthar ag súil go gceapfar conraitheoirí in R4 de 2024 agus go dtosófar ar an tógáil ar an láthair in R2 de 2025.

CAFT PHORT OMNA

Is ionann an maoiniú faofa don Phort Omna faoi Chatagóir 2 de CAFT agus €1,192,855 agus tá ceanglas cistithe meaitseála ar luach €397,618 ag gabháil leis. Áirítear leis an tionscadal athchóiriú Sheanteach na Cúirte, idirghabhálacha sa réimse poiblí, dearadh chonair an bhaile, aimsiú bealaí agus léirmhíniú chomh maith le hathnuachan láithreáin stairiúla lár an bhaile.

Tá an tionscadal réimse poiblí ag an gcéim dearaidh mhionsonraithe anois agus tá na tograí le cur isteach le haghaidh phleanáil Chuid VIII in R4 de 2024.

CAFT THEACH CÚIRTE PHORT OMNA

Is ionann an maoiniú faofa do Theach Cúirte Phort Omna faoi Chatagóir 1 de CAFT agus €2,950,749 agus tá ceanglas cistithe meaitseála ar luach €327,861 ag gabháil leis. Leis an tionscadal seo déanfar athfhorbairt ar fhoirgneamh stairiúil an tí cúirte agus ar an gclós i bPort Omna chun ionad úrscothach le haghaidh na n-ealaíon agus an chultúir, spás cianoibre d'fhiontraithe agus spás nua cruinnithe agus sóisialta don phobal a sholáthar.

Tá an obair thógála ar siúl faoi láthair ar an láthair agus tá sé beartaithe go mbeidh sí críochnaithe in R1 2025.

TUAIM

B'ionann an maoiniú a faomhadh do Thuaim faoi CAFT agus €175,000 agus bhí ceanglas cistithe meaitseála ar luach €60,000 ag gabháil leis. Áiríodh leis an maoiniú ullmhú Máistirphlean Athnuachana Lár an Bhaile agus cur i gcrích roinnt tionscadail thábhachtacha a sainaithníodh ann. Tá an tionscadal críochnaithe anois, agus eisíodh tuarascáil Críochnaithe Tionscadail de réir an Chóid Caiteachais Phoiblí.

B'ionann €222,643 agus an caiteachas iomlán ar an tionscadal, arb ionann é agus €164,756 (74%) de Mhaoiniú CAFT agus €57,887 (26%).

Deonaíodh maoiniú Catagóir 1 de CAFT le haghaidh athfhorbairt Halla Baile Thuama ar luach €3,679,200 agus tá ceanglas cistithe meaitseála ar luach €409,484 ag gabháil leis. Beidh athchóirithe inmheánacha agus athchumrú an phríomhfhoirgnimh i gceist leis an tionscadal sin chun áit a dhéanamh chun spásanna ilfheidhmeacha nua a thógáil. Tá an tionscadal ar tairiscint do chomhairleoirí faoi láthair.

AN GARRÁN (STÁISIÚN TRAENACH ÓRÁN MÓR), CAFU

Tá trí phríomhghné ag baint leis an leithdháileadh maoinithe atá dírithe ar an stáisiún traenach reatha in Órán Mór i gceantar cathrach Chontae na Gaillimhe.

Bronnadh maoiniú ar na nithe seo a leanas:

- Uasghrádú Bonneagar Iarnróid, lena n-áireofar lúb thrasnaithe iarnróid 1KM ag an Stáisiún Traenach atá ann cheana in Órán Mór; lena n-áireofar ardán breise agus bonneagar gaolmhar (12m).
- Dearadh an láir áitiúil agus tailte laisteanas den stáisiún traenach lena n-áireofar dearadh mionsonraithe an láir áitiúil, an carrchlós gaolmhar (atá ann cheana), (mionsonraí ailtireachta/innealtóireachta struchtúrtha) agus plean tírdhreachaithe (le haghaidh úsáid phoiblí); (€300,000).
- Staidéar ar Fhorbairt Dearaidh na dTípeolaíochtaí chun an Creatphlean Uirbeach a chur i bhfeidhm (€75,000). Déanfar measúnú riosca tuile don suíomh chomh maith.

Cuireadh tús leis an tionscadal in 2021 i ndlúthchomhar le hIarnród Éireann. Faoi réir chead pleanála, táthar ag súil go dtiocfaidh na feabhsuithe nua ar an stáisiún i bhfeidhm ag tús 2025 nó ina lár.

Tá sé beartaithe go mbeidh suas le 1,100 aonad cónaithe ar fáil ar na tailte timpeall ar an stáisiún ar deireadh thiar, chomh maith le spásanna fostaíochta, tráchtála, oideachais agus pobail. Tá soláthar iompair phoiblí ar ardchaighdeán ríthábhachtach don phlean sin agus cuirfidh uasghrádú Stáisiún Órán Mór go mór le seirbhísí.

IARSHUÍOMH AERFORT NA GAILLIMHE

Cheannaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe iarshuíomh Aerfort na Gaillimhe ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch. Áiríodh an suíomh sa Phlean Forbartha Contae agus é mar fhís ag an gComhairle Campas Nuálaithe, Gnó agus Teicneolaíochta a dhéanamh de, a mheallfaidh agus a chinnteoidh infheistíocht fhadtéarmach i nGaillimh agus i Réigiún an Iarthair agus a thacóidh le forbairt Cheantar Cathrach na Gaillimhe.

I gcomhpháirtíocht leis an GFT, tá pleananna d'fhorbairt an tsuímh á gcur chun cinn ag an gComhairle anois. Tá obair maidir le seachadadh an mháistirphlean iomláin le tosú anois, mar a shonraítear i gcuspóirí Phlean Forbartha an Chontae. Cuirfear infheistíocht in anailís ar bhonneagar, seirbhísí agus anailís airgeadais chun cinn sa ghearrthéarma agus beidh sé seo mar bhonn eolais d'fhorbairt an tsuímh amach anseo ar sócmhainn straitéiseach é a bhfuil an poitéinseal aige poist agus an geilleagar a chruthú agus a chothú. Beidh an infheistíocht chaipitil tosaigh i bhforbairt an mháistirphlean agus an treochláir don láithreán mar bhonn eolais do na riachtanais chaiteachais caipitil.

TITHÍOCHT

Seoladh Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta nua d'Éirinn i mí Mheán Fómhair 2021. Is é Tithíocht do Chách plean an rialtais chun an soláthar tithíochta a mhéadú go dtí meán 33,000 in aghaidh na bliana sna deich mbliana atá romhainn. Sa phlean déantar foráil don mheascán is fearr de thithíocht shóisialta, inacmhainne agus phríobháideach le díol agus le ligean ar cíós. Tá an plean bunaithe ar cheithre bhealach, as a dtiocfaidh córas tithíochta níos inbhuanaithe

- Tacú le húinéireacht tí agus le hinacmhainneacht a mhéadú.
- Deireadh a chur le heaspa dídine, soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú agus tacú le cuimsiú sóisialta.
- Soláthar tithíochta nua a mhéadú.
- Aghaidh a thabhairt ar fhadhb na dtithe folmha agus úsáid éifeachtúil a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana.

Tá seachadadh an chláir tithíochta sóisialta agus inacmhainne is mó riamh faoi Thithíocht do Chách fós mar thosaíocht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus díritear go príomha ar thithe nua chun tithe sóisialta a sholáthar. Soláthróidh soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán sna láithreacha cearta tithíocht inbhuanaithe fhadtéarmach don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht.

Ceadaíodh an plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta (PGST) an 1 Iúil 2022 ina dtugtar mionsonraí maidir leis an uair agus an chaoi a ndéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe tithíocht inbhuanaithe a sholáthar sna suíomhanna cearta le linn thréimhse ama an chláir Tithíocht do Chách.

Tá an Chomhairle tiomanta do gach sruth maoinithe caipitil atá ar fáil a úsáid chun seachadadh na tithíochta sóisialta agus inacmhainne a uasmhéadú lena n-áirítear tógáil, forbairtí lándéanta, Cuid V agus Scéimeanna Ceannaigh agus Athnuachana. Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht ghníomhach do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun leas a bhaint as an Scéim Cúnaimh Chaipitil agus as an Maoiniú Léasaithe um Chúnamh Caipitil chun tithíocht shóisialta a sholáthar.

Cur Síos	2024	2025	2026
	(Measta)		
Príomhchomhlachtaí Tógála, Tithíocht Lándéanta agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (lena n-áirítear an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil)	€110m	€120m	€140m
Clár Éadála (lena n-áirítear Cuid V)	€4.5m	€18m	€9m
Scéim Cúnaimh Caipitil	€3.4m	€2m	€2m

Tá an Chomhairle ag leanúint go gníomhach le talamh breise a cheannach chun cur leis an mbanc talún reatha chun a chinntiú go mbeidh fáil ar thalamh chun aonaid tithíochta a thógáil amach anseo.

Tá gach togra tionscadail faoi réir mhaoiniú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus ceaduithe sonracha céime agus reachtúla de réir na dtionscadal agus braithfidh siad ar chómmaoiniú a bheith ar fáil nuair is gá.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag plé go gníomhach leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht maidir le tograí breise le haghaidh tionscadail tógála atá le seachadadh faoi Thithíocht do Chách. Is é an fócas don bhliain 2025 ná 385 teach sóisialta a sheachadadh trí ghníomhaíochtaí na Comhairle agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Déanfar clár tógála a sheachadadh in 2025 agus léirítear é sin sa phróifíl chaiteachais. Leanfar ar aghaidh leis an bhfócas a aistriú ó shocruithe léasaithe/éadálacha agus i dtreo tógála (seachadadh tithe nua). Leanfar ar aghaidh le héadálacha Chuid V le 20% ar fhorbairtí agus leithdháilfear 10% ar a laghad den mhéid sin ar thithíocht shóisialta. Féadfar an 10% eile a leithdháileadh ar thithíocht shóisialta nó ar thithíocht inacmhainne.

Tá roinnt scéimeanna caipitil eile á gcur chun cinn ag an Aonad Tithíochta trí dhearadh agus trí phleanáil lenar féidir aonaid a sheachadadh ó 2026.

Áirítear leis na forbairtí atá beartaithe ag an gComhairle go dtí 2026 i gcomhréir le Tithíocht do Chách seachadadh maidir le bainc thalún atá ann cheana féin agus bainc thalún nua a fuarthas i bPort Omna, Tuaim agus Baile Locha Riach. Is féidir costas iomlán na talún a fháil ar ais ón Roinn

Tithíochta tar éis na forbartha. Féadfar tithe lándéanta a fháil ó am go ham ag brath ar a n-oiriúnacht.

SCÉIMEANNA BEARTAITHE (2025)

Suíomh	Cineál	Aonaid Tithíochta Sóisialta
An Gort Fada, Béal Átha na Sluaighe	Lándéanta	1
Páirc na Cille, Baile Átha an Rí	Lándéanta	12
Vicars Choral, Tuaim	Lándéanta	6
An Choill Fhada, Béal Átha na Sluaighe	Lándéanta	14
Naomh Iósaf, Béal Átha na Sluaighe	Tógáil	8
Caisleán Raithin, Ard Raithin	Tógáil	10
Hillcrest, Baile Locha Riach	Tógáil	3
An Pháirc Mhór, Tuaim	Tógáil	4
Iomlán		58

Táthar ag súil go n-aimseofar tionscadail bhreise lándéanta in 2025 tar éis na bhfógraí le haghaidh léirithe spéise. Beidh tionchar ag an infhaighteacht talún le haghaidh thionscadail féintógála na Comhairle ar mhéid an chláir tógála dírí. Féachfaidh an tAonad Tithíochta le leibhéal seachadta na tógála a choinneáil agus a mhéadú don bhliain 2025 agus do na blianta atá le teacht.

Is iad seo a leanas na spriocanna maidir le seachadadh tógála faoin bPlean Tithíochta do Chách le linn na tréimhse atá fágtha den Phlean (2025 & 2026):

2025: 385 aonad

2026: 393 aonad

Iomlán: 778 aonad

Beidh ról na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta maidir le haonaid tógála nua a sheachadadh ina ghné ríthábhachtach de rath Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun a spriocanna a bhaint amach. Faoin bPlean Tithíocht do Chách, táthar ag súil go soláthróidh Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe 40% de na haonaid in aghaidh na bliana go dtí 2026. Go dtí seo, tá seachadadh na CCTanna i nGaillimh faoi bhun na sprice 40%.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le hoibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar gach cineál Cóiríochta don Lucht Siúil. Tá sé i gceist athfhorbairt a dhéanamh ar Láithreán Stad Thuama. Leanfar ar aghaidh le tograí maoinithe a chur faoi bhráid an Aonaid um Chóiríocht don Lucht

Siúil in 2025 agus sna blianta amach anseo de réir mar a chuirtear pleananna chun cinn chun athchóiriú mór a dhéanamh ar Ghrúpscéimeanna reatha a bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil agus chun Scéimeanna nua a fhorbairt de réir an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil, 2025 – 2029 a glacadh.

TITHÍOCHT INACMHAINNE:

Seo a leanas an phíblíne Tithíochta Inacmhainne faoi láthair:

Stádas	Ainm na Scéime	Líon na gCeannach Inacmhainne	Líon na gCíosanna Costais	Seachadadh Dlíte
Ceadaithe	Garraí na Gaoithe, Baile Chláir (Céim 1)	17	0	R1 2025
Ceadaithe	Garraí na Gaoithe, Baile Chláir (Céim 2)	16	0	R3 2025
Ceadaithe	Garraí na Gaoithe, Baile Chláir (Céim 3)	28	0	R4 2025
Tionscadal á fhorbairt	Droim na Gaoithe, Baile Chláir	36	30	R3/R4 2026
Tionscadal á fhorbairt	An Ráithín, Baile Átha an Rí	28	0	R4 2026
Tionscadal á fhorbairt	Páirc na hAbhainn, Baile Átha an Rí	16	0	R4 2026
	Iomláin	141	30	

Déanfaidh an fhoireann Tithíochta Inacmhainne measúnú ar roghanna tithíochta Chuid V maidir le haon cheadanna pleanála nua le haghaidh forbairt tithíochta. Beidh ceanglas 20% Chuid V i bhfeidhm ar thalamh a ceannaíodh an 1 Lúnasa 2021 nó dá éis. Is éard a bheidh i gceist leis an 20% sin ná 10% ar a laghad de thithíocht shóisialta agus d'fhéadfadh suas le 10% de thithíocht inacmhainne a bheith ann.

IASACHTAÍ CEANNAIGH TÍ:

Leanfar ar aghaidh le hiasachtaí Ceannaigh Tí a eisiúint do cheannaitheoirí incháilithe. Leathnaíodh na hiasachtaí chun uasteorainn ioncaim mhéadaithe €70,000 a chur san áireamh do dhaoine singile nó ioncam comhcheangailte comhiarratasóirí ar luach €85,000. Faightear maoiniú trí iasachtaí ón gComhairle, agus íoctar seirbhísiú an fhiachais trí aisíocaíochtaí ó iasachtaithe.

INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL I STOC TITHÍOCHTA ÚDARÁIS ÁITIÚIL:

Tá gá le clár infheistíochta caipitil suntasach ionas gur féidir le stoc tithíochta na n-údarás áitiúil atá ann cheana comhlíonadh na n-íoschaighdeán a bhaint amach, oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh a chómhaoiniú, aonaid tithíochta fholmha a athchóiriú do thionóntaí nua agus clár cothabhála pleanáilte a sheachadadh.

CLÁR IARFHEISTITHE ÉIFEACTHÚLACHTA FUINNIMH:

Tá foráil déanta d'oibreacha faoin gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (CIÉF) atá le déanamh ar stoc tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe. In 2024 beidh 73 réadmhaoín iarfheistithe curtha i gcrích againn faoin gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh. Tá sé sin sa bhreis ar na 207 réadmhaoín a iarfheistíodh idir 2021 agus 2023.

Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe 80 réadmhaoín dá stoc tithíochta a iarfheistiú in 2025. Beidh na réadmhaoine a shainaitheofar le haghaidh iarfheistithe fós ina meascán de chineálacha tithe, faoi réir threoirilínte an Chláir. Bainfidh an stoc tithíochta eile tairbhe as an gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh sna blianta amach romhainn, faoi réir maoiniú deontais agus cistiú meaitseála.

Cur Síos	2025	2026	2027
Éifeachtúlacht Fuinnimh, Iarfheistiú Tithe Fholmha agus Clár Cothabhála Pleanáilte	€4m	€4.5m	€4.5m

CLÁR COTHABHÁLA PLEANÁILTE:

Tá sé beartaithe Clár Cothabhála Pleanáilte suntasach a chur chun cinn faoi réir ceadú iasachta ón gComhairle Iomlánach agus ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ionas gur féidir le stoc tithíochta atá ann cheana féin comhlíonadh na gceanglas reachtúil a bhaint amach, lena n-áirítear íoschaighdeán. Tá iasacht €10 milliún á lorg chun an Clár Cothabhála Pleanáilte a mhaoiniú agus an chuid is mó den iasacht á tarraingt anuas le linn na tréimhse 2025 – 2027.

CLÁR TITHE FOLMHA:

Leanfar de bheith ag cur Clár Tithe Fholmha ar fáil, rud a thabharfaidh réadmhaoine folmha chuig na caighdeán chiosa íosta is gá sula ndéanfar iad a athligean. Tá maoiniú aonuaire curtha ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le haghaidh líon teoranta réadmhaoine folmha ar bhonn bliantúil agus an chuid eile den mhaoiniú á soláthar tríd an mBuiséad Cothabhála Tithíochta tríd an gcuntas ioncaim agus le ceadú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, trí Fháiltais Chaipitil Inmheánacha (FCInna).

BONNEAGAR FISICIÚIL, BAINISTÍOCHT DÓITEÁIN & ÉIGEANDÁLA

Tá mionsonraí thíos ar thionscadail chaipitil a bhaineann le Bóithre, Céanna agus Cuanta, scéimeanna um Maolú Tuilte, Fáil Gléasra agus Taisteal Gníomhach (Glasbhealach).

Tá cur i gcrích na dtionscadal seo a leanas faoi réir cheaduithe cuí na Roinne, an maoiniú riachtanach a bheith ar fáil agus na forálacha reachtúla agus rialála cuí go léir a chomhlíonadh.

BÓITHRE NÁISIÚNTA

Chomh maith le hoibreacha ar Mhórbhealaí Idiruirbeacha, leanfar ar aghaidh le clár iomlán d'Oibreacha Cosán agus Mionfheabhsuithe, Bearta Sábháilteachta agus Oibreacha Feabhsúcháin Droichead a dhéanamh ar an nGréasán Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád. Tá an Clár sin ag brath ar leithdháiltí bliantúla ó Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) agus mar sin cuirfear an clár oibreacha faoi bhráid na Comhairle ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs an Chláir Bóithre Bliantúil.

Tionscadal:	Stádas:
N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe	Cuireadh an t-iarratas ar ais chuig an mBord Pleanála. Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar an tionscadal beartaithe agus féadfaidh sé éisteacht ó bhéal a reáchtáil in 2025 mar chuid de bhreithniú an tionscadail. Faoi réir ceadaithe, agus maoiniú a bheith ar fáil, is féidir an tionscadal a chur chun cinn go dtí na chéad chéimeanna eile - talamh agus réadmhaoin a fháil, dearadh mionsonraithe agus oibreacha cumasúcháin. Gheofar conraitheoir le haghaidh na príomhchéime tógála sna blianta ina dhiaidh sin. Buiséad na Scéime: €600m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn	Lochtanna a chur i gcrích agus na comhaontuithe talún atá fágtha a dhúnadh. Buiséad na Scéime: €71m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
Scéim Athailínithe N63 Lios go Mainistir	An dearadh mionsonraithe a chur chun cinn in 2025 agus an tógáil a chur chun cinn in 2026 agus in 2027. Buiséad na Scéime: €25m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%

N59 Bun an Choill go dtí an Clár Mór	Ráitis mhodha a chur chun cinn le haghaidh gnéithe eile den chuid ó Bhun an Choill go dtí an Clár Mór leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra (SPNF) agus lascach Intíre Éireann (IIÉ) amhail réamhchonarthaí le haghaidh oibreacha imscrúdaithe talún agus suirbhéanna topagrafacha agus imscrúduithe seandálaíochta. Buiséad na Scéime: €40m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
Athailíniú N17 Baile an Mhuilinn go Gort na Gonaide	Dul chun cinn a dhéanamh ar cheannach talún agus ar dhearadh mionsonraithe agus ansin cuirfear an Scéim ar aghaidh trí Chéim 5 agus 6 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal BIÉ. Buiséad na Scéime: €25m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
N59 an Clochán go dtí an Teach Dóite	Rinneadh iarratas ar mhaoiniú chun an scéim a chur chun cinn trí Chéimeanna 0 go 4 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadail BIÉ. Buiséad na Scéime: €80m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
N84 Gaillimh go dtí an Currach Mór	Tá Céim 1 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadail BIÉ le críochnú agus tá cead le lorg ó BIÉ chun an tionscadal a chur chun cinn trí Chéimeanna 2 go 4 in 2025 agus roghanna le breithniú. Buiséad na Scéime: €40m - €200m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
Staidéar ar Bhóithre Faoisimh Náisiúnta Tánaisteacha Chontae na Gaillimhe	Tá Céim 0 agus 1 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadail BIÉ le críochnú agus cead le lorg ó BIÉ chun an tionscadal a chur chun cinn trí Chéim 2 (Roghanna). Buiséad na Scéime: €30m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
N83 Scéim Maolaithe Tráchta Bhaile Chláir	Cuireadh tús le dearadh na draenála líonra, an rótharbhealaigh agus na mbeart maolaithe tráchta go hinmheánach agus críochnófar é agus ina dhiaidh sin déanfar na céimeanna tairisceana agus tógála in 2025. Buiséad na Scéime: €5m,

	Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
Droichead Coisithe N59 Uachtar Ard	Tá dearadh mionsonraithe agus meastóireachtaí comhshaoil le cur i gcrích agus iarratas ar thoiliú chuig an mBord Pleanála ina dhiaidh sin in 2025. Buiséad na Scéime: €5m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
Scéimeanna Pábhála	Tá clár athnuachana pábhála 3 bliana le comhaontú le BIÉ in 2025. Buiséad Measta an Chláir - €3m in aghaidh na bliana Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh	An clár Taistil Ghníomhaigh trí na céimeanna éadála talún agus dearaidh mhionsonraithe. N67 Taobh ó Dheas de TG Bhaile an Doirín Buiséad na Scéime: €1.5m N63 TG Shráidbhaile Mhainistir Chnoc Muaidhe Buiséad na Scéime: €1m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
An Glasbhealach ó Gaillimh go dtí an Clochán	Tógáil ón gClochán go dtí Sraith Salach a chríochnú. Éadail talún idir lámha. An Chonair Is Fearr atá ag Teacht chun Cinn a fhoilsiú don chuid idir Gaillimh agus Uachtar Ard agus leanúint ar aghaidh leis an Idirchaidreamh atá á dhéanamh le húinéirí talún, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le bealaí féideartha le haghaidh rotharbhealaigh laistigh den chonair is fearr atá ag teacht chun cinn. Measúnú dearaidh agus comhshaoil le déanamh. Buiséad na Scéime: €45m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
Rotharbhealach an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar ó Gaillimh go Baile Átha Luain	Rotharbhealach an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar ó Gaillimh go Baile Átha Luain - Idirchaidreamh a dhéanamh le húinéirí talún chun dul ar aghaidh maidir le bealaí féideartha le haghaidh an rotharbhealaigh laistigh den chonair is fearr atá ag teacht chun cinn. Measúnú dearaidh agus comhshaoil le déanamh. Cuirfear an scéim chun cinn in 2 chuid, Gaillimh go

	Port Omna agus Port Omna go Baile Átha Luain. Buiséad na Scéime: Gaillimh go Port Omna - €150m Port Omna go Baile Átha Luain - €100m Foinse Mhaoinithe: BIÉ 100%
--	--

BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA (BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA)

Clár oibreacha caipitil ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a chur chun cinn. Beidh sé sin ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil agus, de réir mar is gá, ar na hacmhainní inmheánacha riachtanacha a bheith ar fáil chun na tionscadail a chur chun cinn.

Tionscadal:	Stádas:
Cuarbhóthar Thuaidh Bhaile Átha an Rí (Deontas Bóithre Straitéiseacha Réigiúnacha agus Áitiúla)	OCÉ ceadaithe don chuid thiar. Doiciméid tairisceana ullmhaithe. Táthar ag súil le cead chun dul ar aghaidh chun tairisceana in R4 2024. Céim na tógála ina dhiaidh sin in R2 2025. Dearadh mionsonraithe ag leanúint ar aghaidh ar an gcuid thoir go bóthar Mhuine Mheá. Buiséad na Scéime don Chuid Thiar: €3.95m. Foinse Mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Roinn Iompair
Deontas Feabhsúcháin Shonraigh Belleville	Dearadh mionsonraithe ullmhaithe. Plé ar siúl le húinéirí talún. Dul ar aghaidh chuig comhairliúchán poiblí/pleanáil reachtúil in R4 2024 go R5 2025. Buiséad na Scéime: €1.5M Foinse Mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Roinn Iompair
Deontas Feabhsúcháin Shonraigh Chill Bheanáin	Dearadh mionsonraithe ullmhaithe. Tá an talamh fós á fáil. Ag dul ar aghaidh chun tairiscint a chur isteach ar oibreacha tógála in R4 2024. Táthar ag súil go dtosóidh an tógáil in R3 2025. Buiséad na Scéime: €4.95M Foinse Mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Roinn Iompair
Deontas Feabhsúcháin Shonraigh le haghaidh Tóchar	Deisiúcháin ar 4 struchtúr tóchair. Topashuirbhé agus suirbhéanna eile curtha i gcrích. Tá tairiscintí ar siúl le haghaidh comhairleora maidir le gnéithe bóthair. Buiséad na Scéime: €3.45M

	Foinse Mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Roinn Iompair
Deontas Feabhsúcháin Shonraigh Chuan na Loinge	Comhairleoirí deartha le ceapadh in R4 2024. Cuairteanna tosaigh ar an láithreán críochnaithe. Beidh ardú an bhóthair ó leibhéil tuile (taoide) i gceist leis an tionscadal. Measúnuithe comhshaoil le cur i gcrích. Táthar ag súil go dtosóidh an tógáil in R4 2025 – faoi réir measúnú comhshaoil agus próiseas pleanála reachtúil. Buiséad na Scéime: €840,000 Foinse Mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Roinn Iompair
Carrchlós agus Clós Bus Uachtar Ard	Feabhsú ar charrchlós na Comhairle atá ann cheana féin in Uachtar Ard chun busanna agus saoráidí breise do choisithe a éascú. Buiséad na Scéime: €250,000 Foinse Mhaoinithe: Maoiniú 100% ó Acmhainní CCG (leithdháilte)
Bóthar Faoisimh Pháirceanna an Bhaile, Béal Átha na Sluaighe	Maoiniú agus acmhainní breise ag teastáil chun tacú leis an seachadadh. Buiséad na Scéime: € le deimhniú Foinse Mhaoinithe: Tá roinnt acmhainní ag CCG ach beidh maoiniú breise suntasach ag teastáil.
R336 Bearna-Scríb trí Ros a Mhíl	Is cuspóir beartais de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe tacú le staidéar féidearthachta a ullmhú i ndáil leis an R336 laistigh de shaolré Phlean Forbartha an Chontae. Buiséad na Scéime: € le deimhniú Foinse Mhaoinithe: Maoiniú ag teastáil.
Clár Mionoibreacha Caipitil na nOileán	Tá maoiniú curtha ar fáil ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail do Chomhairle Chontae na Gaillimhe gach bliain le roinnt blianta anuas. Is gnách go mbíonn na cistí thart ar €600,000 in aghaidh na bliana agus clúdaíonn siad athdhromchlú bóithre, mionoibreacha ar chéanna, cosáin agus gnéithe bonneagair eile ar ár n-oileáin. Buiséad na Scéime: €0.7M in aghaidh na bliana (is ionann é sin agus 90% den mhaoiniú agus ní mór do Chomhairle Chontae na Gaillimhe thart ar 10% a mheaitseáil).

CLÁIR ÉADÁLA/ ATHNUACHANA GLÉASRA AGUS COTHABHÁLA GEIMHRIDH

Tionscadal:	Stádas:
Athbhreithniú ar an bhFlít agus ar Oibríochtaí Clóis Innealra	Tá infheistíocht shuntasach ag teastáil chun flít nua a chur in ionad an fhlít atá ag dul in aois. Rinneadh athbhreithniú ar chlós Innealra de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá tús curtha le feithiclí nua a chur in ionad seanfheithiclí de réir a chéile, rud atá ag teacht leis na moltaí a eascraíonn ón mbeart sin. Fuarthas maoiniú BIÉ chun dhá leatóir salainn atá suite go buan agus a bhfuil cumas scaipthe sáile acu a fháil. Táthar ag súil go seachadfar na trucaílí sin in R1 2025. Is féidir an costas a aisghabháil ina iomláine ó BIÉ. Tá dul chun cinn déanta freisin maidir le 3 thrucail dumpála breise 26 tonna a fháil. Cuirfear na feithiclí sin in ionad feithiclí atá ag deireadh a saoil nó a baineadh den tseirbhís le déanaí. Níl maoiniú seachtrach ar fáil don cheannachán sin. Beidh na trucaílí sin mar chuid den Fhlít Seirbhíse Geimhridh, beidh cumas leata réamhfhluchtá acu, agus freastalóidh siad ar na Ceantair Bhardasacha freisin. Táthar ag súil go seachadfar na trucaílí sin in R1 2025 freisin. Tá sé beartaithe tuilleadh ceannachán a dhéanamh sna blianta amach romhainn chun an flít a nuachóiriú agus déanfaidh coigilteas suntasach ar chostais oibriúcháin agus ar chostais chothabhála cuid den infheistíocht chaipitil a fhritháireamh. Is ionann €2.5M agus an caiteachas réamh-mheasta le linn na mblianta 2025 – 2027. Den chuid is mó, maoineofar é sin le hacmhainní Chomhairle Chontae

na Gaillimhe féin agus meastar go mbeidh tacaíocht ar luach thart ar €1M ó BIÉ agus ón Roinn Iompair.

SCÉIMEANNA FAOISIMH/MAOLAITHE TUILTE

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) tríd an gComhghrúpa Oibre agus Stiúrtha agus le páirtithe leasmhara eile chun scéimeanna cuí um fhaoiseamh/ maolaithe tuilte a chur chun cinn i gcomhlíonadh na bhforálacha reachtaíochta agus rialála cuí go léir agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.

Tionscadal:	Stádas:
Scéim Faoisimh Tuile na Gaillimhe Theas (Ísealchríocha an Ghoirt)	Tá dul chun cinn déanta ar fhorbairt na Tuarascála ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) le linn 2024, agus críochnófar measúnuithe agus tuarascálacha roimh dheireadh na bliana. Tá sé beartaithe ceadanna reachtúla a lorg don scéim le dul ar aghaidh in 2025.
Scéim Faoisimh Tuilte Bhéal Átha na Sluaighe	Tá dul chun cinn déanta ar fhorbairt na Tuarascála ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) le linn 2024, agus críochnófar measúnuithe agus tuarascálacha roimh dheireadh na bliana. Tá sé beartaithe ceadanna reachtúla a lorg don scéim le dul ar aghaidh in 2025.
Scéim Faoisimh Tuilte an Chlocháin	Tá dul chun cinn déanta ar fhorbairt na Tuarascála ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) le linn 2024, agus críochnófar measúnuithe agus tuarascálacha roimh dheireadh na bliana. Tá sé beartaithe ceadanna reachtúla a lorg don scéim le dul ar aghaidh in 2025. Ní bhaineann an scéim seo úsáid as an Acht Siltin Airtéirigh agus rachaidh sí tríd an ngnáthphróiseas pleanála.

Tá an Chomhairle ag leanúint de bheith i gcomhpháirtíocht le OOP maidir le hiarratais ar Scéimeanna Faoisimh Tuilte. Cuireadh tús leis an staidéar ar an tionchar a bhí ag Stoirm Debbie

ar Órán Mór, Droichead an Chláirín agus Cinn Mhara i mí Mheán Fómhair, agus tá an tuarascáil deiridh le teacht i gceann dhá mhí dhéag. Tá scéimeanna Dheisceart na Gaillimhe, Bhéal Átha na Sluaighe agus an Chlocháin ag dul tríd an gcéim dhearaidh agus beidh maoiniú chun na hoibreacha faoisimh tuile sin agus mionoibreacha eile a sheachadadh thar a bheith luachmhar do phobail áitiúla. Forálacha.

SOILSIÚ POIBLÍ

Leanfaidh críochnú an chláir iarfheistithe LED ar aghaidh sna trí bliana amach romhainn. Ag an am céanna, tá suirbhé cuimsitheach ar fhardal sócmhainní le cur i gcrích – déanfar é sin mar chuid de chonradh réigiúnach. Is píosa oibre suntasach eile faoin gceannteideal seo é díphacáil líonra an tSoilsiithe Phoiblí ón líonra dailte leictreachais a bheidh ag dul ar aghaidh laistigh den tréimhse ama ábhartha.

Is ionann an caiteachas réamh-mheasta don tréimhse 2025 – 2027 agus thart ar €6M. Cuirfear €1M ar fáil trí Mhaoiniú um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tiocfaidh an chuid eile ó acmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe féin.

CLÁR CÉANNA AGUS CUANTA STRAITÉISEACHA

Tá maoiniú le haghaidh oibreacha ar chéanna straitéiseacha ar na hoileáin á chur ar fáil tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Tionscadal:	Stádas:
Feabhsúcháin ar Ché Inis Oírr – tonnchosc agus síneadh ar an gcé a thógáil, dreidireacht a dhéanamh agus beartlann bhreise a chruthú	Cuireadh an próiseas Éadála Talún/OCÉ i gcrích agus fuarthas na tailte go léir a bheidh ag teastáil le haghaidh an tionscadail. Críochnaíodh an próiseas chun conraitheoir a fháil chun na hoibreacha a dhéanamh in 2024 agus táthar ag súil le bronnadh an chonartha faoi dheireadh na bliana faoi réir cheadú RFTP le haghaidh na tairisceana molta agus an Cháis Gnó nuashonraithe. Táthar ag súil go dtosófar na hoibreacha in 2025 agus go mbeidh siad críochnaithe faoi dheireadh 2026. Is ionann €30M agus an costas measta chun an tionscadal seo a chríochnú. Tá sé maoinithe go hiomlán ag an Údarás Formheasa, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.
Feabhsúcháin ar Inis Meáin	Sa bhliain 2024, tar éis cás gnó a chur isteach, fuarthas ceadú maoinithe ó RFTP chun measúnú féidearthachta a dhéanamh lena scrúdófaí na roghanna féideartha chun saoráidí tuirlingthe ar Inis Meáin a uasghrádú chun a chinntiú go ndéantar soláthar leordhóthanach agus

iomchuí do sheirbhísí paisinéirí agus lastais chuig an oileán thar thréimhse shuntasach ama amach anseo.

Ceapadh comhairleoir, agus cuirfear Tuarascáil Deiridh ar fáil i Ráithe 3 de 2025. Beidh an moladh ón Tuarascáil Féidearthachta sin mar bhonn le hiarratas ar mhaoiniú chun dul ar aghaidh agus cibé tograí a eascraíonn as an bpróiseas a thabhairt trí chéimeanna dearaidh, pleanála agus tógála.

Meastar go gcaithfear thart ar €1M ar an tionscadal seo thar na trí bliana atá romhainn. Maoineoidh an tÚdarás Formheasa, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail é seo go hiomlán.

CLÁR CUANTA IASCAIGH AGUS AN BHONNEAGAIR CHÓSTA

Tionscadal:	Stádas:
Céanna agus Cuanta Éagsúla	Tá clár leanúnach ann chun oibreacha a theastaíonn chun uasghrádú a dhéanamh ar áiseanna ag áiteanna tuirlingthe atá faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe a aithint agus tús áite a thabhairt dóibh. Faoi réir faomhadh ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, cuirtear na tionscadail seo chun cinn le céimeanna pleanála, deartha agus tógála.

TAISTEAL GNÍOMHACH

Sa bhliain 2024, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe €2.5m faoi chiste Taistil Ghníomhaigh an ÚNI le haghaidh oibreacha Taistil Ghníomhaigh ar fud an Chontae, lena n-áirítear pleananna iompair áitiúla, staidéir ar iompar pobail, tionscadail dearaidh uirbigh agus scéimeanna bealaí sábháilte chun na scoile. Tá maoiniú breise á thabhairt don chontae chun roinnt scáthlín bhus a sholáthar.

Leanfar ar aghaidh le Comhairleoirí Dearaidh Taistil Ghníomhaigh a cheapadh le haghaidh tionscadail de chuid na Scéime um Dhearadh Taistil Ghníomhaigh sa chuid eile de 2024 agus in 2025. Maidir le haon tionscadail dearaidh nach gcuirfear i gcrích go hiomlán faoi dheireadh na bliana, déanfar iarratais chun an ÚNI chun leanúint ar aghaidh leis na tionscadail sin in 2025. Beidh cuid mhór den obair in 2025 dírithe ar na tionscadail dearaidh uirbigh i dTuaim, Baile Átha an Rí, Baile Locha Riach, Béal Átha na Sluaighe agus Órán Mór a chur chun cinn, agus dréachtú na bPleananna Iompair Áitiúla agus na Staidéar Iompair Pobail a thabhairt chun críche.

Is clár rollach tionscadal é an Clár Taistil Ghníomhaigh. Mar sin féin, thug ÚNI le fios go bhfuil maoiniú teoranta go náisiúnta, agus gurb é an tosaíocht a bheidh ann ná leanúint ar aghaidh le

tionscadail atá ann cheana féin go dtí an tréimhse thógála. I ndeireadh na dála, beidh ceadú ón ÚNI ag teastáil ó gach tionscadal chun dul ar aghaidh agus ní mór do na tionscadail uile Treoirlínte Breithmheasa Tionscadail an ÚNI a chomhlíonadh.

Tionscadal:	Stádas:
Scáthláin Bhus	Foinse maoinithe ar leithligh ó phríomh-leithdháileadh an ÚNI. Seachadta chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe ar leithligh ó CFSB thíos mar gheall ar dhul chun cinn fada ar scáthláin bhus ag roinnt suíomhanna. Buiséad na Scéime: €0.2M. Foinse Mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Roinn Iompair
Clár Feabhsaithe Stadanna Bus	Léirigh ÚNI nach dtosófar an scém seo in 2024 ach in 2025. Táthar ag súil go gcuirfear maoiniú tascach scéime €500,000 ar fáil gach bliain sna 3 bliana atá romhainn. Áireofar le hoibreacha caipitil scáthláin, suíocháin agus cruastadanna ag stadanna bus ar fud na tíre. Maoiniú le déanamh trí údaráis áitiúla. Foinse mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair
Scéim Taistil Ghníomhaigh Thuama, Bóthar Bhaile Átha Cliath	Ceapfar comhairleoirí go déanach i mí na Samhna 2024. Dearadh le tosú i mí na Nollag 2024. Buiséad na scéime: €2.5M (measta) Foinse mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair
Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhéal Átha na Sluaighe, R446	Dearadh ar siúl. Bhí comhairliúchán poiblí luath ar siúl in 2024. Beidh comhairliúchán poiblí ar siúl arís maidir leis an Rogha Is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn. Táthar ag súil le dul ar aghaidh chuig próisis phleanála reachtúla in R1 2025 Buiséad na Scéime: €3.5M Foinse mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair
Scéim Taistil Ghníomhaigh Órán Mór, Bóthar an Chósta	Dearadh ar siúl. Rannpháirtíocht luath leis an bpobal curtha i gcrích. Beidh comhairliúchán poiblí ar siúl maidir leis an Rogha Is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn. Táthar ag súil le dul ar aghaidh chuig próisis phleanála reachtúla in R2 2025. Buiséad na Scéime: €1.0M Foinse mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair
Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhaile Átha an Rí ó Shráid an Teampaill go Bóthar an Stáisiúin	Ceapfar comhairleoirí go déanach i mí na Samhna 2024. Dearadh le tosú i mí na Nollag 2024. Buiséad na scéime: €2.9M (measta) Foinse mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair

Scéim Dearaidh Taistil Ghníomhaigh Bhaile Locha Riach	Roghanna le haghaidh scéim nua dearaidh uirbigh le breithniú in R1 2025. Buiséad na scéime: €2.5M (measta) Foinse mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair
Bealaí Sábháilte chun na Scoile	Oibríonn clár caipitil trasna 3 bhabhta scoileanna. Fógraíodh 11 scoil i mBabhta 3. Tá 65 scoil san iomlán i gContae na Gaillimhe ar an scéim seo. Buiséad na scéime: €0.1M in aghaidh na scoile. Foinse mhaoinithe: 100% den mhaoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair

PLEAN LEATHANBHANDA NÁISIÚNTA

Tionscadal:	Stádas:
	Is é mar aidhm ag an bPlean Leathanbhanda Náisiúnta (PLN) rochtain ar leathanbhanda ardluais a sholáthar do gach teach, scoil agus gnólacht in Éirinn, ceantair iargúlta san áireamh. Baintear é sin amach trí infheistíochtaí príobháideacha agus trí thacaíocht an rialtais. Faoin PLN, tá conradh déanta ag Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann (LNÉ) leathanbhanda snáithín ardluais a sheachadadh do 40,084 áitreabh i gContae na Gaillimhe agus is ionann €153 milliún agus an infheistíocht réamh-mheasta i gContae na Gaillimhe thar shaolré an tionscadail. Faoi mhí Dheireadh Fómhair 2024, bhí leathanbhanda snáithín ag LNÉ in 21,897 (58%) áitreabh, agus nascadh 7,764 de na réadmhaoine sin. Tá tús curtha leis an líonra a thógáil in 8,347 áitreabh eile. Táthar ag súil, de réir sceideal tógála reatha LNÉ, go mbeidh 68% den líonra i gContae na Gaillimhe críochnaithe faoi dheireadh 2025 agus léirítear sa phlean tógála reatha atá foilsithe ag LNÉ go mbeidh rolladh amach a líonra i gContae na Gaillimhe curtha i gcrích aige faoi mhí na Nollag 2026. Infheistíocht Tráchtála lena seachadtar seirbhísí snáithín optúil chomh fada leis an mbaile (FTTH). Faoin PLN, táthar ag súil go seachadfar leathanbhanda Snáthoptaice chuig 100,668 áitreabh i gContae na Gaillimhe trí infheistíocht tráchtála, agus tá cuideachtaí amhail Open Eir, Siro Virgin Media agus

	ENet ag infheistiú faoi láthair i gcur i bhfeidhm leathanbhanda ardluais sa chontae. Tá líonraí leathanbhanda ardluais sna bailte seo a leanas i gContae na Gaillimhe anois; Tuaim, Baile Átha an Rí, an Gort, an Clochán, Órán Mór, Bearna, Baile Locha Riach agus Béal Átha na Sluaighe. D'infheistigh Open Eir €31.5 milliún i gContae na Gaillimhe chun na líonraí leathanbhanda sa Chontae a uasghrádú. I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhógair SIRO tuilleadh infheistíochta i gContae na Gaillimhe maidir le dhá líonra snáthoptaice nua a thógáil i mbailte an Ghoirt agus Bhaile Átha an Rí. Cuireann an infheistíocht sin leis na bailte eile, Órán Mór, Bearna, Béal Átha na Sluaighe agus Baile Locha Riach, a bhfuil leas bainte acu cheana féin ó líonraí leathanbhanda snáthoptaice SIRO. Táthar ag súil go sáróidh infheistíocht iomlán SIRO sna sé bhaile sin i nGaillimh €11 milliún. An 26 Meán Fómhair 2024: D'fhógair Vodafone go mbeadh Contae na Gaillimhe mar chuid den chéad chéim eile ina chlár uasghrádaithe líonra ar fud na tíre, rud a chuirfeadh clúdach feabhsaithe agus nascacht fheabhsaithe ar fáil dá chustaiméirí. Ó mhí Dheireadh Fómhair ar aghaidh, déanfar uasghrádú ar an líonra 3G atá ann cheana féin go seirbhís líonra 4G agus 5G atá níos inbhuanaithe, níos éifeachtaí agus níos iontaofa, agus ní bheidh an tseirbhís 3G ar fáil a thuilleadh.
Tionscnaimh a bhaineann le leathanbhanda	Tá Pointí Nasctha Leathanbhanda (PNLanna) mar chuid lárnach den straitéis “Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann” agus aidhm acu nascacht dhigiteach i gceantair thuaithe a fheabhsú. Tá 22 Phointe Nasctha Leathanbhanda (PNL) i gContae na Gaillimhe, lena n-áirítear ar 4 de na hoileáin. Is iarracht chomhoibríoch é rolladh amach na PNLanna a bhfuil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann (LNÉ), Vodafone Éireann bainteach léi faoin bPlean Leathanbhanda Náisiúnta. Tugtar Tionscnamh um Pobail Nasctha ar an scéim. Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag tacú leis na PNLanna mar a fhorbraítear an raon seirbhísí a chuireann siad ar fáil don phobal, idir wi-fi poiblí, spásanna chun dul ar líne agus spásanna cianoibre.

	Wi-Fi Poiblí - Wi-Fi4EU Ba iad an Coimisiún Eorpach agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a mhaoinigh suiteáil pointí rochtana Wi-Fi i gContae na Gaillimhe tríd an scéim Wi-Fi4EU. Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe 40 pointe rochtana Wi-Fi a shuiteáil agus tá sí tiomanta do na costais reatha a bhaineann leis an tseirbhís sin a mhaoiniú go dtí 2025.
--	--

SEIRBHÍS DÓITEÁIN & TARRTHÁLA NA GAILLIMHE (SDTG)

Is í SDTG an Phríomhsheirbhís Éigeandála (PSÉ) do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá an clár Caipitil tascach le haghaidh SDTG don tréimhse 2024-2026 leagtha amach sa mhéid seo a leanas.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil gach tionscadal faoi réir mhaoiniú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO) agus ceadú sonrach de réir an tionscadail.

FEARAS DÓITEÁIN

- Lorg Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe maoiniú ón Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin & Éigeandála le haghaidh Tairiscint Tarrthála Troime le Craein, agus tá an t-iaratas sin á bhreithniú ag an SNBDÉ faoi láthair.
- In R4 2024, tugadh ceadú do Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe Feithicil Fearais Meánmhéide a fháil, agus tá an próiseas soláthair ar siúl faoi láthair.
- Tá Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe ainmnithe mar mhol réigiúnach le haghaidh cumais nua caidéalaithe ardacmhainne agus cuardaigh agus tarrthála i gceantair uirbeacha. Mar chuid de na cláir sin, táthar ag súil go bhfaighidh Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe maoiniú ó 2025 ar aghaidh le haghaidh suas le 7 bhfeithicil nua agus trealamh gaolmhar ar chostas measta sealadach €1.2m.

STÁISIÚIN DÓITEÁIN

Tugtar breac-chuntas ar thionscadail nua stáisiúin dóiteáin i gClár Caipitil Náisiúnta RTRÁO, 2021-2025.

STÁISIÚN DÓITEÁIN BHAILE ÁTHA AN RÍ

- Chuaigh an Stáisiún Dóiteáin nua i mBaile Átha an Rí i mbun oibríochta i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus d'oscail an tAire Stáit, Anne Rabbitte, go hoifigiúil é Dé hAoine an 15 Samhain 2024.

Thóg Coolsivna Construction Ltd an Stáisiún Dóiteáin agus an tIonad Oiliúna ar áirithíocht ina bhfuil trí bhá.

STÁISIÚN DÓITEÁIN BHAILE LOCHA RIACH

- Sainithníodh suíomh oiriúnach agus cuireadh iarratas athbhreithnithe isteach faoi Chuid 8 de na Rialacháin Phleanála agus Forbartha le haghaidh Stáisiún Dóiteáin atá beartaithe i mBaile Locha Riach lena fhoilsiú an 11 Deireadh Fómhair 2024. Táthar ag súil go gcuirfear tuarascáil an Phríomh-Fheidhmeannaigh faoi bhráid chruinniú Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach i mí na Nollag 2024 lena breithniú ag na comhaltaí. Tionóladh cruinnithe faisnéise do chomhaltaí den Cheantar Bardasach an 8 agus an 15 Iúil 2024 agus tá tuilleadh cruinnithe beartaithe roimh chruinniú Cheantair Bhardasaigh i mí na Nollag. Faoi réir ceadaithe, tá sé beartaithe tairiscint a dhéanamh ar phríomhchonraitheoir go luath i mí na Nollag 2024 agus an conradh a thosú i mí an Mhárta 2025.

STÁISIÚN DÓITEÁIN BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

- Seoladh breithmheas caipitil athbhreithnithe chuig an Roinn Oidhreachta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 2019 maidir le hathchóiriú Stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe ina shuíomh reatha. I bhfianaise an leibhéil tacaíochta caipitil a fuarthas ó SNBDÉ le blianta beaga anuas, meastar nach dócha go dtabharfar ceadú den sórt sin sa ghearrthearma. Tá SDTG ag féachaint faoi láthair an bhféadfadh morgáiste tráchtála a bheith ann le haghaidh an tionscadail seo. I réamhanailís tugtar le fios go mbeadh costas seirbhísithe an mhorgáiste neodrach ó thaobh costais de mar gheall ar choigilteas fuinnimh go dtí go ndeonoífaí ceadú caipitil.

STÁISIÚN DÓITEÁIN AGUS CEANNCHEATHRÚ CHATHAIR NA GAILLIMHE

- Tá an suíomh is fearr sainaitheanta le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá measúnú neamhspleách tosaigh ar phleanáil agus ar riosca tuilte ar siúl, agus táthar ag súil go mbeidh sé sin críochnaithe ar ball. Tá an breithmheas caipitil 99% críochnaithe agus cuirfear faoi bhráid na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála é a luaithe a dheimhneofar ceadú ón bPríomh-Fheidhmeannach.

CEARDLANN DO MHEICNEOIRÍ BRIOGÁIDE I MBAILE ÁTHA AN RÍ

- Coinníonn SDTG flít ina bhfuil thart ar sheasca (60) feithicil. Eisíodh larratas ar Thairiscint don Fhoireann Deartha a bhaineann le Ceardlann do Mheicneoirí Briogáide agus fuarthas é an 13 Meán Fómhair 2024. Bhuaile an bord measúnaithe tairisceana le chéile an 2 Deireadh Fómhair 2024 chun aighneachtaí a bhreithniú agus sainaitheanú an Tairiscint is Tairbhí ó thaobh na heacnamaíochta de. Táthar ag súil go síneofar Conradh na Foirne Deartha faoi dheireadh mhí na Samhna 2024.

STÁISIÚN DÓITEÁIN PHORT OMNA

- Cuirfear breithmheas Caipitil faoi bhráid an SNBDÉ go luath in 2025 i ndáil le hathchóiriú Stáisiún Dóiteáin Phort Omna. Meastar go mbeidh costas an tionscadail thart ar €0.8 milliún.

EILE - CAIPITEAL LE HAGHAIDH TIONSCADAIL BHEAGA

- Dheonaigh an SNBDÉ maoiniú chun trealamh gearrtha hiodrálach arna oibriú ag ceallraí agus trealamh tacaíochta tarrthála coimhdeach a fháil.
- Fuarthas Aonad Ceannais Teagmhais nua trí mhaoiniú ón SNBDÉ, ar chostas €140,000.
- Fuarthas feithicil iompair le haghaidh Fheithicil Fo-uisce Chianrialaithe (FFC) SDTG, ar chostas €67.5K, arís trí mhaoiniú ón SNBDÉ. Tacóidh an Fheithicil Fo-uisce Chianrialaithe sin le hobair na n-iarrachtaí Cuardaigh agus Tarrthála réigiúnacha nua i gceantair Uirbeacha, agus is gné thábhachtach den chumas í éadail na feithicle iompair nua.
- Chomh maith leis sin, mhaoinigh an SNBDÉ Trealamh Cianbhraite FFC, agus is í seo an chéad uair atá an cumas sin ar fáil don tseirbhís dóiteáin. Laghdaíonn sé an riosca do chomhraiceoirí dóiteáin go suntasach, toisc gur féidir brath a dhéanamh go sábháilte ó lasmuigh den limistéar guaiseach/riosca. Áirítear leis an trealamh braite sin:
 - Brathadóir Radaíochta Thermo Sciebtific Radeye G10.
 - Brathadóir Gáis Rae – MultiRae PID & 5.
 - Anailíseoir Ceimiceach Res – Q – CQL Raman. Is é an Res –Q- CQL seo an chéad chumas i Seirbhís Dóiteáin na hÉireann chun anailís a dhéanamh ar leachtanna agus púdair maidir le tocsaineacht agus ábhar pléascach.

AN ROINN COMHSHAOIL

LÁITHREÁN CONLÁISTE CATHARTHA AN GHOIRT

Meastar go mbeidh an costas iomlán chun an tionscadal a chur i gcrích (oibreacha tógála, costais cheangail & táillí comhairleoirí) thart ar €646,000. Chuaigh an chuid a bhaineann le costas tógála a cuireadh amach chun tairisceana laistigh den mheastachán seo in éag i mí an Mhárta 2024. Tá ceadú pleanála agus ceadúnais GCC faighte ag forbairt thionscadal SCC de chuid an Ghoirt.

LÍONADH TALÚN CHILL CHONAILL - ÉICEAPHÁIRC ATÁ BEARTAITHE

Tá iarratas ar Shaoráil Faisnéise eisithe maidir leis an aighneacht pleanála Chuid 8. Beidh costas thart ar €34,000 chun an fhreagairt a chríochnú le haghaidh suirbhéanna éiceolaíocha, scagadh nuashonraithe agus athbhreithnithe dearaidh. Faoi réir ceadú pleanála, beidh maoiniú de thart ar €35,000 ag teastáil chun an tionscadal a chur ar aghaidh go Céim (iii) na tairisceana. Go dtí seo, tá CCG in ann cúnamh maoinithe deontais a fháil ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil le haghaidh an tionscadail seo.

AN POLL BUÍ

Tá an Réamhthuarascáil Dearaidh le haghaidh Forbairt Taitneamhachtaí críochnaithe. Chun an tionscadal a chur ar aghaidh go dtí aighneacht phleanála, beidh maoiniú de thart ar €80,000 ag teastáil chun seirbhísí dearaidh chéim ii, imscrúduithe láithreáin, scagadh agus suirbhéanna éiceolaíocha a chlúdach.

REILIGÍ

Is iad seo a leanas na réamh-mheastacháin ar chaiteachas caipitiúil ar Reiligi in 2025:

Ag Cuid 8:

a	€72,000 (Tógáil)
Leitir Móir €80,000 (Tógáil)	
Láithreán Sainaitheanta:	
Rinn Mhíl	
€25,000 (Dearadh)	
Eanach Dhúin	€10,000 (Seandálaíocht) €350,000 (Láithreán + Tógáil)
Tosaíocht – Gan Láithreán:	
Baile Chláir	€10,000 (Suirbhéanna agus Scagadh)

ÁINEAS AGUS TAITNEAMHACHT

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le hinfheistíocht i saoráidí áineasa agus taitneamhachta sa Chontae trí mhaoiniú deontais a ghíaráil nuair atá sé ar fáil chun tacú le huasghrádú na gclós súgartha atá ann cheana féin, forbairt saoráidí nua lena n-áirítear siúlbealaí agus taitneamhachtaí agus ullmhú Straitéis Forbartha Áineasa agus Taitneamhachta do Chontae na Gaillimhe.

SEIRBHÍÍ CORPARÁIDEACHA, BAINISTÍOCHT SAORÁIDÍ AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH

Tá sé de dhualgas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. Chun tacú le baint amach na spriocanna sin, beidh sé riachtanach infheistíocht chaipitil a dhéanamh inár bpunann foirgneamh le linn thréimhse an Chláir Chaipitil 3 bliana, 2025-2027. Mar chéim thosaigh, tá ceithre fhoirgneamh molta le haghaidh Céim Dhearaidh mar chuid den Chlár Pathfinder um Iarfheistiú Foirgneamh, faoina soláthraíonn ÚFIÉ 50% de mhaoiniú. Beidh meastachán mionsonraithe ar na costais ar fáil i ndiaidh na Céime Dearaidh.

Beidh infheistíocht chaipitil inár bpunann foirgneamh ag teastáil freisin ón gClár Caipitil 3 bliana, 2025-2027 chun críocha bunriachtanacha Sláinte & Sábháilteachta, cothabhála agus caomhnaithe. I measc na dtionscadal suntasach ar leith tá deisiú leanúnach agus athsholáthar atá le teacht ar chreatlach dhín Fhoirgnimh an Chontae agus oibreacha bunriachtanacha Sláinte agus Sábháilteachta ar an mballa teorann atá ann cheana féin ag Bóthar na mBan.

CÓIRÍOCHT OIFIGE NA COMHAIRLE

Tá Tom McNamara & Partners ceaptha ag an Rannóg Saoráidí mar phríomhchomhairleoir chun breithmheas a dhéanamh ar chóiríocht oifige uile na Comhairle. Ullmhófar cás gnó le haghaidh riachtanais chóiríochta oifige na Comhairle sa todhchaí in 2025 ina sainithneofar riachtanais agus roghanna cóiríochta sa todhchaí, agus na costais a bheidh i gceist.

LEABHARLANNA

Leathnú agus uasghrádú ar sheirbhísí leabharlainne taistil lena n-áirítear dhá leabharlann taistil nua a fuair dámhachtain maoinithe deontais ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Úsáid a bhaint as an gcur chuige deartha faoi stiúir an duine chun athbhreithniú straitéiseach ar sheirbhísí leabharlainne a ghabháil agus a thiomsú agus plean forbartha leabharlainne a fhorbairt.